



**Logainmneacha na mbailte fearainn i bparóistí Bhéal Leice,  
Theampall Cearna agus Dhroim Caorthainn i mbarúntacht Loirg  
Contae Fhear Manach: bunfhoirmeacha agus bríonna**

Tony Lenihan

Tráchtas do chéim M.Litt.  
Roinn na Nua-Ghaeilge  
Ollscoil Mhá Nuad  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad


Ceann na Roinne:  
Stiúrthóir:

An tOllamh Ruairí Ó hUiginn  
An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

Meán Fómhair 2016

## Clár an Ábhair

Focal Admhála.....	1
Achoimre .....	2
Noda Ginearálta .....	4
Noda (Foinsí) .....	5
Plé ar na Foinsí.....	9
Caibidil 1 Cur síos ar an gceantar .....	12
Na Paróistí Dlí.....	12
<i>Léarscáil 1. Béal Leice, Teampall Carna agus Droim Caorthainn.</i> .....	12
Geografaíocht na hÁite .....	16
Stair na hÁite .....	22
An Ghaeilge i bhFear Manach .....	25
Na Bailte Fearainn san ord ina bpléitear iad .....	27
<i>Léarscáil 2. Bailte fearainn i mBéal Leice</i> .....	27
<i>Léarscáil 3. Bailte fearainn i dTeampall Carna agus ar an taobh thiar de Dhroim Caorthainn</i> .....	28
<i>Léarscáil 4. Bailte fearainn ar an taobh thoir de Dhroim Caorthainn</i> .....	29
Caibidil 2 Bailte Fearainn i bParóiste Bhéal Leice .....	31
Caibidil 3 Bailte Fearainn i bParóiste Theampall Carna.....	73
Caibidil 4 Bailte Fearainn i bParóiste Dhroim Caorthainn .....	96
Conclúid.....	244
Leabharliosta.....	254
Innéacs Logainmneacha: Ceannfhoirmeacha Béarla agus Gaeilge.....	264



*Dealbh aitheanta i seanreilig Chealtrach i mbaile fearainn Dhraighneán, i mbarúntacht Theampall Carna, Co. Fhear Manach.*



*Liagchiorcal réamhstairiúil (timpeall 1,500 R.C.) i mbaile fearainn Dhroim Scine i bparóiste Dhroim Caorthainn, Co. Fhear Manach.*

## **Focal Admhála**

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na daoine i gContae Fhear Manach a chabhraigh liom ar fud iarthar na barúntachta Loirg, go háirithe na faisnéiseoirí a thug fuaimniú áitiúil na logainmneacha dom; do na leabharlannaithe agus freastalaithe a thug cabhair dom sna leabharlanna agus institiúidí léinn éagsúla ina ndearna mé mo chuid taighde, go mórthóir i Leabharlann Eoin Pol II, OÉ, Má Nuad; i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath; i Leabharlann Bhun Dobhráin; i Leabharlann Chorcaí; i Leabharlann Inis Ceithleann; i gCartlann Náisiúnta agus PRONI Béal Feirste (Public Records Northern Ireland) agus do na daoine a thug comhairle nó cúnamh dom ar dhóigh nó ar dhóigh eile, go háirithe an tOllamh Ruairí Ó hUiginn, an tOllamh Mícheál Ó Mainnín, Kay Muhr, agus an Dr. Tadhg Ó Dúshláine OÉ Má Nuad agus Josephine Finn OÉ Má Nuad a thug comhairle mo leasa dom roimh thosú ar an tráchtas seo.

Tá buíochas ar leith tuillte ag mo stiúrthóir, an tOllamh Ruairí Ó hUiginn a stiúir an tráchtas seo go cúramach agus go foighneach agus óna bhfuair mé tacaíocht leanúnach den scoth. Tá mé faoi chomaoin mhór aige.

Gabhaim buíochas freisin le mo bhean fhadaraíonach Eileen as a tacaíocht, a tuiscint agus a foighne liom.

Ba mhaith liom an tráchtas seo a thiomnú do dhilchuimhne mo thuismitheoirí Catherine agus Denis Lenihan.



## Achoimre

### Ábhar agus Aidhm an Tráchtais

Is é ábhar an tráchtais seo, logainmneacha na mbailte fearainn i mBéal Leice, i dTeampall Cearna agus i nDroim Caorthainn, trí pharóiste dlí as seacht gcinn ar fad i mbarúntacht Loirg. Is é 196 líon na mbailte fearainn sna paróistí dlí.

Is í aidhm an tráchtais, anailís a dhéanamh ar logainmneacha na mbailte fearainn thuasluaite seo d'fhonn teacht ar a mbunfhoirmeacha agus a mbríonna. Tugtar faoin aidhm seo trí na bealaí seo a leanas:

- Aird a thabhairt ar shaothair na gceannródaithe cosúil le Seán Ó Donnabháin, Patrick Weston Joyce, Edmund Hogan, Deirdre agus Laurence Flanagan, agus araile.
- Foinsí tánaisteacha a bhaineann le litríocht logainmneacha a scrúdú chun eolas agus léargas a fháil.
- Staidéar a dhéanamh ar mhodhanna agus ar thaighde na dtionscadal seo a leanas:
  - Bunachar Logainmneacha na hÉireann, *www.logainm.ie*, arna fhorbairt ag Fiontar (DCU) i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta)
  - Northern Ireland Place-Names Project, Béal Feirste lena sraith leabhar *Place-Names of Northern Ireland*, agus lena suíomh idirlín *www.placenamesni.org*.
- Cuardach forleathan a dhéanamh sna bunfhoinsí a bhaineann le logainmneacha sa Chartlann Náisiúnta, in Public Records Office Northern Ireland (PRONI), sa Leabharlann Náisiúnta, i Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad agus i stórtha eolais eile chun leaganacha stairiúla na logainmneacha a aimsiú.
- Leaganacha stairiúla na logainmneacha a shocrú i gcomhthéacs na fianaise bailithe ó Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis.
- Cuairteanna a thabhairt ar na bailte fearainn chun fuaimniú áitiúil na logainmneacha a chloisteáil.
- Na foinsí go léir a úsáid le chéile chun anailís a dhéanamh chun bunfhoirm agus brí gach logainm atá idir lámha a aimsiú, más féidir.

## **Leagan Amach an Tráchtais**

Is éard atá sa saothar seo, an réamhabhar seo a leanas: clár an ábhair, focal admhála, achoimre, an liosta nod ginearálta, plé ar na foinsí; Caibidil 1 le cur síos ar an gceantar, liosta na bparóistí dlí lena mbailte fearainn; Caibidil 2 le plé ar bhailte fearainn Bhéal Leice; Caibidil 3 le plé ar bhailte fearainn Theampall Cearna; Caibidil 4 le plé ar bhailte fearainn Droim Caorthainn. Ag deireadh an tráchtais, tugtar conclúid, leabharliosta agus innéacs na logainmneacha faoina gceannfhoirmeacha Béarla agus Gaeilge.

## Noda Ginearálta

al.	alias.
bain.	baininscneach
bar.	Barúntacht
B.S	Boundary Survey sketch maps, c.1824-30
c. nó cc.	contae
eag.	eagarthoir(í)
FGB	<i>Foclóir Gaeilge-Béarla</i> Ó Dónaill, N. 1977 BÁC
fir.	firinscneach
gin.	ginideach
iml.	Imleabhar
iol.	uimhir iolra
James Patent Roll	Griffith, M.C. (eag.).1966
lch./lgh.	leathanach/-aigh
logthuiseal	Sin é an ‘tuiseal áitreabhach’ (FGB s.v.) nó ‘locative case’ .i. tuiseal na logainmneacha a bhí sa tSean-Ghaeilge. Bhí an fhoirm chéanna ag an tuiseal seo agus an tuiseal tabharthach
m.sh.	mar shampla
OD:AL	logainm a scríobh Seán Ó Donnabhán sna hAinmleabhair
p. nó par.	paróiste
SO	an tSuirbhéireacht Ordanáis
tls.	bailte fearainn
tuis.gin.	tuiseal ginideach
u.	uimhir uatha

## Treoir Eagarthóireachta:

- Baintear feidhm as lúibíní cearnacha [ ] chun aon tráchtairacht nó nótaí breise de mo chuid féin a chur in iúl. Úsáidtear iad seo go hiondúil i gcás athfhriotail.
- Tugtar roinnt logainmneacha faoina gcruth Béarla mar níl na leaganacha Gaeilge deimhnithe ar *logainm.ie* go fóill, m.sh. Ballaghe, Ballymagaghan agus araile.
- **Cló trom.** Cuirtear logainmneacha na mbailte fearainn atá i gceist i gcló trom.



## Noda (Foinsí)

Baintear úsáid as na foinsí príomha seo le giorrúchán mar seo a leanas:

- Úsáidtear ‘*James Patent Roll*’ ag tagairt do:  
Griffith, M.C. (eag.). 1966.
- Úsáidtear ‘*Ordnance Survey Memoirs of Ireland*’ ag tagairt do:  
Day, Angelique agus McWilliams, Patrick. (eag.). 1992. *Ordnance Survey Memoirs of Ireland - Parishes of Fermanagh II*, 1834-5. Iml. 14. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona.
- Úsáidtear ‘Hill, G’ ag tagairt do:  
Hill, George. 1877. *An Historical Account of the Plantation in Ulster at the Commencement of the Seventeenth Century*. Béal Feirste: M’Caw, Stevenson & Orr.
- Úsáidtear ‘*Lewis*’ ag tagairt do:  
Lewis, Samuel. 1837. *A topographical dictionary of Ireland, comprising the several counties, cities, boroughs, corporate, market and post towns, parishes and villages with statistical descriptions*. 2 Iml. London: S. Lewis.
- Úsáidtear ‘*Census 1659*’ ag tagairt do:  
Pender, Séamus (eag.). 1939. *A census of Ireland, circa 1659, with supplementary material from the poll money ordinances (1660-1661)*. Baile Átha Cliath: Coimisiún láimhscríbhinní na hÉireann.
- Úsáidtear ‘*Shaw Mason 1814*’ ag tagairt do:  
Mason, William Shaw. 1814. *A statistical account, or parochial survey of Ireland, drawn up from the communications of the clergy*, 2 Iml. Baile Átha Cliath: Graisberry agus Campbell.

Tá logainmneacha na mbailte fearainn a bhfuil mionanailís déanta orthu i gcorp an tráchtas curtha in ord aibítreach Béarla.

Seo sampla de leagan amach atá ar ábhar na logainmneacha:

**1. Ballaghgee**

*Bealach Gaoithe*

**G 9861**

‘windy pass’

Fuaimniú Áitiúil:


/balə 'gi:/

NÓTA: Ar an chéad líne de gach iontráil tá códuimhir shainiúil laistigh den pharóiste tugtha do gach baile fearainn. Ar an líne chéanna tá an logainm as Béarla agus ansin an leagan Gaeilge.

Tá an fuaimniú áitiúil ar an líne dheireanach tar éis na fianaise príomha atá liostaithe do gach logainm. Úsáidtear córas na hAibíte Foghraíochta Idirnáisiúnta (International Phonetic Alphabet) mar a úsáidtear sa tsraith leabhar *The Place-Names of Northern Ireland* foilsithe ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ó 1992 faoin eagarthóir ginearálta, Gerard Stockman (agus ina dhiaidh Nollaig Ó Muraíle).

Ar an dara líne de gach iontráil tá litir ‘G’ nó ‘H’ (Féach Léaráid 1) agus ceithre uimhir taobh thiar i gcló trom, mar shampla ‘**G 9861**’ i gcás **Ballaghgee** thuasluaite. Sin iad na comhordanáidí agus iad ag tagairt do léarscáil eangaí na Suirbhéireachta Ordanáis le haghaidh gach baile fearainn. Tá brí an logainm as Béarla anseo freisin.

Úsáidtear an tsraith *OS Discovery Series* mapáí Uimhir 12 agus Uimhir 17 chun na bailte fearainn a aimsiú go sainiúil taobh istigh den bhosca leis an litir ‘G’ nó ‘H’.



Léaráid 1: An Eangach Náisiúnta

Cuirtear gach cearnóg eangaí 100 ciliméadar in iúl le litir (G mar shampla thuas ‘**G 9861**’ agus ar Léaráid 1). Don chomhordanáid soir a thagraíonn an dá fhigiúr tosaigh taobh istigh de gach cearnóg a bhfuil litreacha uirthi (‘**98**’ mar shampla) agus don chomhordanáid ó thuaidh a thagraíonn an dá fhigiúr deiridh (‘**61**’ mar shampla).

Tá eangach náisiúnta le fáil ar an suíomh *logainm.ie* ach fanann an eangach léarscáile sin taobh istigh de Phoblacht na hÉireann.

## CONTAETHA

AM	Ard Mhacha
Ao	Aontroim
BÁC	Baile Átha Cliath
Ca	An Cabhán
CC	Cill Chainnigh
CD	Cill Dara
Ce	Ceatharlach
Ci	Ciarraí
Cl	An Clár
CM	Cill Mhantáin
Co	Corcaigh
DG	Dún na nGall
Dn	An Dún
Do	Doire
FM	Fear Manach
Ga	Gaillimh
IM	An Iarmhí
La	Laois
LG	Loch Garman
Li	Liatroim
Lm	Luimneach
Lo	An Longfort
Lú	Lú
ME	Maigh Eo
Mí	An Mhí
Mu	Muineachán
PL	Port Láirge
RC	Ros Comáin
Sl	Sligeach
TÁ	Tiobraid Árann
TE	Tír Eoghain
UF	Uíbh Fhailí

## Plé ar na Foinsí

Rinne mé staidéar ar shaothair na gceannródaithe cosúil le Seán Ó Donnabháin, Patrick Weston Joyce, Edmund Hogan, Deirdre Flanagan, T.S. Ó Máille, Breandán S. Mac Aodha, agus araile, chun léargas maith agus eolas a fháil a chabhródh liom i mo chuid taighde idir na blianta 2013 agus 2015.

Tá bearnaí móra in eolas na logainmneacha i mbarúntacht Loirg roimh choigistíocht na talún ón 17ú céad ar aghaidh. Níl leaganacha scríofa le fáil de na logainmneacha anseo níos faide siar ná an 17ú céad agus Plandáil Uladh. Is é a tharla go ginearálta ná gur cuireadh traslitriú Béarla ar fhuaimneanna Gaeilge na logainmneacha. Mar sin, is minic a bhíonn sé deacair teacht ar fhoirmeacha cearta de bhunfhoirmeacha Gaeilge na logainmneacha. Tagann an chuid is mó den eolas ón taighde a rinne Seán Ó Donnabháin ar son na Suirbhéireachta Ordanáis agus ón obair a rinne Patrick Weston Joyce, Edmund Hogan agus sa dara leath den fhichiú haois Deirdre agus Laurence Flanagan, Art Ó Maolfabhail, Diarmuid Ó Murchadha, T.S. Ó Máille agus araile. Le cothrom na Féinne a thabhairt dóibh siúd, tá an scríbhneoireacht siúd go léir bunaithe ar shaothar Uí Dhonnabháin den chuid is mó.

Gan amhras tá obair mhaith déanta ag an mBrainse Logainmneacha ar áitainmneacha na hÉireann leis an suíomh [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) agus ag an Northern Ireland Place-Name Project leis an suíomh [www.placenamesni.org](http://www.placenamesni.org).

Ní bhíonn sé éasca ainmneacha a aithint mar bíonn litriú aduain orthu go minic agus mar gur cuireadh na focail Ghaeilge le chéile mar fhocal amháin m.sh. Doire na gCapall Caoch (Dernacapplekeagh). Ar ndóigh, tá an Ghaeilge bhunaidh truaillithe i gcásanna áirithe m.sh. Boolawater, Drumlongfield agus Estea Island, ach ar an iomlán tá na bunleaganacha so-aitheanta go fóill.

Chuardaigh mé na bunfhoinsí a bhaineann le logainmneacha sa Leabharlann Náisiúnta, sa Chartlann Náisiúnta, in Public Records Office Northern Ireland (PRONI), i Leabharlann na nOllscoil Mhá Nuad agus i stórtha eolais eile chun leaganacha stairiúla na logainmneacha a aimsiú.

Sna tríochaidí den 19ú haois bhreac an tSuirbhéireacht Ordanáis sonraí tíreolaíochta de pharóistí i dTuaisceart na tíre mar thionlacan do na léarscáileanna a bhíodar a chruthú. Ní raibh ach leabhar amháin den tsraith foilsithe ag an am i 1837 (b'shin don pharóiste Theampaill Mhóir agus don chathair Dhoire). Tá sáróbair déanta ag Day agus McWilliams (1992) Ordnance Survey Memoirs of Ireland a eagrú agus a fhoilsiú. Tugann Iml. 14 den tsraith eolas faoin mbarúntacht Lurg ach seachas an leabhar siúd tá an litríocht a bhaineann leis an gceantar seo d'Fhear Manach an-ghann.

Tá an tsraith leabhar *The Place-Names of Northern Ireland* foilsithe ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ó 1992 faoin eagarthóir ginearálta, Gerard Stockman (agus ina dhiaidh Nollaig Ó Muraíle). Is é an aidhm atá ann ná taighde ar bhunús agus ar mhíniú gach logainm an *Northern Ireland Place Names Project* a chur os comhair lucht acadúil. Tá an patrún céanna ag gach leabhar. Déantar scrúdú ar logainmneacha atá ag gach baile fearainn, gach paróiste dlí agus gach barúntacht chun bunfhoirm agus brí gach logainm atá idir lámha a aimsiú. Mar sin, tá ardchaighdeán ag baint leis an sraith seo de bharr taighde chúramaigh ar logainmneacha ó fhoinsí éagsúla. Cuireann siad téacsleabhair ar fáil ina bhfuil an t-eolas tugtha ar bhealach cruinn agus soiléir. An laige is mó atá ann ná go bhfuil contae FM agus contae TE, na háiteanna is faide ó Bhéal Feirste sna Sé Chontae, chóir a bheith ligthe i léig go mór.

Ón am sin, níl ach leabhar amháin a bhaineann le logainmneacha FM mar ábhar eisiach, sin Iml. 8 a scríobh Pat McKay i 2004 faoin teideal *County Fermanagh I Lisnaskea and District: the Parish of Aghalurcher*. Go bhfios dom is é seo an chéad leabhar riamh faoi logainmneacha FM a cuireadh i gcló. Mar aon leis sin, sa bhliain 2003, scríobh an tAthair Joseph McVeigh paimfléad a raibh '*Townlands of the Ederney District North Fermanagh*' mar theideal air. Is as an mbaile fearainn Monavreece i bparóiste Dhroim Caorthainn an tAthair McVeigh, ó dhúchas. Is mór an úsáid a rinne mé as an taighde a d'fhoilsigh Pat McKay agus an tAthair McVeigh. Chabhraigh an litríocht siúd liom teacht ar fhoinsí cuí.

Bhailigh mé leaganacha stairiúla de na logainmneacha i dtáblaí fianaise de réir mar a oireann dá n-aoiseanna. Rinne mé é sin i dteannta le fianaise ó Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis sa Chartlann Náisiúnta agus léarscáileanna chomh maith.

Bhí na súimh idirlín seo leanas fíorthábhachtach mar fhoinsí tánaisteacha:

- *Bunachar Logainmneacha na hÉireann* ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) atá ag an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta)
- [www.placenamesni.org](http://www.placenamesni.org) atá ag Northern Ireland Place-Name Project (NIPNP)
- *Daonáireamh na hÉireann* ar [www.census.nationalarchives.ie](http://www.census.nationalarchives.ie).

Bhí eolas maith le fáil ó obair thionscadail an Northern Ireland Place-Name Project i mBéal Feirste lena sraith leabhar *Place-Names of Northern Ireland*.

Bhailigh mé fianaise le haghaidh gach logainm i liostaí cróineolaíocha. Ansin chuir mé iontráil i gcomhair gach sampla den logainm lena dáta i liosta ag tosú leis an sampla is sine. Sin córas maith chun a thaispeáint conas a d'athraigh cruth an logainm leis na blianta. Faraor, de bharr ganntanas foinsí Gaelacha i FM níl sé furasta teacht ar an fhoirm cheart den logainm.

Lena chois sin, thug mé cuairteanna ar na bailte fearainn atá idir lámha agam chun fuaimniú áitiúil na logainmneacha a chloisteáil. Bhailigh mé an fhianaise ó chainteoirí Béarla áitiúla idir na blianta 2013 agus 2015.

Táim fíorbhuíoch do gach duine seo leanas as ucht a gcabhrach agus a bhfoighne

- James Cox, Tamhnach Ghorm
- John Coulton, Doire Broic
- John B. Cunningham, Béal Leice
- Danny agus Fidelma Gormley, Achadh Chille Meáid
- Noel agus Pauline Gormley, Doire Cholbha
- Martin McGovern, An Garastún
- Joe agus Ina O'Loughlin, Béal Leice
- Pat agus Philomena O'Loughlin, Caisleán na Deirge agus Doire na Crannóg
- Dinny agus Declan Monaghan, Móinteach Rua.




## Caibidil 1 Cur síos ar an gceantar

### Na Paróistí Dlí

Staidéar ar logainmneacha i roinnt bailte fearainn i mbarúntacht Loirg atá sa tráchtas seo. Is é an aidhm a chuir mé romham, iarracht teacht ar bhunús Gaeilge nó Béarla na logainmneacha sin trí dhul trí na foinsí éagsúla atá ar fáil.

Is i gCo FM atá an limistéar go léir. Tá na bailte fearainn ionann agus istigh de thriantán atá sínte idir na bailte **Béal Leice**, **An Cheis**, **Eadarnaidh** i FM agus **Paiteagó** i dTír Chonaill ar an léarscáil thíos. Tá Loch Éirne ar an taobh theas.

Ina iomláine, tá trí pharóiste .i. Béal Leice, Teampall Carna agus Droim Caorthainn, i gceist.



*Léarscáil 1. Béal Leice, Teampall Carna agus Droim Caorthainn.*

<b>Cnoic</b>	<b>Aibhneacha</b>	<b>Lochanna</b>	<b>Sráidbhailte</b>
<b>1</b> = Cruach Bhríosáí	<b>11</b> = Éirne	<b>21</b> = Vertry	Béal Leice
<b>2</b> = Croagh	<b>12</b> = Waterfoot	<b>22</b> = Roisín	Paiteagó
<b>3</b> = Cruntully	<b>13</b> = Tearmann	<b>23</b> = Awaddy	An Cheis
<b>4</b> = Derrin	<b>14</b> = Brannagh	<b>24</b> = Caonachán	Eadarnaidh
<b>5</b> = Glenarn	<b>15</b> = An Cheis	<b>25</b> = Scolbán	
<b>6</b> = Mallybreen	<b>16</b> = Glendurragh		
<b>7</b> = Rotten Mountain			

*Liosta de na cnoic, aibhneacha, lochanna agus sráidbhailte i bparóistí Bhéal Leice, Teampall Carna agus Droim Caorthainn le giorrúchán atá in úsáid sa léarscáil.*

Mar atá le feiceáil sa léarscáil seo is féidir na trí pharóiste dlí a thuiscint mar dhá aonad gheografacha .i. Béal Leice agus Teampall Carna le chéile mar thriantán san iarthar agus Droim Caorthainn ina aonar le cruth traipéisiam san oirthear. Tá Inis Badhbha roinnte idir na paróistí Teampall Carna agus Droim Caorthainn.

Go ginearálta, bíonn na cnoic atá ann suite ar imeall na bparóistí dlí. Tá an talamh ag dul le fána go nádúrtha ó thuaidh síos go dtí Loch Éirne atá ar an taobh theas.

Is í Cruach Bhríosáí (258 méadar in airde) an cnoc is airde sa réigiún seo ach tá sé taobh amuigh de Chontae FM i dTír Chonaill. Tá cnoc eile beagán níos ísle de i gContae FM darb ainm Croagh i bparóiste Bhéal Leice. Is cnoic eile iad Glenarn, Mallybreen agus Rotten Mountain atá ar an taobh thoir thuaidh de Bhéal Leice. Tá crainn inlomtha ag fás ar bhruacha na hÉirne agus crainn bhuaircíneacha ar na cnoic.

Seo cur síos gearr faoi na teorainneacha geografacha atá ag na trí pharóiste dlí .i. Béal Leice, Teampall Carna agus Droim Caorthainn.

### **Paróiste Bhéal Leice**

Tá paróiste Bhéal Leice suite idir Loch Éirne, Abhainn na hÉirne agus Loch Vertry (gar do Chruach Bhríosaí). Taobh ó thuaidh de sráidbhaile Bhéal Leice leanann an teorainn sruth gan ainm atá ag dul isteach i Loch Chaonacháin sula dtéann an teorainn seo ó thuaidh idir Cruach Bhríosaí agus Croagh go dtí Loch Vertry. Ansin tá an teorainn ag dul soir go Rushen Hill agus ar aghaidh go Loch Roisín, go Loch Awaddy agus leanann sí sruth gan ainm go dtí go ritheann sí isteach go Loch Éirne. Téann an teorainn ar ais arís go sraidbhaile Bhéal Leice ar bhruach Loch Éirne. Tá loch eile i mBéal Leice seachas Loch Éirne, sin é Loch Scolbán.

### **Paróiste Theampall Carna**

Tá paróiste Theampall Carna mar thriantán beag suite ar theorainn thoir pharóiste Bhéal Leice. Tá cnoc darb ainm Derrin i gceartlár Theampall Carna. Níl de lochanna i nDroim Caorthainn ach Loch Éirne. Tá an abhainn Waterfoot teorannach le Droim Caorthainn san iarthar agus tá an abhainn Glen River ar an teorainn thoir. Tá Loch Éirne teorannach sa taobh theas. Tá an leath thiar d'Inis Badhbha ag dul leis freisin. Is í Inis Badhbha an t-oileán intíre is mó in Éirinn le 1520 acra.

### **Paróiste Dhroim Caorthainn**

Tá an abhainn darb ainm Tearmann ar an taobh thiar agus na haibhneacha Glendurragh agus na Ceise ar an taobh thoir de pharóiste Dhroim Caorthainn. Tá abhainn eile darb ainm Brannagh taobh istigh den teorainn. Tá na haibhneacha go léir ag dul isteach i Loch Éirne atá ar an taobh theas de Dhroim Caorthainn.

Tá an taobh thuaidh ag dul ó fhoinsé an Tearmainn go cnoic Glenvannan agus Rotten Mountain **Error! Bookmark not defined.** atá ar an gcúinne thoir thuaidh de Dhroim Caorthainn. Ansin ar aghaidh go foinse an Glendurragh agus na Ceise. Arís tá an talamh ag dul le fána ó thuaidh síos go dtí Loch Éirne atá ar an taobh theas. Níl de lochanna i nDroim Caorthainn ach Loch Éirne. Tá an leath thoir d'Inis Badhbha ag dul le Droim Caorthainn freisin.

Phléigh an tSuirbhéireacht Ordanáis staid na talún sa bhliain 1834 mar seo a leanas:  
I gcás Bhéal Leice: ‘The soil is generally of a poor, light nature’ (Day agus McWilliams (1992, 4)). I gcás Dhroim Caorthainn: ‘The soil, generally speaking, is of a sandy nature and by no means profitable’ (Day agus McWilliams (1992, 68)). I gcás Theampall Carna: ‘The soil is middling only in quality’ (Day agus McWilliams (1992, 121)).

Ní raibh aon athrú sa bhliain 2009 mar scríobhann Forbes agus Northridge (2009, 24):

The soils of Fermanagh are known primarily for their wetness and problems of drainage. At all times of the year, but in winter especially, a large proportion of Fermanagh is submerged by lakes, slow-flowing rivers, high water table in soil and flooding.

Tháinig Forbes agus Northridge (2009, 47) ar an tuairim nach bhfuil an talamh go maith don talmhaíocht:

At the present time, there is very little arable land left anywhere in Fermanagh. Any that remains is purely for domestic use, for the cultivation of vegetables and fruit for local consumption.

Níl líon mór daoine sa chontae. I gContae FM níl ach 31 duine sa chiliméadar cearnach i gcomparáid le 119 duine ar an meán atá ar fud na Sé Chontae nó le 67 duine i bPoblacht na hÉireann. Idir Loch Éirne Uachtair agus Loch Éirne Íochtair, tá 30% den chontae faoi uisce. Is lú i bhfad an méid glasraí, torthaí nó a leithéid a fhásann anseo. Tá portaigh, crainn agus fraoch ann. Bíonn ba agus caoirigh ag feirmeoirí na háite.

De réir Forbes agus Northridge (2009, 9), mhúnlaigh an oighearaois an tírdhreach anseo timpeall 11,000 bliain roimh Chríost nuair a d’imigh na hoighearshruthanna agus fágadh áit dhroimneach ina ndiaidh. B’shin iad na droimníní nó *drumlins* atá déanta as láib oighearshrutha nach bhfuil rómhaith chun uisce a thaoscadh. Mar sin, is drochthalamh atá i gceist. Níl fágtha de na coillearnacha ársa ach beagáinín sna háiteanna iargúlta.

## Geografaíocht na hÁite

Níl aon mhachaire ná áiteanna atá comhréidh ag barúntacht Loirg. Ar an taobh thuaidh tá na cnoic íseal agus iad ag dul síos go Loch Éirne. Folmhaíonn abhainn na hÉirne Loch Éirne agus í ag dul go dtí an tAtlantach. Níl aon abhainn mhór sa cheantar seachas an Éirne féin; níl ann ach sruthanna beaga chun uisce a thaoscadh ó na cnoic isteach go Loch Éirne.

Tá paróiste Bhéal Leice in iarthar Loirg, seacht gciliméadar ón chósta ag Béal Átha Seanaidh. Suite soir ó Bhéal Leice tá paróiste Theampall Carna agus ansin soir arís paróiste Dhroim Caorthainn.

Tá 41 bhaile fearainn i mBéal Leice, 22 i dTeampall Carna agus beidh mé ag féachaint freisin ar na 133 bhaile fearainn atá i nDroim Caorthainn.

## Contae, Barúntacht, Paróiste Dlí agus Baile Fearainn

Tá ocht mbarúntacht suite i gCo. FM: Clann Amhlaoibh, Clann Cheallaigh, Cnoc Ninnidh, Cúil na nOirear, Lorg, An Machaire Buí, An Machaire Steafánach agus Tír Cheannfhada. Tá 23 pharóiste dlí agus 2,243 bhaile fearainn san iomlán ag FM.

Tá barúntacht Loirg ar an taobh thiar den chontae ar bhruacha Locha Éirne Íochtair. *Lurg* an leagan Béarla nó *Lorg* as Gaeilge. De réir an *Dictionary of the Irish language* (eDIL), ciallaíonn an t-ainmfhocal firinsneach sin ‘(a) trace, vestige, mark, impression’ nó ‘(b) track, trail, path, course’.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *lorg* mar is léir ón iliomad samplaí eile den fhocal seo ar *logainm.ie*:

1. **Lorg an Chlaí / Lurgacloy**, sin baile fearainn i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Iorrais (ME)
2. **Lorg / Lurrig**, i bparóiste Ros Tialláin i mbarúntacht Ó Mic Coille (Co)

3. **Droim Loirge / Drumlurg**, i bparóiste Dhomhnach Maighean i mbarúntacht Fhearnaí (Mu) agus
4. **Mag Luirg / Moylurg**, dúiche i gCo RC ina raibh clann Mhic Dhiarmada.

Ó thaobh geografaíochta, is fo-aonad den bharúntacht an paróiste dlí. Tugann Ó Cearbhaill (2007, 3) eolas breise mar seo a leanas:

Paróistí dlí - .i. aonaid riaracháin atá níos mó ná bailte fearainn agus atá bunaithe ar ghréasán na bparóistí eaglasta a leagadh síos sa réigiún, ar an gcuid is mó de, i ndeireadh an 12ú haois agus i dtosach an 13ú haois.

Tá seacht bparóiste dlí ag barúntacht Loirg:

Béal Leice, Doire Mhaoláin agus Oileáin, Droim Caorthainn, Machaire na Croise, Magheraculmoney, Teampall Carna, agus Trory agus Oileáin.

Tá na bailte fearainn bailithe i bparóiste dlí. De réir Duffy (2007, 59), cruthaíodh na paróistí mar aonad ag Sionad Ráth Bhreasail i 1111 ach go raibh siad bunaithe ar thuatha na Sean-Ghael.

I rith aimsir na dTúdarach de réir Duffy (2007, 59) mhair limistéar na bparóistí toisc go raibh críocha na bparóistí i gcuimhne na ngnáthdhaoine tar éis díothú na mainistreacha. Áitíonn Duffy (2007, 62) go bhfuil paróistí dlí na hÉireann ag freagairt do na paróistí a bhí ann sna meánaoiseanna.

De réir Hughes agus Hannan (1992, 246), baineadh úsáid as *táite* mar aonaid talún go minic i gCo FM agus i Mu agus ba ionann baile fearainn agus an *táite* nó *tate* mar chaighdeán san 16ú haois:

The Irish term *baile* .. seems to have been treated as the equivalent to English “town”, which had originally meant “settlement (and lands appertaining)”; and the compound term “townland” seems to have been adopted to make the intended meaning clear. It was used in 19<sup>th</sup> century Ireland as a blanket term for various local words. In the area of Fermanagh and Monaghan the term for the local unit was “tate”. In an English document of 1591 it is stated that the tate was 60 acres in size.

De réir Duffy (2007, 58), bhain an tSuirbhéireacht Ordanáis san 19ú haois úsáid mhór as na bailte fearainn chun an talamh a thomhas.

D'fhan na seanainmneacha Gaelacha in úsáid nuair a ghlac na lonnaitheoirí nua seilbh ar an talamh go háirithe i rith Plandála Uladh. D'fhan logainmneacha na seanbhailte cosúil le Béal Leice nó An Cheis i mbéal na ndaoine, ach le traslitriú Béarla mar Belleek agus Kesh. Nuair a bhunaigh na plandálaithe bailte nua chuir siad ainmneacha Sasanacha orthu cosúil le Lowtherstown nó Irvinestown mar a luann McKay (2007, 84).

## **Béal Leice**

Síneann Béal Leice 6.5 mhíle soir siar agus 5 mhíle ó thuaidh ó dheas. Cé go bhfuil 10,784 acra ann, níl ach 3.654 acra díobh sin ina ngoirt. Bíonn páirceanna le haghaidh bó ann agus goirt eile chun féar a sholáthar sa gheimhreadh.

De réir Day agus McWilliams (1992, 1-2), fásann prátaí, coirce agus líon ann. Tá timpeall 5,000 acra ina phortach. Is iad na crainn atá ann ná fuinseoga, learóga, fearnóga, crainn sailí agus beitheanna.

Le 622 troigh, is é Mollybreen [H 0066] nó Rushen Hill an cnoc is airde i bparóiste Bhéal Leice i lár thuaisceart an pharóiste. Tá cnoic eile ann, Croagh [H 9862] le 580 troigh agus Tullynahushoge [H 0464] le 490 troigh.

Seo liosta as Béarla de na lochanna atá ag an bparóiste atá tugtha ag Day agus McWilliams (1992, 1-7):

- Lough Doo [G 9860] taobh istigh de bhaile fearainn **Derrynacrannog**
- Lough Derrintrig [G 9961] taobh istigh de bhaile fearainn **Derrynacrannog**
- Gadalough [G 9760] taobh istigh de bhaile fearainn **Gadalough**
- Lough Keenaghan [G 9759] idir na bailte fearainn **Keenaghan, Tievalough** agus **Gadalough**.
- Lough Meenaghmore [G 9964] idir na bailte fearainn **Meenatully, Scardans Lower** agus **Derrynacrannog**
- Loughnacraogh [G 9862] taobh istigh de bhaile fearainn **Derrynacrannog**
- Loughnafeola [H 0364] idir na bailte fearainn **Tullyvogy** agus **Tullychurry**



- Loughnawalsky [G 9860] taobh istigh de bhaile fearainn **Ballaghgee**  
Ar an taobh eile de, tá cnoc Croagnawalsky [H 0064] taobh istigh de bhaile fearainn **Scardans Upper**
- Lough Pollintague [G 9761] taobh istigh de bhaile fearainn **Gadalough**
- Lough Sallagh [G 9864] taobh istigh de bhaile fearainn **Derrynacrannog**
- Tullylough Beg [H 0263] taobh istigh de bhaile fearainn **Tullynabohog**
- Tullylough More [H 0263] taobh istigh de bhaile fearainn **Tullyvogy**
- Tully Lough [H 0363] taobh istigh de bhaile fearainn **Tullylough**
- Tullynaloob Lough [H 0464] taobh istigh de bhaile fearainn **Tullychurry**
- Lough Tullyvogy [H 0263] taobh istigh de bhaile fearainn **Derrychuloo**
- Lough Tullywannia [G 9963] taobh istigh de bhaile fearainn **Derryrona**
- Lough Rushen [H 0165] le 56.5 acra agus 382 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Mollybreen**
- Mollybreen Lough [H 0166] le 3.5 acra agus 55 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Mollybreen** freisin
- Fir Lough [H 0164] le 4.5 acra agus 350 troigh airde os cionn na farraige idir na bailte fearainn **Scardery Middle [Scardans Upper]** agus **Mollybreen**
- Lough Meenatully [G 9965] taobh istigh de bhaile fearainn **Meenatully**
- Lough Neartie [G 9965 Vearty] le 114 acra agus 355 troigh airde os cionn na farraige idir na bailte fearainn **Mollybreen** agus **Meenatully**
- Little Lough [G 9961] le 2.75 acra agus 265 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Derryrome [Derryrona] Glebe**.
- Loch Scolbán [G 9960] le 165 acra agus 167 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Derryrome [Derryrona] Glebe** [agus idir na bailte fearainn **Ballymagaghan, Tirigannon, Tawnynoran, Ballaghee** agus **Derrynacrannog**].
- Tully Lough [H 0363] taobh istigh de bhaile fearainn **Tullylough**.

## Teampall Carna

Síneann Teampall Carna 3.9 mhíle soir siar agus 2 mhíle ó thuaidh ó dheas. Cé go bhfuil 3,321 acra ann níl ach 1,600 acra díobh sin ina ngoirt.

De réir Day agus McWilliams (1992, 118-120), fásann coirce, eorna, prátaí, líon agus cruithneacht ann. Tá timpeall 5,000 acra ina phortach. Is iad na crainn atá ann ná daracha, crainn chuilinn, fuinseoga, agus beitheanna.

Ní luann Day agus McWilliams (1992, 118-121) ach cnoc amháin i dTeampall Carna; sin Dirren Mountain [H 0664] 564 troigh ar airde atá ar an taobh thiar de lár an pharóiste.

Tá dhá abhainn bheaga ann. Tá an abhainn Glen River ar theorainn thoir agus an abhainn Waterfoot ar theorainn thiar an pharóiste.

- Lough Awaddy [H 0464] le 23.5 acra agus 432 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Tullyvocady, Tullyvogy** agus **Tullychurry**
- Loch gan ainm [H 0564] le 9 acra agus 279 troigh airde os cionn na farraige idir **Tullyvocady** agus **Derryloagher**. Is aisteach go mbeadh loch chomh mór leis seo gan ainm
- Loughahullian [H 0764] le 1.5 acra agus 340 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Portnabla(a)hy**
- Loch gan ainm [H 0563] le 1.5 acra agus 374 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Woodyhill**
- Loch gan ainm [H 0462] le 3.5 acra agus 165 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Bigwood**.

## **Droim Caorthainn**

Síneann Droim Caorthainn 10.75 mhíle soir siar agus 5.5 mhíle ó thuaidh ó dheas. Cé go bhfuil 23,756 acra ann níl ach 15,434 acra díobh sin ina ngoirt.

De réir Day agus McWilliams (1992, 62-65), fásann prátaí, coirce agus líon ann. Is iad na crainn atá ann ná daracha, beitheanna, fuinseoga, crainn sailí, agus fearnóga.

Is é an cnoc is airde ag Droim Caorthainn ná Glenvannon [H 1871] 730 troigh ar an taobh thuaidh den pharóiste mar a luann Day agus McWilliams (1992, 62-69). Tá cnoic

eile ann idir 600-700 troigh in airde i sliabhraon Glenarn cosúil le Rotten Mountain [H 2071].

Níl ach lochanna beaga ann:

- Lough Doon [H 1163] le 1.25 acra agus 154 troigh airde os cionn na farraige taobh istigh de bhaile fearainn **Ardshankill**
- Lough Avigh [H 2470] le 4.3 acra agus 662 troigh airde os cionn na farraige ar an taobh thoir thuaidh den pharóiste
- Lough Adinn [H 2073] le 1.3 acra agus 542 troigh airde os cionn na farraige ar an taobh thoir thuaidh den pharóiste.

Is iad na haibhneacha atá ann ná:

- An Cheis
- Tearmann, a théann trí Phaiteagó i dTír Chonaill sula sroicheann sí Droim Caorthainn
- Bannagh.

## Stair na hÁite

Fir Loirg a tugadh ar na daoine a bhí ina gcónaí san áit seo. Scríobh Seán Ó Donnabháin ar an 12 Deireadh Fómhair 1834 an cuntas seo: ‘TUATH LUIRG, sometimes called Fir and Feara Luirg. It is now called the barony of Lurg, situated in the north of Fermanagh. This was the patrimonial inheritance of O'Maolduin, who was also tributary to Maguire’. (Cunningham (1993, 7)).

Is é an chéad tagairt do Lorg in Annála Ríoghachta Éireann sa bhliain 924, nuair a luaitear ‘Ferghus, mac Duilgein, tighearna Luirg, do mharbhadh la Fearaibh Breifne’.

De réir na n-annála céanna, tháinig ríthe Loirg ó mhuintir Uí Mhaoldúin anuas go dtí an bhliain 1536 mar leanas:

- 1000 (Annála Ríoghachta Éireann)
- 1053 (Annála Tigernaigh)
- 1082 (Annála Uladh agus Annála Locha Cé)
- 1281 (Annála Uladh)
- 1369 (Annála Uladh)
- 1400 (Annála Connacht)
- 1499 (Annála Uladh)
- 1536 (Annála Uladh).

Sa bhliain 1542 deir Annála Ríoghachta Éireann ‘O Domhnaill Maghnas do thabhairt Tuaithe Ratha agus Luirc do Mhag Uidhir’. Ón am sin go Plandáil Uladh bhí Lorg faoi smacht ag clann Mhig Uidhir.

Tá roinnt mhaith fianaise againn ar Fhir Luirg a bheith sáite i gcúrsaí troda agus polaitíochta na haimsire sin:

- sa bhliain 1053 ‘Niall H. Eignigh, rí FM, do mharbad do Feraib Luirg’ (Annála Uladh)
- sa bhliain 1084 ‘Donnchadh H. Maol Ruanaidh, persecutor ecclesiarum, do mharbad d’ Feruibh Luirg’ (Annála Locha Cé)

- sa bhliain 1102 ‘Flaithbertach m. Fothaigh ri H. Fiacrach Arda Sratha, do marbad do Feraibh Luirg’ (Annála Uladh)
- sa bhliain 1102 ‘Niall mac Néill Uí Ruairc, ríoghdamhna Breifne do mharbhadh la Feraibh Luirg’ (Annála Ríoghachta Éireann)
- sa bhliain 1119 ‘Cú Collchaille H. Baighellan ard-ollamh Erenn ..... do marbadh do Feraibh Luirg’ (Annála Uladh)
- sa bhliain 1369 ‘Aodh Óg mac Aodha Uí Ruairc do mharbhadh la h-Ua Maol Dúin Luirg’ (Annála Ríoghachta Éireann)
- sa bhliain 1499 ‘Donn mac Conchobuir, mic Aedha Meg Uidhir do marbadh le Feraibh Luirg’ (Annála Uladh).

### **Tuath Miodhbholg**

Bhí tuath darbh ainm Miodhbholg idir sráidbhaile Bhéal Leice, Cruach Bhríosaí [G 6397] agus Loch Éirne agus í taobh istigh do bharúntacht Loirg. Scríobh Seán Ó Donnabháin fonótaí in eagrán d’Annála Ríoghachta Éireann faoi na blianta 1432, 1469, 1485 agus 1586 a thugann an t-eolas sin (Annála Ríoghachta Éireann).

Tá an baile fearainn Ráth Mór in aice leis an sráidbhaile Bhéal Leice. Is ann a bhí Ráth Mór Mhiodhbhoilg nó Mhiodhluic mar a luann Ó Duinnín (1917, 128):

This rath is on the summit of a high hill, the highest elevation about Belleek. and is about three hundred feet in circumference; from it there is a fine view of Lough Erne, the Leitrim and Fermanagh range of mountains and of a very extensive tract of country around. There is no cave in the rath, which was clearly the most important rath in the neighbourhood from its size and position. It has preserved its name locally, Rath Mór, Rathmore, though the denomination Mhiodhluic 'of Miodhloc' is lost. The rath give its name to the townland of Rathmore par. of Belleek bar. of Lurg.

Bhí an Ráth ag cosaint an átha ag Béal Leice. Áit straitéiseach ab ea é mar sa bhliain 1432 bhí cath mór ann idir muintir Néill Uí Dhomhnaill ar thaobh amháin agus fórsaí Uí Néill agus Mhig Uidhir ar an taobh eile de. Maraíodh go leor de mhuintir Mhig Uidhir (Annála Ríoghachta Éireann sub anno 1432).

Sa bhliain 1469 rinne clann Philib Mhig Uidhir agus clann Thomáis Óig ionsaí ar chlann Aodha Mhig Uidhir i Miodhbholg. Bhí an bua ag na hionsaitheoirí (Annála Ríoghachta Éireann).

Sa bhliain 1485, rinne Seán Mag Uidhir ionsaí ar chlann Dhonncha mhic Aodha Mhig Uidhir i Mídhbholg faoi dhó in aon seachtain amháin (Annála Ríoghachta Éireann)

Sa bhliain 1586 tháinig fórsaí Albanacha go Miodhbholg ó Inis Eoghain ag creachadóireacht (Annála Ríoghachta Éireann)

### **Plandála Uladh agus Loirg**

I Mí na Bealtaine, 1607, cuireadh litir chuig Chichester a bhí ina Leas-Ionadaí Rí Shasana, ag míniú go raibh na Gaeil ag déanamh réidh chun Chichester féin a mharú agus Caisleán Bhaile Átha Chliath a scriosadh. Gairid ina dhiaidh sin, d'imigh na taoisigh Ghaelacha, Aodh Ó Néill, agus Cú Chonnacht Mag Uidhir, Tiarna FM, go dtí an Mhór-Roinn chun éalú. D'eagraigh Cú Chonnacht Mag Uidhir an turas sa bhliain 1607 (Annála Ríoghachta Éireann).

I ndiaidh Imeacht na nIarlaí, choigistigh Rialtas na Sasanach barúntacht Loirg agus bronnadh an ceantar ar Shasanaigh a bhí dílis do choróin Shasana. Tháinig an chuid is mó díobh siúd ó East Anglia. De réir Hill (1877, 277), tháinig Thomas Blennerhasset ó Norfolk agus sa bhliain 1610 cheannaigh sé dúiche in aice le hEadarnaidh darbh ainm 'middle Proportion of Edernagh'.

Timpeall 1,500 acra a bhí i gceist. Bhí an tuath darbh ainm Miodhbholg ina fo-ionad den eastát. Seo iad na bailte fearainn a fuair Thomas Blennerhasset:

- Bracklin, Cloncah Rock, Clonee, Coolaghty, Crimlin, Dromore Big, Dromore Little, Edenaveagh, Gortnagullion, Letterkeen, Muckros, Oghill, Tubbrid, Tirmacspird, Tirwinny
- Oileán Downinishbane i Loch Éirne agus gach oileán eile gar don áit seachas Inis Babhdha, Inishkeeragh, Inishtowirch agus Lusty More.

Tugtar ‘manor of Edernagh’ mar ainm don talamh go léir (Hill (1877, 277)). Fuair a dheartháir Sir Edward Blennerhassett ‘the Middle Proportion of Bannaghmore’ a bhí idir an abhainn Bannagh agus Béal Leice le hInis Badhbha agus oileáin eile i Loch Éirne (Hill (1877, 277)).

Thóg Sir Francis, mac do Sir Edward, teach mór darbh ainm Castlehassett nó Castlecauldwell i mbaile fearainn Rosbeg. Tá an seanteach sin ina fhothrach anois. I 1660 ba le hEdward Blennerhassett an talamh agus é ina chónaí i Norfolk.

Nuair a fuair Edward bás, cheannaigh Sir James Cauldwell, a bhí ina Ard Sirriam FM ag an am sin, an talamh (Livingstone (1969, 452)). Bhunaigh John Cauldwell Bloomfield, duine den sliocht sin, an photaireacht i mBéal Leice a bhfuil clú agus cáil uirthi.

## **An Ghaeilge i bhFear Manach**

Níl aon chainteoir Gaeilge ó dhúchas i Lorg sa lá atá inniu ann. Tá Béarla ann le fada an lá. Ach roimh Chogadh na Naoi mBliana bhí Gaeilge á labhairt ag beagnach gach duine sa cheantar. Conas a tharla meath na Gaeilge? Níl staitisticí le fáil againn go dtí an 19ú haois ach tá sé soiléir go raibh meath tagtha ar an nGaeilge le tamall roimhe sin.

Bhain Garrett FitzGerald úsáid as Daonáireamh na hÉireann ón 19ú haois chun staitisticí a bhaineann le Gaeilgeoirí a bhailiú FitzGerald (1984, 117-155). D'fhéach sé go cruinn ar na freagraí a thug na gnáthdhaoine ar na ceisteanna faoina dteanga dhúchais féin. Táim ag baint úsáid as a thaighde chun meath na Gaeilge i mbarúntacht Loirg agus i gCo. FM a léiriú.

Bhí an Ghaeilge mar theanga dhúchais ag 16% de na daoine a rugadh i gCo. FM idir 1771 agus 1781. Tá an céatadán sin beagnach mar mheán ar fud an chontae. Thit an céatadán a rugadh i gCo. FM idir 1801 agus 1811 a bhí ag labhairt Gaeilge go 7%. De na daoine a rugadh i gCo. FM idir 1821 agus 1841 ní raibh ach 2% ag labhairt Gaeilge.



De réir FitzGerald (1984, 127), ní raibh duine ar bith a rugadh i gCo. FM idir 1861 agus 1871 ag labhairt Gaeilge.

Sampla soiléir de mheath na Gaeilge ab ea barúntacht Loirg.

Tá an pátrún le feiceáil sa tábla thíos.


Barúntacht	1861 - 71 %	1851 -61 %	1841 -51 %	1831 -41 %	1821 -31 %	1811 - 21 %	1801 -11 %	1791 -01 %	1781 -91 %	1771 -81 %
Clann Amhlaoibh	0	1	4	6	8	13	18	19	25	22
Clann Cheallaigh	0	0	0	1	1	3	8	10	19	25
An Chúil	0	0	0	0	0	1	3	4	5	6
Cnoc Ninnidh	0	0	1	1	4	7	15	21	30	30
<b>Lorg</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>1</b>	<b>2</b>	<b>5</b>	<b>7</b>	<b>12</b>	<b>14</b>	<b>15</b>
An Machaire Buí	0	2	2	3	5	11	14	15	16	21
An Machaire Steafánach	0	0	0	0	0	2	2	3	6	8
Tír Cheannada	0	1	1	1	1	1	3	3	4	4

Taispeánann FitzGerald (1984, 128) go raibh an meath an-láidir idir 1801–1811 agus 1831-1841. Bhí na tréimhsí sin roimh an nGorta Mór agus roimh theacht na scoileanna náisiúnta.

Léirigh a thaighde (1984, 138) gur cailleadh an Ghaeilge go luath ar chósta iarthar na hÉireann, go mór mór sna háiteanna ina raibh caladh tráchta ann - áiteanna cosúil le Gaillimh, Cathair na Mart agus Béal an Átha. Seans mór go raibh na háiteanna sin mar cheann droichid do chultúr an Bhéarla. Ar an chósta idir Sl agus Tír Chonaill, caladh tráchta mór ab ea Béal Átha Seanaidh. Tá Lorg i ngar do Bhéal Átha Seanaidh (cúig mhíle).

De réir na staitisticí, d'imigh an Ghaeilge níos tapúla i mbarúntacht Loirg ná sna barúntachtaí a bhí níos faide ón chósta seachas barúntacht Chlann Cheallaigh.


## Na Bailte Fearainn san ord ina bpléitear iad



### *Léarscáil 2. Bailte fearainn i mBéal Leice*

Ag an chéad chuid tosaigh de gach iontráil tá códuimhir shainiúil laistigh den pharóiste tugtha do gach baile fearainn. Ar an líne chéanna tá an logainm as Béarla.


<b>Liosta de bhailte fearainn atá i bparóiste Bhéal Leice le huimhreacha ó Léarscáil 2 thuas (Bunaithe ar SO Léarscáil 17)</b>			
1. Ballaghgee	12. Eagle Island	23. Mallybreen	34. Tawnynoran
2. Ballymagaghan	13. Ferny Island	24. Meenatully	35. Tievealough
3. Bellanadohy	14. Finner	25. Oughterdrum	36. Tirigannon
4. Buck Island	15. Gadalough	26. Rathmore	37. Tullychurry
5. Carrowkeel	16. Garvary	27. Rossbeg	38. Tullyfad
6. Commons	17. Graffy	28. Rossharbour	39. Tullylough
7. Derrychulloo	18. Keenaghan	29. Rossmore	40. Tullynabohoge
8. Derrynacrannog	19. Larkhill	30. Rough Island	41. Tullyvogy
9. Derryrona	20. Leggs	31. Scardans Lower	
10. Druminillar	21. Lowerybane	32. Scardans Upper	
11. Dulrush	22. Magheramenagh	33. Tawnaghgorm	



***Léarscáil 3. Bailte fearainn i dTeampall Carna  
agus ar an taobh thiar de Dhroim Caorthainn***

Ag an chéad chuid tosaigh de gach iontráil tá códuimhir shainiúil laistigh den pharóiste tugtha do gach baile fearainn. Ar an líne chéanna tá an logainm as Béarla.

<b>Liosta de bhailte fearainn atá i bparóiste Theampall Carna le huimhreacha ó Léarscáil 3 thuas (Bunaithe ar SO Léarscáil 17)</b>		
1. Aghnablaney	9. Inishmeely	17. Rossharbour Old
2. Bigwood	10. Inishturk	18. Stonefort
3. Brookhill	11. Letter	19. Tawnawanny
4. Derrin	12. Lusty Beg Island	20. Tullyvarrid
5. Derrylougher	13. Lusty More Island	21. Tullyvocady
6. Dreenan	14. Mullans	22. Woodhill
7. Gubnaguinie	15. Portnablahy	
8. Inishkeeragh	16. Rosscrennagh	



#### ***Léarscáil 4. Bailte fearainn ar an taobh thoir de Dhroim Caorthainn***

Ag an chéad chuid tosaigh de gach iontráil tá códuimhir shainiúil laistigh den pharóiste tugtha do gach baile fearainn. Ar an líne chéanna tá an logainm as Béarla.

<b>Liosta de bhailte fearainn atá i bparóiste Dhroim Caorthainn le huimhreacha ó Léarscáileanna 3 agus 4 thuas (Bunaithe ar SO Léarscáil 12 agus ar SO Léarscáil 17)</b>		
1. Aghagrefin	46. Drumbrick	91. Kilmore
2. Aghahannagh	47. Drumbristan	92. Knockroe
3. Aghalaan	48. Drumchorick	93. Larmore
4. Aghavore	49. Drumcloona	94. Letterkeen
5. Ardore	50. Drumcrin	95. Lowery
6. Ardshankill	51. Drumcullion	96. Lugmore
7. Backwood	52. Drumcurren	97. Lurganboy
8. Ballynabrannagh	53. Drumduff	98. Meentullyclogh

9. Bannagh Beg	54. Drumgowna East	99. Middletown
10. Bannagh More	55. Drumgowna West	100. Monavreece
11. Bigwood	56. Drumgrenaghan	101. Montiaghroe
12. Boolawater	57. Drumhirk	102. Movarran
13. Bracklin	58. Drumierna	103. Muckros
14. Cahore	59. Drumkeeran	104. Mullaghmore
15. Camplagh	60. Drumlongfield	105. Mullanmeen Middle
16. Carrickcroghery	61. Drummacahan	106. Mullanmeen Under
17. Carrickoughter	62. Drummoney	107. Mullanmeen Upper
18. Clonaweel	63. Drumnagalliagh	108. Mullynaval
19. Cloncah Rock	64. Drumnagreshial	109. Mweelbane
20. Clonee	65. Drumnavaahan	110. Newpark
21. Clonelly	66. Drumrush	111. Oghill
22. Coolaghty	67. Drumskinny	112. Oghillicartan
23. Cordwood	68. Edenaveagh	113. Pollaginnive
24. Corlaght East	69. Edenticromman	114. Portinode
25. Corlaght West	70. Estea Island	115. Procklis
26. Corlave	71. Fartagh	116. Rossgole
27. Crillan	72. Feddans	117. Rotten Mountain
28. Crimlin	73. Firs	118. Rushinbane
29. Crockateggal	74. Formil	119. Rushindoo
30. Cruninish Island	75. Glasdrumman	120. Skea
31. Cruntully	76. Glasmullagh	121. Skrinny
32. Curraghmore	77. Glennagarran	122. Springtown
33. Dernacapplekeagh	78. Glenvannan	123. Stragolan
34. Derry Beg	79. Gortacar	124. Tawnydorragh
35. Derry More	80. Gortgeran	125. Tievaveeny
36. Derrybrick	81. Gortnagullion	126. Tievenavarnog
37. Derrynashesk	82. Gortnaree	127. Tirmacspird
38. Derryneve	83. Greaghmore	128. Tirwinny
39. Doocrock	84. Gubbakip	129. Tonwore
40. Dooraa North	85. Gushedy Beg	130. Tubbrid
41. Dooraa South	86. Gushedy More	131. Tullyhommon
42. Dromore Big	87. Inisclin	132. Tullynaloob
43. Dromore Little	88. Keeran	133. Tullynashammer
44. Drumbaran	89. Killygarry	
45. Drumboarty	90. Killynoogan	

*Liosta de bhailte fearainn i bparóiste Dhroim Caorthainn le huimhreacha ó Léarscáileanna 3 agus 4 thuas (ar leanúint).*

## Caibidil 2 Bailte Fearainn i bParóiste Bhéal Leice

### 1. Ballaghgee

*Bealach Gaoithe*

**G 9861**

‘windy pass’

1. Bealach Gaoithe

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/balə 'gi:/

Tá achar iomlán de 343 acra talún ann agus an baile fearainn suite ar an teorainn le DG. Is taobh istigh den bhaile fearainn atá Loch na bhFalscadh / Loch Loughnawalsky agus ‘lake of the enclosures’ an t-aistriú go Béarla, de réir Ainmleabhair B157. Tá easanna ann freisin (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Bealach Gaoithe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘windy pass’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1875, 490) leis sin.

Is léir gurb é an focal *bealach* ‘pass, road’ (eDIL *belach*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *gaoth* ‘wind’ (eDIL 2 *gáeth*) nó ainm pearsanta atá sa dara cuid. Tá úsáid eile den fhocal in eDIL, 3 *gáeth* ‘the sea, a stream, an estuary. *gaoth* a shallow stream into which the tide flows and which is fordable at low water’, ach ní móide go bhfeilfeadh sé anseo. Tá an áit ard agus tá bealach ann a bhíodh in úsáid ag feirmeoirí chun dul go dtí an portach.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 89), ‘*Gaoth* means ‘wind’ and features fairly often in place-names in reference to their exposure.... Mountain-passes obviously frequently deserve this description’.

Tá an t-ainm pearsanta Aodh le fáil sa cheantar seo. De réir Ainmleabhair B107, tá **Eas Aoidh Rua / Assaroe** i mbarúntacht Thír Aodha béal dorais le Béal Átha Seanaidh (DG) ar an Éirne. Ach ar deireadh thiar thall, níl ann ach fianaise imthoisceach, áfach.

Ní móide gurbh é an sloinne ‘Mac Aoidh/Aodha’ nó ‘Mag Aoidh’ atá sa dara cuid ón uair nach bhfuil rian ar bith san fhuaimniú áitiúil den ‘Mhic’, cé go bhféadfadh sé gur

thit sé ar lár, mar a tharlaíonn go coitianta le ‘m(h)ac’ i sloinnte, i.e. Bealach Mhic Aoidh > Bealach ‘ic Aoidh nó Bealach Mhig Aoidh > Bealach ‘g Aoidh.

## 2. Ballymagaghan

*Baile Mhic Eachrainn*

**H 0060**

‘McGahern’s town’

- |                         |   |      |
|-------------------------|---|------|
| 1. Ballymagaghan        | 4 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Baile Mhic Eachrainn | OD:AL                                       | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /bali: mə 'gahərn/

Tá achar iomlán de 310 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne idir Loch Éirne agus Loch Scolbán. Tá an abhainn Garvary ar theorainn thuaidh an bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Baile Mhic Eachrainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘McGaghan’s town’ an t-aistriú a mhol sé agus an míniú seo aige ‘The family name Magahran is very common in Donegal’ (Ainmleabhar B157). Níl aon easaontas le fáil ó Joyce (1913,104) agus **Baile Mhic Eachrainn** molta aige freisin.

Is léir gurb é an focal *baile* ‘settlement; farm, town’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta atá sa dara cuid.

De réir MacLysaght (1985, 117), is ó Bhréifne Uí Ruairc a tháinig an sloinne atá luaite thuas. Tá an sloinne ‘McGahern’ nó ‘McGaughran’ le fáil mar leaganacha Béarla den ainm seo. De réir an daonáirimh in 1911, ní raibh ach beirt den sloinne seo i gCo FM agus ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá idir lámha againn.

Tugann Flanagan agus Flanagan (1994, 22-23) le fios dúinn conas a úsáideadh an téarma *baile* idir 900 agus 1200 A.D: ‘It [*baile*] means ‘place’, both in the general sense and in a specified sense’. Léiríonn siad ansin conas a tharla go raibh an chiall ‘homestead’ ann, ‘The weight of the evidence would point to the word *baile* being used



of a settlement before the mid-12th century. The references cited ..... are to dwelling-units rather than to land-units; the extension in the application of *baile*, from its use of the dwelling-unit of a named family group to its use of the lands of the named family group - would be a natural development’.

### 3. Bellanadohy

*Bealach na Dóiteachta*

**G 9559**

‘route of the burning’

1. Ballaghadowghie	164 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Ballaghadowghy	Hill, G (1877, 278)	1628
3. Ballaghendahy	28 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
4. Bel Ath na Dóithidh	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /balənə 'dohi:/

Tá achar iomlán de 47 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Bel Ath na Dóithidh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘mouth of the ford of the burning’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157) ach tá aistriú eile ann, dar liom. Is dóichí nach bhfuil *béal átha* i gceist.

Is léir gurb é an focal *bealach* atá sa chéad chuid den ainm. I bhfiainaise foirmeacha 1-3, thuas, in eDIL tá *belach* (*bel*), *bealach* ‘gap, pass (between hills), defile, (narrow) passage, road, path’. Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 371) ar úsáid an fhocail *bealach* i logainmneacha:

*Bealach* [ballugh], signifies a road or pass .... Ballagh, the usual modern form, constitutes or begins the names of a number of places; near several of these the ancient roadways may be traced; and in some cases they are still used.

Mar chomparáid leis an dara mír ‘*andohy*’, féach an iontráil ar *logainm.ie* atá faoi

**Dumhaigh / Doagh**, i bparóiste Mhíobhaí i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG). Ní dóigh go bhfuil an focal *dumhaigh* (ón fhocal *dumhach*) feiliúnach mar níl an fhuaim /dohi:/ thuasluaite le cloisteáil san fhuaimniú seo.

Is léir gur ón bhfocal *dóite* ‘burnt, singed’ (eDIL *dóit(h)e*) a shíolraíonn an focal atá mar tríú cuid den ainm. Níl a fhios againn cén eachtra atá i gceist don bhaile fearainn seo mar chuir staraí áitiúil, Joe O’Loughlin, in iúl dom nach bhfuil aon trácht uirthi i mbéaloideas na háite.

#### 4. Buck Island

Ainm Béarla

##### H 0361

- |                 |  |      |
|-----------------|--|------|
| 1. Buck Islands | 13 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Buck Island  | OD:AL  | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /bók aɪlənd/

Tá achar iomlán de 12 acra talún ann. Is baile fearainn féin é an t-oileán seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

Níl aon fhianaise againn ar an bhfoirm Ghaeilge (Ainmleabhar B157) ach tá ainmneacha cosúil leis le fáil in áiteanna eile, m.sh.

1. **Puck Island / Oileán an Phocaide** i bparóiste Chill Aithnín i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga)
2. **Puckisland** i bparóiste na Mine Airde i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci.) (**Oileán an Phocáin** an leagan molta Gaeilge, ach níl fianaise air seo le fáil)
3. **Oileán na bPocaidí / Illaunabuckedia** i mbaile fearainn Cheapach Chorcóige Thoir i bparóiste Chonga i mbarúntacht an Rois (Ga)
4. **Bockan Island** i bparóiste Chill Náile i mbarúntacht Chnoc Ninnidh (FM) ~ cf. *logainm.ie*; Tá *boc/poc* le fáil mar mhír i roinnt logainmneacha eile, m.sh. **Bocach** i bparóiste Chill Cholmáin i mbarúntacht Choistealach (RC) agus
5. **Baile na bPoc** i bparóiste Chill Chuáin i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci) agus araile.

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

## 5. Carrowkeel (Glebe)

*An Cheathrú Chaol*

**G 9758**

‘narrow quarter’

- |                      |                                  |      |
|----------------------|----------------------------------|------|
| 1. Carrowkeel        | 3 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i> | 1788 |
| 2. Ceathramhadh-cael | OD:AL                            | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /'karo: 'ki:l/

Tá achar iomlán de 68 acra talún ann. Tá an baile fearainn seo ar bhruach na hÉirne idir Loch Éirne féin agus Béal Leice (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Ceathramh Chaol** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘narrow quarter’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1869, 244) leis sin.

Is léir gurb é an focal *ceathrú* ‘part; district, quarter’ (eDIL *cethramthu* (*e*)) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *caol* ‘thin, slender, narrow’ (eDIL *cáel*) atá sa dara cuid den ainm.

Mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Ceathramh Chaol** freisin don logainm **Carrowkeel** i bparóiste Inis Ceithleann i mbarúntacht Thír Cheannada (FM) (Ainmleabhar B126).

De réir *logainm.ie*, tá an logainm **An Cheathrú Chaol** le fáil i bparóiste Thulaigh Fhearna i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG), i bparóiste Ros Inbhir i mbarúntacht Ros Clochair (Li) agus sna contaetha seo a leanas chomh maith:

Cl (1), Co (1), Ga (7), Lm (1), ME (11), Mu (1), Sl (6), TÁ (2) agus UF (1).

Feictear ar an léarscáil cruth na háite mar dhronuilleog fhada (1,100 méadar) agus chaol (200 méadar). Ach, in ainneoin go bhfuil an áit seo cois locha, níl an focal *cora* i gceist mar is ar an taobh eile den Éirne atá an baile fearainn Corrakeel, áit ina raibh *cora* fadó. Déanann na daoine áitiúla idirdhealú idir na logainmneacha Carrowkeel agus Corrakeel.

## 6. (The) Commons

Ainm Béarla

### G 9559

1. Comons	40 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
2. The Commons	42 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
3. Commons	6 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
4. Commons	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /kõmõnz/

Tá achar iomlán de 260 acra talún ann. Is baile fearainn é seo atá suite ar an teorainn le DG agus ar an taobh thoir den bhaile Bhéal Leice (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

Is léir gurb é an focal *coimín* ‘common(s), land round a town’ (eDIL s.v.) atá san ainm.

Is minic ‘An Coimín’ mar aistriúchán Gaeilge ar an ainm seo. Tá an-chuid samplaí de ‘Commons’ luaite ar *logainm.ie* mar tá an logainm seo le fáil i mbeagnach gach contae (seachas AM, Ca, DG, Do, La, Mu agus UF) m.sh.

1. **An Coimín / Commons** i bparóiste Chill tSeiscill i mbarúntacht Bhaile Locha Riach (Ga)
2. **An Coimín / Commons** i bparóiste Bhalana i mbarúntacht Fhothart (Ce) agus
3. **Coimín an Bhaile Aird / Ballard Commons** i bparóiste Chill Eacha Naoinéach i mbarúntacht Bhéarra (Co) agus araile.

De réir Ainmleabhair B157, tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

## 7. Derrychulloo

*Doire Cholbha*

### H 0263

‘oak wood of the edge’

1. Derrycolue	117 <i>Census</i>	1659
2. Derryhullagh	43 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788

3. Derroholow	16 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
4. Derryhollow	27 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
5. Derroholow	125 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
6. Derryhulloo	55 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
7. Derryholloo	55 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
8. Derroholow	61 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
9. Derrahalow	61 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
10. Derrychollow	100 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
11. Derryhullia	6 Ordnance Survey Memoirs of Ireland	1834
12. Doire Cholbha	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dɛrɪ 'holo:/

Is baile fearainn mór é seo le hachar iomlán de 1040 acra talún ann. Tá cnoc (100 méadar ar airde) ann. Luíonn Loch Tullyvogy taobh istigh de (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Doire Cholbha** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘derry of the pillar or column’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oak-wood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad mhír den logainm seo. Más é, ní mór dúinn glacadh leis gur sa logthuiseal atá sé toisc séimhiú a bheith ar an bhfocal atá ina dhiaidh. Tá dhá bhrí ag an bhfocal *colbh(a)* a d’fhéadfadh a bheith i gceist: 1. ‘column, pillar’ (féach eDIL *colb*, agus 2. ‘bank, ridge, border’ (féach Edil *colba* (c)).

De shiúl na gcos, níl ach ocht gciliméadar ón áit seo go **Derrykillew** i bparóiste Chill Bharrainn i mbarúntacht Thír Aodha (DG). Is léir gurb í an focal *coilleadh* (gin. *coill*) ‘wood’ (eDIL 1 *caill*) atá sa dara cuid den logainm siúd.

De réir *logainm.ie*, tá **An Colbha Garbh / Culoogarow** i mbaile fearainn Chill Éinne ar Oileán Árann (Ga) agus **Droim gColbha (Íochtarach, Uachtarach) / Drumguillew (Lower, Upper)** i bparóiste Bhéal Átha Beithe i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu) ach **Druim gCoilleadh** a mhol an Donnabhánach sa dara cás.

Tá bailte fearainn eile a bhfuil an t-ainmfhocal *colbha* iontu agus iad liostaithe ar *logainm.ie*:

1. **Na Colbhaí / Calloughs**, b'fhéidir, de bharr go bhfuil an baile fearainn seo suite idir dhá loch i bparóiste Charraig Álainn i mbarúntacht Charraig Álainn (Li) agus
2. **An Colbha / Cullow**, agus 'the ridge' an t-aistriú, i bparóiste Chill Droim Feartáin i mbarúntacht Chaisleán Raithin (Ca) ach gan a bheith deimhnithe.

## 8. Derrynacrannog

*Doire na Crannóige*

**G 9862**

‘oak wood of the crannóg’

1. Doire na Crannóg

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/d̪er̪ənə 'kran̪əɡ/ nó /deri:nə 'kran̪ək/

Tá achar iomlán de 1014 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar an teorainn le DG agus é béal dorais le **Derryrona**. Is iad Loch Sallagh agus Lochnacroagh na lochanna atá anseo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

De réir Ainmleabhar B157, is é **Doire na Crannóg** an fhoirm Ghaeilge a mhol an Donnabhánach; ‘oak wood of the wooden house’ an t-aistriú a mhol sé. Tá an bhrí chéanna beagnach ag Joyce (1913, 300) .i. ‘(oak wood) of the lake dwelling’. De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 62), is annamh a fhaightear an eilimint *crannóg* i logainmneacha:

*Crann* is the standard word for a ‘tree’ ..... It is also, of course, the basis of the term *crannóg*, denoting an artificial island constructed from wooden beams and used as a habitation-site in lakes, which appears but rarely in place-names.

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oak-wood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad mhír den logainm seo agus den logainm **Derryrona**. B'fhéidir gurb é an doire céanna is bun leis an dá logainm. Is léir gurb é an focal *crannóg* ‘wooden structure, wooden lake dwelling’ (eDIL *crannóc*) atá san ainm freisin.

De réir *placenamesni.org*, tá **An Chrannóg / Cronnoge** mar ionad daonra i mbaile fearainn Ucht Buídhe i bparóiste Bhoth Dhomhnaigh Uachtaraigh i mbarúntacht an tSratha Bháin Uachtaraigh (TE) agus de réir *logainm.ie*, tá an logainm **Lochán na Crannóige / Loughannacrannoge** i bparóiste an Droma Aird i mbarúntacht Thír Fhiachrach (SI).

D'fhéadfadh go raibh crannóg i Loch Sallagh nó Lochnacroagh ach níl aon rian dá leithéid cláraithe ag na seandálaithe.

## 9. Derryrona (Glebe)

### *Doire Shróna*

**G 9962**

‘oak grove of the broad headland’

1. Derryrona	117 <i>Census</i>	1659
2. Derryrome	1 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
3. Doire Shróna	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dɛrə 'ro:nə/ nó /dɛri: 'ro:nə/

Tá achar iomlán de 845 acra talún ann, cuid acu ar bhruach Loch Scolbán. Tá an baile fearainn seo béal dorais le **Derrynacrannog** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Doire Shróna** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘oak wood of the nose’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *srón* ‘nostril, nose’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid den ainm agus gurb é an focal *doire* ‘an oak-wood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den logainm seo agus den logainm **Derrynacrannog**. B’fhéidir gurb é an doire céanna is bun leis an dá logainm.

De réir Ainmean-Áite na h-Alba ([www.gaelicplacenames.org](http://www.gaelicplacenames.org)), ciallaíonn **Stranraer / an tSrón Reamhar**, ‘broad headland’ i gcás an chalafoirt sin. D'fhéadfadh go bhfuil an

míniú ‘headland’ feiliúnach don logainm atá idir lámha againn freisin mar tá rinn ar bhruach Loch Scolbán.

**10. Druminillar**  
**G 9658**

*Droim an Iolair*  
‘eagle’s ridge’

1. Drumneller	541 <i>James Patent Roll</i>	1620
2. Drummaneller	541 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Drumniller	116 <i>Census</i>	1659
4. Druminiller	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
5. Drom an Iolair	92 <i>Me Guidhir</i>	1716
6. Drumanillar	98 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
7. Drumanillar	6 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
8. Druim Iolar	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /drómə 'nɪlər/

Tá achar iomlán de 356 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhruach na hÉirne idir Loch Éirne féin agus Béal Leice. Tá cnoc nó droim (60 méadar ar airde) ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Druim Iolair** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Mount Eagle’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). ‘(Ridge) of the eagles’ an bhrí de réir Joyce (1913, 327), ar an áitainm seo.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘back, ridge, usually of elevated ground, hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *iolar* ‘eagle’ (eDIL 2 *ilar*) atá sa tríú cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Sliabh an Iolair / Mount Eagle** roinnte idir paróistí Dhún Chaoin, Fhionntrá agus Bhaile an Bhóthair i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci).



Tá trí bhaile fearainn i Dn idir paróistí Achaidh Dheirg, Dhomhnach Mór agus Dhroim Mór agus an logainm céanna acu, **Droim Iolair** nó mar fhoirm Bhéarla ‘Drumiller’. Aontaíonn Toner agus Ó Mainnín (1992, 100) agus Muhr (1996, 35 agus 122) faoin mbrí ‘ridge of the eagle’ nó ‘eagle’s ridge’. I ngach sampla tá an t-ainmfhocal san uimhir uatha. Is díol suntais é go bhfuil an t-alt coimeádta sa chás atá idir lámha i FM.

## 11. Dulrush

*Tul Rois*

**H 0059**

‘projecting hill of the headland’

- |             |   |      |
|-------------|---|------|
| 1. Dulrush  | 4 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Dul-rois | OD:AL                                       | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /dól ru/

Tá achar iomlán de 187 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne. Is féidir linn ros nó rinn a aimsiú ar an léarscáil freisin (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Dul-rois** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘front hill of the promontory’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *tul* ‘protuberance, projecting part; hence forehead’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Ag féachaint ar an chéad mhír den logainm, an bhféadfadh ‘projecting’ a bheith i gceist mar bhunchiall? Tacaíonn an léarscáil leis an gciall sin mar tá gobán tíre ann.

De réir *logainm.ie*, tá an logainm **Tul Rois / Tulrush**, i bparóiste Chill Leabhair i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga).

## 12. Eagle Island

Ainm Béarla

H 0461

- |                 |   |      |
|-----------------|---|------|
| 1. Eagle Island | 2 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Eagle Island | OD:AL                                       | 1834 |
| 3. Eagle Island | 618 <i>Lewis</i>                            | 1837 |

Fuaimniú Áitiúil: /i:gəl aɪlənd/

Bhí an t-oileán seo ina bhaile fearainn féin uair amháin. Bhí achar iomlán d'acra amháin talún ann. Taispeánann an léarscáil atá ag Lewis (1837) go raibh an t-oileán ina oileán ceart ag an am sin ach anois ní oileán atá ann ach leithinis atá nasctha le **Rossmore** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla. Níl ach naoi gciliméadar ón áit seo go **Droim an Iolair**. Chuir staraí áitiúil, Joe O'Loughlin, in iúl dom nach bhfuil aon bhaint eatarthu i mbéaloideas na háite.

## 13. Ferny Island

*Fearnaigh*

H 0158

'place of alders'

- |                  |   |      |
|------------------|---|------|
| 1. Terney Island | 2 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Ferny Island  | OD:AL                                       | 1834 |
| 3. Ferney Island | 618 <i>Lewis</i>                            | 1837 |

Fuaimniú Áitiúil: /ferni: aɪlənd/

Tá achar iomlán de shé acra talún ann. Is baile fearainn féin é an t-oileán seo (Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Fearnaidhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a place abounding in alder’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Tá crainn den sórt seo ag fás sa cheantar fós. Tacaíonn an fhianaise seachas uimhir 2 sa liosta thuas (mionearráid scríobhaí, b'fhéidir) leis an leagan seo.

De réir *logainm.ie*, tá **Ferny Island** eile i bparóiste Threabhraigh i mbarúntacht Thír Cheannada (FM) ach gan a bheith deimhnithe.

De réir *logainm.ie*, tá barúntacht darb ainm **Fearnaigh / Farney** i Mu. Mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Fearnaidhe** don logainm **Ferney** i bparóiste Mhachaire na Croise i mbarúntacht Thír Cheannada (FM) (Ainmleabhar B87). Chomh maith leis sin, de réir *placenamesni.org*, mhol sé **Fearn-mhaigh** don logainm **Ferney** i bparóiste Chill Scíre i mbarúntacht na hÓmaí Thoir (TE) (Ainmleabhar OSNB).

Ní léir conas a cruthaíodh an focal \*Fearnaidhe, seachas gur ar an ainmfhocail *fearn / fern* atá sé bunaithe. B’fhearr a thiocfadh *Fearnaigh*, logthuiséal *Fearnach*, leis an bhfoirm seo agus glacaim leis gurbh é an déanmhas seo atá i gceist. Féach freisin **Leamhaigh** (Do) < *leamh*, **Muinigh** (Co) < *muin* srl.

#### 14. Finner

*Fionnúir* (< *Fionnabhair*)

#### G 9459

‘white hill’

1. Fennoraghe	282 133 <i>Edward VI Patent Roll</i>	1552
2. Fennoare	384 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Finneva	40 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Finner	55 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Finner	OD:AL	1834
6. Fionnabair	23 <i>Lewis</i>	1837

Fuaimniú Áitiúil: /finər/

Tá achar iomlán de 100 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhruach na hÉirne idir Loch Éirne féin agus sráidbhaile Bhéal Leice. Tá cuid mhaith den sráidbhaile laistigh den bhaile fearainn seo atá suite ar chnoc (110 méadar ar airde) ar an teorainn le DG (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Fionnabhair** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘fair field’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157) ach tá aistriú eile ann, dar liom. Tá an bhrí chéanna beagnach ag Joyce (1875, 274) .i. Fionnabhair ‘a whitish spot’, ach is léir gur cumasc de *finn* ‘white’ agus *brí* ‘hill’ atá i gceist.

Tá dhá iontráil ag Hogan (1910) ag tagairt do Fionnabair agus Finn Abair.

1. Fionnabair: ‘*Findabair*, gloss. Albus Campus, Jocelin's vita Pat., cap. 94’ leis an míniú ‘Anglicised ...Finner....’
2. Finn Abair: ‘*Findabair* Maige h-Inais, i.e. Mag n-Ene at the Erne, Lec. 582’ leis an míniú ‘Finner in parish, Belleek ... Co. Fermanagh’.

De réir *logainm.ie*, tá **Fionnúir** / **Finner** i bparóiste Inis Maí Samh i mbarúntacht Thír Aodha (DL) ach is logainm neamhdheimhnithe é.

Tá plé ag Toner (1996, 181) ar an logainm **Fionnúir** / **Finnard**, i bparóiste an Iúir i mbarúntacht an Iúir (Dn) mar seo:

Older documents show that the final *-d* in Finnard is not original so that this name cannot mean ‘the fair height’ and Mooney is probably correct in suggesting that it comes from Irish *Fionnabhar* (recte *Fionnabhair*), modern *Fionnúir*. This name is given to a variety of places in early texts but its meaning remains obscure. In Jocelyn’s *Life of St Patrick*, it is translated as *Campus Albus* ‘white plain’ (cited Joyce 1875, 267), but some doubt has been expressed about this interpretation by modern scholars (*ibid.*). *Finnabhair* is also found as a personal name and in this usage O’Curry proffered the translation ‘fair-browed’ (1861, iii 10) but Joyce dismissed this interpretation on the grounds that the personal name *Finnabhair* is inflected as a k-stem giving a gen. sing. *Fionnabhrach* whereas *abhair* ‘brow’ is a dental stem with a gen. sing. *abhrat* (Joyce 1875, 267). T.F. O’Rahilly suggested that the second element in the name is connected with Celtic *dubron* (Irish *dobhar*, Welsh *dwfr*, *dwr*) and postulated a Celtic origin *Vindo-dubris* meaning ‘a place on (or near) white water’ (O’Rahilly 1933, 210).

**15. Gadalough (Glebe)***Geadach Loch***G 9760**

‘diamond-shaped lake’

1. Geadalach

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/gadə lɔ:k/

Tá achar iomlán de 349 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar an teorainn le DG. Is iad Gadalough agus Loch Pollinteague na lochanna atá anseo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Geadalach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin ach gan aistriú. Fuair sé an focal ó fhear áitiúil darbh ainm Tom Quinn. Ní raibh an Donnabhánach cinnte faoi bhunús an ainm seo mar scríobh sé ‘meaning unclear’ (Ainmleabhar B157).

Cinnte is ón loch darbh ainm Gadalough a thagann ainm an bhaile fearainn seo. Ag breathnú ar an léarscáil, is loch beag é le cruth cosúil le triantán nó diamant.

Is léir gurb é an focal *scead* (eDIL *gead*) atá sa chéad chuid den ainm.

Féach *gead* ‘an atom, point, spot’ (eDIL s.v.), agus *gead* bain. ‘‘a blaze’ or white star or lozenge, only on the forehead of a horse, a little plot of ground’ (Ó Duinnín (1927) s.v.), *geadach* ‘having a white star on the forehead (as of a horse)’ (Ó Duinnín (1927) s.v.) agus *sceadach* ‘1. animal with blaze, 2. patchy, blotchy, spotted.’ (FGB s.v.).

D’fhéadfadh gur Geadach Loch, ‘diamond shaped lake’ is bun leis an ainm sa chás seo agus gur tháinig an focal *geadalach* ó *geadlach*.

## 16. Garvary

*Garbhaire*

**H 0162**

‘rough land’

1. Garvery	3 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Garvery	10 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Garvery	30 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
4. Garvery	2 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
5. Garbhaire	OD:AL	1834
6. Garbhaire	<i>Gasaitéar na hÉireann</i>	2007

Fuaimniú Áitiúil: /gar 'vəri:/

Tá achar iomlán de 410 acra talún ann agus an abhainn Garvary ar theorainn theas an bhaile fearainn. Tá cnoc 60 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Garbhaire** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘rough land’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *garbh* ‘rough, rugged’ (eDIL 1 *garb*) agus mír eile m.sh. *garbachad* ‘a rough field’ (eDIL s.v.) atá san ainm.

An bhféadfadh an logainm *garbhdhoire* ‘rough grove’ ó *garbh* (eDIL *garb*) agus *doire* (eDIL s.v.) a bheith feiliúnach sa chás seo?

Tá samplaí eile den logainm *garbhdhoire* ar *logainm.ie*:

1. **Garbhdhoire / Gurrawirra** i bparóiste Chluain Mhic Nóis i mbarúntacht Gharraí an Chaisleáin (UF)
2. **Garbhdhoire / Garranagerra** i bparóiste Bhaile an Róba i mbarúntacht Chill Mheáin (ME) agus
3. **Garbhdhoire / Garriffgeery** i bparóiste Dhún Dá Éan i mbarúntacht Thuaim Uachtarach (Ao).

Níl *garbhdhoire* ná *garbachadh* ag teacht leis an bhfuaimniú áitiúil, áfach.

De réir *logainm.ie*, tá samplaí den fhocal *garbhaire* le fáil i logainmneacha:

1. **Garbhaire / Garvary** i bparóiste Inis Ceithleann i mbarúntacht Thír Cheannada (FM) agus i bparóiste Chill Eo i mbarúntacht Lo (Lo) agus
2. **Garbhach / Garvagh** i bparóiste Chill an Iomaire i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar, i bparóiste Chill Tiobrad i mbarúntacht Li agus i bparóiste Mhaothla i mbarúntacht Mhaothla (Li).

Is é an toradh is dóichí ná gur ón bhfocal *garbh* (eDIL *garb*) a shíolraíonn an focal *garbhaire*.

## 17. Graffy

## *Grafaidh*

### G 9558

‘grubbed land’

1. Graffoe	116 <i>Census</i>	1659
2. Greagh	6 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Graffy	27 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
4. Graffey	42 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
5. Grafaidhe	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /grafi:/

Tá achar iomlán de 182 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhrúach na hÉirne idir Loch Éirne féin agus Béal Leice (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Grafaidh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘grubbed land’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1869, 237) leis sin. Tacaíonn an fhianaise seachas uimhir 2 sa liosta thuas (mionearráid scríobhaí, b'fhéidir) leis an leagan seo.

Is léir gur ón bhfocal *grafadh* ‘grubbing, scraping off the surface of the lea’ (eDIL s.v.) a thagann an logainm seo.

De réir *logainm.ie*, tá trí bhaile fearainn i ME darb ainm **Grafaidh / Graffy**, i bparóiste Chill Dachomóg i mbarúntacht Cheara, i bparóiste Chill Lasrach i mbarúntacht Ghaileang agus i bparóiste Bhuiríos Umhaill i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill. Lena chois sin, tá baile fearainn leis an ainm **Grafach / Graffagh**, i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu).

Tá áitainmneacha eile ar *logainm.ie* agus an t-aistriú céanna acu san uimhir iolra, **Na Grafaí / Graffy**, i bparóiste Chill na nGarbhán i mbarúntacht Ghaileang (ME) ach gan a bheith deimhnithe agus **Na Grafaí / Graffee**, i bparóiste Chill Chuáin i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci).

## 18. Keenaghan

*Caonachán*

**G 9659**

‘mossy land’

- |              |   |      |
|--------------|---|------|
| 1. Keenaghan | 4 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Caonachán | OD:AL                                       | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /ki:nən/

Tá achar iomlán de 177 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar an teorainn le DG. Tá Loch Keenaghan ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Caonachán** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘mossy ground’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Is léir gurb é an fhoirm dhíspeagtha den fhocal *caonach* ‘mildew, moss’ (eDIL *cáennach*.) atá san ainm.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 337) ar úsáid an fhocail *caonach* i logainmneacha:

*Caonach* [keenagh] is the Irish term for moss. Keenagh .... which is applied to mossy land, is the name of several villages, townlands.... The diminutive Keenaghan, with the same application, is a townland name of frequent occurrence.



Aontaíonn Flanagan agus Flanagan (1994, 43) leis an míniú sin.

Is léir gurb é an focal *caonach* ‘moss’ (eDIL *cáenna*) atá san ainm.

De réir *logainm.ie*, tá **Caonach / Keenagh**, i bparóiste Chill Dachomóg i mbarúntacht Ráth Claon (Lo). Luann Toner (1996, 126) **Caonach / Keenaght**, i bparóiste Chill Chruithneacháin i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhlóinn (Do). I gcás **Keenaght**, ní fheictear an litir ‘t’ ag deireadh na foirme Bhéarla san fhianaise luath roimh an bhliain 1767.

Tá plé ag McKay (2004, 123) ar an logainm **Caonachán / Keenaghy**, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht Mhachaire Steafánaigh (FM). Nuair a bailíodh logainm an bhaile fearainn atá idir lámha aige don chéad uair, scríobhadh síos ‘Kennaghan’, ‘Kenaghane’ agus ‘Keenehane’. Tá an chuma air gur cailleadh an litir ‘n’ a bhí ag deireadh an logainm siúd sa naoú haois déag mar tá samplaí luaite ag McKay mar Keenaghey (1817), Keenahy (1824), Keenaghy (1830), Kunaghy (1833) agus ansin Keenaghy (1834).

## 19. Larkhill

Ainm Béarla

### H 0163

1. Larkhill 16 PRONI D1096/92/1 Freeholders 1796

Fuaimniú Áitiúil: /lark 'hil/

Tá achar iomlán de 209 acra talún ann. Tá an cnoc Croaghmore 110 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

D’fhéadfadh gurb é an cnoc sin is bun leis an áitainm. Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

**20. Leggs***Na Laig***H 0060**

‘the hollows’

- |            |                              |      |
|------------|------------------------------|------|
| 1. Na Laig | OD:AL                        | 1834 |
| 2. Na Laig | <i>Gasaitéar na hÉireann</i> | 2007 |

Fuaimniú Áitiúil: /legz/

Tá achar iomlán de 100 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhruach na hÉirne. Tá droim 80 méadar ar airde roinnte idir an baile fearainn seo agus **Uachtardhroim** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Na Laig** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘the hollows’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is dóigh gurbh é an focal *log* nó *lag*; (eDIL 1 *loc*) ‘hollow, pit, ditch; burial place, grave’ agus ‘place; dwelling place’ is bun leis an ainm seo.

De réir *logainm.ie*, tá samplaí den fhocal *lag* le fáil i logainmneacha:

1. **An Lag / Lag**, i bparóiste Chathair Dhúgain i mbarúntacht Mhainistir Fhear Maí (Co)
2. **An Lag / The Lag**, mar logainm i mbaile fearainn Eochaille i bparóiste Bhaile Chláir i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga)
3. **An Lag / Logg**, i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Urumhain Uachtarach (TÁ) agus
4. **An Log / Lug** i bparóiste Dharú i mbarúntacht Bhaile Mhic Comhainn (UF) agus ar Oileán Reachlainn Uí Bhírn i bparóiste Ghleann Cholm Cille i mbarúntacht Bháineach (DG).

Is díol suime go bhfuil an uimhir iolra á úsáid san fhoirm Bhéarla. Mhol an Donnabhánach *Na Laig* mar logainm agus is é is dóichí ná a mhalairt.

**21. Lowerybane**  
**G 9959**

*Leamhraigh Bhán*  
‘white place of elms’

1. Leamhraidhe OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /lōri: ba:n/

Tá achar iomlán de 226 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Leamhraidhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘white elm land’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157) ach ní léir céard is bun leis seo ná leis an leagan céanna atá ag Flanagan agus Flanagan (1994, 108) a chiallaíonn **Leamhraidhe** / **Lowery**, ‘place of elms’. Is léir gurbh é an t-ainmfhocal *leamhach* móide ‘r’ ionsáiteach. Níor luaigh an Donnabhánach an focal *bán* sa leagan Gaeilge san Ainmleabhar, áfach.

Miníonn Joyce (1869, 508) mar seo a leanas: ‘This tree [the elm] is denoted by *lamh* [lav] ... Lavagh, the English form of *Leamhach*, a place of elms, is the name of some townlands in the midland and western counties.... There is a derivative term, *leamhraidhe* [lavree], signifying a place of elms, which is anglicised Lowery in Fermanagh and Donegal’.

Is léir gur ó logthuiseal an fhocail *leamhrach* ‘place of elms’ (< *lem* eDIL s.v.) an t-ainm seo.

De réir *logainm.ie*, tá **Leamhach** / **Lavagh**, i bparóiste Eanach Duibh i mbarúntacht Li (Li), i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li) agus i bparóiste Achadh Conaire i mbarúntacht Luíne (SI) agus tá abhainn darb ainm **An Lamhraigh Mhór** / **Lowerymore River**, leis an aistriú ‘river of the elm trees’ i bparóiste DG i mbarúntacht Thír Aodha (DG) - ní úsáidtear an litriú ‘**Leamhraigh**’ sa chás seo freisin.

Féach an iontráil atá faoi **Lowery** i bparóiste Theampall Carna ar lch. 204.

## 22. Magheramenagh

G 9858

*Machaire Meánach*

‘middle plain’

1. Mogherymonagh	117 <i>Census</i>	1659
2. Maheramena	87 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Magheramenagh	4 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
4. Magheramernagh	6 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
5. Machaire Meádhonach	OD:AL	1834
6. Maghrameena	202 <i>Lewis</i>	1837
7. Magheramena	128 <i>Clogher Record</i> 1990	1845

Fuaimniú Áitiúil: /mahərə 'mi:nə/

Tá achar iomlán de 206 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhruach na hÉirne idir Loch Éirne agus an sráidbhaile Bhéal Leice (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Machaire Meádhonach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘central plain’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *machaire* ‘large field or plain’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gur an aidiacht *meánach* ‘central, middle’ (eDIL *medónach*) atá sa dara cuid.

Mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Machaire Meádhonach** freisin don logainm **Magheramenagh** i bparóiste Bhaile Mhuillinn i mbarúntacht Líbeartaí Thoir Thuaidh Chúil Raithin (Do) (Ainmleabhar B84). Mhol sé an fhoirm Ghaeilge **Druim Meadhonach** don logainm **Drumenagh** i bparóiste Chill na mBan i mbarúntacht Dhún Geanainn Láir (TE) (Ainmleabhar D31) agus **Druim Meadhnach** don logainm **Drumenagh** i bparóiste Ard Tré i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhloinn (Do) (Ainmleabhar B29).

De réir *logainm.ie*, tá **Ceathrú Mheánach / Carrowmenagh**, i bparóiste Mhaigh Bhile Íochtarach i mbarúntacht Inis Eoghain Thoir (DG).

Oireann an t-ainm don cheantar óir is talamh leibhéalta atá ann, roinnte anois i ngoirt mhóra. Maidir le forás na fuaime, féach Ballymena < An Baile Meánach (Ao).

### 23. Mallybreen

*Malaidh Uí Bhraoin*

**G 0165**

‘Breen’s brow / brae’

- |                    |   |      |
|--------------------|---|------|
| 1. Mollybreen      | 1 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Malaidhe Braoin | OD:AL                                       | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /mali: bri:n/

Tá achar iomlán de 669 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar an teorainn le DG. Tá an cnoc Mollybreen 200 méadar ar airde ann agus tá Loch Mollybreen ann freisin. Ritheann an abhainn Crassowen idir na bailte fearainn **Mallybreen** agus **Tullyvogy** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Malaidhe Braoin** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Breen’s braes or brows’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Fuair sé an t-eolas sin ó fhear áitiúil darb ainm Old Tom Quinn agus scríobh sé ‘Malaidhe signifies brows – there is a mountain near Slieve Donard of this name’. Aontaíonn Joyce (1913, 498) leis sin, ach is fíorannamh a easaontaíonn Joyce leis an Donnabhánach!

De réir *placenamesni.org*, tá bailte fearainn darb ainm **Breen** i bparóiste Oirthear Maí i mbarúntacht Chathraí (Ao) agus i bparóiste Ard Sratha i mbarúntacht an tSratha Bháin Íochtaraigh (TE) ach d’fhéadfadh gurb é *bruidhean* / *bruíon* ‘fairy dwelling’ (FGB) is bun leis an ainm seo.

De bharr go bhfuil cnoc suntasach, Mollybreen, suite sa bhaile fearainn, tá seans gur uaidh atá sé ainmnithe. D’fhéadfadh dhá fhocal a theacht i gceist sa chéad mhír den ainm mar atá sé againn, i.e. *mullach* ‘summit’ (eDIL s.v.) nó logthuiseal *mala* ‘brow’

*mala(idh)* (eDIL s.v.). Ní móide gurbh é an focal *mullach* ‘summit’ atá sa chéad chuid den ainm, de bhrí gur focal firinsneach é *mullach* agus de bhrí gur mar *mulla* / *mullagh* a réalaitear sa Bhéarla é. Dá mba é *mullach* a bhí ann, níor mhór glacadh leis gurbh é an uimhir iolra *mullaigh* atá i gceist ach níl ach mullach amháin ann, rud a fhágann gur dóichí gurb é *malaidh* atá againn anseo.

De réir *logainm.ie*, tá **An Mullach Bán / Mullabane**, i bparóiste Chairlinn i mbarúntacht Dhún Dealgan Íochtarach agus i bparóiste Chluain Caoin i mbarúntacht Bhaile Átha Fhirdhia (Lú). Tá **An Mullach Breac / Mullabrack**, i bparóiste Chluain Eois i mbarúntacht Mu (Mu) agus **Mullach Bhriain / Mullabryan**, i bparóiste Aireagail i mbarúntacht an Triúcha (Mu). Tá **An Mullach Mór / Mullaghmore**, i bparóiste Achadh Bog i mbarúntacht Dhartraí, i bparóiste Aireagail i mbarúntacht an Triúcha, i bparóiste Thigh Thaláin i mbarúntacht Mu (Mu) agus contaetha eile.

An bhféadfadh an t-ainm baiste ‘Brian’ a bheith i gceist? Ainm réasúnta coitianta sa logainmníocht é *Brian* mar is léir ón iliomad samplaí eile den fhocal seo ar *logainm.ie*:

1. **Corr Iníne Briain / Curragheenbrien** i bparóiste Chill Mhathnáin i mbarúntacht Mhúscraí Thoir (Co)
2. **Béal Átha Briain / Ballybrien** i bparóiste Shulchóid Mhór i mbarúntacht Chlann Liam (TÁ)
3. **Cluain Briain / Cloonbrin** i bparóiste Mhainistir Shruthla i mbarúntacht Shruthla (Lo) agus
4. **Cnocán Tí Briain / Knockantibrien** i bparóiste Áth Cró i mbarúntacht Choill na Manach Íochtarach (TÁ).

De réir MacLysaght (1985, 26), ‘Breen. *Ó Braoin*. Also anglicised as Bruen .... an important sept of Ó Braoin was located [in] Offaly, Roscommon’. De réir an daonáirimh in 1901, bhí timpeall dhá chéad go leith duine den sloinne ‘Breen’ i gCo FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá idir lámha againn. Bhí teaghlach darbh ainm Breen ina gcónaí sa bhaile fearainn Larkhill gar don áit atá idir lámha againn, de réir *Griffith’s Valuation* in 1862 agus de réir an daonáirimh in 1911.

## 24. Meenatully

G 9964

*Mín na Tulaí*

‘pasture of the hillock’

- |                      |   |      |
|----------------------|---|------|
| 1. Mín a tSiollaidhe | OD:AL                                       | 1834 |
| 2. Meenatully        | 1 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1835 |
| 3. Meelatully        | 1 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1835 |

Fuaimniú Áitiúil: /mi:nə 'tuli:/

Tá achar iomlán de 525 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar an teorainn le DG. Tá Loch Meenatully ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Mín a tSiollaidhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘field of the breeze’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157) ach is fearr a d’fheilfeadh **Mín na Tulaí**, dar liom. Tá fianaise imthoisceach le fáil ag cur in iúl gur *tulach* a bhí i gceist .i. tá cnoic taobh istigh den bhaile fearainn seo le hainmneacha mar Tullynagh, Tullygarry agus Tullypullin.

Faoin iontráil ‘*siolladh*’ ag Ó Duinnín (1927) tá tagairt do ‘siolladh den ghlór gaoithe’ agus an t-aistriú ná ‘a sound of the wind’s voice’.

Is léir gurb é an focal *mín* ‘smooth, level, of surfaces; commonly of land’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid.

Mar chomparáid, tá **Mín / Mien**, i bparóiste Chill Shléibhe i mbarúntacht Ó Cairín (TÁ) agus **Mín na Croise / Meenacross**, i bparóiste Theampall Cróine i mbarúntacht Bhaollach (DG) ar *logainm.ie*.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 120), ciallaíonn an focal *mín* ‘adjective meaning ‘smooth’ ... It is also a noun meaning anything smooth, including a smooth green spot on a mountain or in rough land. In folklore it tends to mean a ‘gentle’ or ‘kindly’ spot’.

## 25. Oughterdrum

*Uachtardhroim*

G 9959

‘higher ridge’

1. Oughter-Drome	Hill, G (1877, 278)	1610
2. Oughter-Drome	164 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Oughterdrum	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
4. Aughterdrum	262 <i>Clogher Record</i> 1987	1780
5. Uachtar-druim	OD:AL	1834
6. Aughterdrum	1 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1835
7. Aughtadrum	120 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1835

Fuaimniú Áitiúil: /'autərdrɔm/

Tá achar iomlán de 94 acra talún ann. Tá droim 80 méadar ar airde roinnte idir an baile fearainn seo agus **Na Laig** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Uachtar-druim** [sic] an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘upper drum [ridge]’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1913, 528) leis sin.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 441) ar úsáid an fhocail *uachtar* i logainmneacha:

*Uachdar* signifies the upper part.... used to designate a high place simply; but it is oftener applied in a comparative sense to indicate that the place is higher than some other in the same neighbourhood. Its usual form is *oughter*.

Deir Flanagan agus Flanagan (1994, 160) an rud céanna.

Is áitainm uathúil é Oughterdrum, de réir *logainm.ie*. Cumasc d'uachtar ‘upper part, uppermost; foremost’ (eDIL 1 *úachtar*) agus *druim* ‘back, ridge, usually of elevated ground, hill’ (eDIL s.v.) atá ann.

De réir *logainm.ie*, tá **Uachtar Ard / Oughterard**, mar logainm i bparóiste Chill Chuimín i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga) agus tá **Uachtar Aird / Oughterard**, i bparóiste Uachtar Ard i mbarúntacht na Léime Theas (CD).



## 26. Rathmore

*Ráth Mór*

G 9459

‘great fort’

1. Ramore	Hill, G (1877, 278)	1610
2. Ramore	164 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Rathmore	116 <i>Census</i>	1659
4. Ráith Mhóir Mhíodhluic	28/128 <i>Me Ghuidhir</i>	1716
5. Rawmore	9 <i>PRONI D/1096/92/1</i>	1796
6. Radmore	3 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
7. Ráth Mór	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /rat mo:r/

Tá achar iomlán de 79 acra talún agus an baile fearainn seo ar bhruach na hÉirne idir Loch Éirne féin agus Béal Leice. Tá cuid den sráidbhaile Bhéal Leice taobh istigh den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Ráth Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great fort’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1869, 275) leis sin. Deir Flanagan agus Flanagan (1994, 133) nach bhfaightear an eilimint seo go minic i logainmneacha an Tuaiscirt. De réir *placenamesni.org*, tá cúig bhaile fearainn i FM leis an mír *ráth*.

Is léir gurb é an focal *ráth* ‘an earthen rampart surrounding a chief’s residence, a fort’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór* (*már*)) atá sa dara cuid.

Tá ráth mór 300 troigh ar leithead ann. Tá Ó Duinnín (1917, 128) sásta gur ón ráth seo atá ainm an bhaile fearainn. Féach an iontráil atá faoi **Tuath Miodhbholg** ar lch. 23.

De réir *logainm.ie*, tá an logainm **An Ráth Mór** le fáil sna contaetha seo a leanas: CC (1), Ci (1), CD (1), Co (2), Ga (1), La (2), LG (1), Lo (1), Lú (1), ME (1), Mu (1), Sl (2), TÁ (2) agus UF (2).

**27. Rossbeg***Ros Beag***H 0160**

‘small headland’

1. Rosbeg	Hill, G (1877, 278)	1610
2. Rosbeg	164 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Rossbeg	117 <i>Census</i>	1659
4. Rosbeg	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
5. Ros Beag	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /rəs'be:g/

Tá achar iomlán de 223 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhrúach na hÉirne. Tá an baile fearainn seo béal dorais le **Ros Mór** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 36)).

**Ros Beag** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘small point’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Rud eile atá ag Joyce (1869, 575) mar scríobh sé ‘small wood or promontory’.

Is léir gurb iad an t-ainmfhocal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus an aidiacht *beag* ‘small’ (eDIL *bec*) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá (**An**) **Ros Beag** / **Rossbeg** le fáil mar seo a leanas:

1. i bparóiste Inis Caoil i mbarúntacht Bhaollach (DG)
2. i bparóiste na Cluana i mbarúntacht Mhaothla agus i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li)
3. i bparóiste Chill Mhíona i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill, i bparóiste na Nuachabhála i mbarúntacht Mhurasce (ME) agus
4. i bparóiste Chill Phádraig i mbarúntacht Choill na Manach Íochtarach (TÁ).

Níl mé cinnte cé acu an bhfuil rinn nó coill i gceist. D'fhéadfadh brí amháin nó an ceann eile nó an dá bhrí a bheith ceart sa chás seo mar rinn atá ann agus seans maith go raibh

coill ann fadó. Tá **Ros Beag** in aice le **Ros Mór** agus ag breathnú ar an léarscáil, tá rinn ag an dá bhaile fearainn. Tá an rinn atá ag **Ros Mór** níos mó ná an rinn atá ag **Ros Beag**.

**28. Rossharbour**  
**H 0362**

*Ros Harbour*  
‘headland’

1. Rossarbour	74 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
2. Rossarbor	108 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Rosarber	126 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Rossharbor	631 <i>Shaw Mason</i>	1814
5. Rossharbour	6 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
6. Rossharbour	OD:AL	1834
7. Rossharbor	602 <i>Lewis</i>	1837

Fuaimniú Áitiúil: /rəs harbur/

Tá achar iomlán de 353 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhruach na hÉirne. Tá an t-oileán beag Rossharbour Island in aice leis an mbaile fearainn seo. Níl ach achar iomlán de dhá acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

Tá an baile fearainn seo béal dorais le **Rossharbour Old** i bparóiste Theampall Carna. Déanann na daoine áitiúla idirdhealú idir na logainmneacha Rossharbour Old agus Rossharbour. Ag tagairt don fhocal Béarla *harbour*, is fiú a lua nach bhfuil cuan ar bith ann. Tá gobán tíre ag **Rossharbour Old** ach níl gobán tíre ag **Rossharbour**.

Is díol suntais é go bhfuil an dá logainm **Rossharbour Old** agus **Rossharbour** uathúil mar níl sampla eile díobh le fáil ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie). D'fhéadfadh go raibh Rossharbour Old aontaithe le Rossharbour uair amháin mar aonad riaracháin amháin ach níl aon bhlúirí fianaise ann anois.

Is léir gurb iad an t-ainmfhocal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm. I bhfiainise foirmeacha 1-3, thuas, tá seans ann go raibh focal anaithnid cosúil le *arbour*, *arbor*, *arber* sa dara cuid den ainm. Pé scéal é, tá ‘h’ le cloisteáil i dtús na dara míre san fhuaimniú áitiúil. B’fhéidir go dtaispeánann sé seo tionchar an Bhéarla ar an logainm.

An bhféadfaí a rá go bhfuil an baile fearainn **Rossharbour Old** níos sine na **Rossharbour** mar logainm de bharr na haidiachta *old*? Má tá sé sin fíor, d’fhéadfadh gurb é an seanainm sin is bun leis an logainm atá idir lámha againn.

Féach an iontráil atá faoi **Rossharbour Old** i bparóiste Theampall Carna ar lch. 90.

## 29. Rossmore

*Ros Mór*

### H 0159

‘large headland’

1. Rossmore	Hill, G (1877, 278)	1610
2. Rossmore	164 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Rossmore	117 <i>Census</i>	1659
4. Rossmore	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
5. Rossmore	250 <i>PRONI D096/92/1 Freeholders</i>	1801
6. Ros Mór	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /rəs'mo:r/

Tá achar iomlán de 482 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne. Tá an baile fearainn seo béal dorais le **Ros Beag** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Bhí an t-oileán **Eagle Island** ina bhaile fearainn féin uair amháin. Taispeánann an léarscáil atá ag Lewis (1837) go raibh an t-oileán ina oileán ceart ag an am sin ach anois is leithinis é **Eagle Island** atá nasctha le **Ros Mór**.

**Ros Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘large point’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1869, 575) go ginearálta leis sin ach níl sé ag tagairt go sainiúil don áit seo.

Is léir gurb iad an t-ainmfhocal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór* (*már*)) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **(An) Ros Mór / Rossmore** le fáil sna contaetha mar seo a leanas: CC (1), Co (4), Ga (1), La (1), Li (1), Lm (1), Mu (1), Sl (1) agus TÁ (2).

D'fhéadfadh gurb í an bhrí ‘headland’ is bun leis an ainm sa chás seo mar feictear rinn chomh mór le leithinis ar an léarscáil (SO Léarscáil 17).

### 30. Rough Island

Ainm Béarla

#### H 0359

- |                 |   |      |
|-----------------|---|------|
| 1. Rough Island | 2 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Rough Island | OD:AL                                       | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /ruf aɪlənd/

Tá achar iomlán de 12 acra talún ann. Tá an t-oileán seo ina bhaile fearainn féin (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

De réir *logainm.ie*, tá an logainm **An tOileán Garbh / Rough Island** le fáil sna háiteanna seo a leanas: mar oileán i bparóiste Mhíobhaí i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG) agus i mbaile fearainn na Leidhbe Gairbhe i bparóiste Theampall Cróine i mbarúntacht Bhaollach (DG). Tá **Lios Oileán Garbh / Lisillaundarrig**, i mbaile fearainn Bhaile an Bhúlaeraigh Theas i bparóiste na Gairfeanaí i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

### 31. Scardans Lower

*Scardán*

**H 0063**

‘tiny waterfall’

- |                  |                                 |      |
|------------------|---------------------------------|------|
| 1. Lower Scardin | 55 PRONI D1096/92/1 Freeholders | 1801 |
| 2. Scardán       | OD:AL                           | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /'skardənz lu:r/

Tá achar iomlán de 469 acra talún ann. D’ainneoin go bhfuil sruthanna meara ag dul isteach san abhainn Garvary, de réir na léarscáile, níl easanna anseo ach ní féidir easanna beaga a chur as an áireamh. Tá an baile fearainn seo béal dorais le **Scardán (Upper)** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Scardán** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘dim. of scaird ‘a waterfall’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 460) ar úsáid na bhfocal *scardán*, *eas* agus *feadán* i logainmneacha:

*Scardán* signifies a small cascade: an *eas* is a fall of a considerable body of water: a *scardán* is formed by the fall of a streamlet or *feadán*.

Is léir gurb é an focal *scardán* atá san ainm. Níl na hainmfhocail *sceardán* nó *scairdeán* nó a leithéid in eDIL, ach is dóigh gur ó fhréamh an bhriathair *sceirtid* ‘squirts, spurts, vomits’ (eDIL s.v.) a thagann siad. ‘A spout, a jet, a squirt, a diminutive waterfall’ an bhrí atá ag Ó Duinnín (1927) do *scárdán* (s.v.).

De réir *logainm.ie*, tá **An Scardán Beag** agus **An Scardán Mór**, i bparóiste Chill Easpaig Bhróin i mbarúntacht Chairbre (Sl). Sa chás seo, tá **An Scardán Beag** béal dorais leis an mbaile fearainn darb ainm **An Scardán Mór** freisin.

Seo samplaí den fhocal seo i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **An Sceardán / Scarden**, i bparóiste Chill Tiobrad i mbarúntacht Li (Li) agus i mbaile fearainn Mhaigh Ráithe i bparóiste Ráithe i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG) agus
2. **Scardán / Scardaun**, i bparóiste Achadh Mór i mbarúntacht Choistealach agus ionad daonra i bparóiste Chrois Bhaoithín (ME), i bparóiste Áth Liag i mbarúntacht Bhaile Átha Luain Thuaidh (RC).

Mhol an Donnabhánach *Scardán*, san uimhir uatha, mar logainm agus is é is dóichí ná a mhalairt.

### 32. Scardans Upper

*Scardán*

**H 0064**

‘tiny waterfall’

- |            |       |      |
|------------|-------|------|
| 1. Scardán | OD:AL | 1834 |
|------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /'skardənz ɒpər/

Tá achar iomlán de 300 acra talún ann agus an baile fearainn seo béal dorais le **Scardán (Lower)** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

Féach an iontráil atá faoi **Scardans Lower** thuas ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

### 33. Tawnaghgorm

*Tamhnach Ghorm*

**H 0261**

‘blue/dark grassy upland’

- |               |                                  |      |
|---------------|----------------------------------|------|
| 1. Tounaghorm | 125 PRONI D1096/92/1 Freeholders | 1801 |
| 2. Tounagharm | 126 PRONI D1096/92/1 Freeholders | 1801 |

Fuaimniú Áitiúil: /to:nə garm/

Tá achar iomlán de 182 acra talún ann agus an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne. Tá cnoc Tawnaghgorm Hill (90 méadar ar airde) ann agus an abhainn Garvary ar an taobh thoir theas den bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Tamhnach Gorm** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘blue or green flat field’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1875, 527) leis sin. De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 147), ciallaíonn an t-ainmfhocal *tamhnach* ‘a ‘cultivated spot’ or ‘arable spot’, often in otherwise unproductive land; ‘kindly spot’ is frequently used in areas where such spots occur. Its use increases towards the northern parts of Ireland’.

Cinnte is ón gcnoc darb ainm Tawnaghgorm a thagann ainm an bhaile fearainn seo. Is léir gurb iad an t-ainmfhocal *tamhnach* ‘a green place, clearing’ (eDIL *tamnach*) atá sa chéad chuid den ainm agus an aidiacht *gorm* ‘(a) blue, (b) green, (c) dark, swarthy, black’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Tamhnach / Toonagh**, i bparóiste an Dísirt i mbarúntacht Inse Uí Chuinn (Cl) agus i bparóiste an Chluaine i mbarúntacht Bhun Raite Uachtarach (Cl).

Mar chomparáid dhíreach, arís ar *logainm.ie*, tá an baile fearainn **An Tamhnach Bhán / Tawnaghbaun**, i bparóiste Mhaírois i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga).



**34. Tawnynoran (Glebe)**  
**G 9859**

*Tamhnaigh an Fhuaráin*  
'field of the cold spring'

1. Tawnienoran	Hill, G (1877, 278)	1610
2. Tawnienoran	164 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Tunynoran	117 <i>Census</i>	1659
4. Tonymowrane	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
5. Tamhnaidh an Fhuaráin	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /to:nə 'no:rən/

Tá achar iomlán de 267 acra talún ann agus an baile fearainn seo ar bhrúach na hÉirne idir Loch Éirne agus Béal Leice (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Tamhnach an Fhuaráin** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; 'flat field of the spring' an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1913, 569) leis sin. De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 160), '*Uarán / Fuarán*: Both mean 'spring', 'cooling bath', the first form being more common in place-names'.

Is léir gurb é an focal *tamhnach* 'a green place, clearing' (eDIL *tamnach*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *fuarán* 'a spring, a well' (eDIL *úarán*) atá sa tríú cuid. Tá fuarán ann. Chuir staraí áitiúil, Joe O'Loughlin, in iúl dom go bhfuil uisce maith inólta le fáil anseo.

Mar chomparáid, de réir *logainm.ie*, tá **Achadh an Fhuaráin / Aghanoran**, i bparóiste Cholm Cille i mbarúntacht Ghránaird (Lo) agus **Cnoc an Fhuaráin / Knockanoran**, i bparóiste Chill Chiaráin Mhór i mbarúntacht Ó Bána, Bharrach Rua (Co).

**35. Tievealough (Glebe)***Taobh an Locha***G 9759**

‘side of the lake’

- |                             |   |      |
|-----------------------------|---|------|
| 1. Teevalough               | 4 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Taobh a Locha            | OD:AL                                       | 1834 |
| 3. Taobh-locha / Tamhlachta | 37 <i>Lowry-Corry, Dorothy</i>              | 1919 |
| 4. Tawlaghy                 | 40 <i>Lowry-Corry, Dorothy</i>              | 1919 |

Fuaimniú Áitiúil:

/ti:və 'lok/

Tá achar iomlán de 76 acra talún ann. Is anseo atá Loch Keenaghan. Bhí mainistir ann fadó agus tá na cabhlacha le feiceáil fós (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Taobh a’ Locha** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘lake-side’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). De bhrí go bhfuil trí shiolla ann, is léir gurb é ‘taobh an locha’ is bun leis an ainm.

Is léir gurb é an focal *taobh* ‘side’ (eDIL *taeb*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *loch* ‘lake’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid.

Seo samplaí den fhocal seo i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Taobh an Locha / Tievelough**, i bparóiste Inis Chaoil i mbarúntacht Bhaollach (DG) agus
2. **Taobh an Locháin / Teevaloughan**, i bparóiste Bhuiríos Umhaill i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME).

**36. Tirigannon (Glebe)***Tír Uí Gheanainn***G 9960**

‘land of the O’Gannon’

- |                |                               |      |
|----------------|-------------------------------|------|
| 1. Teerygannon | 89 <i>Clogher Record</i> 1989 | 1758 |
|----------------|-------------------------------|------|

2. Teerogannon	6 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
3. Tír Mhic Geanainn	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ti:rnə 'ganən/

Tá achar iomlán de 137 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Tír Mhic Geanainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘land of the sons of Gannon’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 151), ‘*Tír* means broadly ‘country’, ‘territory’, and ‘the people’ of any of these concepts.... It is applied to every size of land-division in the country, from the provinces, through counties, baronies and parishes down to townlands, the smallest administration unit recognised’.

Tá plé ag Toner agus Ó Mainnín (1992, 150) ar an logainm **Maigh Ó gCanann / Moygannon**, i bparóiste Chill Bhrónaí i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Uachtair (Dn).

Is léir gurb é an focal *tír* ‘earth, ground, portion of land, territory’ (eDIL s.v.) atá san ainm agus gur sampla eile é seo den ainmfhocal (tír) + ó (gin. iol.) + ainm; cf. Mainistir Ó dTórna, Ros Ó gCairbre (Co) agus araile. Ní móide go bhfuil an fhoirm **Tír Mhic Geanainn** a mhol Ó Donnabháin don ainm seo ceart. Is mó a bheadh an fhianaise ag teacht leis an sloinne ‘Ó Canainn’ nó ‘Ó Canannáin’, seansloinne de bhunadh Thír Chonaill.

Mar chomparáid, de réir *logainm.ie*, tá **Caisleán Geanainn / Castlegannon**, i bparóiste Dhoire na hInse i mbarúntacht Chnoc an Tóchair (CC) agus an baile **Dún Geanainn / Dungannon**, i bparóiste Dhroim Glas i mbarúntacht Dhún Geanainn Láir (TE).

Ar an taobh eile de, tá **Baile na gCanónach / Ballygannon**, leis an aistriú ‘town of the canons’ i bparóiste Ráth Droma i mbarúntacht Bhaile na Corra Thuaidh (CM) ach an dara ceann gan a bheith deimhnithe.

Luann MacLysaght (1985, 36) an sloinne ‘Mac Connon’ a bheith lonnaithe i ríocht Oirialla (Mu). Tá na hainmneacha ‘MacConnon’, ‘MacCanann’ agus ‘MacCann’ le fáil mar leaganacha Béarla den sloinne seo. De réir an daonáirimh in 1911, bhí céad agus ceathrar duine den sloinne seo i gCo FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá idir lámha againn. De réir MacLysaght (1991, 92), is ó cheantar Iorrais (ME) a tháinig an sloinne ‘Mag Fhionnáin’ nó ‘Ó Geanáin’. Tá an t-ainm ‘(Mac) Gannon’ le fáil mar leagan Béarla den ainm seo.

### 37. Tullychurry

*Tulaigh Churraigh*

**H 0364**

‘hillock of the marsh’

1. Tulaigh Churraigh

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/tuli: 'ʃuri:/

Tá achar iomlán de 517 acra talún ann. Tá dhá chnoc (150 agus 160 méadar ar airde) ann agus an abhainn Waterfoot ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Tulaigh Churraigh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill of the marsh or moor’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *currach* ‘marsh, fen’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Sean-logthuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Mar chomparáid, luann *logainm.ie* **Goirtín an Churraigh / Gorteenachurry**, i bparóiste Ros Inbhir i mbarúntacht Ros Clochair (Li), **Gráig an Churraigh / Graigacurragh** i bparóiste Bhaile an Gharraí i mbarúntacht Chonallaigh Uachtaracha (Lm) agus **Tamhnach an Churraigh / Doonacurry**, i bparóiste Chill Dachomóg i mbarúntacht Ráth Claon (Lo).

### 38. Tullyfad

*Tulaigh Fhada*

**H 0362**

‘long hillock’

1. Tulaigh Fada

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/tōli: 'fad/

Tá achar iomlán de 102 acra talún ann. Tá cnoc (90 méadar ar airde) ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)). Chuir staraí áitiúil, Joe O’Loughlin, in iúl dom nach bhfuil an talamh go maith don fheirmeoireacht.

**Tulaigh Fada** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘long hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *fada* ‘long’ (eDIL *fota, fata*) atá sa dara cuid. Sean-logthuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Tá plé ag Ó Mainnín (1993, 52) ar an bhfáth go bhfuil an mhír *fad* ann in ionad *fada* i gcás **Mhaigh Fhada** / **Moyfad** mar seo: ‘The loss of final schwa (i.e. the sound of the second –a in *fada*) is a well attested feature of Ulster Irish’. Maidir le teascadh an ghuta deiridh san aidiacht *fada*, féach an méid atá ag Ó Dochartaigh (1987, 168-72.)

Tá eiseamláirí ar *logainm.ie* ina bhfaightear logainmneacha gan an ghuta deiridh san aidiacht *fada*, mar seo:

1. **Achadh Fada** / **Aghafad**, i bparóiste Chill Eanaigh i mbarúntacht Fhearnaí (Mu)
2. **Béal an Átha Fada** / **Ballinafad** i bparóiste an Droma i mbarúntacht Cheara (ME)
3. **An Baile Fada** / **Ballyfad**, i bparóiste Chill Naonúir i mbarúntacht Ghuaire (LG) agus **Doire Fada** / **Derryfad**, i bparóiste Chluain Dá Chorcach i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG).

**39. Tullylough***Tulaigh Locha***H 0463**

‘hillock of the lake’

1. Tulaigh Locha	OD:AL	1834
------------------	-------	------

Fuaimniú Áitiúil:	/t̪oli: lok/
-------------------	--------------

Tá achar iomlán de 74 acra talún ann. Tá cnoc 100 méadar ar airde agus loch darb ainm Tully Lough ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 34)).

**Tulaigh Locha** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘lake hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *loch* ‘lake’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Sean-logthuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Tulaigh Loch Dá Each** don logainm

**Tullyloughdaugh** i bparóiste Inis Maí Samh i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí (FM) (Ainmleabhar B162).

Tá an logainm **Tulaigh Locha / Tullylough**, le fáil i bparóiste Eanach Gailbh i mbarúntacht Lucht Tí Uachtarach (Ca) (*logainm.ie* s.v.) ach gan a bheith deimhnithe.

**40. Tullynabohoge***Tulaigh na Bothóige***H 0363**

‘hillock of the cabin’

1. Tulaigh na Bothóige	OD:AL	1834
------------------------	-------	------

2. Tullynabehogue	202 <i>Lewis</i>	1837
-------------------	------------------	------

Fuaimniú Áitiúil:	/t̪oli: nəboho:g/
-------------------	-------------------

Tá achar iomlán de 153 acra talún agus cnoc (120 méadar ar airde) ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Tulaigh na Bothóige** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill of the booleying hut or cabin’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1913, 591) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *bothóg* ‘cabin, cottage’ (eDIL *bothóc*) atá sa tríú cuid. Sean-logthuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Tá **An Bhothóg / Bohoge**, i bparóiste Mhaigh Nulla i mbarúntacht Cheara (ME) agus **Goirtín na Bothóige / Gorteennabohogy**, i bparóiste Bhaile Locha Riach i mbarúntacht Bhaile Locha Riach (Ga) (*logainm.ie* s.v.)

#### 41. Tullyvogy

*Tulaigh Bhogaigh*

H 0264

‘hillock of (the) bog’

1. Tulaigh Bhogaigh

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/t̪oli: fɔgi:/

Tá achar iomlán de 573 acra talún ann agus cnoc (150 méadar ar airde) ann. Tá an abhainn Waterfoot ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn seo. Ritheann an abhainn Crassowen idir na bailte fearainn **Tulaigh Bhogaigh** agus **Malaidh Uí Bhraoin**. Is díol suntais é go bhfuil Loch Tullyvogy i mbaile fearainn **Dhoire Cholbha**. Tá an baile fearainn atá á phlé againn béal dorais leis an mbaile fearainn seo. (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Tulaigh Bhogaigh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill of the swamp’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1913, 594) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *bogach* ‘bog, moor, marsh’ (eDIL 2 *bocach*) atá sa dara cuid. Sean-logthuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Luann Hughes agus Hannan (1992, 108), **Port an Bhogaigh / Portavogie**, i bparóiste Bhaile Thalbóid i mbarúntacht na hArda Uachtaraí (Dn). Tá plé ag McKay (2004, 78) ar an logainm **Doire an Bhogaigh / Derrynavogy**, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánach (FM).

Mar chomparáid mhaith, tá an logainm **Tulaigh Bhogaigh / Tullyvogy**, i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu) ar *logainm.ie*.



### Caibidil 3 Bailte Fearainn i bParóiste Theampall Carna

#### 1. Aghnablaney

*Achadh na Bléine*

**H 0663**

‘field of the inlet’

1. Aghmableny	164 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Aughablany	117 <i>Census</i>	1659
3. Auchbleny	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
4. Aghnablaney	38 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
5. Aghnablaney	30 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
6. Aghnablaney	42 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholder</i>	1796
7. Aghnableney	44 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
8. Aghnableney	126 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
9. Aghnablaney	641 <i>Shaw Mason</i>	1814
10. Ach na Bleunadh	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ahu:nə 'ble:ni:/

Is baile fearainn de 365 acra é Aghnablaney agus is é an cnoc Dirren Mountain (160 méadar) an pointe is airde sa bhaile fearainn. Tá an baile fearainn suite ar bhruach na hÉirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Fágтар an chéad iontráil, an leagan fánach 'Aghmableny', mionearráid scríobhaí is dócha, as an áireamh, agus 'm' in ionad 'n'.

**Ach na Bleunadh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘field of the creek’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Aontaíonn Joyce (1913, 32) leis sin.

Dealraíonn sé go bhfuil an focal *achadh* ‘expanse of ground; pasture, field’ (eDIL *achad*) sa chéad chuid den ainm. De réir Flanagan agus Flanagan (1994,12), 'It [*achadh*] is the most widespread and least specific term for a 'field' and is very common as an initial element in place-names throughout the country'.

Tharlódh gurb é an sloinne ‘Ó Bléine’ nó ‘Blayne’ atá sa tríú cuid den ainm. Tá an chlann seo líonmhar i Dn agus i Ao de réir MacLysaght (1982, 35) agus tá an t-ainm sloinne seo le fáil sa logainm Béarla Castleblayne i Mu. Ach is sloinne gallda é ‘Blayne’ - níl aon bhunús leis an bhfoirm Ó Bléine (cumadóireacht nua-aimseartha!); is ón mBreatain Bheag a tháinig siad. Is cinnte nach sloinne atá i gceist anseo. De bhrí gur cosúil go bhfuil an t-alt ag teacht roimhe, áfach, is dóichí gur leis an ainmfhocal *bléin* ‘creek formed by large river’ (eDIL *blén*) atáimid ag plé.

De réir na nAinmleabhar B143 agus B133, **Mullach Bléine** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin don logainm **Mullaghblaney** i bparóiste Ghabhal Liúin i mbarúntacht na Cúile (FM) agus mhol sé **Bun na Bléine Báine** don logainm **Bunnablaneybane** i bparóiste Chluain Eois i mbarúntacht Chlann Cheallaigh (FM).

Tá plé ag Joyce (1875, 265) ar logainmneacha atá gaolmhar ach ag trácht ar ionaid atá ar an mbruach eile den Éirne mar seo:

Blaney, the plural form of *bléan*, is the name of a little bay on the southern side of lower Lough Erne, near Derrygonnelly, so called because it is formed of several smaller bays: Blaney, literally creeks. At the extreme western end of the same lake, there is an inlet called Bleanalung, the creek of the boat.

Tá plé ag Ó Maolfabhail (1985, 20) mar seo:

*Groin* an Bhéarla is gnáthchiall le *bléin*. Brí eile atá ag *bléin* le fada an lá *crompán* nó *góilín* in aice locha nó abhann. Is dócha gurb é an dealramh fisiciúil is cúis leis sin.

Luann McKay (2007, 26) **Bléinigh / Blaney East & West**, i bparóiste Inis Maí Samh i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí (FM):

Ir. *bléin* literally means ‘groin’ but in place names it can mean ‘inlet/bay/creek’. The townlands of BLANEY EAST and MILLTOWN BLANEY border on BLANEY BAY on the south shore of Lower Lough Erne.

## 2. Bigwood

Ainm Béarla

H 0562

- |               |       |      |
|---------------|-------|------|
| 1. Coill Mhór | OD:AL | 1834 |
|---------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /big wu:d/

Is baile fearainn de 162 acra é Bigwood atá suite ar bhruach na hÉirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Coill Mhór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great wood’ an t-aistriú a mhol sé ach níl aon tagairt ann don seanainm Gaeilge (Ainmleabhar B157).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

## 3. Brookhill

Ainm Béarla

H 0764

- |                  |   |      |
|------------------|---|------|
| 1. Brookhill     | 108 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i> | 1801 |
| 2. Mullach Breac | OD:AL                                   | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /bru:k hil/

Is baile fearainn de 227 acra é Brookhill atá suite ar an teorainn le DG. Tá cnoc Brookhill 100 méadar ar airde ann agus an abhainn Waterfoot ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

#### 4. Derrin

*Doirín*

**H 0563**

‘small oak grove’

1. Derrins	6 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Derrins	108 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Derrin	126 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Dirren	118 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
5. Dairín	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /d̪er̪ən/ nó /d̪er̪n/

Is baile fearainn de 146 acra é Derrin (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Dairín** (sic) an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a diminutive of Doire ‘an oakwood’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). D’aontaigh Joyce (1869, 551) go ginearálta leis sin ach ní raibh sé ag tagairt go sainiúil don áit seo.

Is léir gurb é an fhoirm dhíspeagtha den fhocal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.) atá san ainm.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *doirín* mar is léir ón iliomad samplaí eile den fhocal seo ar *logainm.ie*:

1. **Doirín na Sionnach / Derrin**, i bparóiste Achadh Bhó i mbarúntacht Chlann Donncha (La)
2. **An Doirín / Derrin**, i bparóiste Acla i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME) agus
3. **Na Doiríní / Derrins**, i bparóiste Choirrín i mbarúntacht Dhartraí (Mu).

Toisc go bhfuil an uimhir iolra á úsáid san fhoirm Bhéarla, féach ar an bplé faoin iontráil **Leggs** ar lch. 50. Ach, sa chás seo, measaim gur céim rófhada é, iolra Gaeilge a sholáthar ar fhianaise an Bhéarla.

## 5. Derrylougher

### *Doire Luachra*

**H 0565**

‘oak wood of the rushes’

1. Deralocher	108 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
2. Derrylogher	125 & 157 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholder</i>	1801
3. Derryloagher	118 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
4. Doire Luachara	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /d̪ɛrɪː loˈh̪ər/

Is baile fearainn de 190 acra é Derrylougher atá suite ar an teorainn le DG. Tá an abhainn Waterfoot ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Doire Luachra** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘oak-wood of the rushes’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157). Ghlac Joyce (1913, 299) leis sin.

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *luachair* ‘rushes’ (eDIL *lúachair*) atá sa dara cuid.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 333) ar úsáid an fhocail *luachair* i logainmneacha:

The most common word for a rush is *lúachair* [sic], ... but the form generally found in local names is the genitive and plural, *luachra*..... The simple word gives name to Loughry, i.e. rushes, or a rushy spot, the name of some places in Tyrone; and to Lougher in Kerry and Meath Loughermore in Antrim, Derry, and Tyrone, flat rushy place.

Seo samplaí den fhocal *luachair* i logainmneacha ar logainm.ie:

1. **An Luachair / Lougher**, i bparóiste Bhaile an Bhóthair i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci)
2. **Ard Luachra / Ardlougher**, i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li)
3. **Binn Luachra / Binloughery**, logainm i mbaile fearainn Dhoire Chasáin i bparóiste Mhíobhaí i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG) agus
4. **Sliabh Luachra** sliabhraon, ceantar a bhfuil cáil ceoil air, idir Co, Ci agus Lm.

## 6. Dreenan

## *Draighneán*

### H 0762

‘place of blackthorns’

1. Dreenan	31 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Drenan	177 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
3. Dreenan	87 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Dreenan	641 <i>Shaw Mason</i>	1814
5. Draighnen	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /drenən/

Is baile fearainn de 213 acra é Dreenan atá suite ar Inis Badhbha. Is anseo atá an tseanreilig **Cealtrach** leis an dealbh chlúiteach atá cosúil le Janus (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Draighnen** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a place producing blackthorns’ an t-aistriú a mhol sé. Glacann Joyce (1869, 518) leis an bhfoirm Ghaeilge agus an t-aistriú ach ní raibh sé ag tagairt go sainsiúil don áit seo.

Is léir gurb é an focal *draighneán* ‘blackthorn’ (eDIL *draigen*, le leaganacha: *droighen*, *droighin*, *draigean*) nó ‘small thorn-tree’ (eDIL *draignén*) atá san ainm.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *draighneán* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **An Draighneán / Dreenan**, i bparóiste Dhomhnach Mór i mbarúntacht Ráth Bhoth Theas (DG)
2. **An Draighneán / Drinan**, i bparóiste Shruthla i mbarúntacht Ráth Claon (Lo)
3. **An Draighneán / Drinaun**, i bparóiste Chluain Eochaille i mbarúntacht an Chorrainn (Sl) agus
4. **Draighneán / Dreenaan**, i bparóiste Chorca Mhuichead i mbarúntacht Chonallaigh Uachtaracha (Lm).

Tá plé ag Toner (1996, 181) ar an logainm **Draighneán / Dreenan**, i bparóiste Mhachaire Rátha i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhloinn (Do). De réir Toner, tá an focal

*draighean* níos coitianta ná *draighneán* i gCúige Uladh. Luann Joyce (1869, 517) go gciallaíonn an iarmhír *-án* ‘place of’ go minic.

## 7. Gubnaguinie

*Gob na Gainimhe*

**H 0965**

‘the point of the sand’

1. Gubnagunny	641 <i>Shaw Mason</i>	1814
2. Gubbinagunnia	119 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
3. Gob a Ghainmhne	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /gobnə 'gini:/

Is baile fearainn de 89 acra é Gubnaguinie atá suite ar bhruach na hÉirne agus ar an teorainn le DG. Tá an abhainn Waterfoot ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn seo. Tá gobán tíre le feiceáil ar an léarscáil (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Gob a Ghainmhne** (sic) an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘beak or point of sand’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B157).

Is léir gurb é an focal *gob* ‘snout, beak’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *gaineamh* ‘sand, gravel’ (eDIL *gainem*) atá sa tríú cuid. Tá an dá inscne, fir. agus bain., ag *gainem* de réir eDIL, agus is léir gur baininscneach atá an t-ainmfhocal anseo. De réir FGB, tá an focal *gaineamh*, fir. ‘sand’ agus an focal *gainimhe*, bain. le fáil.

Ó thaobh an fhuaimnithe áitiúil, is díol suntais é go bhfuil an défhoghar ‘*guin*’ le fáil san fhoirm Bhéarla. Is dócha gurb é atá ann ná iarracht an défhoghar ‘*gain*’ a bhí san fhoirm Ghaeilge a chaomhnú.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 375) ar úsáid an fhocail *gaineamh* i logainmneacha:

There are several Irish words for sand, of which the one most generally used is

*gaineamh* [gannav].... From the adjective *gainmheach*, sandy, are derived Gannavagh in Leitrim, Gannaway near Donaghadee in Down (Gannagh, Inq.), and Gannoughs (sandy places) in Galway; .... Pollaginnive in Fermanagh signifies the sandpit (*poll*, a hole); Clonganny in Wexford, sandy *cloon* or meadow; and on the shore near Bangor in Down, is a place called Glenganagh, the glen of the sand.

Tá an fhocail *gaineamh* i logainmneacha ar *logainm.ie* mar seo a leanas:

1. **Cnoc na Gainimhe / Knocknaganny**, i bparóiste Chill Chomáin i mbarúntacht Chill Mheáin (ME)
2. **Cnoc na Gainimhe / Sandhill**, i bparóiste Bhuiríos Umhaill i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME)
3. **Cnoc na Gainimhe / Sandyhill**, i bparóiste Dhún Guairne i mbarúntacht Bharrach Mór (Co) agus
4. **Ceathrú na Gainmhe / Carrownagannive**, i bparóiste Bhaile na Cille i mbarúntacht Chill Liatháin (Ga).

Tá plé ag Hughes agus Hannan (1992, 71) ar an logainm **An Ghaineamhaigh / Ganaway**, i bparóiste Dhomhnach Daoi i mbarúntacht na hArda Íochtaraí (Dn).

Is féidir comparáid a dhéanamh le baile fearainn eile nach bhfuil ach ceithre chiliméadar i bhfad ón áit seo, féach an iontráil atá faoi **Pollaginnive** i bparóiste Dhroim Caorthainn ar lch. 220.

## 8. Inishkeeragh

*Inis Caorach*

**H 0662**

‘island of sheep’

1. Inishkiragh	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Inishkiragh	164 <i>James Patent Roll</i>	1620
3. Enniskeragh	107 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
4. Enniskeeragh	47 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholder</i>	1801
5. Inis Caorach	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil:

/inəʃˈki:rə/



Is baile fearainn féin de 32 acra é an t-oileán Inishkeeragh (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Inis Caorach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin agus an nóta seo aige ‘now white with sheep’ (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1869, 473) go ginearálta leis sin ach níl sé ag tagairt go sainiúil don áit seo.

Is léir gurb é an focal *inis* ‘an island’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *caora* ‘sheep’ (eDIL *cáera*) atá sa dara cuid. Maidir le foirm an ainm, tabhair faoi deara gur gnách gan aon séimhiú a bheith tar éis ‘Inis’ i logainmneacha (cf. Inis Mór, Inis Meáin, Inis Gé agus araile).

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 473) ar úsáid an fhocail *caora* i logainmneacha:

It [*caora*] is found most commonly in the end of names, forming the termination *-nageeragh*, or without the article, *-keeragh*, ‘of the sheep,’ .... There are several islands round the coast called Inishkeeragh, the island of sheep, or Mutton Island, as it is sometimes translated, which must have been so called from the custom of sending over sheep to graze on them in spring and summer.

Tá dhá shampla eile den fhocal seo i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Inis Caorach / Inishkeeragh**, i bparóiste Theampall Cróine i mbarúntacht Bhaollach (DG) agus i bparóiste Bhaile an Dúin i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga). Chomh maith leis sin, tá **Oileáin na gCaorach / Keeragh Islands**, i bparóiste Bhanú i mbarúntacht Ó Bairrche (LG).

## 9. Inishmeely

*Inis Maoile*

**H 0963**

‘island of the hornless cow’

1. Inishmeely

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/inəʃˈmi:lə/

Is baile fearainn féin de 18 acra é an t-oileán Inishmeely. Tá cnoc beag gan ainm ar an oileán (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

De réir Ainmleabhair B153, níor mhol Seán Ó Donnabháin aon fhoirm Ghaeilge don logainm Inis Meely in 1834.

Is léir gurb é an focal *inis* ‘an island’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gur an focal *maol* ‘of cattle, hornless, flat-topped hillock’ (eDIL 2 *mael* bain.), atá sa dara cuid.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 395) ar úsáid an fhocail *maol* i logainmneacha:

*Mael* [mwail or moyle] as an adjective signifies bald, bare, or hornless; and it is often employed as a noun to denote anything having these shapes or qualities. It is, for instance, applied to a cow without horns, which in almost every part of Ireland is called a mael or mweelleen....

*Mael* is applied to hills and promontories, ... in the south and west it often assumes the form *mweel*, ... Mweelahorna near Ardmore in Waterford, the bald hill of the barley; and in Fermanagh, also, this form is found in Mweelbane, white hill.

Tá dhá shampla eile den fhocal seo *maol* agus an t-aistriú ‘hill top of the hornless cow’ i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Mullagnameely / Mullach na Maoile** i bparóiste Fhíonach i mbarúntacht Li (Li) agus
2. **Bánóg na Maoile / Baunogemeely** i bparóiste Thigh Mochua i mbarúntacht Chuileannaí (La).

## 10. Inishturk

### *Inis Toirc*

**H 0863**

‘island of the boar’

- |                 |                                   |      |
|-----------------|-----------------------------------|------|
| 1. Inishtowirch | Hill, G (1877, 277)               | 1610 |
| 2. Inishtowirch | 164 <i>James Patent Roll</i>      | 1620 |
| 3. Ennisturk    | 51 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i> | 1788 |
| 4. Inis-tuirc   | OD:AL                             | 1834 |
| 5. Inishtoesk   | 602 <i>Lewis</i>                  | 1837 |

Fuaimniú Áitiúil: /inəʃˈtɔrk/

Is baile fearainn de dheich n-acra é an t-oileán Inishturk (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Fághtar an cúigiú hiontráil, an leagan fánach 'Inishtoesk', mionearráid scríobhaí is dócha, as an áireamh.

**Inis-Tuirc** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; 'the boar's island' an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B74).

Is léir gurb é an focal *inis* 'an island' (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *torc* 'boar, wild boar' (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 479) ar úsáid an fhocail *torc* i logainmneacha:

*Torc* [turk] signifies a boar.... *Turk*, the usual modern form of *torc*, is found in great numbers of names. ... Inishturk, an island outside Clew Bay in Mayo, which is called ... *Inis-tuirc*, the boar's island, a name which also belongs to several other islands.

Mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Inis Torc** agus an t-aistriú 'hog-island' i gcás an logainm **Inishturk** i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM) (Ainmleabhar B112).

Tá samplaí eile den fhocal seo i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Inis Toirc / Inishturk**, i bparóiste Iomaí i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga) agus i bparóiste Chill Ghaobhair i mbarúntacht Mhuraisce (ME).

## 11. Letter

*Leitir*

### H 0864

'a hillside'

1. Letter	163 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Leeter	117 <i>Census</i>	1659
3. Letter	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
4. Letter	47 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801

5. Leitir	OD:AL	1834
6. Letter	602 <i>Lewis</i>	1837

Fuaimniú Áitiúil: /leter/

Is baile fearainn de 230 acra é Letter. Tá an baile fearainn suite ar bhruach na hÉirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Leitir** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a hillside’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B74). Ag breathnú ar an léarscáil, tá cnoc ann atá ag teacht anuas le fána go bruach na hÉirne.

**Leitir** an fhoirm Ghaeilge a mhol an Donnabhánach don logainm **Letter** i bparóiste Inis Maí Samh i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí (FM) (Ainmleabhar B162).

Is léir gurb é an focal *leitir* ‘slope of a hill’ (eDIL *leittir*) atá san ainm.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *leitir* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

**Leitir / Letter**, i bparóiste na gCeall Beag Uachtarach i mbarúntacht Bháineach (DG), i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li), i bparóiste Oileán Éadaí i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME) agus sna contaetha seo a leanas chomh maith: Ci (1), Co (3), Ga (1) agus UF (1).

## 12. Lusty Beg Island

*Losaid Bheag*

**H 1061**

‘little kneading-trough’

1. Lustybeg	2 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
2. Lustybegg	4 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
3. Lusteabeg	64 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834

Fuaimniú Áitiúil: /lusti: 'bɛ:g aɪlənd/

Is baile fearainn féin de 84 acra é an t-oileán Lusty Beg (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Loiste Beag** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a losaid or kneading trough’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é *lóiste*, an tuis.gin. de *losaid* ‘kneading-trough’ (eDIL *losat* (a)) atá sa chéad cuid den ainm agus gurb í an aidiacht *beag* ‘small’ (eDIL *bec*) atá sa dara cuid. Seans go raibh focal mar *inis* nó *oileán* mar réimír tráth ach tá an focal caillte anois.

Tá plé ag Joyce (1913, 144) ar logainm eile atá gaolmhar i FM mar seo:

**Bolusty** in Fermanagh; *Both-loiste* [-lusty], booth of the *losset* or kneading trough, or well-tilled piece of land. In some northern counties this word *losat*, gen. *loiste* [lusty], is applied to a carefully tilled productive plot of land.

De réir *logainm.ie* tá **Both Loiste Bheag, Mhór / Bolusty Beg, More**, i bparóiste Inis Maí Samh i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí (FM) ach gan a bheith deimhnithe.

Tá sampla eile den fhocal *losat / losaid* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Mullach Loiste / Mullylusty**, i bparóiste Mhachaire Cluana i mbarúntacht Fhearnaí (Mu).

De réir Mhic Gabhann (1997, 158), tá **Losaid / Losset** i bparóiste Chúil Eachtrann i mbarúntacht Chathraí (Ao). Dar leis go bhfuil cuma fochupáin ar áiteanna a bhfuil an logainm seo acu. Chomh maith leis sin, cuireann Ó Mainnín (1993, 131) in iúl dúinn gur dóigh gur ó **Creag na Loiste** a tháinig an logainm **Craigalusta** i mbaile fearainn Fofannyban i bparóiste Chill Chua i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Íochtair (Dn).

**13. Lusty More Island***Losaid Mhór***H 1061**

‘large kneading-trough’

1. Lostimore	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Lostimore	2 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
3. Lusty’smore	10 <i>PRONI D/1096/92/1 Freeholders</i>	1796
4. Lusteamore	119 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
5. Loiste Mór	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /lusti: 'mo:r aɪlənd/

Is oileán de 102 acra Lusty More (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Féach ar an iontráil don logainm **Lusty Beg** ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

**14. (The) Mullans***Na Mulláin***H 0962**

‘little summits’

1. Mullen	213 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
2. Mullens	43 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Mullins	641 <i>Shaw Mason</i> Iml. 1	1814
4. Mullans	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /mulənz/

Is baile fearainn de 394 acra é Mullans. Tá sé suite ar Inis Badhbha (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Ag breathnú ar an léarscáil, tá ceithre chnoc 50 méadar ar airde ann. Is léir gurb é an focal *mullán* ‘a hillock, heap’ (eDIL s.v.) nó ‘a blunt or flat hillock’ (eDIL *maelán* (I)) atá san ainm.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 393) ar úsáid an fhocail *mullán* i logainmneacha:

*Mullan* [*Mullán*], little summit, is a diminutive of *mullach*, and it is generally applied to the top of a low, gently sloping hill. In the forms Mullan, Mullaun, and in the plural Mullans and Mullauns, it is the name of nearly forty townlands.

Tá samplaí eile den logainm seo **An Mullán** ar *logainm.ie*:

1. i bparóiste Mhaothla i mbarúntacht Mhaothla (Li)
2. i bparóiste Eanach Duibh agus i bparóiste Chill Tiobrad, agus iad araon i mbarúntacht Li (Li)
3. i bparóiste Chluain Chláir i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li)
4. i bparóiste Thulaigh Charbaid i mbarúntacht Mu (Mu) agus
5. mar ionad daonra i bparóiste Achadh Dubhthaigh i mbarúntacht Chúil Raithin (Do).

Chomh maith leis sin, tá **Na Mulláin** / **Mullans** i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. i bparóiste Chnoc Áine i mbarúntacht na nDéise Bige (Lm)
2. i bparóiste Chill Mhór Mhuaidhe i mbarúntacht Thír Fhiachrach (ME) agus
3. i bparóiste Chluain Tiobrad i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

Toisc go bhfuil an uimhir iolra á úsáid san fhoirm Bhéarla, féach ar an bplé faoin iontráil **Leggs** ar lch. 50. Mar sin, moltar **Mulláin** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

## 15. Portnablahy

*Port na Bláiche*

**H 0764**

‘landing place of the buttermilk’

1. Portnabloy	45	<i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Portnabloy	40	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
3. Portnabla	161	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Portnably	641	<i>Shaw Mason</i>	1814
5. Portnablaaghy	118	<i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834

Fuaimniú Áitiúil: /portnə 'bla:hi:/

Is baile fearainn de 292 acra é Portnablahy atá suite ar bhruach na hÉirne agus ar an teorainn le DG. Tá an abhainn Waterfoot ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Port na Bláthaighe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘port or bank of buttermilk’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B74). Ghlac Joyce (1913, 532) leis sin mar mhol sé **Port-na-bláthaigh**.

Is léir gurb é an focal *port* ‘a place, spot, locality’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *bláthach* ‘buttermilk’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 327) ar úsáid an fhocail *bláthach* i logainmneacha:

In some ... places however the termination *blagh* is understood to mean milk - Gaelic *bleadhach* (*bladhach?*).

Mhol Seán Ó Donnabháin **Mín na Bláthaighe** i gcás **Meenablagh** i bparóiste Thearmann Uí Mhongáin i mbarúntacht na hÓmaí Thiar (TE) (OS Ainmleabhar).

De réir *logainm.ie*, tá ionad daonra darb ainm **Port na Bláiche / Portnablahy** i bparóiste Chluain Dá Chorcach i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG).

De réir *placenamesni.org*, ciallaíonn **Lios na Bláiche / Blagh**, ‘fort of the buttermilk’ i bparóiste Chúil Raithin i mbarúntacht Líbeartaí Thoir Thuaidh Chúil Raithin (Do).



## 16. Rosscrennagh

*Ros Críonaigh*

**H 0562**

‘headland of the withered wood’

1. Ros Creathnach

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ros 'kri:nə/

Is baile fearainn de 97 acra é Rosscrennagh atá suite ar bhruach na hÉirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Ros Creathnach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘shaking point’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B74). Aontaíonn Joyce (1913, 546) leis sin agus míníonn sé go mbeadh na crainn ag crith nuair a shéideann an ghaoth. Is uathúil é an logainm **Rosscrennagh** ar *logainm.ie*.

Is léir gurb é an focal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *creathach* ‘shaking. Of tree, poplar, poplar’ (eDIL *crithach*) nó an focal *críonach* ‘firewood, withered branches’ (eDIL *crínach*) atá sa dara cuid. Ní dóigh go bhfuil an focal *creamh* ‘garlic’ (eDIL *crem*) ná an focal *creamhach* ‘abounding in wild garlic’ (eDIL *cremach*) feiliúnach.

De réir *logainm.ie*, tá **Creathán / Crehaun**, leis an aistriú ‘shaking place’ i bparóiste Dhún Bleisce i mbarúntacht Ó Cuanach (Lm).

Tá samplaí eile den fhocal *críonach* ar *logainm.ie*:

1. **An Críonach / Creenagh**, i bparóiste Chill Tachúrc i mbarúntacht Li agus i bparóiste na Cluana i mbarúntacht Mhaothla (Li)
2. **Críonach / Creenagh**, i bparóiste Chluain Geise i mbarúntacht Lo (Lo)
3. **Gob an Chríonaigh / Gubacreeny**, i bparóiste Ros Inbhir i mbarúntacht Ros Clochair (Li) agus
4. **Cor an Chríonaigh / Corracreeny**, i bparóiste Charraig Álainn i mbarúntacht Charraig Álainn (Li).

De réir *placenamesni.org*, tá **Críonach / Creenagh**, i bparóiste Mhachaire Rátha Meisce i mbarúntacht Mhása Ríona Uachtarach (Ao).

De réir na fuaime áitiúla, is dóichí *Ros Críonaigh* a bheith i gceist ná an fhoirm a mhol Ó Donnabháin don ainm seo ceart. Níl aon fhianaise ar shéimhiú ar an ‘C’ sa dara mír.

## 17. Rossharbour Old

*Ros Harbour Old*

**H 0462**

‘headland’

1. Rossharbour Old OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /rəs harbur o:ld/

Is baile fearainn de 130 acra é Rossharbour Old atá suite ar bhruach na hÉirne. Tá an baile fearainn seo béal dorais le **Rossharbour** i bparóiste Bhéal Leice. Tá an t-oileán beag Rossharbour Island in aice leis an mbaile fearainn seo, freisin. Níl ach achar iomlán de dhá acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Féach an iontráil atá faoi **Rossharbour** ar lch. 59, ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

## 18. Stonefort

Ainm Béarla

**G 0562**

1. Stonefort OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /sto:n 'fort/

Is baile fearainn de 73 acra é Stonefort. Tá sé suite ar bhruach na hÉirne. Níl ráth le haimsiú ar an léarscáil, áfach (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

## 19. Tawnawanny

*Tamhnaigh an Bhainne*

**H 0663**

‘green upland of milk’

1. Tony Winy	117 <i>Census</i>	1659
2. Tinavena	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
3. Tonnawanny	47 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Tonnovanny	47 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Townnevaney	47 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
6. Tawnawanny	632 <i>Shaw Mason</i>	1814
7. Tawnawanna	641 <i>Shaw Mason</i>	1814
8. Townawonna	120 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
9. Tamhnaidh Bhainne	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /taunə 'wa:ni:/

Is baile fearainn de 116 acra é Tawnawanny. Tá an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne. Ag breathnú ar an léarscáil, tá Tawnawanny suite faoi dhroim an chnoic, Derrin Mountain, ag dul le fána an chnoic go dtí Loch Éirne. Tá aghaidh an bhaile fearainn ar Loch Éirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

**Tamhnaidh Bhainne** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘field of milk’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B74), ag glacadh leis, is dóigh, gurbh é an logthuiseal a bhí in úsáid. Aontaíonn Joyce (1875, 206) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tamhnach* ‘a green place, clearing’ (eDIL *tamnach*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *bainne* ‘milk’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Is dóichí gur ó *tamhan* ‘trunk of a tree, stock, stem’ (eDIL *taman* (I)) a thagann an focal *tamhnach*. Níor ghá go mbeadh aon rian den alt fanta sa leagan Béarlaithe.

Tá tagairt ag Hogan (1910) don fhocal *tamhnach* i logainmneacha mar seo: ‘Tamhnach means a fine field in which daisies, sorrel, and sweet grass grow; enters largely into names in mountainous districts in N. and NW. of Irel., but rarely in the S.; also a green, arable spot in a mt. [mountain]’.

De réir *logainm.ie*, tá **An Tamhnaigh / Tawny**, i bparóiste Bhaile Óbha i mbarúntacht Cheara (ME), i bparóiste Chill Charthaigh i mbarúntacht Bháineach agus i bparóiste Chluain Dabhaodóg i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG). Lena chois sin, tá **Log an Bhainne / Luggawannia**, i bparóiste an Charraigín i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga) agus **Tulaigh an Bhainne / Tullinwannia**, i bparóiste Chill Fhearga i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li).

## 20. Tullyvarrid H 0563

*Tulaigh na bhFear Ard (?)* ach éiginnte  
‘hillock of the tall men’

- |                 |                                    |      |
|-----------------|------------------------------------|------|
| 1. Tullyverrard | <i>Boundary Survey sketch maps</i> | 1830 |
| 2. Tullyvarrid  | OD:AL                              | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /tōli: 'varid/

Is baile fearainn de 102 acra é Tullyvarrid. Tá cnoc 100 méadar ar airde ann ar an taobh thiar thuaidh (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

De réir *placenamesni.org*, bhí tagairt don logainm Tullyverrard timpeall 1830 ar léarscáil ‘Boundary Survey sketch maps’, mar atá sa chéad iontráil ar an liosta thuas.

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm. Sean-logthuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Níl aon fhianaise chruinn againn ar an bhfoirm Ghaeilge, ach tá áitainm a d'fhéadfadh

bheith cosúil leis le fáil ar *logainm.ie*. Tá barúntacht i gCo Lú darb ainm **Fir Arda / Ferrard**, ‘the Barony of Ferard [Ferrard] is, by the people, called Barúntacht Fheararda (pron. Barunat Erara) but they know not the significance of Erara’ leis an dáta 1836. Is ó threibh darb ainm Fir Arda a thagann an t-ainm seo ach níl fianaise ann go raibh an treibh seo i bhFM freisin. Seachas an dá iontráil aonair seo, níl fianaise ann. Níl ach rian lag den fhoirceann *ard* san fhuaimniú áitiúil anois más *ard* a bhí i gceist.

De réir *placenamesni.org*, tá loch darb ainm **Lough Navarad** i mbaile fearainn Chorr Clochach i bparóiste an Chlochair i mbarúntacht an Chlochair (TE) ach níl aon eolas breise le fáil ina thaobh.

Mar sin, tá sé an-deacair breithiúnas a thabhairt ar Tullyvarrid idir leagan an Boundary Survey agus an leagan a chuirtear i leith Uí Dhonnabháin (cá bhfuair sé é?), agus gan aon leagan Gaeilge molta aige. Ní léir cad í an mhír dheiridh i ndeireadh na dála agus tá an logainm seo thar a bheith éiginnte.

## 21. Tullyvocady

*Tulaigh Bhocaide*

**H 0564**

‘hill of (the) buck goat’

1. Tullyvokedy	27, 40 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
2. Tullovocooly	108 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Tullyvokedy	125 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Tullyvoccady	118 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
5. Tullyvocady	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /tóli: 'vokadi:/

Is baile fearainn de 367 acra é Tullyvocady atá suite ar Loch Éirne ar an teorainn le DG. Tá cnoc 160 méadar ar airde ann agus an abhainn Waterfoot ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

Tá éagsúlachtaí litrithe i measc na fianaise atá anseo. Fágtar an dara hiontráil, an leagan fánach ‘Tullovocooly’, mionearráid scríobhaí is dócha, as an áireamh.

**Tulaigh Bhocaide** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill of the buck goat’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B74). Tá cnoc ard ann agus, suas le 160 méadar ar airde, ró-ard do na ba, d’fhéadfadh go raibh sé seo in úsáid mar bhuaile don ghabhair tráth.

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *céide* ‘hill, meeting place, assembly’ (eDIL s.v.) nó an focal *bocaide* ‘he-goat, buck’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Féach Ó Dónaill, FGB *bocaide*, malairt foirme de *pocaide* ‘1. ~ (gabhair), he-goat, billy-goat’. Sean-loghuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Tá solaoídí bailithe le chéile i saothar Joyce (1869, 391) freisin de ‘Céide’ mar logainm simplí sna reachtaibh Béarlaithe **Keadagh, Cady, Caddagh, Keadew** agus **Keady**. Más ar an ‘vo:’ atá an bhéim, d’fhéadfaí smaoineamh ar \*bóchéide ‘open space for cattle’? Ach siolla caol atá ann sa dara mír ‘vo’ in ionad ‘vo:’.

Mar chomparáid, tá *boc/poc* le fáil ar *logainm.ie* mar mhír i roinnt logainmneacha cosúil le **Oileán na bPocaidí / Illaunabuckedia** i mbaile fearainn Cheapach Chorcóige Thoir i bparóiste Chonga i mbarúntacht an Rois (Ga). Mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Cúl Boc** leis an aistriú ‘back of the bucks’ don logainm **Culbuck** i bparóiste Dhroim Rátha i mbarúntacht na hÓmaí Thoir (TE) ar *placenamesni.org*.

## 22. Woodhill

Ainm Béarla

H 0563

1. Woodhill	31 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Woodyhill	118 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
3. Woodhill	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /wu:d hil/

Is baile fearainn de 165 acra é Woodhill. Tá cnoc 110 méadar ar airde ann (Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 35)).

De réir *logainm.ie*, tá **Cnoc na Coille / Woodhill** le fáil i bparóiste Chluain Dá Chorcach i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin agus i bparóiste na gCealla Beaga Íochtaracha i mbarúntacht Bháineach (DG).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge cailte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

## Caibidil 4 Bailte Fearainn i bParóiste Dhroim Caorthainn

### 1. Aghagrefin

*Achadh Gné Finne*

**H 2066**

‘field of the fair aspect’

1. Aghagrewen	282 <i>James Patent Roll</i>	1615
2. Aghegrehan	110 <i>Census</i>	1659
3. Aghagrefin	31 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Aughagraffin	161 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Achadh Gréifín	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ahə 'grifən/

Is baile fearainn de 260 acra talún é Aghagrefin (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Achadh Gréifín** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘field of the fair aspect’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Ní raibh mé in ann an focal *gréifín* nó a leithéid a aimsiú in aon fhoclóir idir eDIL, Ó Duinnín (1927) agus FGB. B’fhéidir go raibh an Donnabhánach ag smaoineamh ar na focail ‘*gné finne*’ agus ‘*e*’ deiridh na haidiachta caillte sa logainm? Ní dóigh go bhfuil an focal *gné* ‘kind, species, form’ (eDIL s.v.) agus an focal *fionn* ‘fairness (of hue, complexion), brightness’ (eDIL 1 *finne*) feiliúnach. De réir FGB, tá an focal *greibhín* a chiallaíonn screamhán ach ní hionann an chiall sin agus an chiall a bhí ag an Donnabhánach.

Dealraíonn sé go bhfuil an focal *achadh* ‘expanse of ground, pasture, field’ (eDIL *achad*) sa chéad chuid den ainm agus, b’fhéidir, gurb é an focal *grafadh* nó an focal *grafáil* ‘grubbing, scraping off the surface of the lea’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

An bhféadfadh gurb é an focal *grafann* ‘field of the drove of horses’ atá anseo? De réir eDIL, ciallaíonn *grafand* ‘a horse race, a race; band of horsemen, drove of horses; noise, tumult’. Tá dhá bhaile fearainn ann darb ainm **An Ghrafainn / Graffin**. Tá ceann



amháin i bparóiste Dhún Eochaille i mbarúntacht Choill na Manach Íochtarach agus ceann eile i bparóiste Chill Momhéanóg i mbarúntacht Uí Chairín (TÁ). Tugann *logainm.ie* le fios dúinn gur ón bhfocal *grafand* a shíolraíonn sé. Tá an baile fearainn atá idir lámha againn béal dorais le **Doire na gCapall Caoch**, logainm ina bhfuil an focal *capall*. Ach ar an taobh eile de, níl an áit oiriúnach do chapall nó rásaí na gcapall de bharr na genoc atá ann.

Tá an logainm **Achadh / Agha**, i bparóiste Lios Lao i mbarúntacht Ó Bána, Bharrach Rua (Co) agus i bparóiste Ráth Cúil i mbarúntacht Ghabhráin (CC) ar *logainm.ie*.

De réir *logainm.ie*, tá **An Ghrafainn / Graffin**, leis an aistriú ‘place tilled with the grub or pick-axe’ i bparóiste Dhún Eochaille i mbarúntacht Choill na Manach Íochtarach agus i bparóiste Chill Momhéanóg i mbarúntacht Ó Cairín (TÁ). Tá **Grafainn / Graffan**, i bparóiste Theampall na hAithrí i mbarúntacht Chluain Leisc (UF) freisin.

Tá plé ag Hughes agus Hannan (1992, 106) ar an logainm **Ballygraffan** i bparóiste Chill Aindreasa i mbarúntacht na hArda Uachtaraí (Dn) agus is féidir, dar leo, gurb é an sloinne *Griffin* nó b’fhéidir *\*Greafán* (sloinne nár tuairiscíodh cheana) is bun leis an logainm a bhí idir lámha acu. Ní raibh siad in ann ciall an logainm seo a léiriú go cinnte, áfach.

Mhol an Donnabhánach **Achadh Gréifín** mar logainm agus is é is dóichí ná a mhalairt.

## 2. Aghahannagh

*Achadh Eanach*

**H 1367**

‘field of the marshes’

1. Aghhuehanagh	110 <i>Census</i>	1659
2. Aghalenagh	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
3. Aghahanagh	38 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Aughahana	3 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
5. Aughahana	52 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
6. Aghahanagh	238 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
7. Achadh hEanach	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ahə 'hanə/

Is baile fearainn de 211 acra talún é Aghahannagh (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993,28)).

**Achadh hEanach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘field of the marshes’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Mar aon leis sin, scríobh sé ‘Annagh generally denotes a cut-out bog’.

Dealraíonn sé go bhfuil an focal *achadh* ‘expanse of ground, pasture, field’ (eDIL *achad*) sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *eanach* ‘moor, swamp’ (eDIL *enach* (I)) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá samplaí den fhocal *eanach* m.sh. i bparóiste **Eanach / Annagh**, i mbarúntacht Thriúcha an Aicme (Ci), agus i logainmneacha sna contaetha seo a leanas: Ca (1), Ci (1), Cl (3), Ga (4), IM (1), La (1), Li (4), LG (1), Lm (2), Lo (2), Lú (1), ME (3), Mu (3), Sl (2) agus TÁ (3).

Seo samplaí eile den fhocal seo *eanach* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Eanaigh Chíbe / Annyeeb** agus **Eanaigh Ealta / Annyalty**, agus iad araon i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu)
2. **Eanaigh Chaoil / Annahale**, i bparóiste Chluain Tiobrad i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

### 3. Aghalaan

#### *Achadh Oileáin*

**H 1266**

‘field of the pasture within a bog’

1. Aughelane	306 <i>James Patent Roll</i>	1620
2. Aghalane	43 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1765
3. Aghalane	32 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Aughalane	28 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
5. Aghalane	138 <i>Clogher Record 1990</i>	1845
6. Achadh Oileáin	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ahə 'la:n/

Is baile fearainn de 111 acra talún é Aghalaan (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Achadh Oileáin** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘field of the island’ an t-aistriú a mhol sé agus nóta mínithe seo aige - ‘*Oileán* is sometimes a woman’s name’ (Ainmleabhar B152).

Dealraíonn sé go bhfuil an focal *achadh* ‘expanse of ground, pasture, field’ (eDIL *achad*) sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *oileán* ‘island’ (eDIL *ailén*) atá sa dara cuid.

Tá an logainm **Buaile Oileáin / Boleylaan** i bparóiste Thuama i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga) le fáil ar *logainm.ie*. Ag féachaint ar an léarscáil, níl oileán ar bith ag **Buaile Oileáin** ná ag an mbaile fearainn **Oileán Ciarraí / Castleisland** i bparóiste Oileán Ciarraí i mbarúntacht Thriúcha an Aicme (Ci) ach tá **Oileán Ciarraí** in aice le hAbhainn na Máine.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 127):

*Oileán* means an ‘island’ and is usually anglicised as ‘illan’ or ‘illaun’ or even ‘island’. As well as signifying ‘island’ in the sense of a piece of land surrounded by water, it also refers to an area of raised, and therefore, dry, land surrounded by what is, or was, bog.

Tá cur síos ag Ó Mainnín (1989, 200-210) ar úsáid an fhocail ‘island’ in áiteanna ina bhfuil cnoc nó píosa maith talún taobh istigh de phortach i gcásanna cosúil le **Burnt**

**Island** i bparóiste Loch gCál i mbarúntacht Ó Nialláin Thiar (AM), **Moore's Island** i bparóiste na Gráinsí i mbarúntacht AM (AM) agus **Achadh Galláin** i bparóiste Achadh Galláin i mbarúntacht Mhása Ríona Uachtarach (Ao). Mar sin, is dóigh go gciallaíonn *oileán* ‘pasture within a bog’ sa chás atá á phlé againn.

#### 4. Aghavore

*Achadh ?*

#### H 1368

logainm éiginnte

1. Aghmore	164 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Aghavoory	40 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1753
3. Aghagore	45 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1754
4. Aghavoory	1 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
5. Aughavoory	34 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
6. Aughavory	36 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
7. Aghahore	15 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
8. Aghagore	156 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
9. Aghagoar	157 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801

Fuaimniú Áitiúil: /ahə 'vo:r/

Is baile fearainn de 191 acra talún é Aghavore (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Achadh Bhuraighe** [sic] an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘field of the cows or kine’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Tá an dara focal séimhithe.

De réir *logainm.ie*, tá baile fearainn **Achadh Mhór / Aghavore**, i bparóiste Charraig Álainn i mbarúntacht Charraig Álainn (Li). Luann McKay (2004, 12) **Achadh Mór / Aghamore (North agus South)** i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM). Mar sin, tá dhá shampla den ainm le fáil agus an tríú focal, an aidiacht *mór* le séimhiú agus gan séimhiú.

Dealraíonn sé go bhfuil an focal *achadh* ‘expanse of ground, pasture, field’ (eDIL *achad*) sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *buar* ‘cows, cattle’ (eDIL 1 *búar*) atá sa tríú cuid.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 12) ar úsáid na hiarmhíre ‘-ar’ i logainmneacha:

The letter *r* (preceded by a vowel if necessary for pronunciation) is often added to nouns to give a collective or cumulative signification, as in *clochar*, a stony place, from *cloch*, a stone (see Clogher in First Volume). From *bó*, a cow, comes *buar*, kine, ‘cattle of the cow kind’ .... Drumbure in the parish of Currin, south of Clones in Monaghan, the *drum* or hill ridge of the cows.

Tá plé eile ag Ó Máille (1987, 35) ina molann sé úsáid eile a bheith ag an iarmhír ‘-ar’ i logainmneacha in ionad bheith ag tagairt don uimhir iolra:

I suggest that, whatever limited collectively attached to the suffix –*ar* in Irish, it disappeared at an early date. Subsequently –*ar* became a meaningless noun ending, especially in toponymy, merely adding point to the meaning already conveyed in the root word. In that way, *dún* ‘a fort, a hill’ + *ar* = ‘a fort-thing, a hill-thing’, *gort* ‘field’ + *ar* = ‘a field-thing, taobh ‘a side’ + *ar* = ‘a side-thing, and so on’.

Tugann McKay (2004, 13) le fios dúinn go bhfuil **Achadh Bhuaí / Aghavoory**, leis an aistriú ‘field of cattle’ i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánach (FM). **Achadh Bhuraighe** [sic] an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin sa chás seo freisin. Is dóigh gur de bhrí go bhfuil an focal *achadh* sa logthuiseal go bhfuil an séimhiú ar an bhfocal a leanann é.

Is fiú Achadh Ghuaire a chur san áireamh mar fhéidearthacht eile mar tá an t-ainm pearsanta *Guaire* le fáil i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Sí Ghuaire / Sheegorey** i bparóiste Mhainistir na Búille i mbarúntacht Mhainistir na Búille (RC)
2. **Binn Ghuaire / Diamond Hill** cnoc atá i mbaile fearainn Eadargúla i bparóiste Bhaile na Cille i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga)
3. **Cnoc Ghuaire / Goreyhill, Droichead Ghuaire / Goreybridge** agus **Fearann Bardais Ghuaire, Gorey Corporation Lands** iad araon i bparóiste Chill Moshíológ i mbarúntacht Ghuaire (LG) agus

4. **Lios Ghuaire / Lisavoora** i mbaile fearainn Cheapach na hAithne i bparóiste Mhainistir Uaithne i mbarúntacht Uaithne Beag (Lm).

Ach sa deireadh thiar thall is logainm éiginnte é seo.

## 5. Ardore

*Ard Odhar*

**H 1265**

‘dun-coloured height’

- |              |  |      |
|--------------|--|------|
| 1. Arddore   | 43 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i> | 1796 |
| 2. Ard Odhar | OD:AL                                  | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /ar 'do:r/

Is baile fearainn de 111 acra talún é Ardore. Tá ardchlár 60 méadar ar airde taobh istigh den bhaile fearainn. Tá an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Ard Odhar** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘grey height’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Tá tagairt ag Hogan (1910) don logainm **A(rd) Odhar**, ‘Ardore, in Fermanagh’.

De réir *logainm.ie*, tá samplaí den fhocal *odhar* le fáil mar seo a leanas:

1. **Seisceann Odhar / Seskinore**, sráidbhaile agus baile fearainn i bparóiste Clogherny i mbarúntacht na hÓmaí Thoir (TE)
2. **Ard Odhar** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin don bhaile fearainn **Ardore** i bparóiste Mhachaire Cúl Muine i mbarúntacht Loirg (FM) (Ainmleabhar B141). Bhí dath eile ‘pale grey height’ molta ag Joyce (1875, 285), áfach.

Is léir gurb é an focal *ard* ‘high above ground, elevated’ nó ‘high place, height’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *odhar* ‘name of a colour, dun, or greyish brown’ (eDIL *odor*) atá sa dara cuid.

Baintear leas as an aidiacht *odhar* freisin ag tagairt do bhó odhar; cf. Leabhar na hUidhre ‘Book of the Dun Cow’ (*uidhre*, gin. u. bain. de *odhar*) mar a deir Joyce (1875, 287):

This word *odhar* is often applied to a cow; and several places have derived their names from legendary cows with this designation.

Mhol Joyce (1875, 285) an fhoirm Ghaeilge **Ard Odhar** agus an míniú seo aige:

*odhar* [oar, our] signifies a dun colour, a pale grey, or light brown. It is found in our oldest writings (*odar*; Cor. Gl), and it continues in use as a living word. It usually occurs in names in the anglicised forms of *ore*, *oar*, *ower*, *our*, and *ora*; as in Ardore in Fermanagh.

## 6. Ardshankill

*Ard Seanchille*

### H 1163

‘height of the old church’

1. Ardshankill	10 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
2. Ardshankill	72 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
3. Ardshankil	63 Ordnance Survey Memoirs of Ireland	1834
4. Ardshankill	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ard ˈʃankɪl/

Suite ar Inis Badhbha, is baile fearainn de 413 acra talún é Ardshankill. Tá cnoc timpeall 50 méadar ar airde ann. In ainneoin go bhfuil ráth anseo, níl aon chill ann. (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Ard Seanchille** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill of the old church, old ruins’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *ard* ‘high above ground, elevated’ nó ‘high place, height’ (eDIL s.v.), an focal *sean* ‘old, ancient’ (eDIL 1 *sen*) agus an focal *cill* ‘church, monastic settlement’ (eDIL *cell*) nó an focal *coill* ‘wood, forest’ (eDIL *caill*) atá sa tríú cuid den ainm.

Is deacair go minic idirdhealú a dhéanamh idir na hainmfhocail '*cill*' agus '*coill*'. De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 50):

In place-names it [*cill*] has a range of associated meanings: 'church, monastic settlement or foundation, churchyard, graveyard'. Of these, in place-names, 'monastic settlement' is the commonest reference... It is usually anglicised as 'kil(l)', which is unfortunate since it is rendered superficially indistinguishable from *cill*, 'wood', also anglicised – since the seventeenth century at least – as 'kil(l)'.

Tá 11 bhaile fearainn darb ainm **An tSeanchóill**, 'old wood' sna contaetha seo a leanas: Ci (1), Co (4), Ga (1), Mu (2), PL (2) agus TÁ (1) ar *logainm.ie*.

Ar an taobh eile de, is é **Seanchill** nó **An tSeanchill** 'old church' is ainm do 11 bhaile fearainn sna contaetha seo a leanas:

Ao (1), BÁC (1), CC (1), Cl (1), Co (1), Ga (1), PL (3), RC (1) agus TÁ (1).

## 7. Backwood

Ainm Béarla

### H 1167

- |             |                                    |      |
|-------------|------------------------------------|------|
| 1. Backwood | 6 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i> | 1765 |
| 2. Backwood | OD:AL                              | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /bak wu:d/

Is baile fearainn de 40 acra talún é Backwood (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.



## 8. Ballynabrannagh

*Baile na mBreathnach*

H 1166

‘townland of the Walshes’

- |                         |                             |      |
|-------------------------|-----------------------------|------|
| 1. Ballinemanagh        | 48 <i>James Patent Roll</i> | 1620 |
| 2. Baile na mBreathnach | OD:AL                       | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /balənə 'mranək/

Is baile fearainn beag de 60 acra talún é Ballynabrannagh. Ritheann an abhainn Brannagh River tríd an pharóiste seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Baile na mBreathnach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘town of the Walshes’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *baile* ‘settlement; farm, town’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *manach* ‘a monk, a tenant of church-lands’ (eDIL s.v.) nó sloinne atá sa tríú cuid. Ach níl aon ‘r’ sa bhfocal *manach*.

Ó thaobh an litrithe ‘Ballinemanagh’ sa liosta thuas, d’fhéadfadh gurb é ‘Baile na Manach’ is bun leis an ainm. Chun comparáid a dhéanamh, tá **Baile na Manach** / **Ballynamanagh** i bparóiste Bhaile na Manach i mbarúntacht Ráth an Dúin (BÁC) agus **Ard na Manach** / **Ardnamanagh**, i bparóiste Chill Mochomóg i mbarúntacht Bheanntraí (Co) ar *logainm.ie*.

Ar an taobh eile den scéal, luann MacLysaght (1985, 296) an t-ainm ‘Walsh’ mar leagan Béarla den sloinne *Breat(h)nach*. De réir an daonáirimh in 1911, bhí triúr agus caoga den sloinne seo i gCo FM ach ní raibh duine ar bith díobh i mBaile na mBreathnach.

I dtaca leis an sloinne ‘Breathnach’ a bheith sa logainm **Baile na mBreathnach**, deir Joyce (1875, 123) faoi:

The word *Breathnach* has been confined in its application to those who have adopted the family name of Walsh; and this is the sense in which it is generally understood in local names. Ballybrannagh, Ballynabrannagh, and Ballynabrennagh, which are all townland names in various counties, signify ‘the town of the Walshes’ or of the families called Walsh.

Ón bhfianaise thanaí atá ann, ní féidir bheith cinnte gurb é Breathnach nó manach atá i gceist. Ach táim claonta i leith thuairim Uí Dhonnabháin sa chás seo.

## 9. Bannagh Beg

*An Bheannach Bheag*

**H 1565**

'place of peaks, little'

1. Bannaghabegg	164 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Banoghbegg	110 <i>Census</i>	1659
3. Banaghbeg	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
4. Banagh	61,125,157 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Bánach Beag	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /banə'be:g/

Is baile fearainn mór de 520 acra talún é Bannagh Beg. Tá an abhainn Brannagh River ar an taobh thoir den bhaile fearainn seo. Tá an baile fearainn atá á phlé againn béal dorais leis an mbaile fearainn darb ainm Bannagh More. Is díol suntais é go bhfuil Bannagh More (le 173 acra) i bhfad níos lú ná Bannagh Beg. Mar sin, níl tomhas an limistéir ag dul le húsáid na n-aidiachtaí *beag* agus *mór*. Tá an baile fearainn atá á phlé againn béal dorais leis an mbaile fearainn darb ainm **An Bheannach Mhór** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Bánach Beag** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; 'little white field' an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Ar an taobh eile de, d'fhéadfadh gurb é an focal *beannach* 'pointed, peaked' (eDIL 2 *bennach*) is bun leis an ainm.

De réir *logainm.ie*, tá **An Bheannaigh** < **Beannach** / **Bannagh**, 'peaked place, place from which peaks can be seen' i bparóiste Chaisleán an Mhaignéaraigh i mbarúntacht Dhúiche Ealla (Co). Tá an míniú seo ann '*beannaigh* – foirm chalctha den logthuiseal

nó den tuiseal tabharthach de *beannach*, aidiacht a bhfuil feidhm ainmfhocail aici anseo’.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 29): ‘*beann / binn* means ‘peak’, not as a rule with reference to the highest mountains, to which *sliabh* is usually applied, but to good mountains of the middle size’. Tar éis breathnú ar an léarscáil, níl beann le fáil taobh istigh den bhaile fearainn atá á phlé againn.

## 10. Bannagh More

*An Bheannach Mhór*

**H 1666**

‘place of peaks, big’

1. Bannaghmore	164 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Bannaghmore	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
3. Bannagh	3 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
4. Banaghmore	10 <i>PRONI D/1096/92/1 Freeholders</i>	1796
5. Banna	516 <i>Lewis</i>	1837
6. Bánach Beag	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /banə 'mo:r/

Is baile fearainn de 173 acra talún é Bannagh More. Tá an abhainn Brannagh River ar theorainn thoir an bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Féach ar an iontráil don logainm **An Bannagh Beg** ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

## 11. Bigwood

Ainm Béarla

H 1267

- |               |   |      |
|---------------|---|------|
| 1. Bigwood    | 118 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Coill Mhór | OD:AL   | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /big wu:d/

Is baile fearainn de 183 acra talún é Bigwood. Tá ráth anseo. (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge cailte agus nach bhfuil ann anois ach leagan Béarla.

## 12. Boolawater

*Buaile Uachtair*

H 1267

‘upper milking-place’

- |                   |       |      |
|-------------------|-------|------|
| 1. Buaile Bháitér | OD:AL | 1834 |
|-------------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /bɔili 'wətər/

Is baile fearainn beag de 119 acra talún é Boolawater. Tá cnoc 120 méadar ar airde ann. (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Buaile Bháitér** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘Walter’s diary [dairy]’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154) ach tá aistriú eile ann, dar liom. Is ainm Normannach an t-ainm Walter agus ní raibh tionchar mór ag na Normannaigh ar an áit seo. Ar an taobh eile de, luann MacLysaght (1985, 249) an sloinne ‘Mac Ualtair’ a fhaightear i Ga agus ME. Tá an t-ainm ‘MacWalter’ le fáil mar leagan Béarla den sloinne seo. De réir an daonáirimh in 1911, ní raibh ach duine amháin den sloinne seo i FM ach ní raibh an duine sin sa bhaile fearainn atá á phlé againn.

Ní aontaíonn Joyce (1913, 145) leis sin mar luann sé ‘**Boolawater** in Fermanagh; *Buaile-uachtair* ... , upper booley. *Uachtar* is sometimes anglicised ‘water’ as here’.

Is léir gurb é an focal *buaile* ‘cattlefold, booley at times of summer pasturage’ (eDIL 1 *búaile*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *uachtar* ‘the upper part or surface of anything, the top’ (eDIL 1 *úachtar*) atá sa dara cuid. Tá cnoc 120 méadar ar airde ann agus sin airde thar an gcoitiantacht. D’fhéadfadh gur úsáideadh mar bhuaile é.

Tugann Flanagan agus Flanagan (1994, 35) cur síos cruinn dúinn ar an bhfocal *buaile* mar seo:

‘*Buaile* is used to describe any area set aside for the tending of cattle and is usually translated simply as ‘milking-place’. In a special sense it is associated with the summer, upland pastures to which cattle were transferred ... This practice, known as Seasonal Nomadism, or Transhumance, derived its name in Irish society, ‘booleying’, from the term *buaile*’.

Tá samplaí eile den ainmfhocal *buaile* i logainmneacha ar *logainm.ie*. Tá cúig bhaile fearainn déag darb ainm **An Bhuaile / Boola**, sna contaetha seo a leanas:

CC (1), Co (1), Ga (2), La (1), LG (3), Lm (1), PL (3), Sl (1) agus TÁ (2).

Is díol suntais é go bhfuil na samplaí sin taobh amuigh de Chúige Uladh.

### 13. Bracklin

*Breac-chluainte*

#### H 2466

‘speckled meadows’

1. Brecklonty	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Brackland	16 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
3. Bracklin	31 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
4. Brackland	27 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
5. Bracklin	377 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
6. Breaclain nó Breac cluain OD:AL		1834

Fuaimniú Áitiúil: /'brak'lən/

Is baile fearainn de 176 acra talún é Bracklin. Tá an abhainn Glendurragh ar an taobh theas den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Ní raibh an Donnabhánach lánchinnte sa chás seo. **Breac**lain nó **Breac** cluain an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘speckled lawn or meadow’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Molann Joyce (1869, 236) go ginearálta ‘Breac-chluain’, ach níl sé ag tagairt go sainiúil don áit seo.

Is léir gurb é an focal *breac* ‘speckled, spotted’ (eDIL *brecc*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cluain* ‘meadow’ (eDIL 1 *clúain*) nó an focal *lann* ‘land, ground, house, building’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

Tá plé ag Flanagan agus Flanagan (1994, 33) ar an bhfocal *breac* mar seo: ‘*breac* simply means ‘speckled’ and appears frequently in place-names... in compounds, preceding the noun it qualifies, it appears as the initial element in place-names, as in Brackloon, Co Mayo, *Breac*[c?]*hluain*, ‘Speckled field’.

D’fhéadfadh gurb é an focal *lann* is bun leis an dara cuid den ainm. De réir *logainm.ie*, m.sh. tá an baile fearainn **Breac**lainn / **Bracklin** i bparóiste Chill Uailleach i mbarúntacht Dhealbhna (IM) agus i bparóiste Dhún Iomáin i mbarúntacht Bhéal Átha Mó (RC). Tá nótaí mínithe ag dul leis an chéad logainm ar *logainm.ie*: ‘*breac*lainn speckled place, speckled pasture. Ní léir cé acu – *lann* nó – *cluain* atá san fhoirceann’.

Sa chás seo, de bharr an tseanlitrithe ‘Brecklonty’ sa liosta thuas, an féidir linn a rá gur léiriú é ar uimhir iolra a bheith sa Ghaeilge .i. ‘**Breac-chluainte**’ agus gurb é ‘speckled meadows’ is bun leis an ainm?

## 14. Cahore

H 2265

## Cath Óir (?)

‘golden battle’

1. Cahore	28 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
2. Kahore	33 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
3. Cahore	201 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
4. Cathair	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /'kahu:r/

Is baile fearainn de 152 acra talún é Cahore. Tá an abhainn Glendurragh ar an taobh theas den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cath Óir** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘golden battle’ an t-aistriú a mhol sé ach scríobh sé an nóta ‘*Cathair*, a stone fort?’ freisin (Ainmleabhar B153).

De réir *logainm.ie*, tá an logainm **Cahore** i bparóiste Dhomhnach Mór i mbarúntacht an Bhealaigh Chaoin Thuaidh (LG) ach gan a bheith deimhnithe. Scríobh Seán Ó Donnabháin ‘*Cathóir* ‘meaning uncertain, the name is possibly Danish’’ (OD:AL).

Tá an cur síos seo ag Joyce (1869, 284) ar úsáid an fhocail *cathair* i logainmneacha agus dar leis, is go fíorannamh a úsáidtear *cathair* mar logainm i gCúige Uladh:

*Cathair*. ... originally applied to a city ... has been, however, from a very early period perhaps from the beginning used to designate a circular stone fort.... In modern nomenclature the word usually takes one of the two forms, *caher* and *cahir*; and there are more than 300 townlands and towns whose names begin with one or the other of these two words, all in Munster and Connaught, except three or four in Leinster none in Ulster. Caher itself is the name of more than thirty townlands, in several of which the original structures are still standing.

Aontaíonn an léarscáil leis sin atá ag Flanagan agus Flanagan (1994, 46) a léiríonn dáileadh an fhocail *cathair* i logainmneacha agus a thaispeánann nach bhfuil aon sampla den fhocal *cathair* i gCúige Uladh.

Tá plé ag Toner agus Ó Mainnín (1992, 116) ar an logainm **Droim gCath / Drumgath**, leis an aistriú ‘ridge of battles’ a mhol siad i bparóiste Dhroim Ga i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Uachtair (Dn) ach iad gan a bheith lánchinnte. I gcás an

bhaile fearainn **Cahore** i bparóiste Bhaile na Scríne i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhloinn (Do), scríobh an Donnabhánach ‘Cath óir’ ach scrios sé amach an míniú sin (Ainmleabhar OSNB Pron 16).

Tá plé ag Toner (1996, 11) ar na fadhbanna a bhaineann leis an logainm Cahore freisin. Luann sé an logainm **Cloncagh / Cluain Cath**, agus an t-aistriú ‘meadow of (the) battles’ a mhol siad ach le comhartha ceiste, i bparóiste Chluain Cath i mbarúntacht Chonallaigh Uachtaracha (Lm). Ar *logainm.ie* tá an nóta mínithe seo: ‘B’fhéidir go bhfuil brí éigin eile seachas ‘battle’ le cath san ainm seo’.

Mar sin, ní léir cad í an mhír dheiridh i ndeireadh na dála agus tá an logainm seo thar a bheith éiginnte.

Féach an iontráil atá faoi **Cloncah Rock** ar lch. 117 ós í an fhadhb chéanna atá i gceist.

## 15. Camplagh

*Camchlaí*

**H 2072**

‘crooked ditch’

1. Camplach

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ˈkamlə/

Is baile fearainn de 162 acra talún é Camplagh. Tá cnoc 200 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Camplach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘a camp, an encampment’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Ag éisteacht leis an bhfuaimniú áitiúil, níl aon réalú le cloisteáil ar an ‘gh’ ag deireadh an fhocail.



Tá an cur síos seo ag Joyce (1875, 60) ar úsáid na hiarmhíre ‘*lagh*’ nó ‘*lach*’ agus an focal *campa* i logainmneacha:

*Camp*. The Irish *campa* is nothing more than the English word *camp*, with a vowel sound added on to the end..... Camplagh, near Kesh in Fermanagh, exhibits the word with the suffix *lach* ..., the name meaning the same as the original root - an encampment.

Ní dóigh liom go bhfuil an ceart ag Joyce, ó tharla gur focal réasúnta nua é *campa* agus nach dóigh liom go mbeadh sé ar fáil leis an seandeireadh ‘*-lach*’.

Mhol Ó Donnabháin **Camtha**, (‘**recte**’ **campa**’), an fhoirm Ghaeilge agus an t-aistriú ‘a camp’ i gcás **Camp** i bparóiste Ráth Teas (Ainmleabhar Ci 130), i mbarúntacht Thriúcha an Aicme (Ci).

Níl ‘Camlach’ < *cam-loch* ‘crooked lake’ feiliúnach mar níl loch ann. Cuirtear Camlach ‘crooked place’ < *cam* agus an deireadh ‘*-lach*’ a fheictear in Muclach, Eachlach, Ceatharlach srl. (ach gur gnách gur ainm ainmhí a bhíonn sa chéad chuid) as an áireamh.

Líonann cnoc 200 méadar ar airde an chuid is mó den bhaile fearainn agus níl aon phíosá cothrom talún faoin genoc seo. Mar sin, ní dóigh go bhfuil an focal *pla(e)* ‘a level piece of ground, a sward’ (eDIL) feiliúnach sa chás seo.

Seans maith gurb é an focal *cam* ‘crooked, bent, curved’ (eDIL *cam*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cla(i)dh* ‘(a) ditch, trench; also dyke, earthen rampart’ (eDIL *clad*) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Camchluain** / **Camcloon**, i bparóiste Ó Fairchealláin i mbarúntacht na Coille Uachtaraí, agus i bparóiste Chluain Caoin i mbarúntacht Phort Laoise Thiar (La), agus tá **Maolchlaí** / **Mealclye** i bparóiste Dhún Eochaille i mbarúntacht Choill na Manach Íochtarach (TÁ)

Mar sin, moltar **Camchlaí** (< Camchladh) mar fhoirm Ghaeilge don logainm seo.

## 16. Carrickcroghery

*Carraig Chrochaire*

H 2071

‘hangman’s rock’

1. Carraic Crochaire

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/karək 'krohi:/

Is baile fearainn de 177 acra talún é Carrigcroghery. Tá cnoc 190 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Carraic Chrochaire** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘the hangman’s rock’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1913, 174) leis sin.

Is léir gurb é an focal *carraig* ‘rock’ (eDIL *carraic*) atá sa chéad chuid den ainm agus an focal *crochadóir* nó *crochaire* ‘hangman’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid.

De réir *logainm.ie*, tá bailte fearainn eile leis an mír shuimiúil seo:

1. **Cnoc an Chrochaire / Knockcroghera**, i bparóiste Achadh Fhíonach i mbarúntacht Mhúscraí Thoir (Co)
2. **Carraig an Chrochaire / Carrickacroghery**, i bparóiste Dhroim Lias i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li),
3. **Gleann an Chrochaire / Glenacroghery**, i bparóiste Mhaigh Dhíle i mbarúntacht Choill na Talún (Co) agus
4. **Mullach an Chrochaire / Mullaghcroghery** i bparóiste Mhachaire Rois i mbarúntacht Fhearnaí (Mu).
5. I gcás **Chnoc an Chrochaire / Knockcrogher**, i bparóiste Bhaile Átha Luain Thuaidh i mbarúntacht Bhaile Átha Luain Thuaidh (RC), scríobh Seán Ó Donnabháin ‘there was a gallows on the hill’.

## 17. Carrickoughter

*Carraig Uachtair*

H 1667

‘upper rock’

1. Carraic Uachtrach

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/karək 'a:hər/

Is baile fearainn de 266 acra talún é Carrickoughter. Tá cnoc 120 méadar ar airde ann. (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Carraic Uachtrach** [sic] an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘upper rock’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1913, 177) leis sin mar scríobh sé **Carraig-uachtar**. Is díol suntais é nár athraíodh an focal *uachtar* go *water* san fhoirm Bhéarla den logainm mar a rinneadh i gcás **Boolawater**.

Is léir gurb é an focal *carraig* ‘rock’ (eDIL *carraic*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an tuis. gin. de *uachtar* ‘upper, uppermost; foremost’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

Mír an-choitianta sa logainmníocht is ea an focal *carraig*. De réir *logainm.ie*, tá an logainm **An Charraig** nó **Carraig** / **Carrick**, le fáil go coitianta sna contaetha go léir.

Tá iliomad samplaí eile den fhocal *uachtair* in ainmneacha bailte fearainn ar *logainm.ie*:

1. **Achadh Uachtair Thíre** / **Aghoutereery** i bparóiste Chill Bhríde i mbarúntacht Chlann Mhathúna (Ca)
2. **An Baile Uachtair** / **Uppertown** i bparóiste Dhún Luáin i mbarúntacht Bhaile an Talbóidigh Íochtarach (CM)
3. **An Chloch Bhreac Uachtair** / **Cloghbrack Upper** agus **An Choill Bheag Uachtair** / **Kilbeg Upper**, iad araon i bparóiste an Rois i mbarúntacht an Rois (Ga)
4. **An Chluain Uachtair** / **Cloonoughter** i bparóiste Chill Fhearghasa i mbarúntacht Sheanaid (Lm) agus
5. **Bá Uachtair** / **Boyoughter**, i bparóiste Leitir Mhic an Bhaird i mbarúntacht Bhaollach (DG).

## 18. Clonaweel

*Cluain an Mhaoil*

H 1266

‘meadow of the bare hill’

1. Clenawila	164 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Clunniweale	110 <i>Census</i>	1659
3. Clonaweel	36 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Cloonaweel	51 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
5. Clonaweel	255 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
6. Clonaweel	126 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
7. Cluain a Mhaoil	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /klɔnə 'wi:l/

Is baile fearainn de 220 acra talún é Clonaweel. Tá cnoc 100 méadar ar airde ann. Tá sruth gan ainm ann a théann isteach san abhainn Brannagh ar theorainn thiar an bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cluain a’ Mhaoil** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘lawn or meadow of the bald (man)’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152) ach tá aistriú eile ann, dar liom. Aontaíonn Joyce (1913, 211) leis an Donnabhánach.

Is léir gurb é an focal *cluain* ‘meadow’ (eDIL 1 *clúain*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *maol* ‘cropped head’ (eDIL 2 *mael*) atá sa dara cuid. Maidir leis an siolla láir sa logainm Clonaweel, b’fhéidir go dtagann sé ón nginideach *cluana*. Má tá sé sin fíor, tá ainmfhocal roimhe caillte gan leid ar bith. De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 56), ‘*Cluain* means ‘meadow’ or ‘pasture-land’ and is very common in place-names; it is usually anglicised as ‘clon’ or ‘cloon’.

Tugann Ó Cearbhaill (2010, 19) eolas breise dúinn mar a leanas:

Ó thaobh sanasaíochta de, .... Tá an focal gaolmhar *clun* le fáil i logainmneacha Breatnaise agus Cornaise: ‘meadow, moor, break, brushwood’ is ciall don fhocal sa Bhreatnais.

Úsáidtear an focal *maol* uaireanta le tagairt a dhéanamh do bhó atá gan adharca. De réir *logainm.ie*, i gcás **Aughaweely Upper** i bparóiste Bhaile an Teampaill i mbarúntacht

Chlann Mhathúna (Ca), mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Achadh Mhaoile**; i gcás **Mullaghnameely**, i bparóiste Fhíonach i mbarúntacht Li (Li) mhol sé **Mullach na Maoile** agus i gcás **Ardnamweely** i bparóiste Chill Airne i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn (Ci) mhol sé **Ard na Maoile**.

Luann Ó Mainnín (1993, 82) **Baile Mhaoile / Ballyweely** agus molann sé an t-aistriú ‘townland of the bare or round hill’ don logainm seo i bparóiste Chluain Daimh i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach (Dn) ach tá roinnt bheag amhrais ag baint leis an dara cuid den logainm.

D’fhéadfadh ceachtar den dá bhrí a bheith leis anseo, .i. ‘meadow of the bare hill’ nó ‘meadow of the hornless cow’. Agus cnoc ann, seans gurb é an bhrí ‘bare hill’ atá i gceist.

## 19. Cloncah Rock

*Cluain Catha*

**H 1766**

‘battle-meadow’

1. Clonekaha	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Clunkey	110 <i>Census</i>	1659
3. Cluain Catha	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /klɔn 'ka:/

Is baile fearainn beag de 41 acra talún é Cloncah Rock. Tá cnoc 90 méadar ar airde ann. Tá an abhainn Brannagh River ar theorainn thiar an bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cluain Catha** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘plain [sic] of the battle’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *cluain* ‘meadow’ (eDIL 1 *clúain*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cáith* ‘chaff, rubbish’ (eDIL s.v.) nó an focal *cath* ‘battle, fight’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

An bhféadfadh gurb é Cluain Cátha an fhoirm cheart den logainm seo agus an t-aistriú ‘meadow of the chaff’ ag dul leis? De réir *logainm.ie*, tá **Cnoc na Cáithe / Shelling Hill**, leis an aistriú ‘hill of the winnowing or shelling’ i bparóiste Chairlinn i mbarúntacht Dhún Dealgan Íochtarach (Lú). Tá **Loch na Cáithe / Chaffpool** mar ionad daonra agus mar bhaile fearainn i bparóiste Achadh Conaire i mbarúntacht Luíne (Sl) freisin.

Tá bailte fearainn agus an t-aistriú céanna ‘meadow of battle’ acu ar *logainm.ie* mar seo a leanas:

1. **Cluain Catha / Clonca**, i bparóiste Chluain Catha i mbarúntacht Inis Eoghain Thoir (DG) agus i bparóiste Mheathas Troim i mbarúntacht Ardach (Lo)
2. **Cluain Catha / Cloncaw** i bparóiste Dhomhnaigh i mbarúntacht an Triúcha (Mu)
3. **Cluain Catha / Cloonca** i bparóiste Chill Mac Taidhg i mbarúntacht Luíne (Sl) agus
4. **Cluain Catha / Battlefield** i bparóiste Thuaim Fhobhair i mbarúntacht an Chorainn (Sl).

De réir Ainmean-Áite na h-Alba ([www.gaelicplacenames.org](http://www.gaelicplacenames.org)), ciallaíonn **Gleann Comhann / Glencoe** leis an aistriú ‘glen of the river Comhann’ ach níl an míniú feiliúnach don logainm atá idir lámha againn. Tá féidearthacht láidir ann go raibh brí eile seachas ‘battle’ i gcásanna logainmneacha áirithe. Féach ar *logainm.ie*: **Glinn Chatha / Glencoh**, ‘glen of the cuckoo’ i bparóiste Chill Chuimín i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga).

Féach an iontráil atá faoi **Cahore** ar lch. 111 ós í an fhadhb chéanna atá i gceist.

## 20. Clonee

*Cluain Í*

**H 2366**

‘meadow of the yew tree’

- |                 |  |      |
|-----------------|--|------|
| 1. Clony        | Hill, G (1877, 277)                    | 1610 |
| 2. Clonee       | 61 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i> | 1801 |
| 3. Cluain Aodha | OD:AL                                  | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /klɔn'i:/

Is baile fearainn de 223 acra talún é Clonee. Tá an abhainn Glendurragh ar an taobh theas den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cluain Aodha** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Hugh’s lawn or meadow’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *cluain* ‘meadow’ (eDIL 1 *clúain*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta nó an focal ‘*Í*’ (tuis.gin. de *eo* ‘yew tree’ (eDIL 3 *eó*) nó aidiacht) atá sa dara cuid.

Tá plé ag Joyce (1869, 129) ar áitainm eile leis an bhfocal *Í* mar seo:

At another ford there was a second battle, in which a Munster chief, Ae, ..., was slain; and from him the place was called *Ath-I* (wars of GG.), the ford of Ae, now correctly anglicised Athy.

De réir *logainm.ie*, tá **Cluain Aodha / Clonee**, ‘the pasture of Aodh’ i bparóiste Chill Eo i mbarúntacht Lo (Lo) agus i bparóiste Dhún Búinne i mbarúntacht Dhún Búinne (Mí). Lena chois sin, tá **Cluain Aodha (Íochtarach, Uachtarach agus Meánach) / Clonee**, i bparóiste Chluain Aodha i mbarúntacht na nDéise lasmuigh den Drom (PL).

De réir *logainm.ie*, mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Cluain Í** agus an t-aistriú ‘low land or meadow’ don logainm **Clonee** i bparóiste Bhaile Átha Troim i mbarúntacht Mhaigh Fionnráithe Íochtarach (Mí).

Ag breathnú ar an léarscáil, tá droim (110 méadar ar airde) taobh istigh den bhaile

fearainn atá idir lámha againn. Mar thoradh air sin, ní dóigh liom go bhfuil an aidiacht *Í* feiliúnach mar mhír den logainm seo.

Ar an taobh eile de, de réir *logainm.ie* freisin, tá **Cluain Í / Clonee**, ‘the pasture of the yew’ i bparóiste Chorca Mhuichead i mbarúntacht Chonallaigh Uachtaracha (Lm) agus an nota mínithe ‘*Í* -- foirm ghinideach de *Eo*’. Mar sin, d’fhéadfadh gur **Cluain Í** is bun leis an logainm. Mar thacaíocht don tuairim sin, tá an baile fearainn atá á phlé againn béal dorais leis an mbaile fearainn darb ainm **Eochaill / Oghill**.

## 21. Clonelly

### *Cluain Oilí*

**H 1466**

‘meadow of the boulder’

1. Clumilly	110 <i>Census</i>	1659
2. Clunelly	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
3. Clonelly	2 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Clonnelly	4 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
5. Clonnelly	64, 67 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
6. Clonelly	516 <i>Lewis</i>	1837
7. Cluain Eillidhe	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /klɒn 'eli:/

Tá achar iomlán de 251 acra talún ann. Tá sruthán gan ainm ar theorainn thoir an bhaile fearainn. Téann sé isteach san abhainn Garvary (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cluain Eillidhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Elly’s lawn or meadow’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is aisteach an chéad litriú Clumilly sa liosta thuas, is dóchúla go bhfuil mionearráid scríobhaí ann. Is léir gurb é an focal *cluain* ‘meadow’ (eDIL 1 *clúain*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta atá sa dara cuid.



D'fhéadfadh gurb é an t-ainm pearsanta Amhlaidh atá mar dhara mír den logainm seo cosúil leis an mbarúntacht **Clann Amhlaidh / Clanawley** (FM). Más fíor é sin go dtagann an t-ainm Amhlaidh i gceist mar bhun leis an ainm ba chóir go mbeadh an fuaimniú áitiúil cosúil le /klɔn 'a:li:/.

De réir *logainm.ie*, tá **Oilche / Ellaha** i bparóiste Bhaile Riobaird i mbarúntacht Sheanaid (Lm) agus an nóta mínithe seo: ‘rocks. Foirm iolra de oileach (< aileach) atá anseo’. Lena chois sin, tá **Oiligh / Elly** i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Iorrais (ME) agus tá an ceann tíre **Aird Oilí / Ardely Point** sa bhaile fearainn chéanna agus an t-aistriú ‘height or hill of the stone fort’. Luann Éamonn Mhac an Fhailigh (1972, 90) an áit seo agus an fuaimniú /el'i:/ aige. Tugann sé breis eolais dúinn faoin áitainm mar seo a leanas:

O'Donovan (OSL, p.131) adduces evidence in support of *Oileach* stonehouse', but notes that eclipsing *n-* is palatials, thus **ə N'el'i:** ‘in Elly’.

De réir eDIL, ciallaíonn *ail* ‘(a) boulder, rock, (b) grave-stone (cf. 3 *oil*), (c) monument, memorial’ agus 3 *oil* also *oile* ‘rock, a large stone or pillar stone (fixed) in the ground’ (eDIL s.v.).

Luann (Ó Duinnín (1927) s.v.) an focal *oileach*, *-ligh*, ‘m., a rock, Ellagh in several place-names esp. *O[ileach] Na Ríogh*, an early Ulster capital, *Grianán Oiligh* (Greenan Elly), *O. Mór*, *O Néid*, *O.Frighseann*, id.; *Aodh Ailigh*, Aodh of Aileach; al. f., al. Aileach’. Féach Ó Dónaill, FGB freisin, an focal *aileach* 1, ‘m. (gs. *-ligh*). rocky place, rock’ agus an focal *ail*, f. (gs. *~each*, pl. *~eacha*). ‘stone, rock’. Sa chás seo ní raibh mé in ann aon charraig eisceachtúil ná cabhlacha a aimsiú.

De réir *logainm.ie*, mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Druim Eilídhe** agus an t-aistriú ‘Elly’s ridge’ don logainm Drumelly i bparóiste Chonga i mbarúntacht Chill Mheáin (ME).

Luann Ó Cearbhaill (2010, 106), an baile fearainn **Cluain Éilí / Clonely**, agus an t-aistriú ‘Healy’s nó Éile’s meadow’ i bparóiste an Chlochair i mbarúntacht Choill na Manach Íochtarach (TÁ).

## 22. Coolaghty

## *Cual Leacht Aodha*

**H 2567**

‘heap of Hugh’s monument’

1. Colatagh	163 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Colaghty	110 <i>Census</i>	1659
3. Colaghty	13 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1759
4. Colaghty	20 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
5. Cual Leacht Aodha	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ku:lə'ti:/

Is baile fearainn de 226 acra talún é Coolaghty. Tá an abhainn Glendurragh ar an taobh theas agus ar an taobh thoir den bhaile fearainn seo. Tá cnoc 150 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cual Leacht Aodha** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘heap of Hugh’s monument’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *cúil* ‘corner, recess’ (eDIL s.v.) nó an focal *cual* ‘bundle, pile, heap’ (eDIL *cúal*) atá sa chéad chuid den ainm, gurb é an focal *leacht* ‘grave, tomb, monument’ (eDIL *lecht* (a)) atá sa dara cuid agus b’fhéidir gur ainm pearsanta atá sa tríú cuid.

Tá plé ag Joyce (1913, 196) ar áitainm eile leis an bhfocal *cual* mar seo:

Cashelnagole in Roscommon; *Caiseal-na-gcual*, the stone fort of the *cuals* or faggots (for firing).

De réir *logainm.ie*, níl an logainm Cashelnagole i bparóiste Chill Churcaí i mbarúntacht an Chaisleáin Riabhaigh (RC) deimhnithe, áfach.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 530) ar úsáid an fhocail *cúil* i logainmneacha:

*Cúil* [cooil] *secessus* (Colgan) a corner or angle; it is very extensively used in forming local names, generally in the forms of *cool* and *cole*, but it is often difficult to tell whether these syllables, especially the first, represent *cúil*, a corner, or *cúl* [cool], a back.

Tá an tuairim chéanna ag McKay (2004, 47-50) ach measann sé go bhfuil an focal *cúil* níos coitianta ná *cúl* i logainmneacha. Tugann McKay samplaí den fhocal *cúil* i logainmneacha i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM) mar seo a leanas: **Cúil Airin / Coolaran, Cúil Bheag / Coolbeg, Cúil Leathan / Coollane**, agus **Cúil Traonach / Cooltrane**.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 107):

*Leacht* means ‘grave’ and is quite common in place-names, often referring to wedge tombs, though it can also refer to other sorts of megalith. It appears without qualification in Laght, Co.Cork, where there is a pillar-stone which may serve as a grave-marker.... Lachtarn, Co.Tipperary, where there are remains of a burial cairn, is a curious term combining two words, *leacht* and *carn*, which are used for burial monuments. In Laghtneill, Co.Cork, *Leacht Néill*, are the remains of a wedge grave of the earlier Bronze Age which has been appropriated as the resting place of a much later heroic figure, hence the name ‘Niall’s grave’; a similar fate seems to have befallen another wedge grave in Co.Derry where *leacht* appears in its other anglicised form of ‘slaght’ in Slaghtneill. Such appropriations are quite common.’

De réir *logainm.ie*, tá **Leacht Aodha / Laghtea** i bparóiste Bhaile an Chaisleáin i mbarúntacht Uaithne, Ara (TÁ).

Tá samplaí eile den ainmfhocal *Aodha* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Ard Aodha / Ardea**, i bparóiste Bhaile Uí Mhoinigh i mbarúntacht Chairbreach Thoir (an Roinn Thoir) (Co) agus i bparóiste Thuath Ó Siosta i mbarúntacht Ghleann na Ruachtaí (Ci)
2. **Ard Aodha / Ardue**, i bparóiste Dhroim Leathan i mbarúntacht Lucht Tí Íochtarach (Ca)
3. **Achadh Mhic Aodha / Aghnacue**, i bparóiste Achadh Bog i mbarúntacht Dhartraí (Mu)
4. **Baile Aodha / Ballyea**, i bparóiste Dhura i mbarúntacht Urumhain Íochtarach (TÁ)
5. **Baile Aodha / Ballea**, i bparóiste Lios Cléirigh i mbarúntacht Chiarraí Cuirche (Co) agus
6. **Baile Aodha / Ballee**, i bparóiste Con-doire i mbarúntacht Aontroim Íochtarach (Ao).

### 23. Cordwood

H 1264

### An Chorr Ard

'high round hill'

1. Corread	468 <i>James Patent Roll</i>	1620
2. Corrard	3 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Cordwood	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /cɔrd wɔd/

Tá an baile fearainn seo suite ar Inis Badhbha agus achar iomlán de 119 acra talún ann. Tá cnoc 50 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Is léir gur athraigh an logainm seo ó Corr Ard go Corread agus go Cordwood idir na blianta 1620 agus 1834. D'fhéadfadh nach bhfuil san ainm **Cordwood** ach iarracht cruth an Bhéarla a chur ar an logainm. Toisc go bhfuil cnoc ann, is léir gurb iad na focail *corr* 'peaked, pointed, jutting out or up' (eDIL s.v.) agus *ard* 'high above ground, elevated' nó 'high place, height' (eDIL s.v.) atá san ainm.

Mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Corr Ard Draoighin**; 'round hill of the high blackthorn' an t-aistriú a mhol sé don logainm **Corrardreen** i bparóiste Chill Náile i mbarúntacht Chlann Amhlaoibh (FM) (Ainmleabhar B97) agus mhol sé **Corr Ardachaidh** agus an t-aistriú 'round hill of the high field' don logainm **Corrardaghy** i bparóiste Chluain Eois i mbarúntacht Chlann Cheallaigh (FM) (Ainmleabhar B133).

De réir *logainm.ie*, tá **An Chorr Ard / Corrard** i bparóiste Chill Laighneach i mbarúntacht Theallach Eathach (Ca) gan a bheith deimhnithe ach leis an nóta mínithe seo: 'the high round hill'.

Tá plé ag McKay (2004, 61) ar an logainm **An Chorr Ard / Corrard**, i bparóiste Chlaoninse i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM) freisin.

## 24. Corlaght East

*Corr Leacht*

**H 2369**

‘round hill of (the) monument’

1. Corr-leacht

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ˈkurlet e:st/

Tá an baile fearainn seo suite ar an teorainn le TE agus achar iomlán de 355 acra talún ann. Tá cnoc 230 méadar ar airde ann. Níl ach naoi gciliméadar idir **Corlaght East** agus **Corlaght West** (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Corr-leacht** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘round hill of the monument’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1913, 256) leis an míniú ‘**Corlaght** in Fermanagh; hill of the *laght* or burial mound’.

Is léir gurb é an focal *corr* ‘peaked, pointed, jutting out or up’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *leacht* ‘grave, tomb, monument’ (eDIL *lecht* (a)) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá cúig bhaile fearainn eile darb ainm **Corr Leacht** / **Corlat**, agus ceithre bhaile fearainn araon sa chontae chéanna Mu mar seo a leanas:

1. i bparóiste Achadh na Muileann i mbarúntacht Chríoch Mhúrn agus
2. i bparóiste Chill Laobháin i mbarúntacht Dhartraí.
3. i bparóiste Thigh Damhnata agus i bparóiste Mu, agus iad araon i mbarúntacht Mu

Níl ach eiseamláir amháin eile den logainm seo taobh amuigh de Mu, sin é **Corr Leacht** i bparóiste Bhaile an Mhaoir i mbarúntacht na bhFeá Uachtarach (AM).

Tá sampla amháin den fhocal *corr* le *leachtán* (an fhoirm dhíspeagtha den fhocal *leacht*) i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Corr Leachtán** / **Corlattán**, i bparóiste Mu i mbarúntacht Mu (Mu).

Is díol suntais é a fheiceáil go bhfuil na bailte fearainn a luadh cóngarach dá chéile i gCúige Uladh agus an chuid is mó díobh i Mu.

## 25. Corlaght West

*Corr Leacht*

**H 1467**

‘round hill of (the) monument’

- |                |                                     |      |
|----------------|-------------------------------------|------|
| 1. Corlaght    | 39 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i> | 1767 |
| 2. Corlaght    | 1 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i> | 1796 |
| 3. Corr-leacht | OD:AL                               | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /'kurlet west/

Tá an baile fearainn seo ar an teorainn le DG agus achar iomlán de 79 acra talún ann. Tá cnoc 130 méadar ar airde ann. Níl ach naoi gciliméadar idir **Corlaght West** agus **Corlaght East** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Féach ar an iontráil don logainm **Corlaght East** ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

## 26. Corlave

*Corr Leamh*

**H 1669**

‘round hill of the elms’

- |                |   |      |
|----------------|---|------|
| 1. Corlave     | 14 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>     | 1767 |
| 2. Corlave     | 7 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>        | 1788 |
| 3. Corlave     | 21 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>  | 1796 |
| 4. Corlave     | 145 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i> | 1801 |
| 5. Corr Láimhe | OD:AL                                   | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /kor'la:v/

Is baile fearainn de 603 acra talún é Corlave Tá cnoc 150 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

Mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Corr Láimhe** agus ‘round hill of the hand’ mar aistriú (Ainmleabhar B154).

Ní dóigh gurb é an focal *sliabh* is bun leis an ainm, mar sa chás seo a luann Joyce (1913, 496): ‘**Magheralave** in Antrim, *Machaire shléibhe*, plain of (or near) a mountain’. Tá an sliabhraon **Corrshliabh / Curlew Mountains** idir Sl agus RC, ach is ar an gcéad siolla atá an bhéim.

Is léir gurb é an focal *corr* ‘peaked, pointed, jutting out or up’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *leamh* ‘elm-tree’ (eDIL 2 *lem*) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Leamhaigh / Lavey**, i bparóiste Leamhaí i mbarúntacht Lucht Tí Uachtarach (Ca) agus **Drom Leamh / Drumlave**, i bparóiste Chill Cháscann i mbarúntacht Bhéarra (Co).

Is díol suime i gcás **Leamhaigh an Ghiolla Dhuibh / Lavagilduff**, i bparóiste Mhachaire Cluana i mbarúntacht Fhearnaí (Mu) gur mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **lámh a[n] ghiolla dhuibh** (litriú beag) agus an t-aistriú ‘hand of Gilduff’ don logainm ar an chéad dul síos in ionad *Leamh* nó *Leamhaigh*.

Féach an iontráil atá faoi **Lowerybane** ar lch. 51 áit a bpléitear an focal *leamh*.

## 27. Crillan

## *Croithleán*

### H 1966

### ‘quagmire’

1. Crolane	110 <i>Census</i>	1659
2. Crulin	46 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Crillen	157 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Crithleán	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /krilən/

Tá achar iomlán de 151 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 29)).

**Crithleán** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘shaking bog’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1875, 391) leis sin.

Is léir gurb é an focal *croithleán* ‘trembling, shaking, unsteady’ (cf. eDIL *crithánach*) atá san ainm.

De réir *logainm.ie* (gan Ainmleabhar a lua), in 1835 mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Loch Croithleáin** don logainm **Loughcrillan** i bparóiste Inis Caoil i mbarúntacht Bháineach (DG).

De réir *logainm.ie*, tá **Croithlí / Crollý**, leis an aistriú ‘shaking bog’ i bparóiste Thulacha Beigile i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG) agus **Crithligh / Crilly**, i bparóiste Achaidh Lugha i mbarúntacht Dhún Geanainn Íochtarach (TE).

## 28. Crimlin

*Cromghlinn*

### H 2367

‘curved glen’

1. Cromeline	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Crumlin	110 <i>Census</i>	1659
3. Crumlin	464 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1801
4. Croimghlenn	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /krimlin/

Tá achar iomlán de 121 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Croimghlenn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin leis an aistriú ‘crooked glen or valley’ agus an nóta mínithe ‘same as Crimlin in other places’ (Ainmleabhar B153).



Tá an cur síos seo ag Joyce (1869, 430) ar úsáid na bhfocal ‘*crom*’ agus ‘*gleann*’ i logainmneacha:

Crumlin is the name of a village near Dublin... *Cruimghlinn* [meaning] curved glen.. There are also eighteen townlands of this name in different counties ... besides Crimlin in Fermanagh.

Deir Flanagan agus Flanagan (1994, 92) faoin bhfocal *gleann*, 'The most usual anglicisations [of *gleann*] are 'glen' and 'glan' but 'glin' and 'glyn' also occur'.

Is léir gurb é an focal *crom* ‘bent’ (eDIL *cromm*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *gleann* ‘valley, a hollow’ (eDIL *glenn*) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá an t-áitainm **Cromghlinn / Crumlin** nó **Crimlin**, le fáil go forleathan i leath thuaidh na hÉireann mar seo a leanas:

1. i bparóiste Chromghlinne i mbarúntacht na Croise Uachtaraí (BÁC)
2. i bparóiste Inbhir, i bparóiste Inis Caoil agus iad araon i mbarúntacht Bháineach (DG)
3. i bparóiste Mhainistir Chnoc Muaidhe i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga)
4. i bparóiste Dhún Dealgan i mbarúntacht Dhún Dealgan Uachtarach (Lú)
5. i bparóiste Thurlaigh i mbarúntacht Cheara agus i bparóiste Chill Mhiáin i mbarúntacht Chlann Mhuiris (ME)
6. i bparóiste Mhachaire Cluana i mbarúntacht Fhearnaí, i bparóiste Thigh Thaláin i mbarúntacht Mu, i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Mu (Mu) agus
7. mar bhaile i mbarúntacht Mhása Ríona Uachtarach (Ao).

I gcás an logainm **An Gleann / Glin** i bparóiste Chill Fhearghasa i mbarúntacht Sheanaid (Lm), tugann *logainm.ie* an nóta mínithe seo: ‘Sean-logthuiseal atá san fhoirm **glinn** in *Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis* (1840)’.

**29. Crockateggal***Cnoc an tSeagail***H 1667**

‘hill of the rye’

1. Crockatiggal	9 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Knockatigeal	17 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Croc a tSeagail	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /krəkə 'tigəl/

Is baile fearainn de 38 acra talún é Crockateggal. Tá ardchlár 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Croc a tSeagail** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘rye-hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1913, 442) leis sin.

Is léir gurb é an focal *cnoc* ‘hill’ (eDIL *cnoc* (b)) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *seagal* ‘rye’ (eDIL *secal*) atá sa tríú cuid.

Mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Cnoc a tSeagail** don logainm **Knockateggal** i bparóiste Thuaim Dreacann i mbarúntacht Chnoc Ninnidh (FM) (Ainmleabhar B116).

Tá samplaí den fhocal *seagal* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Achadh an tSeagail / Aghateggal**, i bparóiste Mhuintir Chonnacht i mbarúntacht Chaisleán Raithin (Ca)
2. **Ard an tSeagail / Ardataggle**, i bparóiste Dhroichead Uí Bhriain i mbarúntacht na Tulaí Íochtraí (CI)
3. **Baile Gaill an tSeagail / Ballyguileataggle**, i bparóiste Bhaile an Gharraí i mbarúntacht Chonallaigh Uachtaracha (Lm) agus
4. **Ceapaigh an tSeagail / Cappataggle**, i bparóiste Chill Alachtáin i mbarúntacht Chill Chonaill (Ga).

### 30. Cruninish Island

H 1162

*Cruinninis*

‘round island’

1. Crone-Inish	Hill, G (1877, 278)	1610
2. Ishnascrun	26 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Crininish	27 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
4. Cron-inis	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /'kruni'nəʃ aɪlənd/

Tá achar iomlán de 40 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cron-inis** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘brown island’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Níor chuir sé aon séimhiú ar an bhfocal ‘*cron*’.

Tá dhá fhoirm Ghaeilge den logainm bunaithe ar an bhfianaise thuas, dar ndóigh. Sin iad Ishnascrun agus Crone-Inish.

I bhfiainaise foirme (2) thuas, ‘Ishnascrun’, d’fhéadfadh gur Inis na gCrann nó Crann-inis, ‘tree island’ is bun leis an áitainm seo.

Tá sampla den fhocal seo *crann* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Ceapach na gCrann / Cappanagraun** i bparóiste Achadh Fhíonach i mbarúntacht Mhúscraí Thoir (Co),
2. **Gort na gCrann / Gortnagrann** i bparóiste Eaglais Chlocháin i mbarúntacht Urumhain Íochtarach (TÁ) agus
3. **Tigh na gCrann / Tinnagroun**, i bparóiste Lios Mór agus Maigh Cholpa i mbarúntacht Chois Abha Móire, Chois Bhríde (PL).

Mar chomparáid, luann McKay (2004, 62) an baile fearainn **Táite an Chrainn / Cran**, leis an aistriú ‘tate of the tree’ i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM).

Ach ag fágáil na foirme (2) ‘Ishnascrun’ as an áireamh, is léir gurb é an focal *crón* ‘name of a colour, brown, reddish-brown,’ (eDIL s.v.) nó an focal *cruinn* ‘round,

globular, circular: compact’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *inis* ‘an island’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

Tá sampla den fhocal seo *crón* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Crónchoill / Cronekill**, i bparóiste Bhaile Locha Caoin i mbarúntacht Urumhain Íochtarach (TÁ).

Tá samplaí den fhocal *cruinn* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Cruinnis / Crinnish**, i bparóiste Chill Chomáin i mbarúntacht Iorrais (ME) agus

**Cruinninis / Crininish** i bparóiste Chill Chríost i mbarúntacht Chluain idir Dhá Lá (CI).

Tá cnoc 60 méadar ar airde ann agus d'fhéadfadh gur **Cruinninis** ‘round island’ is bun leis an logainm seo.

### 31. Cruntully

*Cruinntulaigh*

**H 2169**

‘round hill’

1. Cruntallaídhe

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ˈkrun ˈtuli:/

Tá an baile fearainn seo gar don teorainn le TE agus achar iomlán de 151 acra talún ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Cruntallaídhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘brown lands’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1913, 279) leis an míniú seo: ‘**Cruntully** in Fermanagh; *Cron-talmhaidhe*, brown lands’.

Is léir gurb é an focal *cruinn* ‘round, globular, circular: compact’ (eDIL s.v.) nó b’fhéidir, an focal *crón* ‘name of a colour, brown, reddish-brown’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Sean-logthuiséal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Tá samplaí den fhocal *crón* / *cran* i logainmneacha liostaithe faoin iontráil a bhaineann le **Cruninish Island** ar lch.131.

Tá samplaí den fhocal *tulaigh* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Ardtulaigh (Bheag, Mór) / Ardtully (Beg, More)**, i bparóiste Chairlinn i mbarúntacht Dhún Dealgan Íochtarach (Lú),
2. **An tSeantulaigh Theas, Thuaidh / Shantullig South, North**, i bparóiste na Scoile i mbarúntacht Chairbreach Thiar (an Roinn Thiar) (Co) agus
3. **Fionntulaigh / Fintully**, i bparóiste Chluain Tiobrad i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

Ní dóigh liom go bhfuil an ceart ag an Donnabhánach mar tá cnoc 200 méadar ar airde ann. Tá na comhrianta ar an léarscáil mar chiorcal comhlárnach agus, mar sin, d’fhéadfadh gur **Cruinntulaigh** is bun leis an logainm seo. Lena chois sin, tá **Crintully** scríofa mar sheoladh ar dhá leac uaighe a chonaic mé i reilig na cille i **dTiobraid**.

## 32. Curraghmore

**H 1265**

*Curragh Mór*

‘great marsh’

1. Corraghmore	5	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
2. Curraghmore	63	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Corraghmore	96	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Carraghmore	64	<i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
5. Curraghmore	65	<i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
6. Curragh Mór	OD:AL		1834

Fuaimniú Áitiúil: /kurə 'mo:r/

Tá an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne agus achar iomlán de 344 acra de thalamh ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Curragh Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great moor’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1869, 463) leis sin.

Is léir gurb é an focal *corrach* ‘marsh’ (eDIL *cuirrech*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór (már)*) atá sa dara cuid.

Tá plé ag Flanagan agus Flanagan (1994, 61) ar an bhfocal *currach* i logainmneacha mar seo:

*Corrach / Currach* is one of the many Irish words for a ‘swamp’ or ‘morass’ ..... Curraghmore, Co Waterford, [is] *Currach Mór*, ‘Big marsh’ .... It also means simply ‘low-lying plain’, without any presumption of its being waterlogged.

Ar *logainm.ie* tá an logainm **An Currach Mór / Curraghmore**, le fáil i CC (3), Co (3), Ga (5), La (1), ME (2), PL (1), TÁ (4) agus UF (2).

Is áit fhliuch an áit seo de réir Joe O’Loughlin, staraí áitiúil. Céad agus fiche bliain ó shin bhí an leibhéal uisce i Loch Éirne ceithre troithe níos airde ná mar atá sé anois agus d’fhéadfadh go raibh an áit seo ina phortach cheart (Forbes agus Northbridge (2009, 68)).

### 33. Dernacapplekeagh

H 2166

*Doire na gCapall Caoch*

‘grove of the blind horses’

1. Doire na g-Capall Caoch OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil: /dɛrnə ka:pl 'ki:/

Tá achar iomlán de 65 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Doire na gCapall Caoch** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘oakwood of the blind horses’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1913, 289) leis sin.

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.), an focal *capall* ‘horse’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid den ainm agus gurb é an focal *caoch* ‘blind in one eye, dimsighted’ (eDIL *cáech* (a)) atá sa cheathrú cuid.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *capall* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **Allt na gCapall / Altnagapple** i bparóiste na gCealla Beaga Íochtaracha i mbarúntacht Bháineach (DG)
2. **Mullach an Chapail / Mullacapple**, i bparóiste Bhaile Mhuiris i mbarúntacht Bhaile Átha Fhirdhia (Lú) agus
3. **Poll an Chapail / Poulacapple**, i bparóiste an Eanaigh i mbarúntacht Choistealach (ME).

Tá samplaí eile den fhocal *caoch* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **An Garrán Caoch / Garranekeagh**, i bparóiste Eifinn i mbarúntacht Chois Máighe (Lm)
2. **An Muileann Caoch / Mullenkeagh**, i bparóiste Mhaigh Drithne i mbarúntacht Urumhain Íochtarach (TÁ)
3. **Tobar Caoch / Tobarkeagh**, i bparóiste Bhaile an Tobair i mbarúntacht an Chaisleáin Riabhaigh (RC)
4. **Tobar Caoch / Blindwell** i bparóiste Chill Chonla i mbarúntacht Dhún Mór (Ga).

### 34. Derry Beg

### *Doire Beag*

H 2165

‘small oak grove’

1. Doire Beag

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/d̪eɾiːˈb̪eːg/

Tá achar iomlán de 83 acra talún ann. Tá an abhainn Glendurragh ar an taobh theas den bhaile fearainn seo. Tá **Doire Beag** béal dorais le **Doire Mór** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Doire Beag** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Roboretum parvum, i.e. little oak-wood’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1869, 551) leis sin. Úsáideann Joyce (1869, 503) an focal Laidin sin ‘Roboretum’ freisin.

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *beag* ‘small’ (eDIL *bec*) atá sa dara cuid.

Is logainm coitianta é an logainm seo, mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

(An) **Doire Beag / Derry Beg** nó **Derrybeg**, i gCo Ca (1), Cl (1), DG (1), Ga (2), Lm (2), Mu (1), Sl (1), TÁ (1), UF (3) agus an uimhir iolra **Doirí Beaga / Derrybeg**, i bparóiste Mhachaire Chlochair i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG).

### 35. Derry More

### *Doire Mór*

H 2065

‘big oak grove’

1. Doire Mór

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/d̪eɾiːˈmoːr/

Tá achar iomlán de 143 acra talún ann. Tá **Doire Mór** béal dorais le **Doire Beag**. Cosúil le **Doire Beag**, tá an abhainn Glendurragh ar an taobh theas den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).



**Doire Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great oak-wood’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1913, 304) leis sin.

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór* (*már*)) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **(An) Doire Mór / Derry More** nó **Derrymore**, i Ca (1), Ci, Cl (3), Ga (4), TÁ (2), UF (2).

Tá eiseamláirí ar *placenamesni.org* ina bhfaightear séimhiú ar an aidiacht, áfach, cosúil le **Doire Mhór / Derryvore**, i bparóiste Chill Náile i mbarúntacht Chnoc Ninnidh agus i bparóiste Inis Ceithleann i mbarúntacht Thír Cheannada (FM) agus i bparóiste Shuí Gabha i mbarúntacht Ó Nialláin Thoir (AM), a léiríonn úsáid an logthuisil.

### 36. Derrybrick

#### *Doire Broic*

#### **H 1566**

‘oak grove of the badger’

- |                |   |      |
|----------------|---|------|
| 1. Derrybrick  | 134 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i> | 1801 |
| 2. Doire broic | OD:AL                                   | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /d̪ɛrɪ: 'brik/

Tá achar iomlán de 180 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Doire Broic** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘oak-wood of (the) badger’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1913, 293) leis sin.

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm.

D'fhéadfadh sé gurb í an aidiacht *breac* ‘speckled’ (eDIL *brecc*) atá againn anseo nó, de rogha air sin, gurb é an ginideach uatha den ainmfhocal *broc* ‘badger’ (eDIL *brocc*).

Ach, ar an taobh eile de, ní thagann *breac* leis an bhfuaimniú áitiúil ná leis na samplaí stairiúla.

De réir *logainm.ie*, tá an focal *broc* le fáil i logainmneacha mar seo a leanas:

1. **Achadh an Bhroic / Aghabrick**, i bparóiste Thigh Thaláin i mbarúntacht Mu (Mu)
2. **Cluain Broic / Clonbrick**, i bparóiste Chluain Lao i mbarúntacht na Tulaí Íochtaráí (TÁ)
3. **Doire Bhroic / Derrybrick**, i bparóiste Dhroim Leathan i mbarúntacht Lucht Tí Íochtarach (Ca) agus
4. i bparóiste Chill Mhuire i mbarúntacht Chluain idir Dhá Lá (Cl).

Tá an logainm le fáil agus an focal *broc* san uimhir iolra freisin ar *logainm.ie*:

**Doire Bhroc / Derrybrock**, i bparóiste Bhuiríos Umhaill i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME) agus i bparóiste Mhaigh Eanaigh i mbarúntacht an tSráidbhaile (La).

Féach an iontráil atá faoi **Drumbrick** ar lch. 148

### 37. Derrynashesk

*Doire na hEisce*

**H 1670**

‘oak grove of the sedge grass’

1. Derrynahesk [sic]	6 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
2. Dernasesk	39 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
3. Dernashesk	39 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
4. Dernaseske	100 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
5. Derrynashesk	67 Ordnance Survey Memoirs of Ireland	1834
6. Doire na Seisce	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dɛrɪː nə ˈhesɡ/

Tá achar iomlán de 110 acra talún ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Doire na Seisce** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘oakwood of the sedge’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Luann Joyce (1875, 340) an logainm seo agus baile fearainn eile i gCo. ME ach tá an dá logainm trína céile aige. ‘Derrynashesk in Mayo, and Derrynashesk in Fermanagh, the derry or oak-grove of the sedge-grass’. De réir *logainm.ie*, tá **Doire na Seascaí / Derrynashask**, leis an aistriú ‘oak wood of the sedge’ i bparóiste Bhéal Átha hÉin i mbarúntacht Cheara (ME).

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *seisc* ‘sedge, rushes; a sedgy or rushy place’ (eDIL s.v.) nó *easca* ‘wet, sedgy, bog’ (FGB s.v.) atá sa tríú cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Doire na hEasca / Derrynahesco** i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu).

De réir *placenamesni.org*, tá **Corr na Seisce / Cornashesk**, i bparóiste Leamhchoill Thiar i mbarúntacht na hÓmaí Thiar (TE).

Tá samplaí eile den fhocal *seisc* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Cillín na Seasca / Killeennashask**, i bparóiste Mhaigh Ghamhnach i mbarúntacht Thír Amhlaidh (ME)
2. **Lochán na Seiscadh / Loughaunnashascoo**, i mbaile fearainn Thóin re Gaoth Thoir i bparóiste Acla i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME) agus
3. **Sliabh na Seasca / Slievenashaska**, i bparóiste Chill Chrócháin i mbarúntacht Dhún Ciaráin Theas (Ci).

Is fiú a lua go dtagann an fuaimniú áitiúil leis an gcéad leagan ó 1788. Mar sin, Doire na hEisce < *easc* (= *easca*, ‘wet, sedgy, bog’ (FGB s.v.)).

**38. Derrynevee***Doire Naoimh***H 1867**

‘oakwood of the saint’

1. Derryneive	29	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
2. Derryneve	190	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Doire Naoimh	OD:AL		1834

Fuaimniú Áitiúil: /deri: ni:v/

Tá achar iomlán de 118 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Doire Naoimh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘oak wood of the saint’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

De réir Mhic Gabhann (1997, 99), tá **Port na nUamhadh / Portaneevey**, leis an aistriú ‘port of the caves’ i mbaile fearainn Cnoc Sochaí i bparóiste Bhaile an Tuaighe i mbarúntacht Chathraí (Ao). Ní bheadh an fuaimniú /ni:vi/ atá ag an dara cuid den logainm seo ag teacht leis an bhfuaimniú áitiúil /ni:v/, áfach.

Is léir gurb é an focal *doire* ‘an oakwood’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *naomh* ‘of persons holy; a saint’ (eDIL *naem/noib*) atá sa dara cuid.

Tá samplaí den fhocal *naomh* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Cill na Naomh / Kilnaneave**, i bparóiste Chill na Naomh i mbarúntacht Urumhain Uachtarach (TÁ)
2. **Cnoc na Naomh / Croaghneave**, i mbaile fearainn Bhaile an tSratha i bparóiste Theampall Cróine i mbarúntacht Bhaollach agus i mbaile fearainn Mhín Lárach i bparóiste Thulacha Beigile i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG) agus
3. **Tamhnaigh na Naomh / Tonaneeve**, i bparóiste Mhachaire Cluana i mbarúntacht Fhearnaí (Mu).

Is díol suntais é bheith le feiceáil ar an léarscáil go bhfuil **Doire Naoimh, Éadan Tí Cromáin** agus **Droim na gCailleach** béal dorais le chéile. B’fhéidir go raibh lárphointe éigin de chuid na sean-Chríostaíochta san áit seo.

### 39. Doochrock

*Dúchnoc*

**H 2369**

‘black hill’

1. Dubh-chnoc

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ˈdu: hrug/

Tá achar iomlán de 383 acra talún ann gus an baile fearainn seo ar an teorainn le TE. Tá cnoc 230 méadar ar airde ann (SO Léarscáileanna 12 agus 17, agus Duffy (1993, 28)).

**Dubh-chnoc** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘black hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb í an aidiacht *dubh* ‘black’ (eDIL *dub* (I)) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cnoc* ‘hill’ (eDIL *cnocc*) atá sa dara cuid. Sa Nua-Ghaeilge, luann FGB an réimír *dú-* mar seo: ‘(2, pref. (Form of dubh-)). black, dark, great, intense, evil, unknown’.

**Dubh-chnoc** an fhoirm Ghaeilge a mhol Sean Ó Donnabháin agus ‘black hill’ an t-aistriú don logainm **Doocrock** i bparóiste an Droma Mhóir i mbarúntacht na hÓmaí Thoir (TE) (OS Ainmleabhar). Luann *placenamesni.org* tuairisc inmheánaí ón bhliain 2003 a scríobh Pat McKay go Comhairle Ceantair na hÓmaí ina n-aontaíonn sé leis an Donnabhánach.

Tá plé ag Joyce (1913, 306) ar logainm atá gaolmhar leis seo: ‘**Doochrock** in Leitrim, and **Doocrock** in Tyrone; *Dubhchnoc*, black hill’. An bhféadfadh go mbaineann an chiall sin le Doocrock (FM) freisin? Ní raibh Doochrock (Li) le haimsiú ar *logainm.ie*, áfach.

Tá samplaí den réimír *dú-* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **An Dúcharraig / Newtowngore**, i bparóiste Lios Mór agus Charraig Álainn i mbarúntacht Charraig Álainn (Li)
2. **Dúcharn / Doocharn**, i bparóiste Mhucnú i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu) agus
3. **Dúchró / Crowdoo**, i bparóiste Chill Charthaigh i mbarúntacht Bháineach (DG).

#### 40. Dooraa North

*Dubhráth*

H 1865

‘black fort’

1. Doora	283 <i>James Patent Roll</i>	1615
2. Little Doora	23 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Little Dooragh	13 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
4. Dubh-ráth	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /'du: ra: nɔrt/

Is baile fearainn de 235 acra é Dooraa North. Tá dhá chnoc 100 méadar ar airde ann agus abhainn bheag gan ainm ar an taobh thuaidh. Tá **Dooraa South** ar an taobh theas de **Dooraa North** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Dubh-ráth** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘black fort’ an t-aistriú a mhol sé agus é ráite aige ná ‘I double the a [in Dooraa] to throw the accent on the latter syllable’ (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb í an aidiacht *dubh* ‘black’ (eDIL *dub* (I)) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *ráth* ‘an earthen rampart surrounding a chief’s residence, a fort’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

Luann Joyce (1913, 309), **Dubh-raithín / Doorraheen**, i bparóiste Bhaile an Chaisleáin i mbarúntacht Mhaigh Chaisil (IM) ach é gan a bheith deimhnithe. Tá plé ag Joyce (1913, 446) ar an logainm **Cnoc Dubh-raith** i bparóiste Chill Chuimín i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn (Ci) mar seo: ‘**Knockdoorah** in Kerry; hill of the black *rath* or fort: which stands on the very top of the hill’ ach é gan a bheith deimhnithe freisin.

Mar chomparáid, luann Joyce (1913, 139) logainm eile: ‘**Bendooragh** in Antrim; *Benn-dorcha*, dark peak’. Feictear an fhoirm Ghaeilge **Bun Dúraí** i nGasaitéar na hÉireann (2007, 52) agus í ag tagairt don áit seo atá luaite ag Joyce. Sa chás seo leis an dara mír den fhocal seo (*dorcha*) tá an fhuaim ‘c’ caillte sa leagan Béarla. Ní móide go bhfuil an focal *dorcha* ina aonar i gceist sa logainm atá á phlé againn.

De réir *logainm.ie*, tá **Dúráth / Dooraa**, i bparóiste Dhomhnach Maighean i mbarúntacht Fhearnaí agus i bparóiste Achadh na Muileann i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

#### 41. Dooraa South

*Dubhráth*

**H 1864**

‘black fort’

1. Doora	283 <i>James Patent Roll</i>	1615
2. Doora	61 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
3. Doorah	64 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
4. Dubh-ráth	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /'du: ra: səut/

Is baile fearainn de 178 acra é Dooraa South. Tá cnoc darb ainm Dooraa ann agus abhainn na Ceise ar an taobh theas den bhaile fearainn seo. Tá **Dooraa South** ar an taobh theas de **Dooraa North** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Féach ar an iontráil don logainm **Dooraa North** ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

#### 42. Dromore Big

*Droim Mór*

**H 1770**

‘big ridge’

1. Dromore	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Dromore	110 <i>Census</i>	1659
3. Dromore	139 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Dromore	130 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Druim Mór	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dr̥óm 'mo:r 'big/

Tá achar iomlán de 363 acra talún ann. Tá droim 180 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great ridge’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Níl aon easaontas le fáil ó Joyce (1869, 553).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór (már)*) atá sa dara cuid.

Tá **Dromore Big** taobh thuaidh de **Dromore Little**. Tá an dá bhaile fearainn ann agus an bunlogainm atá acu ná **Dromore**; aonad amháin a bhí ann tráth, de réir cosúlachta, agus roinneadh é idir na bailte fearainn Dromore Big agus Dromore Little, am éigin tar éis 1796 nuair a luaitear Little Drumore don chéad uair.

Toisc go bhfuil droim 180 méadar ar airde ag Dromore Big agus droim 160 méadar ar airde ag Dromore Little, d'fhéadfadh airde an limistéir a bheith cúis le na haidiachtaí *big* agus *little* nó d'fhéadfadh go bhfuil baint ag an achar talún (363 agus 268 acra) leis an gceist seo.

Deir Toner agus Ó Mainín (1992, 162) go bhfuil níos mó ná 50 baile fearainn ann leis an logainm **An Droim Mór**. Tá an logainm (**An**) **Droim Mór** / **Dromore**, le fáil i Dn (2), DG (2), Ga (1), Li (5), ME (1), Mu (6), Sl (3) agus TE (1) ar *logainm.ie*.



**43. Dromore Little***Droim Mór***H 1770**

‘big ridge’

1. Dromore	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Dromore	110 <i>Census</i>	1659
3. Dromore	139 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Dromore	130 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Little Drumore	469 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
6. Druim Mór	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'mo:r 'lɪtəl/

Is baile fearainn de 268 acra talún é Dromore Little. Tá **Dromore Little** ar an taobh theas de **Dromore Big**. Tá droim 160 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Féach ar an iontráil don logainm **Dromore Big** ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

**44. Drumbarán***Droim Bhearrthacháin***H 2167**

‘bare or shorn ridge’

1. Drumbarron	10 <i>PRONI PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
2. Drumbarhin	12 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
3. Druim Beártain	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'barin/

Tá achar iomlán de 226 acra talún ann. Tá droim 130 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Beártain** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘bare or shorn ridge’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1913, 316) leis sin.

De réir *logainm.ie*, tá **Barrán / Burrane**, leis an aistriú ‘a small top’ i bparóiste Chill Molúda i mbarúntacht Chairbreach Thoir (an Roinn Thoir) (Co) agus **Barrán / Barran** i bparóiste Chill Laighneach i mbarúntacht Theallach Eathach (Ca). Ar *logainm.ie* tá an nóta mínithe seo, ‘*barrán* — foirm dhíspeagtha de *barr*’.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *barrán* nó an focal *bearrthachán* ‘the [little] crop of hair’ (eDIL *berrthán*) atá sa tríú cuid. In eDIL tá focal eile ann; *berraide* (*berr*) ‘cut piece (of wood)’. An bhfuil tagairt anseo do choill a bhí ann fadó? An bhféadfadh gurb é an focal *biorán* ‘sharp-pointed stake’ (eDIL *berán, birán*) atá i gceist mar bhun leis an ainm?

An bhféadfadh go mbeadh an fhoirm Ghaeilge **Droim Bearán** ón bhfocal *berán* oiriúnach sa chás seo? Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1913, 129) ar úsáid an fhocail *bearán* i logainmneacha:

**Barranagh** in Mayo; the local form and interpretation by skilled *Irishians* are *Bearánach*, a place of pointed hills; *bior*, a spit; dim, *bearán*; *Bearánach*, full of *bearáns* or pointed hills: *ach*, the usual termination, same as English *ous*.

**Bearanach Thoir** ón bhfocal *Bearanach* an fhoirm Ghaeilge a mhol an Donnabhánach agus ‘pointed hills’ an t-aistriú don logainm **Barranagh East** (OD:AL, ME109). Tá **Barrán / Burrane** agus ‘rock’ an t-aistriú ar *logainm.ie* i bparóiste Chill Molúda i mbarúntacht Chairbreach Thoir (an Roinn Thoir) (Co).

Tá an focal *biorán* i logainmneacha ar *logainm.ie* freisin mar seo a leanas:

1. **Biorán / Birane Rock**, ainm do charraig i mbaile fearainn Inis Múscraí i bparóiste Mhaírois i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga) agus
2. **An Biorán Bán / Birraunbaun** i mbaile fearainn Thulachán Dubh i bparóiste Chill Chomáin i mbarúntacht Iorrais (ME).

Tá **Droim Bearach / Drumbaragh** ar *logainm.ie* leis an aistriú ‘shorn or bare ridge’ i bparóiste Achadh Bog i mbarúntacht Dhartraí (Mu) agus **Droim Bearach / Drumbaragh**, i bparóiste Dhomhnach Maighean i mbarúntacht Fhearnaí (Mu).

Is féidir comparáid a dhéanamh le baile fearainn eile nach bhfuil ach chúig chiliméadar i bhfad ón áit seo.

Féach an iontráil atá faoi **Movarran** i bparóiste Theampall Carna ar lch. 210.

#### 45. Drumboarty

*Droim Buaráí*

**H 2366**

‘ridge of the cattle’

1. Drumboory	47 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1751
2. Drumborty	12 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Drumborty	27 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
4. Druim bPortaidh	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'bo:rti:/

Tá achar iomlán de 151 acra talún ann. Tá droim 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim bPortaidh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin, ‘ridge of the banks [sic]’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Ní aontaíonn Joyce (1913, 317) leis sin, mar tá **Druim-buartaigh** leis an aistriú ‘[ridge] of the cattle-shed. *Buar*, cattle; *tigh*, house’ molta aige. Níl aon litir ‘t’ sa leagan is luaithe den ainm atá á phlé againn ach tá an chuma air gur dhruid an litir ‘t’ isteach sna leaganacha ó thréimhse níos moille ná 1751. De réir na fianaise ón bhliain 1751 sa liosta thuas, ní féidir Droim bPortaidh a chur glan as an áireamh, áfach.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainmfhocal éidearfa atá sa dara cuid. Seans maith go bhfuil an focal *buar* ‘Us. as coll. cows, cattle, herd(s)’ (eDIL *búar*) sa dara cuid. Féach ‘*buar*, g. *buair*, ‘collect. f., cattle, kine’ (Ó Duinnín (1927) s.v.).

De réir *logainm.ie*, tá **Droim Buaráí / Drumboory**, leis an aistriú ‘ridge of the cows’ i bparóiste Mhachaire Cluana i mbarúntacht Fhearnaí (Mu). Lena chois sin, tá **Drumboarty** i bparóiste Inbhir agus **Drumbarity** i bparóiste na gCealla Beaga Uachtaracha, agus iad araon i mbarúntacht Bháineach (DG) ach iad gan a bheith deimhnithe. I gcás an logainm **Drumboory** i bparóiste Chill Náile i mbarúntacht Theallach Eathach (Ca), mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Druim Buaraidhe** leis an aistriú ‘ridge of the cows’ an t-aistriú a mhol sé (OD:AL).

#### 46. Drumbrick

*Droim Broic*

**H 2267**

‘ridge of the badger’

1. Drurbrick	7 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Drumbrick	20 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
3. Druim a’ Bhruic	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'brik/

Tá achar iomlán de 180 acra talún ann. Tá droim 130 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Is aisteach an chéad litriú ‘Drurbrick’ sa liosta thuas, is dócha go bhfuil mionearráid scríobhaí ann.

**Druim a’ Bhruic** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the badger’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153), ach níl lorg an ailt le sonrú san ainm mar atá inniu.

Mhol Joyce (1913, 318) agus é ag tagairt don logainm Drumbrick in áiteanna éagsúla, an t-aistriú ‘*Druim-broic*, of the badger (*broc*): a badger den’.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *broc* ‘badger’ (eDIL *brocc*) atá sa dara cuid.

Féach an iontráil atá faoi **Derrybrick** ar lch. 137.

#### 47. Drumbristan

*Droim Mhig Cristían (?)*

#### H 2168

‘McGriskin’s ridge’

- |                        |   |      |
|------------------------|---|------|
| 1. Drumgrishkin        | 115 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i> | 1801 |
| 2. Druim Mag Ghristean | OD:AL                                   | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /dröm'brɪʃkən/

Tá achar iomlán de 179 acra talún ann. Tá droim 160 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Mag Ghristean** an fhoirm Ghaeilge a mhol Séan Ó Donnabháin; ‘ridge of the scorched grass’ an t-aistriú a mhol sé agus scríobh sé ‘The b is never heard in the native Irish pronunciation’ (Ainmleabhar B153). Is é /dröm'brɪʃkən/ an fuaimniú áitiúil in ionad /dröm'brɪʃdɛn/ sa chás seo.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur foirm den fhocal *briste* ó *bris(s)id* ‘breaks, smashes; destroys’ (eDIL s.v.) nó an focal *briscén* ‘wild tansey, etc.’ (eDIL s.v.) > *brioscán* > *briosclán* (Ó Duinnín (1927) s.v.) atá sa dara cuid.

Tá plé ag Toner agus Ó Mainnín (1992, 104) ar an logainm **Mónaidh Droma Bhrisc / Maddydrumbrist**, leis an aistriú ‘moor of the easily-broken ridge’ i bparóiste Dhomhnach Mór i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Uachtair (Dn) ach ní raibh siad cinnte faoi bhunús an fhocail *brisc*.

De réir *logainm.ie*, tá **Uamhain Bhriste / Owenbristy**, leis an aistriú ‘broken cave’ i bparóiste Ard Raithin i mbarúntacht Dhún Coillín (Ga). Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Druim Bristean** don logainm **Drumbriston** i bparóiste Aireagail i mbarúntacht an Triúcha (Mu) ach tá foirm eile deimhnithe ar *logainm.ie* .i. **Droim Dhristin**. Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Drum Breistean** nó **Bristigh**, don logainm **Drumbristan Glebe** i bparóiste Dhroim Thuama i mbarúntacht Thír Aodha (DG). Mhol Joyce (1913, 318) an fhoirm Ghaeilge **Druim-bristiann** [sic] freisin do thrí logainm **Drumbristan** (DG, FM agus Mu).

Sa chás seo, bheinn amhrasach faoin bhfuaimniú áitiúil agus ní féidir liom conclúid shoiléir a bhaint as an bhfianaise sa liosta thuas.

An bhféadfadh gurb é *briscén* > *brioscán* > *briosclán* agus ‘silverweed’ an t-aistriú (FGB s.v.) is bun leis an ainm? De réir *logainm.ie*, tá **Béal Átha na mBrioscán / Bellanabriscaun**, i bparóiste Chill Mheáin Bheag i mbarúntacht Chill Mheáin (ME), **Log Brioscán / Lugbriscan**, i bparóiste Chairlinn i mbarúntacht Dhún Dealgan Íochtarach (Lú) agus **Cathair Bhrioscáin / Caherbriskaun** i bparóiste Bhaile Átha an Rí i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga).

An bhféadfadh an logainm Droim Mhig Cristían / McGriskin’s Ridge, ó shloinne i Li a bheith i gceist? Luann MacLysaght (1991,138) sloinne mar seo: ‘Mac Griskin. A Co. Leitrim name for which rather dubiously Woulfe suggested Mac Cristín (son of Christian) as the form in Irish, which is conjectural’. De réir an daonáirimh in 1911, bhí beirt den sloinne seo ina gcónaí i sráidbhaile Dhoire Ó gConaíle (FM) ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá á phlé againn.

Ba cheart an logainm seo, **Drumbristan**, a chur i gcomparáid le **Drumnagreshial** ar lch. 170 – foirmeacha a luaitear leis an dá cheann acu an-ghar dá chéile. Luann an fhoinsé *PRONI D1096/92/1 Freeholders* i 1801, na logainmneacha Drumgrishkin agus Drumgristal ach sa deireadh thiar thall tá an dá logainm éiginnte.

Is deacair a bheith cinnte i dtaobh bunús na logainmneacha **Drumbristan** agus **Drumnagreshial** ón méid eolais atá ar fáil sa chásanna seo.

**48. Drumchorick***Droim Chomhraic***H 2067**

‘ridge of (the) fight’

1. Drumhorick	42 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Drumorick	46 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Drumhorick	103 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Drumcorrick	260 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Druim Chomhraic	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'hurək/

Is baile fearainn de 216 acra talún é Drumchorick. Tá droim 150 méadar ar airde ann. Tá abhainn gan ainm ar an taobh theas (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Chomhraic** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the conflict’ an t-aistriú a mhol sé tar éis dó comhairle a fháil ó fhear áitiúil Tom Quinn (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *comhrac* ‘meeting, encounter’ (eDIL 1 *comrac*) atá sa dara cuid.

Tá samplaí eile den ainmfhocal seo *comhrac* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Carraig an Chomhraic / Carrigahorig**, i bparóiste Thír Dhá Ghlas i mbarúntacht Urumhain Íochtarach (TÁ)
2. **Béal Átha Chomhraic / Bellacorick**, i bparóiste Chill Chomáin i mbarúntacht Iorrais (ME)
3. **Ráth an Chomhraic / Rathcorrig** (deimhnithe ach níl aistriú ann) i bparóiste Ghráinseach na hOlainne i mbarúntacht Ghabhráin (CC) agus
4. **Oileán an Chomhraic / Battle Island** i bparóiste Chill Fhiontanáin i mbarúntacht Bhun Raite Íochtarach (CI).

Tá an cur síos seo ag Joyce (1875, 404) ar úsáid an fhocail *comhrac* i logainmneacha:

A meeting of any kind would be designated by *comhrac*; and from this general

signification come two of its principal secondary meanings: first, the meeting of rivers or roads; and second, a combat .... But it is certain that far the greater number of such names are derived from river confluences.

Sa chás atá á phlé againn, níl aon chomhrac sruthán ar an léarscáil sa bhaile fearainn seo agus mar sin, b'fhéidir gurb é 'ridge of the fight' is brí leis. Ní mór dúinn glacadh leis gur sa logthuiseal atá sé toisc séimhiú a bheith ar an bhfocal *comhraic*.

#### 49. Drumcloona

#### *Droim Cluana*

#### H 1665

'ridge of the meadow'

1. Dromcloony	283 <i>James Patent Roll</i>	1615
2. Drumelona	27 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Druim Cluana	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'klonə/

Tá achar iomlán de 99 acra talún ann. Tá droim 80 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Cluana** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; 'ridge of the lawn or meadow' an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1913, 319) leis sin.

Is léir gurb é an focal *droim* 'ridge, usually of elevated ground; hill' (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cluain* 'meadow' (eDIL 1 *clúain*) atá sa dara cuid. Tá an dá inscne, fir. agus bain., ag *clúain* de réir eDIL. Is é atá i gceist leis an bhfoirm *chluana* ná go bhfuil malairt foirme den ghinideach ann.

De réir *logainm.ie*, tá samplaí eile den ainmfhocal seo *cluain* i logainmneacha:

1. **Cluaine / Cloona**, i bparóiste Chluaine i mbarúntacht Bhun Raite Uachtarach (Cl)



2. **Baile na Cluana / Ballynacloona**, i bparóiste Chill Mhuire i mbarúntacht Uíbh Eoghain, Uíbh Fhathaidh Thoir (TÁ)
3. **Cill Chluaine / Kilclonagh**, i bparóiste Chill Chluaine i mbarúntacht Éile Uí Fhógarta (TÁ)
4. **Gort na Cluana / Gortacloona**, i bparóiste Chnoc Áine i mbarúntacht na Déise Bige (Lm) agus
5. **Ráth Chluaine / Rathclooney**, i bparóiste Chluaine i mbarúntacht Bhun Raite Uachtarach (Cl).

## 50. Drumcrin

## *Droim Crainn*

### G 1367

‘ridge of the tree’

1. Drumcrun	213 <i>Hearth-Roll</i>	1665
2. Drumchrin	2 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Drumchrun	5 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Drumeccrin	214 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Drumcrin	641 <i>Shaw Mason</i>	1814
6. Druim Crainn	OD:AL	1834
7. Drumkrin	519 <i>Lewis</i>	1837

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'krin/

Is baile fearainn de 194 acra talún é Drumcrin. Tá droim 140 méadar ar airde ann. Tá Ráth sa taobh ó thuaidh den bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Crainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the tree’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Tá an bhrí chéanna ag Joyce (1869, 524).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cruinn* ‘round’ (eDIL s.v.) nó an focal *crann* ‘tree’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

Tá cúig bhaile fearainn eile darb ainm **Drumcrin** i FM. Mhol an Donnabhánach **Drumchroinn** leis an aistriú ‘ridge of the tree’ don logainm i bparóiste Inis Ceithleann i mbarúntacht Thír Cheannada (Ainmleabhar B71) agus ar an taobh eile, mhol sé an fhoirm Ghaeilge **Druim Cruinn** leis an aistriú ‘round hill’ do na logainmneacha seo:

1. i bparóiste Dhoire Mhaoláin i mbarúntacht Loirg (Ainmleabhar B53)
2. i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (Ainmleabhar B104)
3. i bparóiste Mhachaire Cúl Muine i mbarúntacht Loirg (Ainmleabhar B141) agus
4. i bparóiste Dhroim Ailí i mbarúntacht na Cúile (Ainmleabhar B144).

Bhí tuairim eile ag Joyce (1869, 553) ‘ridge of the tree’ sa tríú cás thuasluaite **Droimcrainn** i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh. Aontaíonn McKay (2004, 89) le Joyce mar seo:

O’Donovan’s *Druim-cruinn* ‘round back’ (standard Irish *Droim Cruinn*) is worthy of consideration. However, *cruinn* ‘round’ does not appear to be widely attested as an element in placenames.

De réir *logainm.ie*, tá **Droim an Chrainn / Dromacrín** i bparóiste Inis Maí Samh i mbarúntacht Thír Aodha (DG).

## 51. Drumcullion

## *Droim Cuilinn*

**H 1967**

‘ridge of holly’

- |                   |                                   |      |
|-------------------|-----------------------------------|------|
| 1. Drumcullian    | 8 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>  | 1788 |
| 2. Drumcullen     | 25 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i> | 1788 |
| 3. Druim Chuilinn | OD:AL                             | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'kólən/

Tá achar iomlán de 202 acra talún ann. Tá droim 130 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Chuillinn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the holly’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cuileann* ‘holly’ (eDIL *cuilenn*) atá sa dara cuid.

Tá an logainm **Druim Cuilinn / Drumcullion**, i bparóiste Dhroim Oiríolaigh i mbarúntacht Charraig Álainn (Li) ar *logainm.ie*.

De réir Toner agus Uí Mhainnín (1992, 74), tá baile fearainn **Cuilleann / Cullion**, leis an aistriú ‘a steep unbroken slope’ i bparóiste Chluain Dalláin i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Uachtair (Dn).

De réir Mhic Gabhann (1997, 141), is é an t-aistriú céanna, b’fhéidir, atá ar ainm an bhaile fearainn **Droim an Chuilinn / Drumacullin** i bparóiste Chúil Eachtrann i mbarúntacht Chathraí (Ao). Deir sé an méid seo a leanas:

There is a possibility, albeit unlikely, that the last element of this name was the gen. sing. of the obsolete fem. noun *cuilleann*, a word interpreted by Ó Máille (1960, 64) as meaning ‘a steep unbroken slope’ but which appears in fact to denote something like ‘place of holly’.

Tá an t-amhras céanna ar Flanagan agus Flanagan (1994, 66) faoi bhrí na bhfocal *cuileann* agus *cuilleann*.

Mar chomparáid idir an baile fearainn atá á phlé againn agus **Droim Caorthainn**, an baile fearainn atá béal dorais, tá an fhána níos géire ag **Droim Caorthainn** ná ag an mbaile fearainn atá againne. Thiocfadh an fuaimniú áitiúil le ceachtar den dá mhíniú.

Féach freisin an iontráil don logainm **Gortnagullion** ar lch. 188.

**52. Drumcurren***Droim Corráin***H 1766**

‘Corran’s ridge’

1. Drumcurrin	100 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1801
2. Drumchurrin	105 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Druim Chorrain	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'kurn/

Tá achar iomlán de 215 acra talún ann. Tá droim 100 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Droim Chorrain** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Corrin’s ridge’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153) ach bhí moladh eile ag Joyce (1913, 321): ‘**Drumcurren** in Fermanagh; ridge of the little marsh *cuirrín*, dim. of *currach*, a marsh’.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta atá sa dara cuid.

Mar thacaíocht leis an tuiscint gur ainm pearsanta atá i gceist, tá trí shampla de *Corrán* mar ainm pearsanta i *Leabhar Mór na nGenealach* (Ó Muraíle (2003, 316 328 468)), agus gur le Cineál Eoghain a bhain beirt acusan.

De réir *logainm.ie*, tá **Baile Corráin / Ballycarran**, i bparóiste Bhaile Uí Bhraonáin i mbarúntacht Fhothart (LG). De réir *placenamesni.org*, tá **An Corráin / Curran and Drumaliss**, i bparóiste Latharna i mbarúntacht Ghleann Arma Uachtarach (Ao). Má tá Druim Corráin ‘ridge of the reaping hook’ nó ‘hook-shaped ridge’ i gceart níl aon chruth mar sin le feiceáil ar an léarscáil.

**53. Drumduff***Droim Dubh***H 2068**

‘black ridge’

1. Drumduff	23 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1756
2. Dromduff	5 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Drumduffe	17 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Druim Dubh	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'duf/

Tá achar iomlán de 190 acra talún ann. Tá dhá dhroim 100 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Dubh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘black ridge’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1869, 553) leis sin.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm. D’fhéadfadh gurb í an aidiacht *dubh* ‘black’ (eDIL *dub* (I)) atá sa dara siolla.

De réir *logainm.ie*, tá (An) **Droim Dubh** / **Drumduff**, i bparóiste Inbhir i mbarúntacht Bháineach (DG).

Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Druim Dubh** do bhailte fearainn darb ainm **Drumduff** mar seo a leanas:

1. i bparóiste Chill Laisir i mbarúntacht Chlann Amhlaoibh (FM) (Ainmleabhar B159)
2. i bparóiste Dhoire Mhaoláin i mbarúntacht Loirg (FM) (Ainmleabhar B53) agus
3. i bparóiste na hEaglaise i mbarúntacht AM (AM) (Ainmleabhar A51).

**54. Drumgowna East***Droim Gamhna***H 2368**

‘calf-ridge’

1. Drumgauna	9 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Drumgawna	154 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Druim Gamhna	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'gəu:nə e:st/

Tá achar iomlán de 181 acra talún ann. Tá droim 150 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Gamhna** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the calf’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1869, 554) leis sin.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *gamhain* ‘a calf’ (eDIL *gamuin (a)*) sa dara cuid. Ní dóigh go bhfuil an focal *gabha* ‘a smith’ (eDIL *gobae*) feiliúnach mar Droim Gabhann a bheadh againn sa chás sin.

De réir *logainm.ie*, tá **Droim Gamhna / Drumgowna**, i bparóiste Mhachaire Rois i mbarúntacht Fhearnaí (Mu) agus i bparóiste Lú i mbarúntacht Lú (Lú). Lena chois sin, tá **Cluain Gamhna / Cloongowna**, i bparóiste Bhaile Mhic an Bhaird i mbarúntacht Thigh Dachoinne (Ga) agus **Cluain Gamhna / Clongawny**, i bparóiste an Mhuilinn Chearr i mbarúntacht Mhaigh Asail, Mhachaire Ó dTiarnáin (IM).

**55. Drumgowna West***Droim Gamhna***H 1468**

‘calf-ridge’

1. Drumgauna	9 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Drumgawna	154 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Druim Gamhna	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'gəu:nə west/

Is baile fearainn de 313 acra talún é Drumgowna West. Tá droim 160 méadar ar airde ann. Thart ar naoi gciliméadar de bhealach atá idir Drumgowna West agus Drumgowna East (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Féach ar an iontráil don logainm **Drumgowna East** ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

## 56. Drumgrenaghan

*Droim Greanacháin*

**H 1263**

‘gravelly ridge’

1. Druim na Gréineachain OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'grenəhən/

Is baile fearainn de 157 acra talún é Drumgrenaghan. Tá an baile fearainn seo suite ar Inis Badhbha. Tá droim 50 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 29)).

**Druim na Gréineachain** [sic] an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin; ‘ridge of the sunshine’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Moladh eile a bhí ag an Donnabhánach ná an fhoirm Ghaeilge **Grianachán** leis an aistriú ‘solarium, sunnyland’ don logainm **Greenaghan** i bparóiste Ard Claoininse i mbarúntacht Ghleann Arma Íochtarach (Ao) (Ainmleabhar B94).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *grianach* ‘sunny, bright’ (eDIL 1 *gríanach*, *gríánánach*) nó an aidiacht *grianach* ‘gravelly’ (eDIL 2 *gríanach*) nó an focal *greanach* ‘gravel’ (eDIL 2 *grenach*, 1 *gríanach*) is bun leis an dara cuid.

Tá an baile fearainn seo ar Inis Badhbha ar dheisiúr na gréine. Gearr atá an ‘e’ sa logainm áitiúil agus ní móide gur ón bhfocal *grian* a thagann sé dá bharr sin.

De réir *logainm.ie*, tá baint ag an bhfocal *gaineamh* leis na logainmneacha seo leanas:

1. **Greanachán / Granaghan**, i bparóiste Thuaim Fhionnlocha i mbarúntacht Bhun Raite Íochtarach (CI)
2. **An Greanachán / Granaghan**, i mbaile fearainn an Doirín i bparóiste Acla i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME) agus
3. **Greanachán / Granaghan**, i bparóiste Chill an Locha i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhloinn (Do) atá luaite ag Toner (1996, 148).

## 57. Drumhirk

## *Droim Thoirc*

### H 2268

‘ridge of the wild boar’

- |                        |                               |      |
|------------------------|-------------------------------|------|
| 1. Drumhirk            | 10 PRONI D1096/92 Freeholders | 1796 |
| 2. Druim Thoirc/Thuirc | OD:AL                         | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'hirk/

Is baile fearainn de 104 acra talún é Drumhirk. Tá droim 150 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Thoirc (Thuirc)** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the wild boar’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *torc* ‘boar, wild boar’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.



Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 479) ar úsáid an fhocail *torc* i logainmneacha:

*Torc* [turk] signifies a boar.... *Turk*, the usual modern form of *torc*, is found in great numbers of names. ... as in Drumhirk, a name of frequent occurrence in Ulster, which represents the Irish, *Druim-thuirc*, the boar's ridge.

De réir *logainm.ie*, tá an logainm **Droim Thoirc / Drumhirk**, le fáil mar seo a leanas:

1. i bparóiste na Cluana, i bparóiste Mhaothla, agus iad araon i mbarúntacht Mhaothla (Li)
2. i bparóiste Achadh Bog i mbarúntacht Dhartraí, i bparóiste Mu i mbarúntacht Mu agus i bparóiste Chill Eanaigh i mbarúntacht Fhearnaí (Mu) agus
3. **Droim Toirc / Drumturk**, i bparóiste Chill Bhradaráin i mbarúntacht Chonallaigh Íochtaracha (Lm).

I gcás an bhaile fearainn darb ainm **Droim Thoirc / Drumhirk** i bparóiste Kilmood i mbarúntacht an Chaisleáin Riabhaigh Íochtarach (Dn), tá plé ag Hughes agus Hannan (1992, 229) ar na foirmeacha Droim Thoirc nó Droim an Choirce a bheith mar bhun leis an ainm ach is é **Droim Thoirc** a mholann siad ar deireadh.

Deir Muhr (1996, 338) ‘There is only 1 Drumhore but 11 townlands called **Drumhirk** i.e. *Droim Thoirc* ‘ridge of the boar’, singular, in Northern Ireland’.

**Droim Thoirc** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin don logainm **Drumhirk Upper, Lower** i bparóiste Bhotha i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí (FM) (Ainmleabhar B64). De réir *placenamesni.org*, tá an logainm le fáil san uimhir iolra freisin: **Droim Thorc / Drumhore**, le fáil i bparóiste Thulaigh Lis i mbarúntacht Uíbh Eachach Íochtarach, An Leath Uachtair (Dn).

## 58. Drumierna H 2166

*Droim Íorna*  
‘ridge of the hank of yarn’

- |              |                                       |      |
|--------------|---------------------------------------|------|
| 1. Drumearna | 161 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i> | 1801 |
|--------------|---------------------------------------|------|

Fuaimniú Áitiúil

/dróm iərnə/

Is baile fearainn de 137 acra talún é Drumierna. Tá droim 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Iarna** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the hanks of yarn’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1913, 326) beagnach leis sin, ach, dar leis, tá an t-ainmfhocal san uimhir uatha. ‘*Druim-iarna*, ridge of the hank. The abode of weavers’.

De réir *logainm.ie*, mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Cor an Íarna** agus ‘round hill of the skein’ an t-aistriú don logainm **Corranierna**, i bparóiste Theampall an Phoirt agus i bparóiste Thuaim Dhreagain, agus iad araon i mbarúntacht Theallach Eathach (Ca).

Bhí an tagairt seo ag Joyce (1913, 265): ‘**Corranierna** in Cavan; *Cor-an-iarna*, hill of the hank or skein (of thread). Weavers lived here, who are still remembered in tradition. See Drumierna.’

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *íorna* ‘hank of thread’ (eDIL 1 *írna*), san uimhir uatha, atá sa dara cuid.

**59. Drumkeeran***Droim Caorthainn***H 2066**

‘ridge of the rowan tree’

1. Drumkerhin

110 *Census*

1659

2. Druim Caorthainn

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/dróm 'ki:rən/

Is baile fearainn de 235 acra talún é Drumkeeran. Tá droim 140 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Caorthainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the rowan tree’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1869, 513) leis sin.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 34) ar úsáid an fhocail *caorthann* i logainmneacha:

*Caerthainn* [keeran or caurhan], is the Irish word for the quicken-tree, mountain ash, or rowan-tree. It enters into names very often in the form of Keeran, which is the name of several townlands; but it undergoes many other modifications, such as Keerhan in Louth; Carhan in Kerry, as in case of the river Carhan (quicken-tree river) at Cahersiveen; Kerane and Keraun in Tipperary and King's County: all these places must have produced this tree in abundance, for the names mean simply mountain ash.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *caorthann* ‘rowan-tree’ (eDIL *cáerthann*) atá sa dara cuid. Ní dócha gurb é an focal *caor* ‘berry’ (eDIL *cáer*) is bun leis an dara cuid. Féach an iontráil atá faoi **Keeran** ar lch. 196 áit a bpléitear míniú an fhocail *caor*.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *caorthann* mar is léir ón iliomad samplaí eile den fhocal seo ar logainm.ie:

1. **Droim Caorthainn / Drumkeeran**, i bparóiste Chill Tachúrc agus i bparóiste Eanach Duibh, agus iad araon i mbarúntacht Li (Li).
2. **Droim Caorthainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Ó Donnabháin don logainm **Drumkeeran** i bparóiste Castleterra i mbarúntacht Lucht Tí Uachtarach (Ca) agus i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li).
3. **Caorthann (Beag agus Mór)** an fhoirm Ghaeilge a mhol sé leis an aistriú 'place of rowans' do na logainmneacha **Keeran Beg** agus **Keeran More** i bparóiste Ghabhal Liúin i mbarúntacht Chlann Cheallaigh (Ainmleabhar B141) (FM).
4. **Coill a[n] Chaorthainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol sé don logainm **Killykeeran** (FM) (Ainmleabhar B61) agus **Táite an Chaorthainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol sé

don logainm **Tattykeeran** (Ainmleabhar B61), agus iad araon i bparóiste Achadh Bheithe i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM).

Tá plé ag McKay (1995, 149) ar an logainm **Droim Caorthainn / Drumkeeran** i bparóiste Ghráinseach Shíol Bhaodáin i mbarúntacht Thuaim Uachtarach (Ao) mar seo:

There are five other townlands named Drumkeeran, as well as a town in Co. Leitrim named Drumkeeran, the name of which is also derived from the Irish *Droim Caorthainn* ‘ridge of the rowan tree’.

Déanann sé comparáid leis an bhfocal *caorán* atá le fáil i nGaeilge Thír Chonaill agus in áiteanna eile agus a thagann ó *cáir / cáthar* ‘a moor’ i nGáidhlig na hAlban:

However *caorán* appears to be little attested as an element in townland names. The indication is that it is a fairly late dialect word and can be safely ruled out as an explanation of the final element of the place name.

Níl an ráiteas seo fíor ina iomláine. Ar *logainm.ie* tá na logainmneacha seo a leanas (iad araon i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga)):

1. **An Caorán Mór / Keeraunmore**, i bparóiste Bhaile an Dúin i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga)),
2. **An Caorán Beag / Keeraunbeg** i bparóiste Chill Aithnín,
3. an dá bhaile fearainn **Caorán na gCearc Theas / Thuaidh** i bparóiste Chill Aithnín;
4. áiteanna (mionghnéithe) taobh istigh de bhailte fearainn:
  - **Caorán an Bhiorla** i mbaile fearainn na Tulaí agus **Caorán na Sonnach** i mbaile fearainn Na Cloiche Móire Thuaidh, agus iad araon i bparóiste Chill Aithnín
  - **Caorán an Chosáin** i mbaile fearainn Leitir Mucú
  - **Caorán an Tuairín** i mbaile fearainn Na Ceathrún Rua Thuaidh
  - **Caorán Bhoth Bhrocháin** i mbaile fearainn Sheanadh Phéistín Thuaidh
  - **Caorán Chara Fionnla** i mbaile fearainn Leitir Mucú i bparóiste Chill Chuimín agus
  - **Caorán na gCaorach** i mbaile fearainn Leitir Caocháin, agus iad araon i bparóiste Chill Chuimín.

## 60. Drumlongfield

*Droim Leamhchoille*

**H 1268**

‘ridge of the elm-wood’

- |                      |  |      |
|----------------------|--|------|
| 1. Drumlongfield     | 62 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Druim Leamhchoill | OD:AL  | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /dröm 'längfi:ld/

Is baile fearainn de 97 acra talún é Drumlongfield. Tá droim 130 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

D'fhéadfadh nach bhfuil logainm Béarla i gceist sa chás seo. **Druim Leamhchoill** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the elm-wood’ an t-aistriú a mhol sé agus scríobh sé ‘This name is much corrupted’ (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1913, 329) leis sin.

Faoin iontráil ar *logainm.ie* atá ag **Leamhchoill / Longfield**, agus ‘elm-wood’ an t-aistriú i bparóiste Mhucnú i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu), tá an tagairt seo ag an Donnabhánach ‘every Longfield in Ulster is a corruption of Leamhchoill’. Tá an logainm Longfield le fáil sna contaetha seo a leanas:

Ao (1), AM (1), Ca (2), Ci (1), Do (1), DG (2), FM (1), Li (1), Lo (1), ME (1), Mu (2), RC (1) agus TÁ (1).

Lena chois sin, de réir *placenames.org*, mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Carraig Leamhchoille** don logainm **Carricklongfield** i bparóiste Achadh Lugha agus mhol sé an fhoirm Ghaeilge **Mullach Leamhchoille** don logainm **Mullaghloughfield** i bparóiste Chluain Fiachna, agus iad araon i mbarúntacht Dhún Geanainn Íochtarach (TE).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *leamh* ‘elm tree’ (eDIL 2 *lem*) atá sa dara cuid agus an focal *coill* ‘wood, forest’ (eDIL *caill*) atá sa tríú cuid den ainm.

Tá an cur síos seo ag Joyce (1869, 39) ar úsáid an fhocail *leamhchoill* i logainmneacha:

The best anglicised form of *coill*, a wood, is *kill* or *kyle*; in many names, however, chiefly in the north of Ireland, it is changed to the English word *field*.

Cranfield, the name of three townlands in Down, Antrim, and Tyrone, is in Irish *creamhchoill* [cravwhill], i.e. wild garlick-wood. *Leamhchoill* [lavwhill], a very usual name, meaning ‘elm-wood’, is generally transformed into the complete English word Longfield, which forms the whole or part of a great many townland names.

Tá plé ag McKay (2004, 144) ar an logainm **Leamhchoill / Longfield**, agus ‘elm wood’ an t-aistriú i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM). Is léir, dar leis, go ndearnadh comhshamhlú idir focal Gaeilge agus focal sa Bhéarla a raibh cosúlacht éigin fuaime aige leis an bhfocal Gaeilge.

De réir *logainm.ie*, tá **Droim Leamhchoille / Drumlongfield**, i bparóiste Thulaigh Charbaid i mbarúntacht Mu (Mu). Mar sin, moltar **Droim Leamhchoille** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

## 61. Drummacahan

*Droim Mhic Eacháin*

**H 2067**

‘ridge of Mac Gahan’

1. Druim Mhic Catháin      OD:AL      1834

Fuaimniú Áitiúil:      /drómək 'kakən/

Is baile fearainn de 79 acra talún é Drummacahan. Tá droim 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Droim Mhic Catháin** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of Mac Catháin’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta atá sa dara cuid.

Níl an pátrún seo (*droim* + *sloinne*) go forleathan ar *logainm.ie* mar *logainm* ach is díol suntais é go bhfuil ocht n-eiseamláir (*droim* + *mhic*) go léir i gcógar le FM agus tá ceithre eiseamláir i Mu.

De réir *logainm.ie*, tá **Baile Mhic Eacháin / Ballycahane** i bparóiste na Giolcaí i mbarúntacht Uachtar Tíre (PL) agus **Tulaigh Uí Chatháin / Tullycaghny**, i bparóiste Mhucnú i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

Luann MacLysaght (1985, 117) *sloinne* darb ainm ‘Mac Eacháin’ a tháinig ó Ríocht Oir(gh)iall. Tá an *sloinne* ‘Mac Gahan’ nó ‘Gahan’ le fáil mar leaganacha Béarla den ainm seo. De réir an daonáirimh in 1911, bhí duine amháin den *sloinne* seo i FM ach ní raibh an duine sin sa bhaile fearainn atá idir lámha againn.

## 62. Drummoney

*Dromainní*

**H 1767**

‘ridges’

1. Drumwhoney	9 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
2. Drumunny	33 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
3. Drumony	50 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
4. Drumhunny	29 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
5. Drummony	20 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
6. Drumanaidhe	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'muni:/

Is baile fearainn de 254 acra é Drummoney agus tá droim 120 méadar ar airde ann. Tá easanna sa deisceart (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Drumanaidhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridges or long hills’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Mar argóint ina choinne sin, níl ach droim

amháin taobh istigh den bhaile fearainn atá á phlé againn. Mhol Joyce (1913, 332) foirm eile Ghaeilge .i. **Druim Muine** agus an t-aistriú ‘ridge of the shrubbery’.

De réir *logainm.ie*, mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Druim Muine** don logainm **Drummoney** i bparóiste na Lorgan i mbarúntacht Chaisleán Raithin (Ca).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *muine* ‘brake or thicket’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid nó gurb é foirm an fhocail *dromainn* ‘ridge, mound’ (eDIL *druim(m)*) atá ann.

De réir *logainm.ie*, tá bailte fearainn darb ainm **An Muine / Money** nó **Munnia**, m.sh. i bparóiste Achadh na Muileann i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu), le fáil sna contaetha seo a leanas: CM (1), LG (1), ME (1), Mu (1), TÁ (1) agus UF (1).

Ach ó thaobh an ghuta fhada atá ag deireadh an logainm agus ó thaobh na samplaí stairiúla moltar **Dromainní** mar fhoirm Ghaeilge an logainm seo.

### 63. Drumnagalliagh

*Droim na gCailleach*

**H 1968**

‘ridge of the veiled women’

1. Drumnogallogh	9 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
2. Drumnagallagh	9 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
3. Drumnagallagh	169 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
4. Druim na g-Cailleach	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /dr̥m̥nə 'galɪ:/

Is baile fearainn de 360 acra talún é Drumnagalliagh. Tá droim le dhá bheann 130 agus 140 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).



**Druim na g-Cailleach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the nuns’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1913, 333) leis sin.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur sloinne nó an focal *cailleach* ‘(a<sup>1</sup>) Lit. veiled woman; a) nun, woman in religion; (b) elderly woman; (c) In sagas pejoratively of supernatural beings hag, witch, crone’ (eDIL *caillech*) atá sa tríú cuid.

Déanann Ní Dhonnchadha (1994, 70-96) plé ar fhorleathnú bhrí an fhocail *cailleach* ó na focail *caille* ‘veil’ (eDIL s.v.) agus *caile* ‘serving-girl, maid’ (eDIL s.v.) go ‘veiled woman’ agus ansin go ‘nun, widow, married woman, hag’.

Luann Muhr (1996, 313) **Dromainn Ó gCeallaigh / Drumnagally**, i bparóiste Shuí Phádraig i mbarúntacht Uíbh Eachach Íochtarach, An Leath Íochtair (Dn).

De réir MacLysaght (1985, 175), is ó ríocht Ua Maine i gCúige Chonnacht a tháinig an sloinne ‘(O’) Kelly. Ó Cheallaigh’ agus go bhfuil suas le naoi dteaghlach go forleathan ar fud na tíre agus gan gaol ar bith acu le chéile. ‘Ó Ceallaigh (derivation uncertain: the most probable suggestion is that it is from *ceallach* [eDIL *cellach*], strife). The most important and numerous sect of the name is that of the Uí Maine. There are several other sects ... is the second most numerous name in Ireland ... Derry, Galway, Leix, Meath, Wicklow, Mid-Galway and South Roscommon’. Tugann an daonáireamh in 1911 le fios dúinn go raibh beagnach dhá chéad go leith duine den sloinne seo i gCo FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá á phlé againn.

Ar an taobh eile de, tá na logainmneacha **Baile na gCailleach / Galliagh**, leis an aistriú ‘town of the nuns’ i bparóiste an Teampaill Mhóir i mbarúntacht Líbeartaí Thiar Thuaidh Dhoire (Do), chomh maith le **Baile na gCailleach / Calliaghstown**, i bparóiste Bhaile an Bhaspailigh i mbarúntacht Bhaile an Ridire Thiar (BÁC) agus **Baile na gCailleach / Collierstown**, i bparóiste na Scríne i mbarúntacht na Scríne (Mí) ar *logainm.ie*.

Is díol suntais é bheith le feiceáil ar an léarscáil go bhfuil **Droim na gCailleach, Doire Naoimh** agus **Éadan Tí Cromáin** béal dorais le chéile. B’fhéidir go raibh lárphointe éigin de chuid na sean-Chríostaíochta san áit seo.

**64. Drumnagreshial***Droim na Greise (?)***H 1868**

‘ridge of the attack’

- |                      |       |                                     |      |
|----------------------|-------|-------------------------------------|------|
| 1. Drumgristal       | 206   | <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i> | 1801 |
| 2. Druim na Gréiseal | OD:AL |                                     | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /drömnə 'greʃəl/

Is baile fearainn de 146 acra talún é Drumnagreshial. Tá droim 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim na Gréiseal** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the plunder’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Ní raibh mé in ann an focal *gréiseal* a aimsiú in aon fhoclóir idir eDIL, Ó Duinnín agus FGB. De réir eDIL, tá an focal 1 *greis(s)* ‘protection’ nó 2 *greis(s)* ‘a step, a stride’ ann. D’fhéadfadh gur ‘c’ faoi urú atá i dtús an fhocail i 1. thuas ó tharla gur focal neodrach a bhí in *Druim* ó thús agus go maireann rian den urú a leanadh é i roinnt logainmneacha eile (cf. Druim gCorr, Droim gCarn), ach níl teacht ar fhocal \*creiseal ná a leithéid.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus b’fhéidir gurb é foirm den fhocal *greas* ‘an attack, a hostile encounter’ (eDIL 2 *gres(s)*) atá sa tríú cuid.

Tá **Corr na Greise (Thuaidh, Theas) / Cornagresha (North, South)**, leis an aistriú ‘hill of the conflict’ i bparóiste Mhaothla i mbarúntacht Mhaothla (Li). Níl logainm ar bith eile leis an bhfocal *greis* le fáil ar *logainm.ie* mar is logainm uathúil é Drumnagreshial.

Ba cheart an t-ainm seo, **Drumnagreshial**, a chur i gcomparáid le **Drumbristan** ar lch. 149. Tá roinnt de na foirmeacha a luaitear leis an dá cheann acu an-ghar dá chéile. Is deacair a bheith cinnte i dtaobh bunús na logainmneacha **Drumbristan** agus **Drumnagreshial** ón méid eolais atá ar fáil sa chásanna seo.

**65. Drumnavaḡan***Droim na bhFaichín (?)***H 2267**

‘ridge of the little greens’

1. Drumnavaḡan	30 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2. Drumnavaḡan	83 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
3. Druim na bhFeathan	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /drómən 'vahən/

Is baile fearainn de 107 acra é Drumnavaḡan. Tá droim 140 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Droim na bhFeathan** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the scions [sic]’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta nó an focal *fána* ‘a slope’ (eDIL *fán*) nó an focal *faiche* ‘a green or lawn in front of a fort or residence or church’ (eDIL *faithche, faidche*) atá sa tríú cuid.

**Doire Mathgamhain** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin don logainm

**Derryvahon** i bparóiste Inis Maí Samh i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí (FM)

(Ainmleabhar B162). Ní thacaíonn an fuaimniú áitiúil leis an gciall seo mar tá an t-alt in easnamh san fhoirm seo.

De réir *logainm.ie*, mhol Sean Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Fathainidhe** leis an aistriú 'slopes or inclining fields' don logainm **Faheens**, i bparóiste Chill Chon Duibh i mbarúntacht Ghaileang (ME). Ag breathnú ar an léarscáil, ní féidir a rá go cinnte go bhfuil an fhána go géar ag an mbaile fearainn atá á phlé againn ach d'fhéadfadh sí a bheith géar.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *faiche* (nó an fhoirm dhíspeagtha de) mar is léir ón iliomad samplaí den fhocal seo ar *logainm.ie*:

1. **Faiche / Fahá**, i bparóiste Ghleann Beithe i mbarúntacht Uíbh Ráthaigh (Ci)

2. **An Fhaiche / Fahá**, i bparóiste An Chlocháin i mbarúntacht Chorca Dhuibhne, i bparóiste Chill Chonnla i mbarúntacht Oireacht Uí Chonchúir, (Ci), i bparóiste Inis Cara i mbarúntacht Mhúscraí Thoir (Co), i bparóiste Chill Díoma i mbarúntacht Chaonraí (Lm) agus i bparóiste Bhaile an Chaisleáin i mbarúntacht Uaithne, Ara (TÁ)
3. **Fathán / Fahane**, i bparóiste Chill Chrócháin i mbarúntacht Chairbreach Thiar (an Roinn Thiar) (Co) agus
4. **Faichín / Faugheen**, baile beag seacht gciliméadar ó Charraig na Siúire (TÁ).

Mar sin, d'fhéadfadh gur **Dromainn Faichín** nó **Droim na bhFaichín** is bun leis an logainm atá idir lámha againn ach ní léir cad í an mhír dheiridh i ndeireadh na dála.

## 66. Drumrush

## *Droim Rois*

### H 1664

‘ridge of the promontory’

1. Drumrush	2 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
2. Drumrush	85 & 116 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
3. Druim Ruis	OD:AL	1834
4. Drumrush	516 Lewis	1837

Fuaimniú Áitiúil: /dróm 'ruʃ/

Is baile fearainn de 241 acra é Drumrush agus tá an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne. Tá droim 70 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Droim Ruis** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘ridge of the morass’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Tá tagairt ag Hogan (1910) do **Drom Ruis** ‘Drumrush, tls. in cc. Cavan and Ferm[anagh].’.

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Port Rois / Port Rush**, leis an aistriú ‘port of the promontory’ i bparóiste Bhaile an Mhuillinn i mbarúntacht Dhún Libhse Íochtarach (Ao) ach ag féachaint ar an léarscáil níl gobán tíre ag an mbaile fearainn atá á phlé againn.

Mhol Sean Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Druim Rois** leis an t-aistriú ‘ridge of the wood’ don logainm **Drumrush** i bparóiste Dhroim Leathan i mbarúntacht Lucht Tí Íochtarach (Ca).(Ainmleabhar Ca 020).

Tá an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne. Céad agus fiche bliain ó shin bhí an leibhéal uisce i Loch Éirne ceithre troithe níos airde ná mar atá sé anois agus d'fhéadfadh go raibh an áit seo ina chorcach cheart tráth. Tacaíonn Forbes agus Northbridge (2009, 68) leis an tuairim sin ach ní féidir an bhrí ‘wood’ a chur as an áireamh.

## 67. Drumskinny

### *Droim Scine*

#### H 1970

‘knife shaped ridge’

1. Drumskinny	107 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
2. Druim Scine	OD:AL	1834
3. Droim Scine	<i>Gasaitéar na hÉireann</i>	2007

Fuaimniú Áitiúil: /drõm 'ʃɡinr:/

Is baile fearainn de 292 acra talún é Drumskinny. Tá droim 180 méadar ar airde ann agus tá ciorcal cloiche chomh sean le míle bliain go leith roimh Chríost ann freisin. Is liagchiorcal é Ciorcal an Droma Bhig (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Druim Scine** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin leis an míniú ‘ridge of the battle where a man threw away his knife’ (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *droim* ‘ridge, usually of elevated ground; hill’ (eDIL *druim(m)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é *scine*, an tuis.gin. de *scian* ‘knife’ (eDIL *scían*) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Inis Scine Beag** agus **Mór / Inishskinny-beg, Inishskinny-more**, leis an aistriú ‘knife island’ i bparóiste Inis Bó Finne i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga) agus tá **Ráth Droma Scine** i bparóiste Chill Eanaigh i mbarúntacht Fhearnaí (Mu).

Tá logainm an bhaile fearainn atá idir lámha againn deimhnithe ar *logainm.ie* leis an ainm **Droim Scine**.

## 68. Edenaveagh

*Éadan an Bheithe*

**H 2367**

‘hill face of the birch’

1. Edenevehie	Hill, G (1877, 277)	1610
2. Edinaveigh	22 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Ednevigh	203 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Ednavigh	67 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
5. Eadan an Bheithe	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ednə 've:/

Is baile fearainn de 105 acra é Edenaveagh. Tá cnoc 130 méadar ar airde ann (Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Eadan an Bheithe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘brae, face of the birch’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *éadan* ‘brow, forehead; of hills’ (eDIL *étan*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *beith* ‘birch-tree’ (eDIL *beithe*) atá sa tríú cuid.

Tá samplaí den fhocal *éadan* i logainmneacha **An tÉadan** ar *logainm.ie*:

1. i bparóiste Ros Inbhir i mbarúntacht Ros Clochair (Li)
2. i bparóiste Dhroim Oiríolaigh i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li)
3. i bparóiste an Chnoic i mbarúntacht Choistealach (ME)
4. i bparóiste Chill Mhaighneann i mbarúntacht Cheanannas Íochtarach (Mí) agus
5. mar ionad daonra i bparóiste Charraig Fhearghais i mbarúntacht Charraig Fhearghais (Ao).

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 80), tá an focal *éadan* réasúnta coitianta i logainmneacha an Tuaiscirt.

Ní dócha go bhfuil *Éadan an Bheithígh* i gceist ach d'fhéadfadh sé a bheith mar tá an logainm seo ar *logainm.ie*: **Buaile Bheithígh / Boolabeha** i bparóiste na Maighne i mbarúntacht Éile Uí Fhógarta (TÁ). B'fhearr a thiocfadh an focal *bheithe*, tuis.gin. den fhocal *beith*, leis an fhuaimniú áitiúil.

Tá samplaí den fhocal *beith* i logainmneacha **An Bheitheach / Behagh** nó **Beagh**, ar *logainm.ie* mar seo a leanas:

1. i bparóiste Fhán Lóbais i mbarúntacht Chairbreach Thoir (an Roinn Thiar) (Co)
2. i bparóiste Theampall an Tóchair i mbarúntacht Bhéal Átha Mó (Ga)
3. i bparóiste Chill Chonla i mbarúntacht Dhún Mór (Ga) agus
4. mar pharóiste i mbarúntacht Chill Tartan (Ga).

Tá plé ag Toner agus Ó Mainnín (1992, 155) ar an logainm **Tamhnaigh Bheithe / Tamnyveagh**, i bparóiste Chill Bhrónaí i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Uachtair (Dn).

## 69. Edenticromman

*Éadan Tí Cromáin*

H 1867

‘hill face of Cromán’s church’

1. Eadan Toighe Croman OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil: /ednə 'krumən/

Is baile fearainn de 177 acra é Edenticromman. Tá cnoc 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Eadan Toighe Croman** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘brow or brae of Croman’s house’ an t-aistriú a mhol sé. Lena chois sin, scríobh sé ‘Croman was a saint’ (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *éadan* ‘brow, forehead; of hills’ (eDIL *étan*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta *Cromán* atá sa tríú cuid. Níl aon rian den fhuaim ‘t’ san fhuaimniú áitiúil.

Cuireann Flanagan agus Flanagan (1994, 147) in iúl dúinn go gciallaíonn an t-ainmfhocal *teach* i logainmneacha eaglais nó teach an phobail go háirithe má bhíonn ainm pearsanta, ann m. sh. **Tigh Damhnata / Tedavnet**, i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu) agus **Cill Tí Céire / Kerrymount**, i bparóiste na Tulaí i mbarúntacht Ráth an Dúin (BÁC).

De réir *logainm.ie*, tá **Éadan Tí Feirgean / Edenaferkin** i bparóiste Thulaigh Charbaid i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

Luann Muhr (1996, 125) **Éadan Tí Rúraí / Edentiroory**, i bparóiste Drom Mór i mbarúntacht Uíbh Eachach Íochtarach, An Leath Íochtair (Dn). Míníonn sí go mbíonn an t-ainm pearsanta ‘Rughraidhe’ nó ‘Rúraí’ á úsáid ag muintir Mhic Aonghusa in ionad Ruairí.



Is díol suntais é bheith le feiceáil ar an léarscáil go bhfuil **Éadan Tí Cromáin, Doire Naoimh** agus **Droim na gCailleach** béal dorais le chéile. B'fhéidir go raibh lárphointe éigin de chuid na sean-Chríostaíochta san áit seo.

**70. Estea Island**  
**H 1564**

*Estea Island*  
logainm anaithnid

- |                 |              |      |
|-----------------|--------------|------|
| 1. Estea Island | <i>OD:AL</i> | 1834 |
|-----------------|--------------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /'este: aɪlənd/

Tá achar iomlán de 11 acra talún ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

De réir Ainmleabhair B152, ní raibh aon fhoirm Ghaeilge le moladh ag Seán Ó Donnabháin don logainm seo. Tá an tagairt 'meaning uncertain. Has an old stone quarry' aige.

An bhféadfadh gur seanainm Lochlannach é seo ó *ost* 'soir / thoir' agus *ey* 'oileán'? Tá Estea Island soir ó Hare Island féin atá soir ó Inis Badhbha. Níl aon logainm Lochlannach sa seo tíre, ná chomh fada sin ón bhfarraige san iarthar, áfach.

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

**71. Fartagh**  
**H 2268**

*Feartach Mhic Girr*  
'place of McGirr's grave'

- |                   |                                     |      |
|-------------------|-------------------------------------|------|
| 1. Fartagh        | 29 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i> | 1768 |
| 2. Fartagh McGirr | 28 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>   | 1788 |

3. Fartaugh	31 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Fartagh	38 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
5. Feartach	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /'farta:/

Tá achar iomlán de 60 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Feartach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘full of graves or trenches’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *feartach* ‘a place of graves’ (eDIL 2 *fertach*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur sloinne atá sa dara cuid agus sa tríú cuid.

Tá samplaí bailithe le chéile i saothar Joyce (1869, 345) de Farta, Ferta agus Fartha mar logainm simplí: **Fertagh** (paróiste dlí **Fhearta** i mbarúntacht Ghabhalmhaí (CC)) agus **Nafarty** (**Na Fhearta** i bparóiste Mhachaire Rois i mbarúntacht Fhearnaí (Mu)).

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 87):

*Fert / Feart* means ‘trench’ or ‘grave’, and in the latter sense appears to relate particularly to a pagan grave..... The plural, *Fearta*, appears as Farta, Co. Galway, and Ferta, Co. Kerry, meaning ‘Graves’, while a derivative, *Feartach*, meaning ‘Place of graves’, gives its name to Fertagh, Cos Leitrim and Meath, as well as to Fartagh in Cos Cavan and Fermanagh.

Tá samplaí eile den fhocal seo *feartach* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Feartach / Fertagh**, i bparóiste Ros Inbhir i mbarúntacht Ros Clochair (Li). Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Feartach**, don logainm **Fartagh** i bparóiste Chnoc Bhríde i mbarúntacht Chlann Chaoich (Ca) (Ainmleabhar Ca044).

De réir MacLysaght (1985, 127), is ó AM a tháinig an sloinne ‘Mac (an) Girr’. Tá ‘Short’ agus ‘Mac Geer’ le fáil mar leaganacha Béarla den sloinne seo. De réir an daonáirimh in 1911, bhí scór agus ceathrar den sloinne ‘McGirr’ i gCo FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá á phlé againn.

## 72. Feddans

*Na Feadáin*

H 1765

‘gullies’

1. Feddan	283 <i>James Patent Roll</i>	1615
2. Feddins	36 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Feadens	40 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
4. Fedddins	79 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
5. Feddens	67 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
6. Feadáin	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /fedənz/

Is baile fearainn de 274 acra é Feddans (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Feadáin** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘brooks or rills’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *feadán* ‘a pipe for conveying water etc.’ (eDIL *fetán* (b)) atá san ainm. Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1869, 458) ar úsáid an fhocail *feadán* i logainmneacha:

*Feadan* [faddaun] is ... a brook, ... it is a diminutive of *fead* [fad], and the literal meaning of both is a pipe, tube, or whistle; whence in a secondary sense, they came to be applied to those little brooks whose channels are narrow and deep, like a tube. From this word we get such names as Faddan, Feddan, Fiddan, Fiddane etc.

Tá sampla eile den fhocal seo i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**An Feadán / Feddans**, i bparóiste Chluain Tiobrad i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

Tá an logainm le fáil san uimhir iolra freisin:

**Na Feadáin / Fiddane**, i bparóiste Eaglais Draighneach i mbarúntacht Orbhraí, na Coille Móire (Co) agus **Na Feadáin / Feddans** i bparóiste Mhaothla i mbarúntacht Uachtar Tíre (PL).

Tá plé ag Toner agus Ó Mainnín (1992, 142) ar an logainm **Baile an Fheadáin / Ballyneddan**, i bparóiste Chill Bhrónaí i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Uachtair (Dn).

### 73. Firs

Ainm Béarla

#### H 1166

1. Droim Chuais OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /firz/

Tá achar iomlán de 33 acra talún ann. Níl aon droim le haimsiú ar an léarscáil (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

De réir Ainmleabhair B154, **Dromcoose** ab ainm don áit sa bhliain 1609. Luann an tAinmleabhar léarscáil 4 (Coole) den tsraith ‘Barony maps of the escheated counties in Ireland’ (James, H, 1861) mar fhoinsé.

D'fhéadfadh go raibh **Droim Chuais** in úsáid mar logainm tráth ach níl ann anois ach an leagan Béarla.

### 74. Formil

*Formaoil*

#### H 1668

‘bare-topped hill’

1. Formill	110 <i>Census</i>	1659
2. Formal	49 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
3. Formil	64 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
4. Formaoil	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /forməl/

Is baile fearainn de 494 acra é Formil agus is é an cnoc Formil (170 méadar ar airde) an pointe is airde sa bhaile fearainn (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Formaoil** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a round hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *formaol* ‘bare on top’ (eDIL *formáel*) atá san ainm.

De réir *logainm.ie*, tá trí bhaile fearainn ann darb ainm **Formil / Formaoil**, i bparóiste Mhucnú, i bparóiste Achadh na Muileann agus i bparóiste Chluain Tiobrad, agus iad go léir i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

Tá plé ag Ó Mainnín (1993, 140) ar an logainm **Formaoil / Formal**, i bparóiste Chill Chaoil i mbarúntacht Mhúrn (Dn).

## 75. Glasdrumman

*An Ghlasdromainn*

### H 1469

‘green ridge’

1. Glasdrummon	8 PRONI Fermanagh Poll Book	1768
2. Glasdrummon	1 PRONI T/543/1 Poll Book	1788
3. Glasdrummon	2 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
4. Glasdrumond	25 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
5. Glas Dromáin	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ˈglas ˈdrɒmən/

Is baile fearainn de 131 acra é Glasdrummon. Tá an baile fearainn seo ar an teorainn le DG. Ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn téann an talamh suas le fána ghéar go sroicheann sé barr chnoc Greaghmore (200 méadar ar airde) atá i mbaile fearainn béal dorais i **Greaghmore** (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Glas Dromáin** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘green ridge – a name of frequent occurrence’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *glas* ‘descriptive of various shades of light green and blue, passing from grass-green to grey’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *dromainn* ‘a humpback hill’ (eDIL *drumman* (b)) atá sa dara cuid.

Tá beagnach 30 baile fearainn darb ainm **Glasdrumann / Glasdrummond** in AM, Ca, Dn, FM, Li, Mu, RC agus TE i logainmneacha ar *logainm.ie*, mar shampla:

### 1. **Glasdrumann / Glasdrummond**

- i bparóiste an Chreagáin i mbarúntacht na bhFeá Uachtarach (AM) agus
- i bparóiste Achaidh Lugha i mbarúntacht Dhún Geanainn Íochtarach (TE)

### 2. **An Ghlasdromainn / Glasdrumman**

- i bparóiste an Eanaigh i mbarúntacht Theallach Ghairbhíth (Ca)
- i bparóiste Chill Chaoil i mbarúntacht Mhúrn (Dn)
- i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM)
- i bparóiste Fhíonach i mbarúntacht Li, i bparóiste Chill Osnat i mbarúntacht Ros Clochair agus iad araon i bparóiste Mhaothla i mbarúntacht Mhaothla (Li)
- i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu) agus
- i bparóiste Chill Rónáin i mbarúntacht Mhainistir na Búille (RC).

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 281) ar úsáid na bhfocal *glas* agus *dromainn* i logainmneacha:

*Glas-dromainn*, green ridge, but which is now called Glasdrummond; this is also the name of other townlands in Armagh and Monaghan; and there are more than twenty in the northern and western counties called more correctly Glasdrumman.

Tá plé ag McKay (2004, 16) ar an logainm **An Ghlasdromainn / Glasdrumman**, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM). Is díol

suntais é go bhfuil seacht agus fiche mbaile fearainn darb ainm Glasdrumman nó Glasdrummond le fáil i gCúige Uladh agus i gCo Li.

## 76. Glasmullagh

*Glasmhullach*

**H 2368**

‘green summit’

1. Glas mhullach OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /'glas 'mulə/

Is baile fearainn de 186 acra é Glasmullagh. Tá cnoc 150 méadar ar airde ann. Tá dhá shruthán ar theorainneacha thiar agus thoir an bhaile fearainn seo agus iad ag dul faoi dheireadh isteach san abhainn Glendurragh SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 29)).

**Glas Mhullach** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘green summit’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *glas* ‘descriptive of various shades of light green and blue, passing from grass-green to grey’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *mullach* ‘top, highest part, top or summit of a hill’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Féach an iontráil atá faoi **Glasdrumman** ar lch. 181 ina dtugtar míniú ar an fhocal *glas*.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *glas* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **Glascluain / Glascloon**, i bparóiste Chill Ard i mbarúntacht Ó Breacáin (Cl)
2. **An Glasallt / Glassalt**, i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li)
3. **Glasloch / Glaslough**, i bparóiste Dhomhnaigh i mbarúntacht an Triúcha (Mu) agus
4. **An Glasdrom / Glassdrum**, i bparóiste Dhún Eochaille i mbarúntacht Choill na Manach Íochtarach (TÁ).

Tá sampla den fhocal *glasmhullach* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**An Ghlasmhullach / Glasmullagh**, i bparóiste Aireagail i mbarúntacht an Triúcha (Mu).

Mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Glasmhullach** do bhailte fearainn darb ainm **Glasmullagh** i FM mar seo a leanas:

- i bparóiste Chill Náile i mbarúntacht Chnoc Ninnidh (Ainmleabhar B121)
- i bparóiste Mhachaire Cúl Muine i mbarúntacht Loirg (Ainmleabhar B142)
- i bparóiste Dhoire Mhaoláin i mbarúntacht Thír Cheannada (Ainmleabhar B86) agus
- i bparóiste Chlaoininse i mbarúntacht Chlann Amhlaoibh (Ainmleabhar B130).

## 77. Glennagarran

*Gleann na gCarranna (< carr)*

**H 1567**

‘glen of the rocky patches’

1. Glangarn	110 <i>Census</i>	1659
2. Glanagarron	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
3. Glenarn	62 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1834
4. Gleann na gCarrann	OD:AL	1834
5. Glengarron	618 <i>Lewis</i>	1837

Fuaimniú Áitiúil: /'glənə 'garn/

Tá achar iomlán de 113 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Gleann na gCarrann** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; mar ‘glen of the rocks’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1913, 368) leis sin. Is léir gurb é an focal *gleann* ‘valley’ (eDIL *glenn*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *garrán* ‘grove’ (eDIL s.v.) nó an focal *gearrán* ‘a working horse, gelding’ (eDIL 1 *gerrán*) nó an focal *carra* ‘a stone, stepping stones, a causeway’ (Ó Duinnín 1927 s.v.) atá sa tríú cuid, ar gnách é a scríobh mar ‘*cora*’.



Mír an-choitianta sa logainmníocht is ea an focal *garrán*. Tá **An Garrán / Garra(u)n** nó **Garrane**, le fáil sna contaetha seo a leanas:

Ci (3), CC (5), Cl (4), Co (9), Ga (5), La (1), LG (1), Lm (4), ME (2), Mu (2), PL (1), TÁ (14) agus UF (2).

Is amhlaidh, áfach, nach bhfuil an fhuaim *-án* le cloisteáil san fhuaimniú áitiúil más é an focal *garrán* atá i gceist mar ní bhíonn an fhuaim *-án* fada i nGaeilge an Tuaiscirt. Tá sé sin fíor don fhocal *gearrán* freisin.

De réir *logainm.ie*, tá samplaí eile den fhocal *carran* i logainmneacha:

1. **An Carann / Carran**, i bparóiste Dhún Bile agus i bparóiste na Tulaí Tirime, agus iad araon i mbarúntacht Ghabhráin (CC)
2. **An Carann / Carron**, i bparóiste Shulchóid Bheag i mbarúntacht Chlann Liam agus i bparóiste Pharóiste Eoin Baiste i mbarúntacht an Treana Mheánaigh (TÁ).

Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Carrainn** don logainm **Carran**, i bparóiste Inis Ceithleann i mbarúntacht Thír Cheannada (FM) (Ainmleabhar B71). An moladh céanna a bhí aige i gcásanna **Carran East** i bparóiste Dhaimhinse (Ainmleabhar B157), **Carran Beg, More** i bparóiste Inis Maí Samh (Ainmleabhar B162), iad araon i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí agus **Carrann Buidhe / Carran Boy**, i bparóiste Dhoire Mhaoláin i mbarúntacht Loirg (FM) (Ainmleabhar B53).

## 78. Glenvannan H 1871

## Gleann Bhánáin 'Bánan's glen'

1. Glenvanin	98 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
2. Glenvnnin	130 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
3. Glenvannon	62 Ordnance Survey Memoirs of Ireland	1834
4. Gleann Bhánain	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /glenə 'vanən/

Is baile fearainn de 266 acra é Glenvannan (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Gleann Bhánain** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Banan’s glen’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *gleann* ‘valley’ (eDIL *glenn*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá an t-ainm pearsanta Bánán le fáil i logainmneacha:

**Cluain Bánáin / Cloonbannan**, i bparóiste Dhroim Raite i mbarúntacht an Chorrainn (Sl) agus **Cluainte Bánáin / Cloontybaunan** i bparóiste Bhréachmhaí i mbarúntacht Cheara (ME).

Ar an taobh eile, tá **Buaile Uí Mhanannáin / Boolyvannanan**, i bparóiste Thulach Chruinn i mbarúntacht Ó Dróna Thiar (Ce). Níl an fhuaim ag teacht leis an bhfuaimniú áitiúil, áfach.

## 79. Gortacar

*Gort an Charra*

### H 1365

‘field of the uneven surface’

1. Garticare	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
2. Gartachar	2 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Gortacher	2 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Gort a[n] Charr	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /gortə 'kar/

Is baile fearainn de 235 acra é Gortacar atá suite ar bhruach na hÉirne (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Gort a[n] Charr** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘field of the car’ an

t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1913, 370) leis sin agus scríobhann sé ‘of the rock or stony surface’.

Is léir gurb é an focal *gort* ‘a field (of arable or pasture land)’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *carr* ‘surface, esp. an uneven surface as of ripened cream, wood etc’ (Ó Duinnín (1927) s.v.) atá sa tríú cuid. Níl fianaise ar ‘-n’ deiridh againn agus, mar sin, ní thagann an focal *carn* ‘heap, pile, cairn’ (eDIL s.v.) i gceist. Is ionann é agus an focal *carra*, an tuis.gin. den fhocal sin *carr* ‘rocky surface’.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 93), ciallaíonn an focal *gort* ‘field’ but in the sense of an arable, or tilled, field, and especially a field producing cereals’.

Mhol an Donnabhánach an fhoirm Ghaeilge **Coill an Chairr** agus ‘wood of the car, or rock’ an t-aistriú don logainm **Killicar** i bparóiste Dhroim Leathan i mbarúntacht Lucht Tí Íochtarach (Ca) (Ainmleabhar Ca020).

## 80. Gortgeran

*Gort Géaráin*

**H 1965**

‘Gearan’s field’

- |                 |                              |      |
|-----------------|------------------------------|------|
| 1. Gortkerin    | 283 <i>James Patent Roll</i> | 1615 |
| 2. Gort Geuráin | OD:AL                        | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /gort gə'ran/

Is baile fearainn de 135 acra é Gortgeran (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Gort Geuráin** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Geran’s field’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *gort* ‘a field (of arable or pasture land)’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta atá (ní sloinne!) sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Baile Uí Ghéirín / Ballygeran**, i bparóiste Chill Átha na Súileach i mbarúntacht Bhun Raite Íochtarach (CI) ach is sloinne atá i gceist sa chás seo.

Tá sampla eile den ainm pearsanta Geirín i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Doire Gheirín / Derrygreen**, i bparóiste na Craobhaí i mbarúntacht Chairbreach Thiar (an Roinn Thoir) (Co) agus
2. **Ráth Ghéirín / Rathgeran**, i bparóiste Thigh Moling i mbarúntacht Thigh Moling Íochtarach (Ce).

## 81. Gortnagullion

*Gort na gCuilleann*

**H 1768**

‘field of the holly trees’

1. Gortnecullin	<i>163 James Patent Roll</i>	1610
2. Gortnegullin	<i>110 Census</i>	1659
3. Gortnagullen	<i>209 Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
4. Gort na gCuilleann	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /gort nə 'gölən/

Tá achar iomlán de 379 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Gort na gCuilleann** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘field of the hollies’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1913, 383) leis an mbrí seo.

Is léir gurb é an focal *gort* ‘a field (of arable or pasture land)’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *cuilleann* ‘holly’ (eDIL *cuilenn*) atá sa tríú cuid.

Mar chomparáid eile, de réir Toner agus Uí Mhainnín (1992, 29), tá **Lios Droim**

**gCuillinn / Lisdrumgullion**, i bparóiste an Iúir i mbarúntacht na nOirthear Uachtarach (Dn). Sa chás seo luann siad gurb é an t-ainmfhocal *cuilleann* ‘a steep slope’ is bun leis an ainm in ionad *cuileann* ‘holly’. Féach an iontráil atá faoi **Drumcullion** ar lch. 154 áit a bpléitear míniú eile a d’fhéadfadh a bheith ag an bhfocal *cuilleann*.

De réir *logainm.ie*, tá an focal *cuileann* le fáil níos minice i logainmneacha mar seo a leanas:

1. **Ard an Chuilinn / Ardagullion**, i bparóiste Ghránaird i mbarúntacht Ghránaird (Lo)
2. **Ceann na gCuileann / Canagullen**, i bparóiste Thuath Ó Siosta i mbarúntacht Ghleann na Ruachtaí (Ci)
3. **Céide na gCuileann / Kednagullion**, i bparóiste Dhomhnach Maighean i mbarúntacht Fhearnaí (Mu)
4. **Coill na gCuileann / Kilnagullion**, i bparóiste Aireagail i mbarúntacht an Triúcha (Mu) agus
5. **Gort na gCuileann / Gortnagullion** i bparóiste Chill Tiobrad i mbarúntacht Li (Li).

## 82. Gortnaree

*Gort na Rí*

H 1872

‘field of the kings’

- |                 |       |      |
|-----------------|-------|------|
| 1. Gort na Rígh | OD:AL | 1834 |
|-----------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /gortnə'ri:/

Tá achar iomlán de 158 acra talún ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Gort na Rígh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘field of the kings’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Tá an fhianaise an-tanaí don logainm atá idir lámha againn.

Is léir gurb é an focal *gort* ‘a field (of arable or pasture land)’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *rí* ‘king’ (eDIL s.v.) nó an focal *fraoch* ‘heather’ (eDIL 1 *fráech*) atá sa tríú cuid. Más ea, níor mhór smaoineamh ar bhunfhoirm cosúil le \**gort* an fhraoigh agus glacadh leis gur athraíodh an t-alt ‘*an*’ > ‘*na*’. Mar sin, ní móide go bhfeilfeadh an focal *fraoch* anseo.

Ar an taobh eile de, tá plé ag McKay (2004, 79) ar an logainm **Doire Rígh / Derryree**, ‘oak wood of the king’ an t-aistriú a mhol sé, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM). De réir McKay, d’fhéadfadh gur Doire Riabhach is bun leis an ainm atá á phlé aige toisc go raibh ‘Derryragh’ le fáil aige mar leagan Béarla amháin den ainm seo.

De réir *logainm.ie*, tá **Baile Átha an Rí / Athenry**, i bparóiste Bhaile Átha an Rí i mbarúntacht Bhaile Átha an Rí (Ga).

### 83. Greaghmore H 1570

*An Ghréach Mhór*  
‘the big mountain flat or plain’

1. Gréuch Mór OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /'grakə 'mo:r/

Is baile fearainn de 225 acra é Greaghmore. Tá cnoc 200 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Gréuch Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great greagh or rough pasture’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Is mír choitianta í *gréach* i logainmneacha an iarthuaiscirt. Ní léir a bhunús, ach ní cosúil go bhfuil aon bhaint aige leis an bhfocal *creg*, *crag*, *chraíg* ‘crag, rock’ (eDIL *crec*). Is léir gurb í an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór* (*már*)) atá sa dara cuid.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 393) ar úsáid an fhocail *gréach* i logainmneacha:

*Gréach* is a mountain flat, a level moory place .... very common as an element in townland designations in the counties of Cavan, Leitrim, Roscommon, Monaghan, and Fermanagh... Greagh, the usual anglicised form, is the name of several places; Greaghawillin in Monaghan, the mountain flat of the mill; Greagnagleragh in Fermanagh, of the clergy (*cleireach*); Greagnagee in Cavan, of the wind (*gaeth*).

Tá samplaí den logainm **Gréach** nó **An Ghréach** / **Greagh** ar *logainm.ie*:

1. i bparóiste Chill Tachúrc, i bparóiste Fhíonach, agus iad araon i mbarúntacht Li (Li)
2. i bparóiste Chill Eo i mbarúntacht Lo (Lo)
3. i bparóiste Aireagail i mbarúntacht an Triúcha, i bparóiste Dhroim Sneachta agus i bparóiste Thigh Damhnata, agus iad araon i mbarúntacht Mu agus
4. i bparóiste Bhéal Átha Beithe i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).
5. **Gréach an Mhuilinn (Jackson) / Greaghawillin (Jackson)** agus **Gréach an Mhuilinn (Richey) / Greaghawillin (Richey)**, i bparóiste Mhachaire Cluana i mbarúntacht Fhearnaí (Mu).

#### 84. Gubbakip

*Gob an Chip*

**H 1263**

‘headland of the tree-stump’

- |                  |       |      |
|------------------|-------|------|
| 1. Gob a[n] Chip | OD:AL | 1834 |
|------------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /gobə 'kip/

Is baile fearainn de 82 acra é Gubbakip atá suite ar Inis Badhbha. Tá gobán tíre le feiceáil ar an léarscáil (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Gob a[n] Chip** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘beak or point of the stock’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *gob* ‘snout, beak’ (eDIL *gop*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *chip* (tuis.gin. de *ceap*) ‘tree-stump, log’ (eDIL *cepp*) atá sa tríú cuid.

Tá sampla den fhocal *gob* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Gob / Gubb**, i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li)
2. **Gob an Fhíona / Gubbaneena**, rinn i mbaile fearainn Oileán Inse i bparóiste Bhaile an Bhóthair i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci)
3. **Gob na Graí / Gubnagree**, i bparóiste Theampall an Phoirt i mbarúntacht Theallach Eathach (Ca)

Tá sampla den fhocal *ceap* sa tuis.gin. i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Áth Cip / Akip**, i bparóiste Ráth Domhnaigh i mbarúntacht Chlann Donncha (La).
2. **Corr an Chip / Corkip**, i bparóiste Theach Mhic Conaill i mbarúntacht Bhaile Átha Luain Theas (RC).

## 85. Gushedy Beg

*Goiside Beag*

**H 2069**

logainm anaithnid

- |            |       |      |
|------------|-------|------|
| 1. Goiside | OD:AL | 1834 |
|------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /guʃədi: 'bɛ:g/

Is baile fearainn de 148 acra é Gushedy Beg. Tá an baile fearainn seo ar an teorainn le TE. Tá an abhainn Brannagh River ar an taobh thiar den bhaile fearainn seo. Tá cnoc 160 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).



**Goiside** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin ach in ionad aistriú a sholáthar scríobh sé ‘meaning not understood locally’ (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *geosadán* 'a small stack, shaft, arrow' (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *beag* 'small, little' (eDIL *bec*) atá dara cuid.

Mar chomparáid, ar *logainm.ie*, tá **Geosadán / Gosheden** nó **Goshaden**, i bparóiste an Chomair Íochtaraigh i mbarúntacht Thír Mhic Caoirthinn (Do), ach is deacair a bheith cinnte i dtaobh bunús an logainm ón méid eolais atá ar fáil sa chás seo Gushedy Beg.

Tá **An Ghaoisidín / Gweeshadan** i bparóiste an Droma i mbarúntacht Cheara (ME) ach gan a bheith aistrithe. Tá abhainn darb ainm **An Ghaoistin / Gweestion River** i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn (Ci) a cheap OD:AL ‘little river of wisdom (Helicon)’.

## 86. Gushedy More

*Goiside Mór*

**H 2169**

logainm anaithnid

1. Goiside

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/guʃədi: mo:r/

Is baile fearainn de 273 acra é Gushedy More. Tá an abhainn Brannagh River ar an taobh thiar den bhaile fearainn seo. Tá cnoc 170 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Féach an iontráil atá faoi **Gushedy Beg** thuas ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

## 87. Inisclin

*An Fhionasclainn*

H 1369

‘white nook’

- |               |                       |      |
|---------------|-----------------------|------|
| 1. Inishglin  | 164 James Patent Roll | 1610 |
| 2. Ineasclann | OD:AL                 | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /inəsklən/

Is baile fearainn de 403 acra é Inisclin. Tá an baile fearainn seo ar an teorainn le DG. Tá abhainn an Tearmainn ar an taobh thiar den bhaile fearainn. Tá Inisclin Bridge ann freisin (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Ineasclann** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a stream of water’ an t-aistriú a mhol sé agus an méid seo le rá aige: ‘This is the same as the termination ‘droim ineasclan[n]’ now Drumisclan [**Dromiskín**] in Co. Louth’ (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1875, 406) leis sin.

Is léir gurb é an focal *ineasclann* ‘a torrent, swift, turbulent stream’ (eDIL *inescland*) atá san ainm.

Tá tagairt ag Hogan (1910): ‘d[roim]. *findasclaind* (v. *D. Enesclaind*)’.

Faoin iontráil seo tá ‘d[roim]. *enesclaind*; Drumiskín p[aróiste]. in d[eoise]. Arm,’ agus ‘Dromiskín p. ... nr Castlebellingham, c. Louth’. Sin an logainm **Droim Ineasclainn** / **Dromiskín**, i bparóiste Dhroim Ineasclainn i mbarúntacht Lú (Lú) ar *logainm.ie*.

Tá sampla eile den fhocal seo *ineasclainn* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

**Droim Ineasclainn** / **Drominisclin**, i bparóiste Chill Droim Feartáin i mbarúntacht Lucht Tí Uachtarach agus i bparóiste an Eanaigh i mbarúntacht Theallach Ghairbhíth (Ca). Níl an dá logainm seo i Ca deimhnithe ach tá nóta mínithe mar seo ar *logainm.ie*: ‘ridge of (the) marshy land. Pléitear an t-ainm seo agus brí na dara heiliminte *ineasclann* in (Gan Ainm (1972, 60)). Luann an fhoinsé sin (*Cartlann na Logainmneacha*) an t-amhras atá orthu faoi aistriú Uí Dhonnabháin mar seo:

Rinneamar scrúdú ar na háiteanna sin ar fad agus dá thoradh tá an-amhras orainn faoin mbrí atá curtha síos don fhocal (mar bhí, is cosúil, ar Joyce, *op. cit.*, II, 407). Níl, agus ní mheasaimid go mbeadh ag aon am, sruth luath ná tréan in aon

cheann acu. A bhfuil de shrutháin iontu is rudaí beaga gan tábhacht iad. Tá, nó bhí, roinnt bogaigh nó portaigh i ngach ceann acu agus, má tá cúrsaí uisce i gceist leis an bhfocal, b'fhéidir gur rud den sórt a chiall sé.

De réir *logainm.ie*, tá **Fionasclainn** / **Finisklin**, leis an aistriú 'stream of clear water' i bparóiste Mhaigh Cuilinn i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga).

Is léir ón alt thuas nach raibh an ceart ag an Donnabhánach ná ag Joyce faoi bhrí an *logainm*.

Tá sé ionann is cinnte gurb é seo an focal a fhaightear mar **Fionasclainn** in áiteanna eile. 'White nook' an bhrí a chuirtear leis. Tá an t-ainm seo le fáil le 'f' tosaigh agus gan an 'f'. Seans, dar liom, gur fás tánaisteach an 'f' nó sin, go raibh sé ann ón tús ach gur imigh sé sa chás s'againne i ngeall ar shéimhiú a bheith tar éis an ailt sa logthuiseal.

Tá an méid seo le rá faoin litir 'f' ag Joyce (1869, 27):

Another change that has been, perhaps, chiefly produced by the influence of the article [an t-alt 'an'], is the omission or insertion of the letter 'f'. The article causes the initial consonants of feminine nouns (and in certain cases those of masculine nouns also) to be aspirated. Now aspirated 'f' is wholly silent; and being omitted in pronunciation, it was, in the same circumstances, often omitted in writing. The Irish name of the river Nore affords an instance of this. Keating and O'Heeren write it *Feoir*, which is sounded *Eoir* when the article is prefixed (*an Fheoir*). Accordingly, it is written without the 'f' quite as often as with it; the Four Masters ... call it *Eoir*. The total silence of this letter in aspiration appears to be, to some extent at least, the cause of its uncertain character. In the case of many words, the writers of Irish seem either to have inserted or omitted it indifferently, or to have been uncertain whether it should be inserted or not; and so we often find it omitted, ... and prefixed to other words to which it did not belong . ....

The 'f' has been affixed to the following words to which it does not radically belong: *fan* for *an*, stay; *fiolar* for *iolar*, an eagle; *fainne* for *ainne*, a ring, etc. It has also been inserted in Culfeightrin, the name of a parish in Antrim, which is properly *Cuil-eachtrann*, the corner or angle of the strangers. Urney in Tyrone is often called Furny.

Faraor, de bharr ganntanas foinsí Gaelacha níl sé furasta teacht ar an fhoirm cheart den *logainm*.

**88. Keeran**  
**H 2667**

*Caorán*  
'bog'

1. Keeran *Griffith's Valuation* 1862

Fuaimniú Áitiúil: /ki:rən/

Is baile fearainn de 77 acra é Keeran. Tá an baile fearainn seo idir an abhainn Glendurragh ar an taobh theas agus fo-abhainn gan ainm ar an taobh thuaidh (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Is díol suntais é nach bhfuil aon tagairt ag an Donnabhánach don logainm seo san Ainmleabhar.

Is léir gurb é an focal *caorthann* 'rowan-tree' (eDIL *cáerthann*) nó *caorán* 'marsh' (eDIL *cuirrech*) atá san ainm.

Féach an iontráil atá faoi **Drumkeeran** ina dtugtar míniú ar an fhocal *caorthann*.

Mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Caorthann Beag, Mór** i gcás na mbailte fearainn **Keeran Beg, More** i bparóiste Ghabhal Liúin i mbarúntacht Chlann Cheallaigh (FM) (Ainmleabhar B141).

Ar an taobh eile de, tá portaigh le fáil i logainmneacha ar *logainm.ie* mar sei a leanas:

1. **Caorán Bhoth Bhrocháin / Bovroughaun Bog**, i mbaile fearainn Sheanadh Phéistín i bparóiste Chill Chuimín i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga)
2. **An Caorán / Keeran** i mbaile fearainn Fhál an Ghabhann i bparóiste Theampall Cróine i mbarúntacht Bhaollach (DG)
3. **An Caorán Beag / Keeraunbeg**, i bparóiste Chill Aithnín i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga) agus
4. **An Caorán Mór / Keeraunmore**, i bparóiste Bhaile an Dúin i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga).

## 89. Killygarry

*Coill an Ghiorria*

H 2166

‘wood of the hare’

1. Coill a[n] Ghearrfhiadh OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil: /kəli: 'gari:/

Is baile fearainn de 144 acra é Killygarry. Tá cnoc 110 méadar ar airde ann.  
(Léarscáil 7 agus Duffy (1993, 28)).

**Coill a[n] Ghearrfhiadh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘wood of the hare’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Ar an taobh eile de, mhol Joyce (1913, 419) an fhoirm Ghaeilge **Coill-a’-Gharrdha**, ‘wood of the garden’.

Is léir gurb é an focal *cill* ‘church, monastic settlement’ (eDIL *cell*) nó *coill* ‘wood, forest’ (eDIL *caill*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *garraí* ‘garden’ (eDIL *garrdha*) nó an focal *giorria* ‘a hare’ (eDIL *gerrfhíad*) atá sa tríú cuid.

Is deacair go minic idirdhealú a dhéanamh idir na hainmfhocail *coill* agus *cill* i logainmneacha, féach an iontráil atá faoi **Ardshankill** ar lch. 103, áit a bpléitear an fhadhb seo.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 303) ar úsáid na bhfocal *fia* / *fiadh* agus *giorria* / *gearrfhia*:

*fiadh* [feea] was originally applied to any wild animal, though latterly restricted to deer. The hare would appear to be the smallest animal to which the term was applied .... *gearr-fhiadh* [gerreé]; i.e., short or small *fiadh*, from *gearr*, short or deficient. The usual plural form is *geirr-fiadhacha*, which is pronounced something like *girriha*.

Tá an focal seo *giorria* le fáil san uimh.iolra agus san uimh.uathu i logainmneacha ar *logainm.ie* mar seo a leanas:

1. **Cnocán an Ghiorria / Haremount** i bparóiste Chill Mhichíl i mbarúntacht Mhúscaí Thiar (Co)

2. **Páirc an Ghiorria / Harepark** i bparóiste Mhainistir na Búille i mbarúntacht Mhainistir na Búille (RC)
3. **Muine na nGiorria / Monanagirr** i bparóiste Dhomhnach Maighean i mbarúntacht Fhearnaí (Mu) agus
4. **Gort na nGiorria / Harefield** i bparóiste ME i mbarúntacht Chlann Mhuiris (ME).

**90. Killynoogan**  
**H 1166**

*Coill Ó nDubhagáin*  
‘Doogan’s wood’

1. Killynoogan	32 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
2. Killynoogan	91 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
3. Killynoogan	94 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
4. Coill Ua nDúbhagain	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /kili: 'nu:gən/

Is baile fearainn de 76 acra é Killynoogan. Tá an baile fearainn seo ar an teorainn le DG (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Coill Ua nDúbhagain** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘wood of the O’Doogans’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Is suimiúil go bhfuil guta géar ag deireadh an fhocail, ‘*nDúbhagain*’ in ionad ‘*nDúbhagáin*’.

Is léir gurb é an focal *cill* ‘church, monastic settlement’ (eDIL *cell*) nó *coill* ‘wood, forest’ (eDIL *caill*) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta atá sa dara cuid.

Is deacair go minic idirdhealú a dhéanamh idir na hainmfhocail *coill* agus *cill* i logainmneacha, féach an iontráil atá faoi **Ardshankill** ar lch. 103 áit a bpléitear an fhadhb seo.

De réir MacLysaght (1985, 86), tá an sloinne ‘Ó Dubhagáin’ lonnaithe i DG, i gCúige Chonnacht agus i gCúige Mumhan. Tá na hainmneacha ‘Doogan’ agus ‘Dougan’ le fáil mar leaganacha Béarla den sloinne seo. De réir an daonáirimh in 1901, bhí beirt agus trí scór den sloinne seo ina gcónaí i FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá á phlé againn.

De réir *logainm.ie*, tá **Baile Uí Dhúgáin / Ballydoogan**, i bparóiste Fhothannaí i mbarúntacht Chluain Mhac nEoghain (Ga) agus **Béal Átha Dúgáin / Ballydoogan**, i bparóiste Chill Mhian i mbarúntacht Li (Ga).

## 91. Kilmore

*An Choill Mhór*

### H 1167

‘big wood’

1. Kilmore	448 <i>James Patent Roll</i>	1620
2. Kilmore	109 <i>Census</i>	1659
3. Kilmore	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
4. Killamore	5 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
5. Kilmore	9 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
6. Kilmore	115 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
7. Kilmore	134 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
8. Coill Mhór	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /kil 'mo:r/

Is baile fearainn de 98 acra é Kilmore. Tá cnoc anseo darb ainm Mount Trimble (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Coill Mhór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great wood’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *cill* ‘church, monastic settlement’ (eDIL *cell*) nó *coill* ‘wood, forest’ (eDIL *caill*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht ‘mór’ great’ (eDIL *mór* (*már*)) atá sa dara cuid.

Is deacair go minic idirdhealú a dhéanamh idir na hainmfhocail *coill* agus *cill* i logainmneacha, féach an iontráil atá faoi **Ardshankill** ar lch. 103 áit a bpléitear an fhadhb seo.

Tá plé ag Joyce (1869, 314) ar an logainm **Kilmore** go ginearálta. Míníonn sé gurb é *cill mhór* is bun leis an logainm ochtó faoin gcéad den líon iomlán atá ann agus *coill mhór* is bun leis an logainm don fhiche faoin gcéad eile.

Mhol Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Coill Mhór** don logainm Bigwood i bparóiste Theampall Carna i mbarúntacht Loirg (FM) freisin (Ainmleabhar B74).

De réir *logainm.ie*, tá **An Choill Mhór** le fáil sna contaetha mar seo a leanas:

BÁC (1), Cí (1), CC (2), Cl (2), Co (2), Ga (10), Li (5), LG (1), Lo (1), Lú (1), Lu (1), ME (6), Mí (1), Mu (1), RC (1), Sl (1), TÁ (2) agus UF (2).

## 92. Knockroe

*An Cnoc Rua*

### H 2467

‘red hill’

1. Cnoc Ruadh

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/nɔk 'ro:/

Is baile fearainn de 104 acra é Knockroe. Tá cnoc 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Cnoc Ruadh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘red hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).



Is léir gurb é an focal *cnoc* ‘hill, mound’ (eDIL *cnocc*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *rua* ‘red’ (eDIL *ruad*) atá sa dara cuid.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 57):

*Cnoc* means anything from a hill to a small mountain and is very common in place-names... Usually anglicised as ‘knock’.... Often it is qualified by a simple descriptive adjective, as in ... *Cnoc Buí*, ‘Yellow hill’.

Déanann Joyce (1875, 278) plé ar mhíniú atá ag an bhfocal *rua* mar seo:

*Ruadh* [roo], red, reddish, or fox-coloured, is equivalent to, and cognate with, the Latin *ruber*, and English *red* and *ruddy*. This word is very extensively used in the formation of Irish local names; and though it is variously modified, its most usual anglicised form is *roe*.... By means of various postfixes, several derivatives are formed from this word, which are, or were, all applied to reddish-coloured spots. With the diminutive *an*, we have Ruan in Limerick and Clare; Ruanes in Cork.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 138):

*Ruadh* is an adjective meaning ‘red’, particularly a brown red or ‘russet’; it is commonly anglicised as *roe*. It can be applied to natural features such as mountains, as in Slieveroe, Co Kilkenny, **Sliabh Rua**, ‘Red mountain’.

Cinnté is ón gcnoc atá ina cheartlár a thagann ainm an bhaile fearainn seo. De réir cosúlachta, is logainm Béarlaithe dhá eiliminte é **Knockroe**, de mhúnla comónta na Gaeilge, ‘Ainmfhocal + aidiacht’.

De réir *logainm.ie*, tá an logainm **An Cnoc Buí** sna contaetha seo a leanas:

Ci (2), Co (4), Ga (2), Lú (1), ME (3), Mu (1), PL (4) agus TÁ (1).

Tá **An Cnoc Bán** le fáil i BÁC (1), CM (1), Dn (1), DG (1), Ga (6), La (1), LG (2), ME (4), PL (1), Sl (2) agus UF (1). Lena chois sin, tá an logainm **An Cnoc Dubh** i Ao (1), Ce (1), Ci (1), CD (1), CM (2), Co (1), DG (1), LG (6), Lm (1), ME (1), PL (1) agus TÁ (1).

Tá an logainm **An Cnoc Rua / Knockroe**, le fáil ar fud na tíre: Ca (1), Ce (2), Ci (2), CC (4), CD (1), CM (1), Cl (3), Co (5), Ga (7), LG (2), LM (4), ME (7), Mu (1), PL (3), RC (3), Sl (3) agus TÁ (7).

### 93. Larmore

*Lár Mór*

H 1467

‘great central area’

1.	Larmore	23 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
2.	Larmore	206 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1801
3.	Lar Mór	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /lar 'mo:r/

Tá achar iomlán de 77 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Lar Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great plain or flat’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Is suimiúil go bhfuil an focal, ‘*Lar*’ in ionad ‘*Lár*’ á úsáid ag an Donnabhanach. Tugann Joyce (1913, 462) an iontráil seo dúinn: ‘**Larmore** in Fermanagh; great flat. *Lár*, a floor, a flat’.

Is léir gurb é an focal *ladhar* ‘fork’ (eDIL *ladar*) nó an focal *lár* ‘(a) surface, (b) middle’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór* (*már*)) atá sa dara cuid.

Mar chodarsnacht, luann Toner agus Ó Mainnín (1992, 7) **Baile na Ladhaire** / **Ballinlare**, i bparóiste an Iúir i mbarúntacht na nOirthear Uachtarach (AM). De réir *logainm.ie*, tá **An Ladhar** / **Lyre**, i bparóiste Lios Eiltín i mbarúntacht Oireacht Uí Chonchúir (Ci) agus i bparóiste Mhoing Airt i mbarúntacht Scairbh Bhailis (LG).

Ag breathnú ar an léarscáil, níl gabhal ná sruthanna le fáil sa bhaile fearainn atá idir lámha againn. Tá an áit seo ina plána i measc na ndroimeanna cosúil le **Drumcrin**, **Drumgowna** agus **Corrlacht**.

#### 94. Letterkeen

#### *Leitir Caoin*

H 1764

‘pleasant hill slope’

- |                  |  |      |
|------------------|--|------|
| 1. Litterkeane   | 109 <i>Census</i>                            | 1659 |
| 2. Leitir Chaoín | OD:AL  | 1834 |
| 3. Letterkeen    | 68 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1835 |

Fuaimniú Áitiúil: /letər 'ki:n/

Is baile fearainn de 310 acra é Letterkeen. Tá cnoc 80 méadar ar airde ann agus abhainn na Ceise ar an taobh theas den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Leitir Chaoín** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘beautiful hillside’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *leitir* ‘slope of a hill’ (eDIL *leittir*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *caoin* ‘of objects soft, smooth’ (eDIL *caín*) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **Leitir Caoín / Letterkeen**, i bparóiste Bhuiríos Umhaill i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME), **An Currach Caoín / Corrakeen**, i bparóiste Chluain Tiobrad i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu) agus **An Poll Caoín / Pollkeen**, i bparóiste Órán Mór i mbarúntacht Ga (Ga).

Focal neodrach a bhí ann tráth ach cé gur focal bain. é ‘*leitir*’ sa Nua-Ghaeilge, ní gnách séimhiú a bheith ina dhiaidh, m.sh. Leitir Mór, Leitir Calaidh, Leitir Ceanainn srl.

**95. Lowery***Leamhraigh***H 1065**

‘place of elms’

1. Lawrey	110 <i>Census</i>	1659
2. Lowrie	209 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
3. Lawry	2 <i>PRONI D/1096/92/1 Freeholders</i>	1796
4. Lawrey	9 <i>PRONI D/1096/92/1 Freeholders</i>	1796
5. Lauvery	18 <i>PRONI D/1096/92/1 Freeholders</i>	1801
6. Leamhraidhe	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /lõri:/

Is baile fearainn de 294 acra é Lowery. Tá an baile fearainn seo suite ar bhrúach na hÉirne agus ar an teorainn le DG (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Leamhraidhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘elm-land’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gur ón bhfocal *leamhán*, ‘elm-tree’ (eDIL 2 *lem*) a shíolraíonn an focal *leamhach*, *leamhraigh* agus *leamhraidhe*.

Moladh eile a bhí ag an Donnabhánach ná an fhoirm Ghaeilge **Gort Uí Labhradha** in 1835 don bhaile fearainn **Gortalowry** i bparóiste Dhoire Lúráin i mbarúntacht Dhún Geanainn Uachtarach (TE) (Ainmleabhar D19).

Féach an iontráil atá faoi **Lowerybane** ar lch. 51 ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

**96. Lugmore**

*An Log Mór*

**H 1970**

‘great hollow’

1. Lag Mór

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/lug 'mo:r/

Tá achar iomlán de 106 acra talún ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

De réir Ainmleabhair B154, ‘great hollow’ an bhrí atá leis an logainm **Lag Mór**. Sin í an bhrí a bailíodh in 1834. Aontaíonn Joyce (1869, 568) leis sin.

Is dóigh gurbh é an t-ainmfhocal *log* nó *lag*; (eDIL 1 *loc*) ‘hollow, pit, ditch; burial place, grave’ agus ‘place (in general, usually inhabited)’ is bun leis seo.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *lug* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **An Log / Lug**, i mbaile fearainn Reachlainn Uí Bhírn i bparóiste Ghleann Cholm Cille i mbarúntacht Bháineach (DG) agus i bparóiste Dharú i mbarúntacht Bhaile Mhic Comhainn (UF)
2. **(An) Log Mór / Lugmore**, i bparóiste Thamhlachta i mbarúntacht na Croise Uachtaraí (BÁC), i bparóiste Inis Mac Rá i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li) agus i bparóiste Géisill i mbarúntacht Géisill (UF)
3. **An Log Liath / Logleagh**, i bparóiste Lios Mór agus Maigh Cholpa i mbarúntacht Chois Abha Móire, Chois Bhríde (PL) agus
4. **An Log Buí / Logboy**, i mbaile fearainn Na Creige Riabhaí Thuaidh i bparóiste ME i mbarúntacht Chill Mheáin (ME).

## 97. Lurganboy

*An Lorgain Bhuí*

**H 1268**

‘yellow long low ridge’

1.	Lurganbuy	17 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
2.	Lurganboy	28 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3.	Lurganboy	44 <i>PRONI D/1096/92 Freeholders</i>	1801
4.	Lurgain Buidhe	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /lörgən 'bɔi/

Is baile fearainn de 66 acra é Lurganboy. Tá droim 120 méadar ar airde ann. Tá an baile fearainn seo ar an teorainn le DG (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Lurgain Buidhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘yellow shin or long hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *lorga* ‘shin-bone’ (eDIL *lurga*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *buí* ‘yellow’ (eDIL 1 *buide*) atá sa dara cuid.

Tá dhá bhaile fearainn eile i FM darb ainm **Lurganboy**, ceann amháin i bparóiste Gabhail Liúin i mbarúntacht na Cúile (Ainmleabhar B143) agus an ceann eile i bparóiste Mhachaire Cúl Muine i mbarúntacht Loirg (Ainmleabhar B143). Mhol Seán Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Lurgain Buidhe** do na logainmneacha siúd freisin.

De réir *logainm.ie*, tá **An Lorgain Bhuí / Lurganboy**, i bparóiste Chill Osnat i mbarúntacht Ros Clochair (Li), i bparóiste an Phoirt i mbarúntacht Fhir Arda (Lú), i bparóiste Choirrín i mbarúntacht Dhartraí agus i bparóiste Mhucnú i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu).

Tá plé ag McKay (2004, 146) ar an logainm **An Lorgain Bhán / Lurganbane**, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM). Ag an am céanna tugann sé le fios go bhfuil timpeall dhá bhaile fearainn agus fiche darb ainm **An Lorgain Bhuí**, idir Ca, DG, FM, Li, Lú, Mí, Mu agus TE.

**98. Meentullyclogh***Míntulaigh Chloiche***H 1971**

‘smooth hill of the stone’

1. Mín Tulaigh Cloiche OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil: /mi:ntuli: 'klo/

Is baile fearainn de 91 acra é Meentullyclogh. Tá fána leitreach ann ag dul ó 150 méadar go 200 méadar ar airde (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Mín Tulaigh Cloiche** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘smooth hill of the stone’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *mín* ‘smooth, level, of surfaces; commonly of land’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm, gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid agus gurb é an focal *cloch* ‘stone’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid. Sean-logthuiseal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

De réir *logainm.ie*, tá **Míntulach** / **Meentolla**, i bparóiste Mhainistir Uaithne i mbarúntacht Uaithne Beag (Lm) agus **Ard na Cloiche** / **Ardnacloghy**, i bparóiste Charraig Uí Leighin i mbarúntacht Chiarraí Cuirche (Co).

Tá logainmneacha darb ainm **An Chloch** / **Clogh**, le fáil freisin ar *logainm.ie* idir Ao (1), CC (1), Dn (1), La (1), LG (1), Lo (2), PL (1), Sl (1) agus UF (1).

**99. Middletown***Béarla***H 1363**

1. Middletown OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil: /midəl taun/

Is baile fearainn de 72 acra é Middletown. Tá an baile fearainn seo suite ar Inis Badhbha (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

De réir Ainmleabhair B152, ní raibh aon áitainm eile le fáil. Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

#### 100. Monavreece

*Móin Bhuirís*

#### H 2266

‘bog of the burgage-land’

1. Monalewrise	283 <i>James Patent Roll</i>	1615
2. Monemorishe	283 <i>James Patent Roll</i>	1615
3. Monybrise	210 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
4. Moneyvereece	31 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
5. Monycreese	86 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
6. Moneyvrice	183 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1801
7. Mona Bhrios	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /mo:nə 'vri:s/

Is baile fearainn de 147 acra é Monavreece (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Mona Bhrios** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Bryce’s bog’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *móin* ‘a bog or peat-moss’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gur ainm pearsanta nó sloinne atá sa dara cuid. Níl aon rian den fhuaim ‘v’ san fhuaimniú áitiúil.

De réir *logainm.ie*, tá sampla den focal *móin* i logainm le fáil mar seo: **Móin na bPoll / Monaboul**, i bparóiste Chill Mogeanna i mbarúntacht Cheanannais (CC).



Tá iontráil don logainm seo ar *placenamesni.org* agus tá plé ag Muhr sa bhliain 2003 á rá gurb é **Móin Mhuiris**, ‘Morris’s bog’ is bun leis an logainm atá idir lámha againn. Feictear solaoídí de 'M(h)uiris < Maurice' sna foirmeacha Gaeilge de na logainmneacha ar *logainm.ie* mar **Chlár Chlainne Mhuiris / Claremorris** i bparóiste Chill Cholmáin i mbarúntacht Chlann Mhuiris (ME) nó **Fearann Mhuiris / Farranmaurice** i bparóiste Chluain Eochaille i mbarúntacht an Chorrainn (Sl), ach níl aon sampla le 'vreece < Maurice'.

Ar an taobh eile de, is focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é an t-ainm pearsanta *Muiríosa*. Tá samplaí den ainm *Muiríosa* ar *logainm.ie*:

1. **Fearann Uí Mhuiríosa / Morrissysland** i bparóiste Pharóiste Mhuire i mbarúntacht Bheanntaí (LG)
2. **Ceathrú na Muiríosa / Carrownamorrissy** i bparóiste Chill Chon Iarainn i mbarúntacht Dhún Coillín (Ga), agus
3. **Gort Mhuiríosa / Gortmorris** i bparóiste Chill Bheagnait i mbarúntacht Bhéal Átha Mó (Ga).

Ach ní móide go bhfeilfeadh an t-ainm *Muiríosa* sa chás seo. Féidearthacht eile atá mar logainm na Móin Bhuirís. Ní raibh mé in ann an focal *buirís* nó a leithéid a aimsiú in aon fhoclóir idir eDIL, Ó Duinnín (1927) agus FGB ach tá an nóta mínithe ‘small burgage-land’ le fáil ar *logainm.ie*.

Seo chuid de na samplaí den ainm ‘*buirí(o)s*’ atá ar *logainm.ie*:

1. **An Bhuiríos / Burris** i bparóiste Chrois Bhaoithín agus i bparóiste Chill Mhiáin agus iad araon i mbarúntacht Chlann Mhuiris, agus i bparóiste Mhaigh Nulla i mbarúntacht Cheara (ME)
2. **Buirísín Thuaidh, Theas / Breesheen North, South**, dhá bhaile fearainn i bparóiste Pharóiste Pheadair agus Phóil i mbarúntacht Phóil Chill Mocheallóg (Lm) agus
3. **Coill na Buiríse / Kilnaborris** i bparóiste Chluain Fearta i mbarúntacht Lo (Ga).

**101. Montiaghroe**  
**H 1969**

*Móinteach Rua*  
'red bog'

1. Móinteach Ruadh OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /'mɔ̃ntʃə ro:/

Is baile fearainn de 270 acra é Montiaghroe. Tá cnoc 140 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 29)).

**Móinteach Ruadh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; 'red bog' an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *móinteach* 'a bog or peat-moss' (eDIL *móintech*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *rua* 'red' (eDIL *rúad*) atá sa dara cuid. Féach an iontráil atá faoi **Knockroe** ina dtugtar míniú ar an fhocal *rua*.

De réir *logainm.ie*, tá an focal *móinteach* i logainmneacha mar seo a leanas:

1. **An Móinteach / Montiagh**, i bparóiste Achadh Conaire i mbarúntacht Luíne (SI)
2. **An Móinteach Theas, Thuaidh**, i bparóiste Bhaile Chláir i mbarúntacht Dhún Coillín (Ga).

Lena chois sin, de réir *placenamesni.org*, tá **Na Móinteacha / Montiaghs**, i bparóiste Achadh Gallan i mbarúntacht Mhása Ríona Uachtarach (Ao) agus i bparóiste Na Móinteacha i mbarúntacht Ó Nialláin Thoir (AM).

**102. Movarran**  
**H 1872**

*Maigh Bhearrthacháin*  
'bare or shorn plain'

1. Magh Bhearthainn OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /mo: 'varn/

Tá achar iomlán de 130 acra talún ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 29)).

**Magh Bhearthainn** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘bare or shorn plain’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1913, 513) leis sin.

Is léir gurb é an focal *maigh* ‘a plain’ (eDIL *mag*) sa logthuiséal atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *bearrthachán* ‘the [little] crop of hair’ (eDIL *berrthán*) nó ainm pearsanta atá sa dara cuid.

D'fhéadfadh gur ainm pearsanta cosúil le ‘Bearán’ is bun leis an logainm. Tá samplaí den ainm seo nó a leithéid i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Ráth Bhairrinn / Rathvarrin**, i bparóiste Ard Dúin i mbarúntacht Fhothart (CC)
2. **Ráth Uí Bhearáin / Raheevarren**, i bparóiste an Bhábhúin Nua i mbarúntacht Shíol Maoluír Thiar (LG) agus
3. **Garraí Bharún**, i bparóiste Chill Mológ i mbarúntacht an Bhealaigh Chaoín Theas (LG).

Is féidir comparáid a dhéanamh le baile fearainn eile nach bhfuil ach chúig chiliméadar i bhfad ón áit seo. Féach an iontráil atá faoi **Drumbaran** ar lch. 145.

### 103. Muckros

*Mucros*

#### H 1664

‘point of the pigs’

1.	Muckrush	163 <i>James Patent Roll</i>	1610
2.	Muckrush	110 <i>Census</i>	1659
3.	Muckrosa	51 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
4.	Muckrosa	53 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
5.	Muckross	53 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796

6. Muckruss	167 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1801
7. Muc Ros	OD:AL	1834
8. Muckross	64 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i>	1835

Fuaimniú Áitiúil: /mőkrus/

Is baile fearainn de 304 acra é Muckros. Tá an baile fearainn seo suite ar bhruach na hÉirne agus abhainn na Ceise ar an taobh theas den bhaile fearainn seo. Tá cnoc 70 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Muc Ros** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘point of the pigs’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1869, 443) leis sin.

Is léir gurb é an focal *muc* ‘a pig’ (eDIL *muc(c)*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

Tá samplaí de na focail seo i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Mucros / Muckros**, i bparóiste Chill Charthaigh i mbarúntacht Bháineach (DG) agus i bparóiste Fhíonach i mbarúntacht Li (Li)
2. **Mucros / Muckross**, i bparóiste Chill Airne i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn (Ci)
3. **Mucrois / Muckrush**, i bparóiste Eanach Dhúin i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga) agus
4. **Mucros / Muckruss**, i bparóiste Ard Ó bhFicheallaigh i mbarúntacht Ó Bána, Bharrach Rua (Co).

Déanann Mac Giolla Easpaig (1981, 154) plé ar bhrí ársa an fhocail *ros*. Deir sé gur ‘cnoc’ nó ‘ardchlár’ is bun leis an bhfocal seo *ros* mar sin é an bhrí atá ag na focail ghaolmhara i dteangacha Ceilteacha eile. Cuireann sé an focal Gaeilge *ros* i gcomparáid le *ross* (‘cnoc’) sa Bhriotáinis agus i gcomparáid le *rhos-fa* (‘talamh féaraigh ar chnoc’) sa Bhreatnais. Ag féachaint ar dháileadh na logainmneacha leis an bhfocal *ros* ar fud na hÉireann, ciallaíonn an chuid is mó díobh ‘ceann tíre’. Ar an taobh eile de, de réir Mhic

Giolla Easpaig, i gcásanna ina bhfuil focal cumaisc tá an bhrí ‘cnoc’ ann m.sh. Airgeadros nó Silverhill. Mar argóint ina choinne sin, luann sé an logainm Mucros. Níl mé lánchinnte cé acu an bhfuil cnoc nó rinn i gceist anseo. D'fhéadfadh brí amháin nó an ceann eile nó an dá bhrí a bheith ceart sa chás seo mar tá rinn agus cnoc ann.

#### 104. Mullaghmore

*Mullach Mór*

H 1964

‘big summit’

1. Mullach Mór

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/muləx 'mo:r/

Is baile fearainn de 151 acra é Mullaghmore. Tá cnoc 90 méadar ar airde ann agus abhainn na Ceise ar an taobh theas den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Mullach Mór** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘great summit’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *mullach* ‘top, highest part, top or summit of a hill’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór* (*már*)) atá sa dara cuid.

Tá samplaí den logainm **An Mullach Mór** agus na leaganacha Béarla **Mullaghmore** i logainmneacha ar *logainm.ie* sna contaetha seo a leanas:

Ci (1), Co (1), Dn (1), Do (1), Ga (1), La (1), Li (2), Mu (3), Sl (2) agus TE (2).

Tá plé ag McKay (2004, 154) ar an logainm **An Mullach Mór / Mullaghmore**, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM). Luann sé nach bhfuil an cnoc atá i gceist aige ach 60 méadar ar airde.

**105. Mullanmeen Middle**  
**H 1671**

*Mullán Mín*  
‘smooth hill’

1. Mullan Mín OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /'mula:n mi:n mi:dil/

Is baile fearainn de 75 acra é Mullanmeen Middle. Tá cnoc 180 méadar ar airde ann. Tá na trí bhaile fearainn, **Mullanmeen Middle**, **Mullanmeen Under** agus **Mullanmeen Upper**, bailithe le chéile ag bun an chnoic darb ainm Mullanmeen (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Mullan Mín** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘smooth summit’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *mullán* ‘a hillock, heap’ (eDIL s.v.) nó ‘a blunt or flat hillock’ (eDIL *maelán*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *mín* ‘smooth, level, of surfaces; commonly of land’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

De réir *logainm.ie*, tá **An Mullach Mín / Mullaghmeen**, i bparóiste Chill Eanaigh i mbarúntacht Fhearnaí (Mu).

Féach an iontráil atá faoi **Mullans** ar lch. 86 ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

**106. Mullanmeen Under**  
**H 1571**

*Mullán Mín*  
‘smooth hill’

1. Mullan Mín OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /'mula:n mi:n undər/

Is baile fearainn de 194 acra é Mullanmeen Under ar an teorainn le DG. Tá cnoc 170 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

Féach an iontráil atá faoi **Mullanmeen Middle** ar lch. 214 thuas ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

**107. Mullanmeen Upper**

*Mullán Mín*

**H 1771**

‘smooth hill’

1. Mullan Mín OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /'mula:n mi:n ɔ̃pər/

Is baile fearainn de 124 acra é Mullanmeen Upper. Tá cnoc 160 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

Féach an iontráil atá faoi **Mullanmeen Middle** ar lch. 214 thuas ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

**108. Mullynaval**

*Mullaí na bhFál*

**H 1363**

‘summit of the hedges’

1. Mulla na bh-Fál OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /muli: na:vəl/

Is baile fearainn de 35 acra é Mullynaval atá suite ar Inis Badhbha. Tá cnoc nach bhfuil ach 50 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Mulla na bhFál** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill-top of the hedges’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *mullach* ‘top, highest part, top or summit of a hill’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *faol* ‘a wolf’ (eDIL 2 *fáel*) nó an focal *fál* ‘a fence’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid.

Luann McKay (2004, 156) an baile fearainn **Mullach na bhFaol / Mullynavale**, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM). Ní fhéadfadh gurb é *faol* is bun leis an ainm atá idir lámha againn mar go bhfuil siolla breise ag deireadh an fhocail *faol* in ionad siolla ghearr mar atá ag an logainm **Mullynaval**.

Is dóichí gur *mullaí* seachas *mullach* atá san ainm seo (*mullaí* < *mullaigh*, b’fhéidir trí chosúlacht le *tulaigh*, ainneoin difríochtaí inscne). Faoin iontráil ar *logainm.ie* a bhaineann le **Mullaigh Ara / Mullyera** i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu), tá nóta mínithe mar seo:

‘*mullaigh* — foirm chalctha den logthuiseal nó den tuiseal tabharthach de *mullach*’.

Tá samplaí eile den fhocal seo *fál* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Curraich na bhFál / Curraghnawall**, i bparóiste Uachtar Achaidh i mbarúntacht Charraig Álainn (Li)
2. **Corr na bhFál / Cornawall**, i bparóiste Chill Laobháin, i bparóiste Achadh Bog agus i bparóiste Ioma Fhastraí, iad go léir i mbarúntacht Dhartraí (Mu) agus i bparóiste Chill Liúráin i mbarúntacht Shíol Maoluír Thiar (LG).

**109. Mweelbane**  
**H 2667**

*Maol Bán*  
‘white bare hill’

1. Mealbawn	4 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
2. Miulbawn	4 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
3. Mulbane	23 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
4. Meilbane	115 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
5. Maol Bán	OD:AL	1834



Fuaimniú Áitiúil: /mi:l ba:n/

Is baile fearainn de 99 acra é Mweelbane. Tá cnoc darb ainm Mweelbane 160 méadar ar airde roinnte idir an baile fearainn atá á phlé againn agus **Eochaill Mhic Artáin**, baile fearainn ina bhfuil cnoc eile darb ainm Mweelroe (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Maol Bán** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘white bald hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1869, 396) leis sin.

Is léir gurb é an focal *maol* ‘cropped head’ (eDIL 2 *mael*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *bán* ‘white’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid. Úsáidtear freisin an focal *maol* le tagairt a dhéanamh do bhó atá gan adharca. Féach ar an iontráil do **Inishmeely** ar lch. 81.

Tá samplaí eile den fhocal *maol* seo i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **An Maol / Moyle**, i bparóiste ‘Allsaints’ i mbarúntacht Ráth Bhoth Thuaidh (DG) agus
2. **Maol Domhnaigh / Muldonough**, i bparóiste Bhoith Mhéabha i mbarúntacht Chianachta (Do).

## 110. Newpark

Ainm Béarla

### H 1168

- |             |       |      |
|-------------|-------|------|
| 1. New Park | OD:AL | 1834 |
|-------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /nju pərk/

Is baile fearainn de 45 acra é Newpark. Tá an baile fearainn seo ar an teorainn le DG (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

Ní raibh aon fhoirm Ghaeilge le moladh ag Seán Ó Donnabháin don logainm seo (Ainmleabhar B152). Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge cailte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

### 111. Oghill

*Eochaill*

**H 2266**

‘yew-wood’

1. Oghill	163 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Aghioul	47 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1751
3. Aoghill	50 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Eochaill	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /okəl/

Is baile fearainn de 194 acra é Oghill. Tá cnoc 120 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Eochaill** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘yew wood’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153). Aontaíonn Joyce (1869, 511) leis sin.

Is léir gurb é an focal *eo* ‘a yew’ (eDIL 3 *eó*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *coill* ‘wood’ (eDIL *cail*) atá sa dara cuid.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *eochaill* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **Eochaill / Oghill**, i bparóiste Mhaothla i mbarúntacht Mhaothla (Li), i bparóiste Dhomhnach Maighean i mbarúntacht Fhearnaí, i bparóiste Chluain Tiobrad i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu)

2. **Eochaill / Oghil**, i bparóiste Árann i mbarúntacht Árann (Ga) agus i bparóiste Chill Eo i mbarúntacht Lo (Lo)
3. **Eochaill / Youghal**, i bparóiste Eochaille i mbarúntacht Uaithne, Ara (TÁ) agus baile i mbarúntacht Ó Mic Coille (Co) agus
4. **Achadh Eochaille / Ahoghill**, baile i mbarúntacht Aontroim Íochtarach.

Tá an logainm le fáil san uimhir iolra freisin:

**Eochaillí / Oghillees**, i bparóiste Bhuiríos Umhaill i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill (ME).

Tá plé ag Ó Mainnín (1993, 17) ar an logainm **Achadh Eochaille / Aghyoghill** i bparóiste Chill Chaoil i mbarúntacht Mhúrn (Dn). Luann McKay (2004, 158) **Eochaill / Oghill**, i bparóiste Achadh Lurchair i mbarúntacht an Mhachaire Steafánaigh (FM).

Féach an iontráil atá faoi **Oghillicartan** thíos.

## 112. Oghillicartan

*Eochaill Mhic Artáin*

**H 2668**

‘Mac Cartan’s yew-wood’

- |                         |       |      |
|-------------------------|-------|------|
| 1. Eochaill mhic Artain | OD:AL | 1834 |
|-------------------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /okələ kartən/

Is baile fearainn de 120 acra é Oghillicartan atá suite ar an teorainn le TE. Tá cnoc darb ainm Mweelroe 170 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Eochaill mhic Artain** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘MacArtan’s yew wood’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *eo* ‘a yew’ (eDIL 3 *eó*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *coill* ‘wood’ (eDIL *caill*) atá sa dara cuid agus gur ainm pearsanta atá sa tríú cuid. Is rud annamh é *Eochaill* a bheith cónasctha le sloinne.

Féach an iontráil atá faoi **Oghill** thuas ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

Luann MacLysaght (1985, 39), an sloinne ‘Mac Artáin’ a tháinig ó Dn. Tá an t-ainm ‘Mac Cartan’ le fáil mar leagan Béarla den ainm seo. De réir an daonáirimh in 1911, ní raibh duine ar bith den sloinne seo ina gcónaí i FM ná sa bhaile fearainn atá idir lámha againn.

### 113. Pollaginnive

*Poll an Ghainimh*

#### H 1364

‘sand hole’

1. Poll a’ Gainimhe OD:AL 1834

Fuaimniú Áitiúil: /po:lnə 'giniv/

Is baile fearainn de 46 acra é Pollaginnive atá suite ar Inis Badhbha. Tá droichead anseo go **Port an Fhóid** (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Poll a’ Gainimhe** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘sandhole’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1869, 436) leis sin.

Is léir gurb é an focal *poll* ‘a hole’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *gaineamh* ‘sand, gravel’ (eDIL *gainem*) atá sa tríú cuid.

Ar dtús, is gá plé a dhéanamh ar ‘e’ deiridh an leagan stairiúil **Pollaginnive**, guta nach gcloistear a thuilleadh san fhuaimniú áitiúil. De réir *eDIL*, is féidir leis an bhfocal *gainem* a bheith bain. nó fir. Sa Nua-Ghaeilge, luann FGB na tréithe ceannann céanna mar seo: ‘*gaineamh*, m. (gs. *-nimh*). Sand. .... (Var: f, gs. *gainimhe*, *gainmhe*)’.

Tá an dá rogha againn. Arbh fhearr leagan Gaeilge an lae a leasú go ‘Poll na Gainimhe’ agus ‘n’ an ailt bheith le cloisteáil mar san fhuaimniú áitiúil nó úsáid a bhaint as ‘*gaineamh*, fir.’ an leagan caighdeánach?

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *gaineamh* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **Ard an Ghainimh / Ardagannive**, i bparóiste Chill Eacha Naoineach i mbarúntacht Bhéarra (Co)
2. **Clais an Ghainimh / Clashaganniv**, i bparóiste Chnoc Muirne i mbarúntacht Choill na Talún (Co)
3. **Mín an Ghainimh / Meenagannive** i bparóiste Ghartáin i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG)
4. **Lag a' Ghainimh** an fhoirm Ghaeilge a mhol an Donnabhánach don logainm **Legagunnia** i bparóiste Ráth Tó i mbarúntacht Ráth Tó (Mí) (Ainmleabhar Mi100).

Is féidir comparáid a dhéanamh le baile fearainn eile nach bhfuil ach ceithre chiliméadar i bhfad ón áit seo. Féach an iontráil atá faoi **Gubnaguinie** thuas ar lch. 79.

#### 114. Portinode

*Port an Fhóid*

#### H 1464

‘bank of the grassy land’

- |                  |  |      |
|------------------|--|------|
| 1. Purtanand     | 63 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 2. Port an Fhóid | OD:AL  | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /portəno:d/

Is baile fearainn de 338 acra é Portinode atá suite ar bhruach na hÉirne, gar d'Inis Badhbha. Tá droichead idir an áit seo agus **Pollaginnive** ar Inis Badhbha (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Port an Fhóid** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘bank of the sod’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Ghlac Joyce (1913, 532) leis an bhfoirm Ghaeilge ‘Port-an-fhóid’ agus an t-aistriú ‘bank or landing-place of the (remarkably green grassy) sod’.

Is léir gurb é an focal *port* ‘a bank, shore (of river or sea)’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *fód* ‘a sod (of earth), soil’ (eDIL 1 *fót*) atá sa tríú cuid. Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *port* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **Port Inse / Portinch**, i bparóiste Imleach Fhada i mbarúntacht an Chorainn (SI) agus
2. **Port an Achaidh / Portinaghy**, i bparóiste Dhomhnaigh i mbarúntacht an Triúcha (Mu).

Tá samplaí eile den fhocal *fód* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Béal Átha an Fhóid / Bellanode**, i bparóiste Thigh Damhnata i mbarúntacht Mu (Mu) agus i bparóiste Chalraí i mbarúntacht Chairbre (SI)
2. **Corr an Fhóid / Cornode**, i bparóiste Bhaile an Chaisleáin i mbarúntacht Uaithne, Ara (TÁ) agus
3. **Cé an Fhóid Duibh / Blacksod Pier, Gob an Fhóid Duibh / Blacksod Point**, agus iad araon i mbaile fearainn an Fháil Mhóir i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Iorrais (ME).

## 115. Procklis

## *Prochlais*

### H 1468

‘badger den’

1. Proghes	164 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Prucklis	48 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1766
3. Prughliss	48 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
4. Proughlass	145 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
5. Proughlas	235 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
6. Proughlas	116 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
7. Bruchghlas	148 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
8. Prucclas	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /'proklis/

Is baile fearainn de 196 acra é Procklis (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Prucias** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘cave, a badger warren’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Ghlac Joyce (1913, 533) leis an bhfoirm Ghaeilge **Broc-lusc**.

Is léir gurb é an focal *broc* ‘badger’ (eDIL *brocc*) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *clais* ‘ditch, trench, furrow; pit’ (eDIL *clas*) atá sa dara cuid. Tá an focal *broclas* ‘n (brocc + 1 clas?): bruic a broclasaib ‘brock-holes’ ar eDIL freisin.

Féach ‘*broclach*, -*aigh*, pl. –*aighe*, m., a badger warren: al. a heap of stones (Antr.); *broclais* (al. –*las*), *brocach* (Boyce), *prochlais*, id.’. (Ó Duinnín (1927) s.v.),

Is suimiúil go bhfuil fianaise ar *Prochas* i 1610 le hais *Prochlais* ina dhiaidh sin; tá an dá leagan le fáil i logainmneacha **Pruchas / Prohus**, leis an aistriú ‘hole, den, cave’, i bparóiste Dhrom Tairbh i mbarúntacht Dhúiche Ealla agus i bparóiste Chluain Droichead i mbarúntacht Mhúscraí Thiar (Co).

Tá plé ag McKay (1995, 59) ar an logainm **An Phrochlais / Procklis**, i bparóiste Dhroim Málla i mbarúntacht Thuaim Uachtarach (Ao) agus luann sé ‘Dinneen gives both *broclais* and *prochlais* as variant forms of *broclach*’.

Tá sampla eile den fhocal seo i logainmneacha ar logainm.ie:

1. **Prochlais / Procklis**, i bparóiste Thulacha Beigile i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG) agus
2. **An Phrochlais / Prughlish** le fáil freisin i bparóiste Eadargúil i mbarúntacht Thír Amhlaidh (ME).

**116. Rossgole***Ros Guail***H 1164**

‘headland of the charcoal’

1. Ros Guail

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ros go:l/

Is baile fearainn de 138 acra é Rossgole atá suite ar bhruach na hÉirne. Tá gobán beag tíre ar an léarscáil (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Ros Guail** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘point of the charcoal’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *gual* nó an focal *gualach* ‘charcoal’ (eDIL *gúal*) atá sa dara cuid.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 205) ar úsáid an fhocail *gual* i logainmneacha:

Places .... containing the word *gual*, ... signifies either coal or charcoal. In names, however, the local tradition always points to charcoal, which must be correct, as the introduction of coal as fuel is comparatively recent. There is a little point of land jutting into Lough Erne, a mile from the village of Pettigo, and another just opposite on Boa island, both of which are called by the same name, Rossgole, that is, *Ros-guail*, the peninsula of the charcoal.

De réir *logainm.ie*, tá **Droim Guail / Drumgold**, i bparóiste Theampall Seanáin i mbarúntacht an Bhealaigh Chaoin Theas (LG), **Clais an Ghuail / Coalpits**, i bparóiste Chuillean i mbarúntacht Dhúiche Ealla (Co) agus i bparóiste Áth Liag i mbarúntacht Chill Liatháin (Ga).

Luann Toner (1996, 47) **Ard an Ghuail / Ardnagoole**, agus **Cnoc an Ghuail /**

**Crockaghole** i bparóiste Bhaile na Scríne i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhloinn (Do).

Deir siad go raibh eolas cruinn ag an Donnabhánach go raibh *gualach* á ullmhú san áit seo.



**117. Rotten Mountain**

Ainm Béarla

**H 2069**

- |    |                     |                                |      |
|----|---------------------|--------------------------------|------|
| 1. | The Bottom Mountain | 28 PRONI T/543/1 Freeholders   | 1788 |
| 2. | Rotten Mountain     | 204 PRONI D1096/92 Freeholders | 1801 |
| 3. | Rotten Mountain     | OD:AL                          | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /rɒtən mauntən/

Is baile fearainn de 353 acra é Rotten Mountain atá suite ar an teorainn le TE. Tá cnoc 180 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

An bhféadfadh gurb é Ráth Tóna nó Ráth Tónach, leis an aistriú ‘bottom (field) of the fort’, is bun leis an ainm seo de bharr na húsáide a baineadh as an aidiacht ‘*bottom*’ sa bhliain 1788 sa liosta atá thuas?

Ar an taobh eile de, níl ráth ar bith le fáil ar an léarscáil. Chuir staraí áitiúil, Joe O’Loughlin, in iúl dom nach raibh na daoine in ann clocha ón áit seo a úsáid chun tithe a thógáil mar bhí siad róbhog agus sobhriste.

Ní raibh aon fhoirm Ghaeilge le moladh ag Seán Ó Donnabháin don logainm seo (Ainmleabhar B152). Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge cailte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

**118. Rushinbane***Roisín Bán***H 1772**

‘little white point’

- |    |              |                               |      |
|----|--------------|-------------------------------|------|
| 1. | Rushin White | 36 PRONI D1096/92 Freeholders | 1796 |
| 2. | Roisín Bán   | OD:AL                         | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /ruʃi:nba:n/

Is baile fearainn de 172 acra é Rushinbane ar an teorainn le DG. Tá cnoc 150 méadar ar airde ann darb ainm Rushinbane (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

Tá an baile fearainn atá á phlé againn béal dorais leis an mbaile fearainn darb ainm **Roisín Dubh**.

**Roisín Bán** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘white little point’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *roisín* ó *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *bán* ‘white’ (eDIL s.v.) atá sa dara cuid.

**Roisín / Rushin** an fhoirm Ghaeilge a mhol an Donnabhánach leis an aistriú ‘a small point or promontory’ i bparóiste Chlaoininse i mbarúntacht Chlann Amhlaoibh (FM) (Ainmleabhar B131) ach luann Joyce (1913, 548) **Ruisen** leis an aistriú ‘little wood or point’ mar ainm na háite sin.

Tá samplaí eile den fhocal seo *roisín* i logainmneacha ar logainm.ie:

1. **Roisín / Rusheen Island**, i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Iorrais (ME)
2. **Roisín an Chalaigh / Rusheennacholla**, agus **Roisín na Mainiach / Rusheennamanagh**, i bparóiste Mhaírois i mbarúntacht Bhaile na hInse (Ga)
3. **An Roiseán / Rushaun**, i bparóiste Chill na Móna i mbarúntacht Inse Uí Chuinn (Cl)
4. **An Rosán / Russaun**, i bparóiste Mhainistir Leathrátha i mbarúntacht Ghránaird (Lo) agus an uimhir iolra
5. **Na Roisíní / Rusheeny**, i bparóiste Chill Chuimín i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga).

Tá plé ag Toner (1996, 104) ar an bhfocal *ros* mar seo:

Joyce notes that in the southern half of Ireland, *ros* is generally understood only in the sense wood, while in the north, this application is lost, and it means only a peninsula (Joyce 1869, 443). It is indeed true that the sense peninsula is dominant in the North. A glance at the townland index reveals the vast majority

(approximately 70%) of names beginning with or comprising *ros(s)* are found in the two counties of Fermanagh and Donegal. In Fermanagh, the high proportion of *Ros(s)*-names appears to be related to the large stretches of inland water that are to be found there, while in Donegal, the rugged coastline accounts for many such names. There is only a handful of *ros(s)*-names in Cos. Derry, Antrim, Down and Tyrone, and there is none at all in Armagh. Despite long stretches of coastline round Derry, Antrim and Down, few of these names appear to be associated with promontories, and *ros* must have been used in the sense “wooded height”.

Féach an iontráil atá faoi **Muckros** ar lch. 211 áit a bpléitear brí ársa an fhocail *ros*.

### 119. Rushindoo

*Roisín Dubh*

**H 1671**

‘small black point’

1. Black Rushen	25	<i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1752
2. Rushin Black	75	<i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
3. Rush Black	36	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
4. Black Rushin	207	<i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
5. Roisín Dubh	OD:AL		1834

Fuaimniú Áitiúil: /ruʃiːnduː/

Is baile fearainn de 155 acra é **Rushindoo** atá ar an teorainn le DG. Tá cnoc 130 méadar ar airde ann darb ainm Rushindoo (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

Tá an baile fearainn atá á phlé againn béal dorais leis an mbaile fearainn **Roisín Bán**.

**Roisín Dubh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘black little point’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Is léir gurb é an focal *roisín* ó *ros* ‘a wood, freq. of a wooded height or of a promontory on shore of a lake or river’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *dubh* ‘black’ (eDIL *dub* (I)) atá sa dara cuid.

Féach an iontráil atá faoi **Rushinbane** ar lch. 225 ós é an bunlogainm céanna atá i gceist.

## 120. Skea

## *An Sceach*

### H 1771

‘the whitethorn bush’

1. Skeagh	26 PRONI Fermanagh Poll Book	1748
2. Skea	28 PRONI Fermanagh Poll Book	1752
3. Skea	7 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
4. Skeagh	10 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
5. Skea	109 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
6. Skea	235 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
7. Sgiath	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /ʃke:/

Is baile fearainn de 161 acra é Skea. Tá cnoc 190 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Sgiath** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a whitethorn, a lone thorn’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Glacann Joyce (1869, 519) leis an bhfoirm Ghaeilge **Sceach** agus an t-aistriú ‘thorn bush’ don logainm. Is soiléir go bhfuil siad ag aontú le chéile i gcás na brí ach tá foirmeacha éagsúla Gaeilge molta acu.

Níl an focal *sgiath* le fáil san fhoclóir ach féach Ó Dónaill, FGB *sciath* ‘1 shield, protection. 2. (a) Shield-shaped basket. (b) Wicker-work door or screen’. Aontaíonn (Ó Duinnín (1927) s.v.) agus (eDIL 2 *scíath*) leis sin.

Is léir gurb é an focal *sceach* ‘a thorn bush, whitethorn’ (eDIL *scé, scech*) atá san ainm.

Tá samplaí eile den fhocal seo *sceach* i logainmneacha cosúil le **An Sceach / Skeagh** ar *logainm.ie*:

1. i bparóiste an Chaisleáin Nua i mbarúntacht an Chaisleáin Nua (BÁC)
2. i bparóiste na Scoile agus i bparóiste Mhainistir na Sruthrach, agus iad araon i mbarúntacht an Cairbrigh Thiar (an Roinn Thiar) (Co) agus
3. i bparóiste Chluain Dá Chorcach i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG).

## 121. Skrinny

*Scrinnidh (?)*

**H 1966**

‘hard ground’

1. Skreen	39 PRONI Fermanagh Poll Book	1767
2. Screen	35 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
3. Scrunny	50 PRONI D1096/92 Freeholders	1801
4. Scrunny	150 PRONI D1096/92 Freeholders	1801
5. Scrinnisdh	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ˈʃkrini:/

Tá achar iomlán de 1607 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Scrinnidh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hard ground’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152).

Níl an t-ainmfhocal ná an aidiacht *scrin(nidh)* le haimsiú in eDIL, Ó Duinnín nó FGB. Is léir gur ón bhfocal *scrín* ‘(Lat. *scrinium*) a shrine (usually containing saints’ relics)’ (eDIL *scrín* Forms: *scríne*, *scrína*, *scríne*) a shíolraíonn an logainm seo agus an uimhir uatha atá i gceist. Ar *logainm.ie*, tá an nóta mínithe seo le fáil: ‘Scrínidh — foirm chalctha den tuiseal tabharthach uatha de scrín?’

Tá samplaí eile den fhocal seo *scrín* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Scrínidh / Skreeny**, i bparóiste Chill Osnat i mbarúntacht Ros Clochair agus i bparóiste Chluain Chláir i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li)
2. **Scrínidh Bheag / Skreeny Little**, i bparóiste Chluain Chláir i mbarúntacht Dhroim Dhá Thiar (Li) agus
3. **An Scrín / Skreen**, mar pharóistí i mbarúntacht na Scríne (Mí), i mbarúntacht Shíol Maoluír Thoir (LG), agus i mbarúntacht Thír Fhiachrach (Sl)
4. **Baile na Scríne / Ballynascreen** mar pharóistí i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhloinn (Do) agus
5. **Gort na Scríne / Gortnascreeny** i bparóiste Chathrach i mbarúntacht Chairbreach Thiar (an Roinn Thiar) (Co).

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 139-140):

*Scrín* is derived from the Latin *scrinium*, meaning ‘shrine’ and is usually anglicised as ‘skreen.... Of the seven other instances of *scrín* [seachas **An Scrín** (Sl)] as a first element in place-names, without further qualification, all but one are in the northern part of the country.... probability is that most, at least, relate to pre-Reform sites, distinguished by their possession of a venerated shrine.

Ach ar an taobh eile den scéal, níl guta fada sa chéad chuid den fhocal /'ʃkrini:/. Mar thoradh air sin, ní dóigh liom go bhfuil an focal *scrín* feiliúnach sa chás seo. Mar sin, táim claonta i leith thuairim Uí Dhonnabháin sa chás seo.

## 122. Springtown

*Ardán na nDeor*

**H 1165**

‘hill of the tears’

- |                   |                                  |      |
|-------------------|----------------------------------|------|
| 1. Springtown     | 2 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i> | 1788 |
| 2. Spring Town    | 3 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i> | 1788 |
| 3. Ardán na Deoir | OD:AL                            | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /spring taun/

Is baile fearainn de 120 acra é Springtown. Tá cnoc 90 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Ardán na Deoir [nDeor]** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill of the tears’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Cá bhfuair an Donnabhánach an leagan Gaeilge? Is fiú an cheist a chur, fiú mura bhfuil freagra uirthi. Ní úsáidtear an fhoirm Ghaeilge a mhol sé anois, áfach.

Tá an chosúlacht ann go bhfuil an t-ainm Gaeilge caillte agus nach bhfuil ann anois ach an leagan Béarla.

### 123. Stragolan

### *Srath Gabhláin*

**H 1566**

‘river meadow of the little fork’

1. Stragolin	4 <i>PRONI Fermanagh Poll Book</i>	1751
2. Stragolin	2 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
3. Stragolin	2 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Stragolan	4 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
5. Srath Gualán	OD:AL	1834
6. Srath Gabhláin	<i>Gasaitéar na hÉireann</i>	2007

Fuaimniú Áitiúil: /stra: go:lən/

Is baile fearainn de 98 acra é Stragolan (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Srath Gualán** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Goland’s holm or strath’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Ar an taobh eile den scéal, mhol Joyce (1913, 563) **Srath Gabhláin** leis an aistriú ‘holm of the little river fork’. Mar thacaíocht leis an tuairim seo, tá gabhail ar an taobh thoir den bhaile fearainn áit a dtagann dhá shruth le chéile. De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 143), ciallaíonn an t-ainmfhocal *srath* ‘valley-bottom, or ‘a flat place’ e.g. beside a river or lake, a ‘holm’.

Is léir gurb é an focal *srath*, *sraith* ‘valley, bottom, meadow or grassy place near a river’

(eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *gabhlán* ‘a fork, a small creek, nook or inlet of the sea’ (eDIL 1 *gablán* (an fhoirm dhíspeagtha den fhocal *gabul*)) atá sa dara cuid.

Tá plé ag Toner (1996, 36) ar an áitainm **Srath / Straw**, i bparóiste Bhaile na Scríne agus ar an áitainm **Srath Mór / Strawmore**, agus iad araon i bparóiste Bhaile na Scríne i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhlóinn (Do).

Tá samplaí eile den fhocal seo *srath* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **An Srath / Sra**, i bparóiste Achadh na Muileann i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu) agus
2. **An tSraith / Srah**, i Ga (4), La (1), ME (4), RC (1) agus UF (2).

De réir *logainm.ie*, tá an fo-bhaile **Garraí Gabhláin / Garrygowlane** i mbaile fearainn Ghlinisce i bparóiste Chill Chrócháin i mbarúntacht Dhún Ciaráin Theas (Ci) agus **An Gabhlán Thuaidh / Gowlane N**, i bparóiste Dhomhnach Mór i mbarúntacht Mhúscraí Thoir (Co) agus **Gabhlán na Lí / Gowlaunlee**, i bparóiste an Rois i mbarúntacht an Rois (Ga).

#### 124. Tawnydorrach H 1973

*Tamhnaigh Dhorcha*  
‘dark clearing’

- |                     |       |      |
|---------------------|-------|------|
| 1. Tamhnaigh Dorcha | OD:AL | 1834 |
|---------------------|-------|------|

Fuaimniú Áitiúil: /tu:ni: 'dorə/

Is baile fearainn de 136 acra é Tawnydorrach atá ar an teorainn le DG agus TE. Ar an taobh theas den bhaile fearainn seo tá cnoic atá níos airde (200 méadar) ná an baile fearainn atá á phlé againn agus, mar sin, d'fhéadfaidís siúd solas na gréine a laghdú (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).



**Tamhnaigh Dorcha** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘dark flat’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B152). Aontaíonn Joyce (1913, 569) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tamhnach* ‘a green place, clearing’ (eDIL *tamnach*) sa logthuiseal atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *dorcha* ‘dark’ (eDIL *dorchae*) atá sa dara cuid.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *tamhnach* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **An Tamhnaigh / Tawny**, i bparóiste Chill Charthaigh i mbarúntacht Bháineach agus i bparóiste Chluain Dabhaodóg i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin (DG) agus
2. **An Tamhnaigh / Tawnagh**, i bparóiste Bhaile Óbha i mbarúntacht Cheara (ME).

De réir *logainm.ie*, tá na bailte fearainn **Doire Dorcha / Derrydorragh**, i bparóiste Bhéal Átha hÉin i mbarúntacht Cheara (ME), **An Bealach Dorcha / Ballaghdorragha**, i bparóiste Dhún Mór i mbarúntacht Bhéal Átha Mó (Ga) agus **An Bhuaile Dhorcha / Boleydorragha**, i bparóiste Chill Chon Iarainn i mbarúntacht Dhún Coillín (Ga).

Tá plé ag Ó Mainnín (1993, 50) ar an logainm **Muine Dorcha Beg, More / Moneydorragh Beag, Mór**, i bparóiste Chill Chaoil i mbarúntacht Mhúrn (Dn).

**125. Tievaveeny**  
**H 1972**

*Taobh an Mhianaigh*  
‘Meeny’s hillside’

1. Taobh a Mhianaigh      OD:AL      1834

Fuaimniú Áitiúil:      /ti:və 'vi:ni:/

Is baile fearainn de 244 acra é Tievaveeny. Tá cnoc 210 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Taobh a Mhianaigh** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘side of the mine’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B153).

Is léir gurb é an focal *taobh* ‘side’ (eDIL *taeb* (I)) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an sloinne Ó Maonaigh atá sa tríú cuid.

Níl fianaise agam go raibh mianach ann tráth. De réir McVeigh (2003, 15), is é atá ann ná ‘**Taobh an Bhianaigh** – Meaney’s hillside. Located north of Montiagh, towards Scraghey’. De réir an daonáirimh in 1901, bhí beirt den sloinne ‘Meaney’ i FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá á phlé againn.

Tá samplaí eile den fhocal *taobh* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **Taobh an Bhogaigh / Bogside**, i bparóiste Chill Leacht Aodha i mbarúntacht Bháineach (DG)
2. **Taobh an Léana / Tievaleny**, i bparóiste Achadh na Muileann i mbarúntacht Chríoch Mhúrn (Mu) agus
3. **Taobh an Locha / Tievelough**, i bparóiste Inis Caoil i mbarúntacht Bháineach (DG).

## 126. Tievenavarnog

*Taobh na bhFearnóg*

H 1969

‘hillside of the alders’

- |                        |                                |      |
|------------------------|--------------------------------|------|
| 1. Tivenavarnagh       | 325 PRONI D1096/92 Freeholders | 1801 |
| 2. Taobh na bh-Fearnóg | OD:AL                          | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /ti:vən 'varno:g/

Is baile fearainn de 156 acra é Tievenavarnog. Tá cnoc 150 méadar ar airde ann. (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Taobh na bhFearnóg** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hillside of the alder trees’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1869, 526) leis sin.

Is léir gurb é an focal *taobh* ‘side’ (eDIL *taeb* (I)) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *fearnóg* ‘an alder-tree’ (eDIL 1 *fern*) atá sa tríú cuid.

Tá samplaí eile den fhocal *fearnóg* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **An Fhearnóg / Farnoge**, i bparóiste Dhún Cit i mbarúntacht Ó Deá (CC)
2. **Ceapach na bhFearnóg / Cappanavarnoge**, i bparóiste Chill an Dísirt i mbarúntacht Chluain idir Dhá Lá (CI)
3. **Cluain na bhFearnóg / Cloonnavarnoge**, i bparóiste Chill Chilhíre i mbarúntacht Bhaile Chláir (Ga) agus
4. **Gort na bhFearnóg / Gortnavarnoge**, i bparóiste Chill Chomnaid i mbarúntacht Uaithne, Ara (TÁ).

## 127. Tirmacspird

## *Tír Mhic Spirid*

**H 2569**

‘Mac Spirit’s district’

1. Teevickspirdie [sic]	163 <i>James Patent Roll</i>	1610
2. Tynny McSpiritt	110 <i>Census</i>	1659
3. Termacksprid	14 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
4. Tiermspririt	14 <i>PRONI T/543/1 Poll Book</i>	1788
5. Tiermackspeird	33 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
6. Tiermacspeird	61 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1796
7. Tyrmcspird	50 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1801
8. Tír mhic Spird	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil:

/ti:rmək sprid/

Is baile fearainn de 450 acra é Tirmacspird atá suite ar an teorainn le TE (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Tír mhic Spird** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘Mac Spird’s district’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Tacaíonn an fhianaise seachas uimhir 1 sa liosta thuas (mionearráid scríobhaí, b’fhéidir) leis an leagan seo. Níl an sloinne sin liostaithe ag MacLysaght ach de réir an daonáirimh in 1901, bhí ochtar darbh ainm ‘McSpirit’ ina gcónaí i FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá idir lámha againn. Is dóiche gur sloinne Albanach atá i gceist.

Is léir gurb é an focal *tír* ‘earth, ground, portion of land, territory’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gur sloinne atá sa dara cuid.

Tá samplaí eile den fhocal *tír* i logainmneacha ar *logainm.ie*:

1. **(An) Tír / Teer**, i bparóiste Chill Laobháin i mbarúntacht Dhartraí (Mu) agus i bparóiste an Chlocháin i mbarúntacht Chorca Dhuibhne (Ci)
2. **Tír Fhearghasa** i bparóiste Chill Mhic Réanáin i mbarúntacht Chill Mhic Réanáin
3. **Tír Aodha** mar bharúntacht i DG agus
4. **Tír Mhic Dhubháin / Tirmadown** i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Mu (Mu).

Tá plé ag Muhr (1996, 178) ar an logainm **Tír Uí Ghothraidh / Tirygory**, i bparóiste Dhroim Bhaile Uí Ruanadha i mbarúntacht Uíbh Eachach Uachtarach, An Leath Íochtair (Dn).

## 128. Tirwinny

**H 2467**

*Tír Mhuine*

‘land of the thicket’

- |                 |                                     |      |
|-----------------|-------------------------------------|------|
| 1. Tyrwynie     | 163 <i>James Patent Roll</i>        | 1610 |
| 2. Tirry Winney | 110 <i>Census</i>                   | 1659 |
| 3. Tyrawinny    | 5 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i> | 1796 |

4. Terwinny	10 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
5. Tyrwinney	23 PRONI D1096/92/1 Freeholders	1796
6. Tír Mhuine	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /tí:rə 'wani:/

Is baile fearainn de 180 acra é Tirwinney atá suite ar an teorainn le TE. Tá cnoc 150 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Tír Mhuine** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘district of the shrubbery’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1913, 576) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tír* ‘earth, ground, portion of land, territory’ (eDIL s.v.) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *muine* ‘a brake or thicket’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid.

Tá samplaí eile den fhocal *muine* i logainmneacha ar *logainm.ie* agus ar *placenamesni.org*:

1. **Ard Doire Mhuine / Arderrawinny**, i bparóiste na Scoile i mbarúntacht Chairbreach Thiar (an Roinn Thiar) (Co)
2. **Baile an Mhuine / Ballywinna**, i bparóiste Chill Orthá i mbarúntacht Dhún Coillín (Ga)
3. **Gort an Mhuine / Gortnawinny**, i bparóiste Chluain Eois i mbarúntacht Dhartraí (Mu)
4. **Muine Bheag / Bagenalstown** i bparóiste Dhún Leicne i mbarúntacht Ó Dróna Thoir (Ce)
5. **Tulaigh Mhuine / Tullywinny** i bparóiste Loch Goilí i mbarúntacht na nOirthear Uachtarach (AM) agus
6. **Tul an Mhuine / Tullywinny** i bparóiste Charn tSiail i mbarúntacht Dhún Geanainn Íochtarach (TE).

**129. Tonwore***Tóin Mhór***H 2269**

‘large bottom (field)’

1. Tóin Fuar

OD:AL

1834

Fuaimniú Áitiúil:

/to:n wo:r/

Is baile fearainn de 290 acra é Tonwore atá suite ar an teorainn le TE. Tá cnoc 210 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12, SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Tóin Fuar** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘cold bottom [field]’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *tóin* bain. ‘bottom’ (eDIL *tón* (b)) atá sa chéad chuid den ainm agus gurb í an aidiacht *fuair* ‘cold’ (eDIL 1 *fúar*) atá sa dara cuid ach an bhféadfadh an aidiacht *mór* ‘great’ (eDIL *mór* (*már*)) a bheith i gceist mar dhara mhír den logainm atá á phlé againn?

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *tóin* mar is léir ón iliomad samplaí eile den fhocal seo ar *logainm.ie*:

1. **An Tóin Bhán / Tonbaun,**

- i bparóiste Chill Chonaicne i mbarúntacht Dhún Coillín (Ga)
- i bparóiste Chraobh Chomhartha i mbarúntacht Phobal Bhriain (Lm) agus
- i bparóiste Bhaile an Tobair i mbarúntacht Cheara (ME)

2. **An Tóin Bhuí / Tonwee,** i bparóiste Chill Chuimín i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn (Ga) agus3. **An Tóin Dubh / Tonduff,** sliabh i bparóiste Chill Taobhóg i mbarúntacht Ráth Bhoth Theas (DG).

Ar an taobh eile de, tá an focal *mór* i logainmneacha ar *logainm.ie* mar seo a leanas:

1. **An Fearann Fuar / Farranfore** i bparóiste Mhaigh Fhlaithimh i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn (Ci)

2. **An Dún Fuar / Doonfore** i bparóiste Dhroim Chliabh i mbarúntacht Chairbre (Sl) agus
3. **An Chúil Fhuar / Coolfores**, i bparóiste na hAille i mbarúntacht Bhaile an Ridire Thiar (BÁC).

De réir *logainm.ie*, tá **An Tóin Mhór / Tonmore**, i bparóiste na Cille Móire i mbarúntacht Iorrais (ME). Moltar **Tóin Mhór** mar thagann *mhór* leis an bhfuaimniú áitiúil.

### 130. Tubbrid

*Tiobraid*

**H 1866**

‘well or spring’

- |             |  |      |
|-------------|--|------|
| 1. Tubbritt | 40 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>          | 1788 |
| 2. Tubbrit  | 64 <i>Ordnance Survey Memoirs of Ireland</i> | 1834 |
| 3. Tiobraid | OD:AL  | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /'tōbrid/

Tá achar iomlán de 178 acra talún ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Tiobraid** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘a spring well’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1869, 452) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tiobraid* ‘well’ (eDIL *tipra*) atá san ainm.

De réir Flanagan agus Flanagan (1994, 151): ‘*Tiobraid* is another word for ‘fountain’, ‘well’ or ‘spring’ ..... It appears without qualification in Tubbrid, in Cos Kerry, Kilkenny and Tipperary’.

Focal réasúnta coitianta taobh amuigh de Chúige Uladh é *tiobraid* mar is léir ón iliomad samplaí eile den fhocal seo sa logainmníocht ar *logainm.ie*:

(An) **Tiobraid / Tubbrid, Tubbrit**, le fáil sna contaetha seo a leanas:

Ci (2), CC (1), Co (1), IM (1), La (1), Lm (1), Mí (1), PL (1), TÁ(1) agus UF (1).

De réir *logainm.ie*, níl an focal *tobar* le fáil i logainmneacha i FM agus ar an taobh eile den scéal, is é an baile fearainn atá idir lámha againn an t-aon eiseamláir d’úsáid an fhocail *tiobraid* i logainm taobh istigh de FM.

### 131. Tullyhommon

*Tulaigh Uí Thiomáin*

**H 1167**

‘Timoney’s hill’

1. Tullyhoman	110 <i>Census</i>	1659
2. Tullyhamon	208 <i>Fermanagh Hearth-Roll</i>	1665
3. Tullyhaiman	5 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
4. Tullyhummen	5 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
5. Tullyhummen	5 <i>PRONI T/543/1 Freeholders</i>	1788
6. Tullyhuman	17 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
7. Tullyhummin	2 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1796
8. Tullyhummond	88 <i>PRONI D1096/92/1 Freeholders</i>	1801
9. Tullyhummion	135 <i>PRONI D1096/92 Freeholders</i>	1801
10. Tulach Uí Thomain	OD:AL	1834
11. Tulaigh Uí Thiomáin	<i>Gasaitéar na hÉireann</i>	2007

Fuaimniú Áitiúil: /tōli: homən/

Is baile fearainn de 123 acra é Tullyhommon atá suite ar an teorainn le DG. Tá cnoc 100 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 17 agus Duffy (1993, 28)).

**Tulach Uí Thomain** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘O’Toman’s hill. Toman now anglicised Timony’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154).

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) sa logthuiséal atá sa chéad chuid den ainm agus gur sloinne atá sa dara cuid. Sean-logthuiséal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.



De réir MacLysaght (1985, 286), faightear an sloinne ‘Ó Tiománaithe’ go líonmhar i DG, TE, FM agus Li. Tá 'Timoney' le fáil mar leagan Béarla den sloinne seo. De réir an daonáirimh in 1911, bhí cúigear agus ceithre scór den sloinne 'Timoney' i FM ach ní raibh duine ar bith díobh sa bhaile fearainn atá á phlé againn.

Mar chodarsnacht, tá plé ag McKay (1995, 256) ar an logainm **Tulaigh na hInneona / Tullynahinnion**, leis an aistriú ‘hillock of the anvil’ i bparóiste Phort Chluain Eoghain i mbarúntacht Thuaim Íochtarach (Ao) ach ní thacaíonn an fuaimniú áitiúil leis an gciall seo.

Mhol Sean Ó Donnabháin an fhoirm Ghaeilge **Coill Uí Thomain** don logainm **Killyhommon** i bparóiste Bhotha i mbarúntacht an Mhachaire Bhuí (FM) (Ainmleabhar B64).

### 132. Tullynaloob

*Tulaigh na Lúb*

**H 1570**

‘hillock of the bends’

1. Tullnaloob	41 PRONI Fermanagh Poll Book	1767
2. Tullnaloob	42 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
3. Tullynaloob	42 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
4. Tullinaloob	46 PRONI T/543/1 Freeholders	1788
5. Tullnaloobe	271 PRONI D1096/92 Freeholders	1796
6. Tulaigh na Lúb	OD:AL	1834

Fuaimniú Áitiúil: /tölnə lu:b/

Is baile fearainn de 127 acra é Tullynaloob atá suite ar an teorainn le DG. Tá cnoc 170 méadar ar airde ann agus abhainn an Tearmainn ar an taobh thuaidh den bhaile fearainn seo (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Tulaigh na Lúb** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; ‘hill of the loops’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Ghlac Joyce (1913, 592) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) sa logthuiséal atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *lúb* ‘loop’ (eDIL s.v.) atá sa tríú cuid. Sean-logthuiséal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*. Níl aon rian den fhuaim ‘y’ san fhuaimniú áitiúil.

Tá sampla den fhocal *lúb* i logainmneacha ar *logainm.ie* mar seo a leanas:

1. **An Lúb / The Loup**, sráidbhaile i mbaile fearainn Bhaile Uí Mhaoileagáin i bparóiste Ard Tré i mbarúntacht Loch Inse Uí Fhloinn (Do)
2. **Béal Átha na Lúb / Bellanaloob**, i bparóiste Róibín i mbarúntacht Chill Mheáin (ME) agus
3. **Dín na Lúb / Dunnaloob**, i bparóiste na hUrnaí i mbarúntacht Ráth Bhoth Theas (ME).

Tá plé ag Muhr (1996, 293) ar an logainm **Tulaigh Lúb / Tullyloob**, i bparóiste Mhaigh Rath i mbarúntacht Uíbh Eachach Íochtarach, An Leath Uachtair (Dn). Léiríonn sí nach bhfuil sruthanna ann agus níl sí in ann a rá cén bhrí speisialta atá leis na lúba.

### 133. Tullynashammer H 1971

*Tulaigh na Seamar*  
‘hill of clover’

- |                      |                                |      |
|----------------------|--------------------------------|------|
| 1. Tullyshanber      | 100 PRONI D1096/92 Freeholders | 1801 |
| 2. Tulaigh na Seamar | OD:AL                          | 1834 |

Fuaimniú Áitiúil: /t̪oli:na:ʃamər/

Is baile fearainn de 242 acra é Tullynashammer. Tá cnoc 220 méadar ar airde ann (SO Léarscáil 12 agus Duffy (1993, 28)).

**Tulaigh na Seamar** an fhoirm Ghaeilge a mhol Seán Ó Donnabháin; mar ‘shamrock hill’ an t-aistriú a mhol sé (Ainmleabhar B154). Aontaíonn Joyce (1875, 528) leis sin.

Is léir gurb é an focal *tulach* ‘hill(ock), mound’ (eDIL s.v.) sa logthuiséal atá sa chéad chuid den ainm agus gurb é an focal *seamair* ‘clover, shamrock’ (eDIL *semar*, *semair*) atá sa tríú cuid. Mar sin, bheadh ‘clover’ seachas ‘shamrock’ níos cruinne anseo. Sean-logthuiséal den fhocal *tulach* atá san fhoirm *tulaigh*.

Tá an cur síos seo a leanas ag Joyce (1875, 55) ar úsáid an fhocail *seamair* sna logainmneacha:

There are not many local names derived from this word [*seama(i)r*]... It appears in .... Aghnashammer near Rosslea in Fermanagh, *Achadh-na-seamar*, the field of the trefoils.

Focal réasúnta coitianta sa logainmníocht é *seamar* mar is léir ó na samplaí atá ar *logainm.ie*:

1. **Cnoc na Seamar / Knocknashammer**, i bparóiste Chill Fraoigh i mbarúntacht Chúil Ó bhFinn (SI)
2. **Fál na Seamar / Falnashammer**, i bparóiste Bhaile Uí Shomacháin i mbarúntacht Thír Oirill (SI)
3. **Gort na Seamar / Gortnashammer**, i bparóiste Chill Chomáin i mbarúntacht Chill Mheáin (ME) agus
4. **Oileán na Seamar / Illannashammer**, i bparóiste Leac Eidhneach i mbarúntacht Theampall Cróine (DG).

## Conclúid

Ba é aidhm an tráchtais seo eolas a bhailiú faoi fhoirmeacha Gaeilge agus faoi bhríonna logainmneacha na mbailte fearainn i bparóistí Bhéal Leice, Dhroim Caorthainn agus Theampall Carna i gContae FM. Is fiú taighde a dhéanamh ar logainmneacha i gcuid de bharúntacht Loirg mar atá déanta anseo thuas. Tugann logainmneacha tuiscint áirithe dúinn faoi dhearcadh nó faoi mheon na ndaoine a chuir ainmneacha ar a dtimpeallacht. I gcónaí, bíonn scéal éigin le hinsint faoi thábhacht na n-áiteanna seo do na háitritheoirí dúchasacha.

Scrúdaigh Mac Aodha (1980) léarscáil FM agus bhreac sé síos ainm gach baile fearainn a raibh dealramh an Bhéarla air nó a raibh eilimint Bhéarla ann. Bhailigh sé 155 logainm Béarla de na 2,206 bhaile fearainn sa chontae. De réir Mhic Aodha (1980, 54), is féidir ‘céim ghalldaithe’ a chruthú mar shlat tomhais chun tionchar an chultúir ghallda ar chultúr na ndúchasach .i. an cultúr Gaelach, a mheas:

Mar sin de, is ionann na hainmneacha Béarla seo agus c. 7% den iomlán. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an bhfigiúr seo mar shórt innéacs chun céim ghalldaithe sa chontae [a thomhas]: b'fhiú go mór a leithéid de staitistic a bheith ar fáil i gcomhair gach contae in Éirinn. Níl patrún fánach ag roinnt leis na hainmneacha Béarla seo. Is beag ainm acu a bhfuil baint aige leis na hardcheantair ná leis an talamh bhocht, ach tá siad líonmhar in áiteacha ar an ísealtír mar a bhfuil an talamh méith le fáil.

Rinne mise an scrúdú céanna i gcás na mbailte fearainn atá idir lámha againn. Is féidir gach logainm féin a rangú de réir eilimint aicmeach, mar shampla *achadh*, *cluain*, *droim*, *tulach* agus araile. Má tá dhá chuid sa logainm, is eilimint cháilitheach í an dara cuid, na focail mar *ard*, *beag*, *mór*, cuir i gcás.

Tá samplaí cónasctha le fáil le focail Bhéarla cosúil le Big, Little, East, West, Upper, Middle, Lower, Glebe, Rock agus araile, ach is féidir beagchúram a dhéanamh de na focail sin mar níl iontu ach eilimintí cáilithe agus níl aon athrú ar an logainm go bunúsach. Níl aon mheascán eile de Ghaeilge agus Béarla idir eilimintí aicmeacha nó genre m.sh. *cnoc*, *droim*, *ros*, *tulach* agus eilimintí cáilithe seachas an logainm **Rossharbour**. Tá an focal *ros* Gaeilge ceangailte leis an bhfocal Béarla *harbour*, sa chás seo. Níl ach dhá bhaile fearainn agus an logainm céanna acu sa cheantar mar úsáideann siad an logainm **Bigwood**.

Maidir le torthaí mo chuid taighde, tá ainmneacha Gaeilge ar 180 de na bailte fearainn (91.8 %). agus cruth Béarla ar an fhuílleach de 16 ( 8.2 %). Is beag an rian a d'fhág na lonnaitheoirí nua a tháinig i rith Phlandáil Uladh ar logainmníocht na háite mar a thaispeánann teirce na n-ainmneacha bailte fearainn nach bhfuil bunús Gaeilge acu.

Seo iad na sé ainm déag gur ainmneacha Béarla iad:

- Buck Island, Commons, Eagle Island, Larkhill agus Rough Island i bparóiste Bhéal Leice (5)
- Bigwood, Brookhill, Stonefort agus Woodhill i bparóiste Theampall Carna (4)
- Backwood, Bigwood, Firs, Middletown, Newpark, Rotten Mountain agus Springtown i bparóiste Dhroim Caorthainn (7).

Tá an mhórchuid de na háiteanna seo a bhfuil ainm Béarla orthu ar bhruach na hÉirne nó is oileáin iad. Níl na háiteanna seo sléibhtiúil agus is talamh measartha maith a bhíonn i gceist.

Ar ndóigh, truaillíodh na hainmneacha seo i mórán cásanna, go háirithe nuair a bhreacadh daoine nach raibh Gaeilge acu síos ar léarscáil nó i scríbhinn iad. Mar sin fein, is iontach an méid logainmneacha Gaeilge a mhair faoi chruth an Bhéarla agus an teanga féin imithe ón áit seo le fada.

***Comparáid idir logainmneacha Béarla agus Gaeilge:***

	<b>Logainm as Béarla</b>	<b>Logainm as Gaeilge</b>	<b>Bailte fearainn de réir pharóiste</b>
Béal Leice	5 (12.2 %)	36 (87.8%)	41 (20.9%)
Droim Caorthainn	7 ( 5.3 %)	126 (94.7%)	133 (67.8%)
Teampall Carna	4 (18.2 %)	18 (81.8%)	22 (11.2 %)
<b>Iomlán</b>	16 ( 8.2 %)	180 (91.8%)	196 (100%)

Mar a luaigh mé cheana, níl go leor daoine ina gcónaí sa cheantar seo – de réir McVeigh (2003, 5), tá cuid de na bailte fearainn gan áitritheoirí m.sh. Ard Odhar agus Backwood. Leis an bplandáil agus leis an athrú úinéireacht pobail a tharla tríd an 17ú céad, tháinig meath mór ar lucht na Gaeilge san áit seo agus mhéadaigh ar chumhacht an Bhéarla.

De réir fhigiúirí dhaonáirimh 1841, bhí 156,481 ina gcónaí i FM (27,588 díobh i mbarúntacht Loirg) ach sa tréimhse díreach tar éis an Ghorta Mhóir, de réir dhaonáirimh 1851, ní raibh ach 116,047 ina gcónaí i FM (20,386 díobh i mbarúntacht Loirg). Cailleadh 26 % de phobal Loirg agus cailleadh an céatadán céanna de phobal FM (26%) freisin.

De réir Uí Chuiv (1951, 84), bhí an Ghaeilge beagnach imithe ón gceantar seo sa 19ú haois. D'fhoilsigh sé staitisticí don bhliain 1851 a luann nach raibh ach 208 duine nó 1% den daonra i mbarúntacht Loirg agus Gaeilge acu. I 1891 ní raibh ach cúigear agus dhá scór nó 0.4% de dhaonra an limistéir le Gaeilge.

Insíonn na staitisticí loma sin an scéal mar léiríonn siad titim ollmhór sa daonra i mbarúntacht Loirg a bhí ag labhairt Gaeilge.

## Logainmneacha a rangú in aicmí

Is díol suntais é go bhfuil mórán de na háitainmneacha atá idir lámha againn uathúil mar níl sampla eile díobh le fáil ar [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie). I bparóiste Bhéal Leice tá 18 logainm uathúil i gceist, tá 10 logainm i bparóiste Theampall Carna ach tá 81 logainm i bparóiste Dhroim Caorthainn. Sin 109 (55.6%) bhaile fearainn ar fad de 196 bhaile fearainn.

Laghdaíonn an méid seo beagáinín nuair a chuirtear na hiontrálacha dúbailte, cosúil le Mullanmeen Middle, Mullanmeen Under agus Mullanmeen Upper, as an áireamh mar sna liostaí thíos:

Aghagrefin	Crockateggal	Estea Island	Mweelbane
Aghahannagh	Cruninish Island	Firs	Oghillicartan
Aghalaan	Cruntully	Glennagarran	Pollaginnive
Ardshankill	Dernacapplekeagh	Glenvannan	Portinode
Ballynabrannagh	Derrynashesk	Gortacar	Rossgole
Bannagh Beg/More	Derryneve	Gortgeran	Rotten Mountain
Boolawater	Doochrock	Gortnaree	Rushinbane
Camplagh	Doora North/South	Gubbakip	Rushindoo
Carrickcroghery	Drumchorick	Gushedy Beg/More	Skrinny
Carrickoughter	Drumcloona	Inisclin	Stragolan
Clonaweel	Drumcurren	Killynoogan	Tawnydorragh
Cloncah Rock	Drumgrenaghan	Larmore	Tievaveeny
Clonelly	Drumierna	Lowery	Tievenavarnog
Coolaghty	Drummacahan	Meentullyclogh	Tirmacspird
Cordwood	Drumnagalliagh	Monavreece	Tirwinny
Corlaght East/West	Drumnagreshial	Montiaghroe	Tonwore
Corlave	Drumnavahan	Movarran	Tullyhommon
Crillan	Edenaveagh	Mullanmeen Middle / Under / agus Upper	Tullynaloob
Crimlin	Edenticromman	Mullynaval	Tullynashammer

***Logainm uathúil atá ag Droim Caorthainn.***

Aghnablaney	Inishmeely	Stonefort	Tullyvocady
Derrylougher	Rosscrennagh	Tawnawanny	
Gubnaguinie	Rossharbour Old	Tullyvarrid	

*Logainm uathúil atá ag Teampall Cerna.*

Ballaghgee (Glebe)	Derryrona (Glebe)	Mallybreen	Tullychurry
Ballymagaghan	Druminillar	Meenatully	Tullyfad
Bellanadohy	Dulrush	Oughterdrum	Tullynabohoge
Derrychulloo	Gadalough (Glebe)	Rossharbour	
Derrynacrannog (Glebe)	Lowerybane	Tirigannon (Glebe)	

*Logainm uathúil atá ag Béal Leice.*

Is tearc iad na logainmneacha agus tagairt acu d'ainm 'sealbhacha' (sin ainmfhocal sa tuis. gin. a thaispeánann úinéireacht nó teagmháil éigin in iúl do dhuine nó do chlann éigin). Níl ann ach **Baile Mhic Eachrainn, Baile na mBreathnach, Cluain Eillidhe, Coill Ó nDubhagáin, Cual Leacht Aodha, Droim Corráin, Droim Mhic Eacháin, Droim Mhig Cristían, Éadan Tí Cromáin, Eochail Mhic Artáin, Feartach Mhic Girr, Gleann Bhánáin, Gort GEARÁIN, Malaidh Uí Bhraoin, Taobh an Mhianaigh, Tír Mhic Spirid, Tír Uí Gheanainn, agus Tulaigh Uí Thiomáin**. Sin iomlán ocht mbaile fearainn déag; cúig bhaile fearainn déag i bparóiste Droim Caorthainn, trí cinn i bparóiste Bhéal Leice. Níl sampla ar bith le fáil i bparóiste Theampall Cerna.

Déanann grúpa eile de na logainmneacha tagairt do bhaill choirp. Déanann Mac Mathúna (1989, 148) plé ar na baill choirp i logainmneacha agus tá samplaí díobh siúd le fáil sa cheantar seo mar a leanas:

- *Bléin (Achadh na Bléine)*
- *Droim / Dromainn (An Ghlasdromainn, Dromainní agus 27 mbaile fearainn leis an bhfocal droim) mar seo a leanas: (Droim an Iolair, Droim Bhearrthacháin, Droim Buaraí, Droim Broic, Droim Caorthainn, Droim Chomhraic, Droim Cluana, Droim Corráin, Droim Crainn, Droim Cuilinn, Droim Dubh, Droim na gCailleach, Droim Gamhna (East / West), Droim Greanacháin, Droim Íorna, Droim Leamhchoille, Droim Mhic Eacháin, Droim Mhig Cristían, Droim Mór (Big / Little), Droim na bhFaichín, Droim na Greise, Droim Rois, Droim Scine, Droim Thoirc, Uachtardhroim))*
- *Éadan (Éadan an Bheithe, Éadan Tí Cromáin)*
- *Gabhal (Srath Gabhláin)*



- *Gob* (**Gob an Chip, Gob na Gainimhe**)
- *Lorga* (**An Lorgain Bhuí**)
- *Mala* (**Malaidh Uí Bhraoin**)
- *Mullach*<sup>1</sup> (**Mullach Mór, Mullaí na bhFál**)
- *Srón* (**Doire Shróna**)
- *Taobh* (**Taobh an Locha, Taobh an Mhianaigh, Taobh na bhFearnóg**)
- *Tóin* (**Tóin Mhór**).

Mar deir Ó Maolfabhail (1985, 22) faoin bhfocal *droim* i logainmneacha:

De na hainmneacha a dhéanann cur síos díreach ar ghné aiceanta tíre is é *droim* is coitianta ar fad. Tá tuairim agus 1500 baile fearainn in Éirinn arb é *droim* go háirithe agus uaireanta foirmeacha de ar nós *droimín, dromainn, droimneacha* atá ina bhuneilimint iontu... Is léir go bhfuil an eilimint seo le fáil i ngach cearn den tír ach is léir freisin go bhfuil sé gann i gcúige Laighean i gcomparáid leis an dlús millteach i ndeisceart chúige Uladh.

Baineann aicme eile fós le hainmneacha crainn agus na samplaí seo a leanas le fáil:

- *Beith* (**Éadan an Bheithe**)
- *Caorthann* (**Droim Caorthainn**)
- *Cuilleann* (**Droim Cuilinn, Gort na gCuilleann**)
- *Doire* (**Doire Beag, Doire Broic, Doire na gCapall Caoch, Doire Cholbha, Doire na Crannóige, Doire na hEisce, Doire Luachra, Doire Mór, Doire Naoimh, Doire Shróna, Doirín**)
- *Eo / Í* (**Cluain Í, Eochail, Eochail Mhic Artáin**)
- *Fearna / Fearnóg* (**Fearnaigh, Taobh na bhFearnóg**)
- *Leamh* (**Corr Leamh, Droim Leamhchoille, Leamhraigh, Leamhraigh Bhán**).

Seo iad na bailte fearainn a bhfuil baint acu le hainmneacha plandaí:

- *Caonach* (**Caonachán**)
- *Draighneán* (**Draighneán**)
- *Easca* (**Doire na hEisce**)
- *Fál* (**Mullaí na bhFál**)
- *Luachair* (**Doire Luachra**)
- *Sceach* (**An Sceach**)
- *Seagal* (**Cnoc an tSeagail**)
- *Seamar* (**Tulaigh na Seamar**).

<sup>1</sup> eDIL (s.v.) ‘(b) the crown of the head’ agus tá mar an gcéanna in FGB.

Tá bailte fearainn a bhfuil baint acu le hainmneacha ainmhithe agus le hainmneacha éan freisin:

- *Bó* (**Droim Buaráí**)
- *Broc* (**Doire Broic, Droim Broic, Prochlais**)
- *Capall* (**Doire na gCapall Caoch**)
- *Caora* (**Inis Caorach**)
- *Gamhna* (**Droim Gamhna**)
- *Giorria* (**Coill an Ghiorria**)
- *Muc* (**Mucros**)
- *Pocaide* (**Tulaigh Bhocaide**)
- *Torc* (**Droim Thoirc, Inis Toirc**)
- *Iolar* (**Droim an Iolair, Eagle Island**)
- *Fuiseog* (**Cnoc na Fuiseoige**).

Tugann grúpa eile logainmneacha a bhaineann díreach le bailiú uisce agus le bealaí uisce:

- *Feadán* (**Na Feadáin**)
- *Fuarán* (**Tamhnaigh an Fhuaráin**)
- *Gabhlán* (**Srath Gabhláin**)
- *Loch* (**Geadach Loch**)
- *Scardán* (**Scardán**)
- *Tobar* (**Tiobraid**).

Tá bailte fearainn le hainmneacha a léiríonn nach bhfuil an talamh atá ann go maith:

- *Bogach* (**Tulaigh Bhogaigh**)
- *Caorán* (**Caorán**)
- *Carraig* (**Carraig Chrochaire**)
- *Croithleán* (**Croithleán**)
- *Currach* (**Currach Mór, Tulaigh Churraigh**)
- *Eanach* (**Achadh Eanach**)
- *Garbhaire* (**Garbhaire**)
- *Móin* (**Móin Bhuirís, Móinteach Rua**).

Tá bailte fearainn le hainmneacha a léiríonn go bhfuil saothrú talún i gceist:

- *Achadh* (**Achadh Gné Finne, Achadh Eanach, Achadh na Bléine, Achadh Oileáin, Achadh an Bharaí**)
- *Buaile* (**Buaile Uachtair**)
- *Cluain* (**Breac-chluainte, Cluain Catha, Cluain Í, Cluain Oilí, Cluain Mhaoile, Droim Cluana**)
- *Gort* (**Gort an Charra, Gort GEARÁIN, Gort na gCuilleann, Gort na Rí**)
- *Srath* (**Srath Gabhláin**)
- *Tamhnach* (**Tamhnaigh Dhorcha, Tamhnaigh an Fhuaráin, Tamhnaigh an Bhainne, Tamhnach Ghorm**).

Níl *sliabh* ar bith i logainmneacha na háite ach tá focail ghaolmhara eile ann:

- *Ard* (**Ard Seanchille**)
- *Cnoc* (**An Cnoc Rua, Cnoc na Fuisgeoige, Cnoc an tSeagail, Dúchnoc**)
- *Corr* (**Corr Ard, Corr Leacht East/West, Corr Leamh**)
- *Droim / dromainn* (**An Ghlasdromainn, Dromainní** agus 27 mbaile fearainn leis an bhfocal *droim*) mar seo a leanas (**Droim an Iolair, Droim Bhearrthacháin, Droim Buaráí, Droim Broic, Droim Mhig Cristían, Droim Caorthainn, Droim Chomhraic, Droim Cluana, Droim Corráin, Droim Crainn, Droim Cuilinn, Droim Dubh, Droim na gCilleach, Droim Gamhna (East / West), Droim Greanacháin, Droim Íorna, Droim Leamhchoille, Droim Mhic Eacháin, Droim Mór (Big / Little), Droim na bhFaichín, Droim na Greise, Droim Rois, Droim Scine, Droim Thoirce, Uachtardroim**))
- *Éadan* (**Éadan an Bheithé, Éadan Tí Cromáin**)
- *Formaol* (**Formaol**)
- *Gréach* (**An Ghréach Mhór**)
- *Leitir* (**Leitir, Leitir Chaoín**)
- *Maol* (**Maol Bán, Cluain an Mhaoil**)
- *Malaidh* (**Malaidh Uí Bhraoin**)
- *Mullach* (**Glasmhullach, Mullach Mór, Mullaí na bhFál**)
- *Mullán* (**Mullán Mín, Na Mulláin**)
- *Taobh* (**Taobh an Locha, Taobh an Mhianaigh, Taobh na bhFearnóg**)
- *Tul* (**Tul Rois**)
- *Tulach / Tulaigh* (**Cruinntulagh, Mín na Tulaí, Míntulaigh Chloiche, Tulaigh Fhada, Tulaigh na bhFear Ard, Tulaigh Bhogaigh, Tulaigh Bhocaide, Tulaigh na Bothóige, Tulaigh Churraigh, Tulaigh Locha, Tulaigh na Lúb, Tulaigh na Seamar, Tulaigh Uí Thiomáin**).

Níl ann ach trí ghleann sa cheantar: **Cromghlinn, Gleann Bhánáin** agus **Gleann na gCarranna**.

Tá bailte fearainn ann le hainmneacha a bhaineann le *gob*, *ros* / *roisín* agus *srón* agus an chiall *ceann tíre* aige:

- *Gob* (**Gob an Chip, Gob na Gainimhe**)
- *Ros / Roisín* (**Roisín Bán, Roisín Dubh, Mucros, Tul Rois, Ros Beag, Ros Críonaigh, Ros Guail, Ros Mór, Rossharbour, Rossharbour Old**)
- *Srón* (**Doire Shróna**).

Tá trácht ar thithíocht bhuan agus neamhbhuan sna logainmneacha seo a leanas:

- *Bothóg* (**Tulaigh na Bothóige**)
- *Crannóg* (**Doire na Crannóige**)
- *Ráth* (**Dubhráth, Ráth Mór**) ach gan aon trácht ar lios/dún
- *Teach* (**Éadan Tí Cromáin**).

Tá bailte fearainn ann le hainmneacha a bhaineann leis an tsean-Chríostaíocht:

- **Doire Naoimh, Droim na gCailleach** agus **Éadan Tí Cromáin**, béal dorais le chéile agus
- **Ard Seanchille**.

Ar an taobh eile den scéal, tá logainmneacha ann atá dothuigthe san fhoirm ina bhfuil siad le fáil:

- **Aghavore, Cahore, Drumbristan, Drumnagreshial, Drumnnavahan, Estea Island, Goiside Beag / Mór, Rossharbour, Skrinny** agus **Tullyvarrid**.

## **Staitisticí Eile**

Is í Inis Badhbha an t-oileán intíre is mó in Éirinn le 1,520 acra. Tá Inis Badhbha roinnte idir na paróistí Teampall Carna agus Droim Caorthainn.

Tá naoi mbaile fearainn ar Inis Badhbha:

- **Draighneán** agus **Na Mulláin** i bparóiste Theampall Carna agus
- **Ard Seanchille, Corr Ard, Droim Greanacháin, Gob an Chip, Middletown, Mullaí na bhFál, Poll an Ghainimh** i bparóiste Dhroim Caorthainn.

Tá 32 bhaile fearainn suite ar bhruach na hÉirne:

- **Baile Mhic Eachrainn, An Cheathrú Chaol, Droim an Iolair, Fionnúir, Grafaidh, Na Laig, Leamhraigh Bhán, Machaire Meánach, Ráth Mór, Ros Beag, Ros Mór, Rossharbour, Tamhnach Ghorm, Tamhnaigh an Fhuaráin** agus **Tul Rois** i bparóiste Bhéal Leice
- **Ard Odhar, Currach Mór, Droim Rois, Gort an Charra, Leamhraigh, Mucros, Port an Fhóid** agus **Ros Guail** i bparóiste Dhroim Chaorthainn
- **Achadh na Bléine, Bigwood, Gob na Gainimhe, Leitir, Port na Bláiche, Ros Críonaigh, Rossharbour Old, Stonefort** agus **Tamhnaigh an Bhainne** i bparóiste Theampall Carna.

## Leabharliosta

An Brainse Logainmneacha. 2007. *Gasaitéar na hÉireann*. Baile Átha Cliath: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Clarke, Aidan (eag.). 2014. *1641 Depositions Volume II: Cavan and Fermanagh*. 3 Iml. Baile Átha Cliath: Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.

Cunningham, John B. (eag.). 1993. *John O'Donovan's Letters from County Fermanagh*. 1834. Béal Leice: St. Davog's Press.

Day, Angelique agus McWilliams, Patrick. (eag.). 1992. *Ordnance Survey Memoirs of Ireland - Parishes of Fermanagh II, 1834-5*. Iml. 14. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona.

Doherty, Gillian M. 2004. *The Irish Ordnance Survey: History, Culture and Memory*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Duffy, Patrick J. 1993. *Landscapes of South Ulster*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Duffy, Patrick J. (eag.). 2001. *Gaelic Ireland c.1250–c.1650. Land, Lordship & Settlement*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Duffy, Patrick J. 2007. *Exploring the History and Heritage of Irish Landscapes*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

FitzGerald, Garret. 1984. 'Estimates for Baronies of Minimum Levels of Irish-speaking amongst Successive Decennial Cohorts: 1771-1781 to 1861-1871'. *Proceedings of the Royal Irish Academy* 84C, 117–155.

Flanagan, Deirdre agus Flanagan, Laurence. 1994. *Irish Place Names*. Baile Átha Cliath: Gill & MacMillan.

Forbes, Ralph agus Northridge, Robert. 2009. *The Flora of County Fermanagh*. Béal Feirste: Blackstaff.

Freeman, A.M. (eag.). 1970. *Annála Connacht*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Gan Ainm. 1972. ‘As Cartlann na Logainmneacha’. *Dinnseanchas* 5, 60-61.

Griffith, M.C. (eag.). 1966. *Irish Patent Rolls of James I facsimile of the Irish record commissioners’ calendar prior to 1830*. Baile Átha Cliath: Stationery Office for the Irish Manuscripts Commission.

Hennessy, William (eag.). 1871. *Annála Locha Cé*. London: Longman & Co.

Hennessy, William agus MacCarthy, Bartholomew (eag.). 1887-1901. *Annála Uladh: Annála Senait 431-1131, 1155-1541*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.

Hill, George. 1877. *An Historical Account of the Plantation in Ulster at the Commencement of the Seventeenth Century*. Béal Feirste: M’Caw, Stevenson & Orr.

Hogan, Edmund. 1910. *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae*. Baile Átha Cliath: Hodges Figgis & Co. Bhain mé úsáid as an leagan leictreonach den leabhar seo. Féach ‘Foinsí Leictreonacha’.

Hughes, A.J. 1991. ‘Irish Place-names: Some Perspectives, Pitfalls, Procedures and Potential’. *Cumann Seanchais Ard Mhacha* 14, 116–148.

Hughes, A.J. agus Hannan R.J. 1992. *Place Names of Northern Ireland*. Iml. 2. *The Ards*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

James, Sir Henry. 1861. '*Barony maps of the Escheated Counties in Ireland, AD 1609, 28 maps, PRO. Published as The Irish Historical Atlas*'. Southampton: Ordnance Survey.

Joyce, Patrick Weston. 1869. *The Origin and History of Irish names of places*. Iml.1. Baile Átha Cliath: M.H.Gill and Son.

Joyce, Patrick Weston. 1875. *The Origin and History of Irish names of places*. Iml.2. Baile Átha Cliath: M.H.Gill and Son.

Joyce, Patrick Weston. 1913. *The Origin and History of Irish names of places*. Iml.3. Baile Átha Cliath: M.H.Gill and Son.

Lankford, Éamon. 2012. *An Logainmníocht in Oileán Chléire*. Corcaigh: Celum Publishing.

Lewis, Samuel. 1837. *A Topographical Dictionary of Ireland, Comprising the Several Counties, Cities, Boroughs, Corporate, Market and Post Towns, Parishes and Villages with Statistical Descriptions*. 2 Iml. London: S. Lewis.

Livingstone, Peadar. 1969. *The Fermanagh Story*. Muineachán: Cumann Seanchais Chlochair.

Lowry-Corry, Dorothy. 1919. 'Ancient Church Sites and Graveyards in Co. Fermanagh'. *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 9, 35-46.

Mac Aodha, Breandán S. 1978. 'Rian an Bhéarla ar Áitainmneacha Oirthuaisceart An Dúin'. *Bulletin Of The Ulster Place-Name Society* 1, 19-21.

Mac Aodha, Breandán S. 1980. 'Rian an Bhéarla ar Ainmneacha na mBailte Fearainn i gCo. Fhear Manach'. *Bulletin Of The Ulster Place-Name Society* 3, 53-55.

Mac Aodha, Breandán S. 1981. 'Mionainmneacha i gContae Fhear Manach: Locha, Oileáin, Tithe'. *Bulletin Of The Ulster Place-Name Society* 4, 11-20.



Mhac an Fhailigh, Éamonn. 1972. 'Some Erris Placenames: Pronunciation'.  
*Dinnseanchas* 5, 88-90.

Mac Gabhann, Fiachra. 1997. *Place Names of Northern Ireland* Iml.7. *County Antrim 2 Ballycastle and North-East Antrim*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Mac Giolla Easpaig, Dónall. 1981. 'Noun + Noun Compounds in Irish Placenames'.  
*Études Celtiques* 18, 151-163.

McKay, Patrick. 1995. *Place Names of Northern Ireland* Iml. 4. *County Antrim 1 The Baronies of Toome*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

McKay, Patrick. 2004. *Place Names of Northern Ireland* Iml. 8. *County Fermanagh 1 Lisnaskea and District: the Parish of Aghalurcher*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

McKay, Patrick. 2007. *A Dictionary of Ulster Place-Names*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

MacLysaght, Edward. 1982. *More Irish Families*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.

MacLysaght, Edward. 1985. *Surnames of Ireland*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.

MacLysaght, Edward. 1991. *Irish Families*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.

Mac Mathúna, Liam. 1989. 'Metaphorical Transferring of Words from a Part of the Human Body to a Feature of the Landscape'. *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 4, 144 – 164.

McVeigh, Joseph. 2003. *Townlands of the Ederney District North Fermanagh*. Eadarnaidh: Joseph McVeigh.

Mason, William Shaw. 1814. *A Statistical Account, or Parochial Survey of Ireland, Drawn up from the Communications of the Clergy*. 2 Iml. Baile Átha Cliath: Graisberry agus Campbell.

Morrin, James. (eag.). 1861. *Calendar of the Patent and Close Rolls of Chancery in Ireland, of the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Mary, Elizabeth, Vol I*. Baile Átha Cliath: Alex Thom and Sons.

Muhr, Kay. 1996. *Place Names of Northern Ireland* Iml. 3. *County Down 6 North-West Down/Iveagh*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Mulligan, Patrick. 1954. 'Notes on the Topography of Fermanagh'. *Clogher Record* 1, 24-34.

Ní Dhonnchadha, Máirín. 1994. 'Caillech and Other Terms for Veiled Women in Medieval Irish Texts'. *Éigse* 28, 70-96.

Ó Cearbhaill, Pádraig. 2007. *Logainmneacha na hÉireann II: Cill i logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Cearbhaill, Pádraig. 2010. *Logainmneacha na hÉireann III Cluain i logainmneacha Co. Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

O'Connor, Patrick J. 2001. *Atlas of Irish Placenames*. An Caisleán Nua Thiar: Oireacht na Mumhan Books.

Ó Cuív, Brian. 1951. *Irish Dialects and Irish-Speaking Districts*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Dochartaigh, Cathair. 1987. *Dialects of Ulster Irish*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Ó Dónaill, Niall (eag.). 1977. *Foclóir Gaeilge-Bearla*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Donnabháin, Seán (eag.). 1856. *Annála Ríoghachta Éireann*. Baile Átha Cliath: Athchló de Búrca 1990.

Ó Duinnín, Pádraig (eag.). 1917. *Me Guidhir Fhearmanach*. Baile Átha Cliath: M H Gill agus a Mhac Teoranta.

Ó Duinnín, Pádraig (eag.). 1927. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. Baile Átha Cliath: Cumann na Scríbhheann nGaedhilge; Athchló 1996.

Ó Gallachair, P. 1953. 'Inishmacsaint and a Lost Diocesan Border'. *Clogher Record* 1, 18-26.

Ó Gallachair, P. (eag.). 1957. 'Hearth Money Rolls for the County of Fermanagh AD 1665-6'. *Clogher Record* 2, 207-214.

Ó Gallachair, P. (eag.). 1958. 'A Fermanagh Survey, AD 1622'. *Clogher Record* 2, 293-310.

Ó Máille, T.S. 1987. 'Place-name Elements in -ar'. *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 2, 27-36.

Ó Mainnín, Mícheál B. 1989. 'The Element Island in Ulster Place-names'. *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 4, 200-210

Ó Mainnín, Mícheál B. 1993. *Place Names of Northern Ireland* Iml. 3. *County Down 3 The Mourne*s. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Ó Maolagáin, Pádraig. 1954. 'An Early History of Fermanagh'. *Clogher Record* 1, 131-140.

Ó Maolagáin, Pádraig. 1956. 'An Early History of Fermanagh (ar leanúint)'. *Clogher Record* 4, 113-125.

Ó Maolagáin, Pádraig. 1957. 'An Early History of Fermanagh (ar leanúint)'. *Clogher Record* 2, 50-70.

Ó Maolagáin, Pádraig. 1958. 'An Early History of Fermanagh (ar leanúint)'. *Clogher Record* 2, 280-292.

Ó Maolagáin, Pádraig. 1959. 'An Early History of Fermanagh (ar leanúint)'. *Clogher Record* 3, 458-468.

Ó Maolfabhail, Art. 1985. 'Baill Choirp mar Logainmneacha'. *Comhar* 44, 31-32.

Ó Maolfabhail, Art. 1985. 'Baill Choirp mar Logainmneacha'. *Comhar* 44, 20.

Ó Maolfabhail, Art. 1985. 'Baill Choirp mar Logainmneacha'. *Comhar* 44, 22.

Ó Maolfabhail, Art. 1987. 'Baill Choirp mar Logainmneacha'. *Ainm: Bulletin of the Ulster Place-Name Society* 2, 76-82.

Ó Muraíle, Nollaig. (eag.), 2003. *Leabhar Mór na nGenealach. The Great Book of Irish Genealogies, compiled c. 1645-1666 by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh*. Baile Átha Cliath: De Búrca.

Ó Tuathail, Éamonn. 1956. 'The Western Boundary Of Fermanagh'. *Clogher Record* 4, 126-131.

Pender, Séamus (eag.). 1939. *A Census of Ireland, circa 1659, with Supplementary Material from the Poll Money Ordinances (1660-1661)*. Baile Átha Cliath: Coimisiún láimhscríbhinní na hÉireann.

PRONI (Public Record Office of Northern Ireland):

*List of Registered Freeholders in Co. Fermanagh 1796-1802*, PRONI MS D1096/92/1.

*Poll Book Co. Fermanagh 1788*, PRONI MS T/543/1.

Prunty, Jacinta. 2004. *Maps and Map-Making in Local History*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Toner, Gregory. 1996. *Place Names of Northern Ireland* Iml. 5. *County Derry I The Moyola Valley*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Toner, Gregory agus Ó Mainnín, Mícheál B. 1992. *Place Names of Northern Ireland* Iml. 1. *County Down I Newry and South-West Down*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

## Léarscáileanna

The OS 1:50,000 series map, Discovery Series. Sheet 17 Lower Lough Erne.  
Ordnance Survey of Northern Ireland, Béal Feirste 1978-88.

The OS 1:50,000 series map, Discovery Series. Sheet 12 Strabane. Ordnance  
Survey of Northern Ireland, Béal Feirste 1978-88.

The OS 1:25,000 series map, Activity Map Series. Upper and Lower Lough Erne.  
Ordnance Survey of Northern Ireland, Béal Feirste 1978-88.

## Foinsí Leictreonacha

*Ainmean-Áite na h-Alba:*

[www.gaelicplacenames.org](http://www.gaelicplacenames.org)

ceadaíodh Samhain 2013

*Bunachar Logainmneacha na hÉireann, Brainse Logainmneacha:*

[www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)

ceadaíodh Samhain 2013

*Census of Ireland 1901/1911 and Census fragments and substitutes, 1821-51:*

[www.census.nationalarchives.ie/](http://www.census.nationalarchives.ie/)

ceadaíodh Samhain 2013

*Cork and Kerry Place Names Survey Corcaigh/Ciarraí:*

[www.placenames.ie/irishindex.html](http://www.placenames.ie/irishindex.html)

ceadaíodh Iúil 2015

*Dinnseanchas: Iml. 5 (Numbers 1–4) 1972–1973 An Cumann Logainmneacha:*

[www.logainm.ie/en/res/164](http://www.logainm.ie/en/res/164)

ceadaíodh Deireadh Fómhair 2015

*eDIL (Electronic Dictionary of the Irish Language)* Foclóir na Gaeilge forbartha ag Acadamh Ríoga na hÉireann and Ollscoil Uladh:

[www.dil.ie/](http://www.dil.ie/)

ceadaíodh Lúnasa 2012

*FGB (Foclóir Gaeilge-Béarla. Ó Dónaill, 1977)*, ag Foras na Gaeilge:

[www.teanglann.ie/ga/](http://www.teanglann.ie/ga/)

ceadaíodh Lúnasa 2012

*Freeholders' Records (1788) Public Record Office of Northern Ireland (PRONI):*

[www.proni.gov.uk](http://www.proni.gov.uk)

<http://applications.proni.gov.uk/Freeholders/default.aspx>

ceadaíodh Samhain 2013

*Griffith's Valuation 1847 – 1864:*

[www.failteromhat.com/fermanagh.htm](http://www.failteromhat.com/fermanagh.htm)

ceadaíodh Samhain 2013

[www.askaboutireland.ie/griffith-valuation/index.xml](http://www.askaboutireland.ie/griffith-valuation/index.xml)

ceadaíodh Lúnasa 2013

Hogan, E. 1910. *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae* ar Locus, Ollscoil Chorcaí:

<http://publish.ucc.ie/doi/locus>

ceadaíodh Lúnasa 2013

*Irish maps c1558-c1610:*

[www.nationalarchives.gov.uk/records/irish-maps-state-papers.htm](http://www.nationalarchives.gov.uk/records/irish-maps-state-papers.htm)

ceadaíodh Samhain 2013

*Placenamesni.org Northern Ireland Place-Name Project (NIPNP):*

[www.placenamesni.org](http://www.placenamesni.org)

ceadaíodh Samhain 2013

## Innéacs Logainmneacha: Ceannfhoirmeacha Béarla agus Gaeilge

Cuirtear na logainmneacha in ord aibítreach Béarla leis an bhfoirm Ghaeilge, leis an bparóiste (féach Caibidil 1, ‘Na Bailte Fearainn san ord ina bpléitear iad’ ar lgh. 27-30).

<b>Ainm Béarla</b>	<b>Ainm Gaeilge</b>	<b>Paróiste Dlí</b>
Aghagrefin	<i>Achadh Gné Finne</i>	Droim Caorthainn
Aghahannagh	<i>Achadh Eanach</i>	Droim Caorthainn
Aghalaan	<i>Achadh Oileáin</i>	Droim Caorthainn
Aghavore	<i>Achadh (?)</i>	Droim Caorthainn
Aghnablaney	<i>Achadh na Bléine</i>	Teampall Carna
Ardore	<i>Ard Odhar</i>	Droim Caorthainn
Ardshankill	<i>Ard Seanchille</i>	Droim Caorthainn
Backwood	<i>Ainm Béarla</i>	Droim Caorthainn
Ballaghgee (Glebe)	<i>Bealach Gaoithe</i>	Béal Leice
Ballymagaghan	<i>Baile Mhic Eachrainn</i>	Béal Leice
Ballynabrannagh	<i>Baile na mBreathnach</i>	Droim Caorthainn
Bannagh Beg	<i>An Bheannach Bheag</i>	Droim Caorthainn
Bannagh More	<i>An Bheannach Mhór</i>	Droim Caorthainn
Bellanadohy	<i>Bealach na Dóiteachta</i>	Béal Leice
Bigwood	<i>Ainm Béarla</i>	Droim Caorthainn
Bigwood	<i>Ainm Béarla</i>	Teampall Carna
Boolawater	<i>Buaile Uachtair</i>	Droim Caorthainn
Bracklin	<i>Breac-chluainte</i>	Droim Caorthainn
Brookhill	<i>Ainm Béarla</i>	Teampall Carna
Buck Island	<i>Ainm Béarla</i>	Béal Leice
Cahore	<i>Cath Óir (?)</i>	Droim Caorthainn
Camplagh	<i>Camchlaí</i>	Droim Caorthainn
Carrickcroghery	<i>Carraig Chrochaire</i>	Droim Caorthainn
Carrickoughter	<i>Carraig Uachtair</i>	Droim Caorthainn
Carrowkeel (Glebe)	<i>An Cheathrú Chaol</i>	Béal Leice
Clonaweel	<i>Cluain an Mhaoil</i>	Droim Caorthainn
Cloncah Rock	<i>Cluain Catha</i>	Droim Caorthainn
Clonee	<i>Cluain Í</i>	Droim Caorthainn
Clonelly	<i>Cluain Eillidhe</i>	Droim Caorthainn
Commons	<i>Ainm Béarla</i>	Béal Leice
Coolaghty	<i>Cual Leacht Aodha</i>	Droim Caorthainn
Cordwood	<i>Corr Ard</i>	Droim Caorthainn
Corlaght East	<i>Corr Leacht</i>	Droim Caorthainn
Corlaght West	<i>Corr Leacht</i>	Droim Caorthainn
Corlave	<i>Corr Leamh</i>	Droim Caorthainn



Crillan	<i>Croithleán</i>	Droim Caorthainn
Crimlin	<i>Cromghlinn</i>	Droim Caorthainn
Crockateggal	<i>Cnoc an tSeagail</i>	Droim Caorthainn
Cruninish Island	<i>Cruinninis</i>	Droim Caorthainn
Cruntully	<i>Cruinntulaigh</i>	Droim Caorthainn
Curraghmore	<i>Currach Mór</i>	Droim Caorthainn
Dernacapplekeagh	<i>Doire na gCapall Caoch</i>	Droim Caorthainn
Derrin	<i>Doirín</i>	Teampall Carna
Derry Beg	<i>Doire Beag</i>	Droim Caorthainn
Derry More	<i>Doire Mór</i>	Droim Caorthainn
Derrybrick	<i>Doire Broic</i>	Droim Caorthainn
Derrychulloo	<i>Doire Cholbha</i>	Béal Leice
Derrylougher	<i>Doire Luachra</i>	Teampall Carna
Derrynacrannog (Glebe)	<i>Doire na Crannóige</i>	Béal Leice
Derrynashesk	<i>Doire na hEisce</i>	Droim Caorthainn
Derryneeve	<i>Doire Naoimh</i>	Droim Caorthainn
Derryrona (Glebe)	<i>Doire Shróna</i>	Béal Leice
Doochrock	<i>Dúchnoc</i>	Droim Caorthainn
Dooraa North	<i>Dubhráth</i>	Droim Caorthainn
Dooraa South	<i>Dubhráth</i>	Droim Caorthainn
Dreenan	<i>Draighneán</i>	Teampall Carna
Dromore Big	<i>Droim Mór</i>	Droim Caorthainn
Dromore Little	<i>Droim Mór</i>	Droim Caorthainn
Drumbaran	<i>Droim Bhearrthacháin</i>	Droim Caorthainn
Drumboarty	<i>Droim Buaráí</i>	Droim Caorthainn
Drumbrick	<i>Droim Broic</i>	Droim Caorthainn
Drumbristan	<i>Droim Mhig Cristían(?)</i>	Droim Caorthainn
Drumchorick	<i>Droim Chomhraic</i>	Droim Caorthainn
Drumcloona	<i>Droim Chluana</i>	Droim Caorthainn
Drumcrin	<i>Droim Crainn</i>	Droim Caorthainn
Drumcullion	<i>Droim Cuilinn</i>	Droim Caorthainn
Drumcurren	<i>Droim Corráin</i>	Droim Caorthainn
Drumduff	<i>Droim Dubh</i>	Droim Caorthainn
Drumgowna East	<i>Droim Gamhna</i>	Droim Caorthainn
Drumgowna West	<i>Droim Gamhna</i>	Droim Caorthainn
Drumgrenaghan	<i>Droim Greanacháin</i>	Droim Caorthainn
Drumhirk	<i>Droim Thoirc</i>	Droim Caorthainn
Drumierna	<i>Droim Íorna</i>	Droim Caorthainn
Druminillar	<i>Droim an Iolair</i>	Béal Leice
Drumkeeran	<i>Droim Caorthainn</i>	Droim Caorthainn
Drumlongfield	<i>Droim Leamhchoille</i>	Droim Caorthainn
Drummacahan	<i>Droim Mhic Eacháin</i>	Droim Caorthainn
Drummoney	<i>Dromainní</i>	Droim Caorthainn

Drumnagalliagh	<i>Droim na gCailleach</i>	Droim Caorthainn
Drumnagreshial	<i>Droim na Greise (?)</i>	Droim Caorthainn
Drumnavahan	<i>Droim na bhFaichín (?)</i>	Droim Caorthainn
Drumrush	<i>Droim Rois</i>	Droim Caorthainn
Drumskinny	<i>Droim Scine</i>	Droim Caorthainn
Dulrush	<i>Tul Rois</i>	Béal Leice
Eagle Island	<i>Ainm Béarla</i>	Béal Leice
Edenaveagh	<i>Éadan an Bheithe</i>	Droim Caorthainn
Edenticromman	<i>Éadan Tí Cromáin</i>	Droim Caorthainn
Estea Island	<i>logainm anaithnid</i>	Droim Caorthainn
Fartagh	<i>Feartach McGhirr</i>	Droim Caorthainn
Feddans	<i>Na Feadáin</i>	Droim Caorthainn
Ferny Island	<i>Fearnaigh</i>	Béal Leice
Finner	<i>Fionnúir</i>	Béal Leice
Firs	<i>Ainm Béarla</i>	Droim Caorthainn
Formil	<i>Formaoil</i>	Droim Caorthainn
Gadalough (Glebe)	<i>Geadach Loch</i>	Béal Leice
Garvary	<i>Garbhaire</i>	Béal Leice
Glasdrumman	<i>An Ghlasdromainn</i>	Droim Caorthainn
Glasmullagh	<i>Glasmhullach</i>	Droim Caorthainn
Glennagarran	<i>Gleann na gCarranna</i>	Droim Caorthainn
Glenvannan	<i>Gleann Bhánáin</i>	Droim Caorthainn
Gortacar	<i>Gort an Charra</i>	Droim Caorthainn
Gortgeran	<i>Gort GEARÁIN</i>	Droim Caorthainn
Gortnagullion	<i>Gort na gCuilleann</i>	Droim Caorthainn
Gortnaree	<i>Gort na Rí</i>	Droim Caorthainn
Graffy	<i>Grafaidh</i>	Béal Leice
Greaghmore	<i>An Ghréach Mhór</i>	Droim Caorthainn
Gubbakip	<i>Gob an Chip</i>	Droim Caorthainn
Gubnaguinie	<i>Gob na Gainimhe</i>	Teampall Carna
Gushedy Beg	<i>Goiside Beag</i>	Droim Caorthainn
Gushedy More	<i>Goiside Mór</i>	Droim Caorthainn
Inisclin	<i>An Fhionasclainn</i>	Droim Caorthainn
Inishkeeragh	<i>Inis Caorach</i>	Teampall Carna
Inishmeely	<i>Inis Maoile</i>	Teampall Carna
Inishturk	<i>Inis Toirc</i>	Teampall Carna
Keenaghan	<i>Caonachán</i>	Béal Leice
Keeran	<i>Caorán</i>	Droim Caorthainn
Killygarra	<i>Coill an Ghiorria</i>	Droim Caorthainn
Killynoogan	<i>Coill Ó nDubhagáin</i>	Droim Caorthainn
Kilmore	<i>An Choill Mhór</i>	Droim Caorthainn
Knockroe	<i>An Cnoc Rua</i>	Droim Caorthainn
Larkhill	<i>Ainm Béarla</i>	Béal Leice
Larmore	<i>Lár Mór</i>	Droim Caorthainn

Leggs	<i>Na Laig</i>	Béal Leice
Letter	<i>Leitir</i>	Teampall Carna
Letterkeen	<i>Leitir Caoin</i>	Droim Caorthainn
Lowery	<i>Leamhraigh</i>	Droim Caorthainn
Lowerybane	<i>Leamhraigh Bhán</i>	Béal Leice
Lugmore	<i>An Log Mór</i>	Droim Caorthainn
Lurganboy	<i>An Lorgain Bhuí</i>	Droim Caorthainn
Lusty Beg Island	<i>Losaid Bheag</i>	Teampall Carna
Lusty More Island	<i>Losaid Mhór</i>	Teampall Carna
Magheramenagh	<i>Machaire Meánach</i>	Béal Leice
Mallybreen	<i>Malaidh Uí Bhraoin</i>	Béal Leice
Meenatully	<i>Mín na Tuláí</i>	Béal Leice
Meentullyclogh	<i>Míntulaigh Chloiche</i>	Droim Caorthainn
Middletown	<i>Ainm Béarla</i>	Droim Caorthainn
Monavreece	<i>Móin Bhuirís</i>	Droim Caorthainn
Montiaghroe	<i>Móinteach Rua</i>	Droim Caorthainn
Movarran	<i>Maigh Bhearrthacháin</i>	Droim Caorthainn
Muckros	<i>Mucros</i>	Droim Caorthainn
Mullaghmore	<i>Mullach Mór</i>	Droim Caorthainn
Mullanmeen Middle	<i>Mullán Mín</i>	Droim Caorthainn
Mullanmeen Under	<i>Mullán Mín</i>	Droim Caorthainn
Mullanmeen Upper	<i>Mullán Mín</i>	Droim Caorthainn
Mullans	<i>Na Mulláin</i>	Teampall Carna
Mullynaval	<i>Mullaí na bhFál</i>	Droim Caorthainn
Mweelbane	<i>Maol Bán</i>	Droim Caorthainn
Newpark	<i>Ainm Béarla</i>	Droim Caorthainn
Oghill	<i>Eochaill</i>	Droim Caorthainn
Oghillicartan	<i>Eochaill Mhic Artáin</i>	Droim Caorthainn
Oughterdrum	<i>Uachtardroim</i>	Béal Leice
Pollaginnive	<i>Poll an Ghainimh</i>	Droim Caorthainn
Portinode	<i>Port an Fhóid</i>	Droim Caorthainn
Portnablahy	<i>Port na Bláiche</i>	Teampall Carna
Procklis	<i>Prochlais</i>	Droim Caorthainn
Rathmore	<i>Ráth Mór</i>	Béal Leice
Rosbeg	<i>Ros Beag</i>	Béal Leice
Roscrennagh	<i>Ros Críonaigh</i>	Teampall Carna
Rossgole	<i>Ros Guail</i>	Droim Caorthainn
Rossharbour	<i>Ros Harbour</i>	Béal Leice
Rossharbour Old	<i>Ros Harbour Old</i>	Teampall Carna
Rossmore	<i>Ros Mór</i>	Béal Leice
Rotten Mountain	<i>Ainm Béarla</i>	Droim Caorthainn
Rough Island	<i>Ainm Béarla</i>	Béal Leice
Rushinbane	<i>Roisín Bán</i>	Droim Caorthainn
Rushindoo	<i>Roisín Dubh</i>	Droim Caorthainn

Scardans Lower	<i>Scardán</i>	Béal Leice
Scardans Upper	<i>Scardán</i>	Béal Leice
Skea	<i>An Sceach</i>	Droim Caorthainn
Skrinny	<i>Scrinnidh (?)</i>	Droim Caorthainn
Springtown	<i>Ainm Béarla</i>	Droim Caorthainn
Stonefort	<i>Ainm Béarla</i>	Teampall Carna
Stragolan	<i>Srath Gabhláin</i>	Droim Caorthainn
Tawnaghgorm	<i>Tamhnach Ghorm</i>	Béal Leice
Tawnawanny	<i>Tamhnaigh an Bhainne</i>	Teampall Carna
Tawnydorragh	<i>Tamhnaigh Dhorcha</i>	Droim Caorthainn
Tawnynoran (Glebe)	<i>Tamhnaigh an Fhuaráin</i>	Béal Leice
Tievaveeny	<i>Taobh an Mhianaigh</i>	Droim Caorthainn
Tievealough (Glebe)	<i>Taobh an Locha</i>	Béal Leice
Tievenavarnog	<i>Taobh na bhFearnóg</i>	Droim Caorthainn
Tirigannon (Glebe)	<i>Tír Uí Gheanainn</i>	Béal Leice
Tirmacspird	<i>Tír Mac Spirid</i>	Droim Caorthainn
Tirwinny	<i>Tír Mhuine</i>	Droim Caorthainn
Tonwore	<i>Tóin Mhór</i>	Droim Caorthainn
Tubbrid	<i>Tiobraid</i>	Droim Caorthainn
Tullychurry	<i>Tulaigh Churraigh</i>	Béal Leice
Tullyfad	<i>Tulaigh Fhada</i>	Béal Leice
Tullyhommon	<i>Tulaigh Uí Thiomáin</i>	Droim Caorthainn
Tullylough	<i>Tulaigh Locha</i>	Béal Leice
Tullynabohoge	<i>Tulaigh na Bothóige</i>	Béal Leice
Tullynaloob	<i>Tulaigh na Lúb</i>	Droim Caorthainn
Tullynashammer	<i>Tulaigh na Seamar</i>	Droim Caorthainn
Tullyvarrid	<i>Tulaigh na bhFear Ard (?)</i>	Teampall Carna
Tullyvocady	<i>Tulaigh Bhocaide</i>	Teampall Carna
Tullyvogy	<i>Tulaigh Bhogaigh</i>	Béal Leice
Woodhill	<i>Ainm Béarla</i>	Teampall Carna



**Tógadh an leacht seo in Inis Carra, Co. Chorcaí i gcuimhne Aodh Mhig Oidhir, Taoiseach Fhear Manach, a d'éag Mí Mhárta 1600. Scríobh Eochaidh Ó hEoghusa an caoineadh *Fúar liom an adhaighsi dh'Aodh* in omós dó.**